**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0128/2023**

5.4.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010
(COM(2021)0421 – C9-0340/2021 – 2021/0240(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta
An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéirí Eva Maria Poptcheva, Emil Radev



*Aontaithe san éagsúlacht*

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

COISTE UM GHNÓTHAÍ BUNREACHTÚLA ....................................................................134

OPINION OF THE COISTE UM BUISÉID ...........................................................................191

OPINION OF THE COISTE UM RIALÚ BUISÉADACH ...................................................216

SEASAMH MIONLAIGH ......................................................................................................271

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .................................................................272

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ......274

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010**
**(COM(2021)0421 – C9-0340/2021 – 2021/0240(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0421),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0340/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Feabhra 2022[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 8 Nollaig 2021[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Buiséid, ón gCoiste um Rialú Buiséadach agus ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0128/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C 210, 25.5.2022, lch. 5.
[2] IO C 152, 6.4.2022, lch. 89.

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA[*]

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

2021/0240 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

***Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach,***

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Nochtadh leis an taithí a fuarthas ar an gcreat atá ann faoi láthair maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (AML/CTF), atá ag brath go mór ar chur chun feidhme náisiúnta bhearta AML/CFT, gurb ann do laigí ní hamháin maidir le feidhmiú éifeachtúil chreat AML/CFT an Aontais ach freisin maidir le moltaí idirnáisiúnta a chomhtháthú. As na laigí sin, tagann bacainní nua chun cinn ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh de dheasca na rioscaí laistigh den mhargadh inmheánach mar aon le bagairtí seachtracha atá roimh an margadh inmheánach chomh maith leis sin.

---

[*] Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌.

[3] IO C , , lch. .

[4] [cuir tagairt leis] IO C , , lch. .

(2) Mar gheall ar chineál trasteorann na coireachta***, go háirithe coireacht eagraithe,*** agus na bhfáltas ó choireacht, cuirtear i mbaol iarrachtaí chóras airgeadais an Aontais a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Ní mór dul i ngleic leis na hiarrachtaí sin ar leibhéal an Aontais trí Údarás a chruthú a bheidh freagrach as rannchuidiú le cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás cur chuige comhchuibhithe a shaothrú chun an creat coisctheach AML/CFT atá ag an Aontas cheana a neartú, agus go sonrach maoirseacht AML agus comhar idir AFAnna. Leis an gcur chuige sin ba cheart éagsúlachtaí sa reachtaíocht náisiúnta agus i gcleachtais mhaoirseachta a laghdú agus struchtúir a thabhairt isteach a théann chun tairbhe d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh ar bhealach cinntithe agus ba cheart, dá dhroim sin, é a bheith bunaithe ar Airteagal 114 CFAE. ***Thairis sin, ba cheart dó athléimneacht an chórais airgeadais a neartú trí dhul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid/maoiniú na sceimhlitheoireachta (ML/TF), lena n-áirítear na rioscaí sin a thagann ó thriú tíortha.***

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Údarás Eorpach um fhrithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid ('an tÚdarás') a bhunú. Tá cruthú an Údaráis nua sin ríthábhachtach chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht éifeachtúil agus leordhóthanach ar eintitis faoi oibleagáid a bhfuil riosca ard ***ag baint leo i dtaca le*** Sciúradh Airgid/Maoiniú Sceimhlitheoireachta (ML/TF) iontu, cuir chuige choiteanna a neartú le haghaidh eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid agus anailísí comhpháirteacha agus comhar a éascú idir Aonaid Imscrúdúcháin Airgeadais (AIAnna).

(4) Tá an ionstraim nua sin seo ina cuid de phacáiste cuimsitheach arb é is aidhm dó creat AML/CFT an Aontais a neartú. Le chéile, déanfaidh ann ionstraim seo, Treoir [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid], Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh athmhúnlú Rialachán (AE) 2015/847] agus Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid] an creat dlíthiúil lena rialófar na ceanglais AML/CFT a bheidh le comhlíonadh ag eintitis faoi oibleagáid agus atá mar bhonn taca faoi chreat institiúideach AML/CFT an Aontais ***atá neartaithe d'fhonn dul i ngleic le rioscaí inmheánacha agus rioscaí a thagann ó thriú tíortha***.

(5) Chun maoirseacht AML/CFT a thabhairt chuig leibhéal éifeachtúil agus aonfhoirmeach ar fud an Aontais, is gá na cumhachtaí seo a leanas a sholáthar don Údarás: maoirseacht dhíreach ar líon áirithe eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais***, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní***; faireachán agus anailís a dhéanamh agus faisnéis a mhalartú a bhaineann le rioscaí ML/TF lena ndéantar difear don mhargadh inmheánach; comhordú agus formhaoirseacht ar mhaoirseoirí AML/CFT ón earnáil airgeadais; comhordú agus formhaoirseacht ar mhaoirseoirí AML/CFT ón earnáil neamhairgeadais, lena n-áirítear comhlachtaí féinrialála agus comhordú agus tacaíocht le haghaidh AFAnna.

(6) Is é an bealach is iomchuí chun maoirseacht agus comhar a thabhairt i gcrích idir AFAnna ar leibhéal an Aontais inniúlachtaí maoirseachta dírí agus indírí maidir le heintitis faoi oibleagáid a chomhcheangal, agus freisin feidhmiú mar shásra um thacaíocht agus ***comhordú*** le haghaidh AFAnna. Ba cheart an méid sin a bhaint amach trí Údarás a chruthú ar cheart dó neamhspleáchas agus ardleibhéal saineolais theicniúil a chomhcheangal agus ar cheart dó a bheith bunaithe i gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach agus leis an gCur Chuige Coiteann ó Pharlaimint na hEorpa, ó

Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe[5].

(7) Ba cheart ***na socruithe maidir le*** suíomh ***an Údaráis a leagan síos i gcomhaontú ceanncheathrún*** idir an tÚdarás agus an Ballstát óstach. ***Ba cheart go sonrófaí sa chomhaontú sin maidir leis an gceanncheathrú*** na coinníollacha chun an suíomh a bhunú agus ***na*** buntáistí a thabharfaidh an Ballstát don Údarás agus dá fhoireann. ***I gcomhréir leis an gCur Chuige Coiteann, ba cheart don Údarás comhaontú maidir leis an gceanncheathrú a thabhairt i gcrích go pras leis an mBallstát óstach sula dtosóidh sé ar a chuid oibríochtaí. I bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais, ba cheart an suíomh a roghnú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus ar bhealach a chomhlíonann na critéir a leagtar síos sa Rialachán seo.***

(8) Le cumhachtaí an Údaráis, ba cheart a cheadú dó feabhas a chur ar mhaoirseacht AML/CFT san Aontas ar bhealaí éagsúla. Maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart don Údarás comhlíontacht uile-ghrúpa a áirithiú leis na ceanglais a leagtar síos i gcreat AML/CFT agus aon ghníomh eile ón Aontas atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus lena bhforchuirtear oibleagáidí lena mbaineann AML/CFL ar institiúidí airgeadais. Thairis sin, ba cheart don Údarás athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil gach maoirseoir airgeadais ag cur a chuid cúraimí i gcrích ***ar bhealach leormhaith***. Ba cheart dó feidhmiú choláistí maoirseachta AML***/CFT*** a éascú agus rannchuidiú le cóineasú cleachtas maoirseachta agus cur chun cinn ardchaighdeán maoirseachta. Maidir le maoirseoirí neamhairgeadais, lena n-áirítear comhlachtaí féinrialála i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Údarás athbhreithnithe piaraí ar chaighdeáin agus cleachtais mhaoirseachta a chomhordú agus a iarraidh ar mhaoirseoirí neamhairgeadais ***a áirithiú go n-urramaítear ceanglais*** AML/CFT ***ina réimse inniúlachta***. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás a bheith in ann anailísí comhpháirteacha a dhéanamh i dteannta AFAnna ***a thionscnamh,*** a chomhordú ***agus tacú leis*** agus seirbhísí agus uirlisí TF agus intleachta saorga le haghaidh comhroinnt faisnéise shlán a chur ar fáil do AFAnna, lena n-áirítear trí FIU.net a óstáil.

(9) Agus é mar chuspóir rialacha AML/CFT a neartú ar leibhéal an Aontais agus a soiléireacht a fheabhsú agus comhsheasmhacht le caighdeáin idirnáisiúnta agus le reachtaíocht eile á háirithiú, is gá ról comhordúcháin an Údaráis a bhunú ar leibhéal an Aontais i ndáil le gach cineál eintitis faoi oibleagáid chun cúnamh a thabhairt do mhaoirseoirí náisiúnta agus cóineasú maoirseachta a chur chun cinn, chun éifeachtúlacht chur chun feidhme bhearta AML/CFT a mhéadú, san earnáil neamhairgeadais freisin. Dá dhroim sin, ba cheart sainordú a thabhairt don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a ullmhú, treoirlínte, moltaí agus tuairimí a ghlacadh agus é mar aidhm aige sin i gcás ina bhfanfaidh maoirseacht i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, go mbeidh feidhm ag na cleachtais agus na caighdeáin mhaoirseachta chéanna i bprionsabal maidir leis na heintitis inchomparáide uile. Ba cheart forbairt modheolaíochta maoirseachta a chur ar iontaoibh an Údaráis, de thoradh a shaineolais an-speisialaithe, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe. Maidir le gnéithe áirithe den mhodheolaíocht, lenar féidir tagarmharcanna cainníochtúla comhchuibhithe a ionchorprú, amhail cuir chuige chun ***próifílí*** riosca ***iarmharacha*** na n-eintiteas faoi oibleagáid a aicmiú, ba cheart iad a mhionsonrú i mbearta rialála ceangailteacha atá infheidhme go díreach – caighdeáin rialála nó theicniúla chur chun feidhme, ***agus idirdhealú á dhéanamh idir*** eintitis faoi

---

[5] https://europa.eu/european-union/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_en.pdf.

oibleagáid ***bunaithe ar chineál agus ar nádúr na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ar a bhfuil siad neamhchosanta.*** Leis an modheolaíocht mhaoirseachta chomhchuibhithe ba cheart aird chuí a thabhairt ar na modheolaíochtaí maoirseachta atá ann cheana agus, i gcás inarb iomchuí, iad a threisiú i ndáil le gnéithe maoirseachta eile de na heintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais, go háirithe i gcás inarb ann d'idirghníomhaíocht idir maoirseacht AML/CFT agus maoirseacht stuamachta. Go sonrach, ba cheart an mhodheolaíocht mhaoirseachta atá le forbairt ag an Údarás a bheith comhlántach le treoirlínte agus ionstraimí eile atá forbartha ag an Údarás Baincéireachta Eorpach lena mionsonraítear cuir chuige údarás maoirseachta stuamachta i leith rioscaí ML/TF a chur san áireamh sa mhaoirseacht stuamachta, chun idirghníomhaíocht éifeachtach idir maoirseacht stuamachta agus maoirseacht AML/CFT a áirithiú. Ba cheart a chumhachtú don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an leabhar rialacha comhchuibhithe a chur i gcrích, rud a bhunaítear san áit seo:

(10) Ba cheart cumhacht a thabhairt don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an leabhar rialacha comhchuibhithe a bhunaítear in [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid, Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid agus togra le haghaidh athmhúnlú Rialachán (AE) 2015/847] a chomhlánú. Ba cheart don Choimisiún tacú leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin trí bhíthin gníomhartha tarmligthe faoi Airteagal 290 CFAE chun go mbeidh éifeacht cheangailteach leo ó thaobh dlí. Níor cheart iad a leasú ach amháin in imthosca an-srianta agus urghnácha, ós rud é gurb é an tÚdarás an gníomhaí a bheidh i ndlúth-theagmháil le creat AML/CFT agus gurb é is fearr atá eolach air. Chun próiseas rianúil gasta a áirithiú i ndáil le glacadh na gcaighdeán sin, ba cheart cinneadh an Choimisiúin chun tacú le dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a bheith faoi réir teorann ama.

(11) Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún freisin caighdeáin theicniúla chur chun feidhme a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme faoi Airteagal 291 CFAE.

(12) Ós rud é nach ann d'aon socrú éifeachtach leordhóthanach chun déileáil le teagmhais AML/CFT lena mbaineann gnéithe trasteorann, is gá córas maoirseachta AML/CFT comhtháite a chur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais lena n-áirithítear cur i bhfeidhm ardcháilíochta comhsheasmhach mhodheolaíocht maoirseachta AML/CFT agus lena gcuirtear chun cinn comhar éifeachtúil idir na húdaráis inniúla ábhartha uile. Ar na cúiseanna sin, ba cheart don Údarás agus d'údaráis mhaoirseachta AML/CFT ('údaráis mhaoirseachta') a bheith ina gcóras maoirseachta AML/CFT ***mar a shainmhínítear sa Rialachán seo é***. Rachadh an méid sin chun tairbhe d'údaráis mhaoirseachta freisin agus dúshláin shonracha rompu, mar shampla maidir le riosca AML/CFT feabhsaithe nó de dheasca easpa acmhainní, ós rud é gur cheart cúnamh frithpháirteach a bheith indéanta laistigh den chóras sin arna iarraidh sin. D'fhéadfadh sé gurbh éard a bheadh i gceist leis sin malartú agus iasachtaí an phearsanra, gníomhaíochtaí oiliúna agus malartuithe dea-chleachtas***, lena n-áirítear maidir le cosaint sonraí***. Thairis sin, d'fhéadfadh an Coimisiún tacaíocht theicniúil a sholáthar do na Ballstáit faoi Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun athchóirithe a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh an comhrac in aghaidh sciúradh airgid a threisiú[6].

(13) I bhfianaise ról tábhachtach athbhreithnithe téamacha i maoirseacht AML/CFT ar fud an Aontais ós rud é go gcumasaíonn siad an leibhéal neamhchosanta ar rioscaí agus

---

[6] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

treochtaí a shainaithint agus a chur i gcomparáid i ndáil le heintitis faoi oibleagáid faoi mhaoirseacht, agus ós rud é nach dtairbhíonn maoirseoirí i mBallstáit éagsúla de na hathbhreithnithe sin faoi láthair, is gá don Údarás athbhreithnithe téamacha náisiúnta a shainaithint ag a bhfuil raon feidhme agus tráthchlár comhchosúil agus lena n-áirithítear a gcomhordú ar leibhéal an Aontais. Chun staideanna a sheachaint ina bhféadfaí cumarsáid chontrátha a bheith i gceist le heintitis faoi mhaoirseacht, ba cheart ról comhordúcháin an Údaráis a bheith teoranta***, i bprionsabal,*** d'idirghníomhaíocht le húdaráis mhaoirseachta ábhartha, agus níor cheart aon idirghníomhaíocht dhíreach le heintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid a bheith san áireamh ann***, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo***. Ar an gcúis chéanna, ba cheart don Údarás féachaint an bhféadfaí tráthchlár na n-athbhreithnithe téamacha náisiúnta a ailíniú nó a shioncronú agus aon ghníomhaíocht a fhéadfaidh na húdaráis mhaoirseachta ábhartha a dhéanamh go comhpháirteach nó ar bhealach comhchosúil a éascú.

(14) Ach úsáid éifeachtúil a bhaint as sonraí, tagann faireachán agus comhlíontacht níos fearr as sin maidir le gnólachtaí. Dá bhrí sin, ba cheart an mhaoirseacht dhíreach agus indíreach araon a dhéanann an tÚdarás agus údaráis mhaoirseachta ar na heintitis uile faoi oibleagáid ar fud an chórais a bheith ag brath ar rochtain chaoithiúil ar shonraí agus faisnéis ábhartha maidir leis na heintitis faoi oibleagáid féin agus na gníomhaíochtaí agus na bearta maoirseachta a dhéantar ina leith***, faoi réir tréimhsí coinneála teoranta i gcomhréir leis an gcreat cosanta sonraí is infheidhme***. Chuige sin, ***agus a rúnda agus a íogaire atá an fhaisnéis sin á chur san áireamh,*** ba cheart don Údarás bunachar sonraí AML/CFT lárnach a bhunú leis an bhfaisnéis a bhaileofar ó na húdaráis mhaoirseachta uile, agus ba cheart dó an fhaisnéis sin a chur ar fáil ▌ d'aon údarás maoirseachta laistigh den chóras, ***nuair is gá, ar bhonn rúnda agus riachtanas eolais. Chuige sin, ba cheart don Údarás réitigh nuálacha theicneolaíocha a úsáid, lena n-áirítear réitigh bhlocshlabhra***. Leis na sonraí sin, ba cheart aistarraingt nósanna imeachta um údarú, agus measúnuithe cuí córa ar scairshealbhóirí agus comhaltaí d'eintitis aonair faoi oibleagáid a chumhdach freisin ós rud é go gcuirfidh an méid sin ar a gcumas d'údaráis ábhartha breithniú cuí a dhéanamh ar easnaimh fhéideartha eintiteas sonrach agus daoine aonair sonracha a d'fhéadfadh teacht chun solais i mBallstáit eile. Ba cheart a áireamh sa bhunachar sonraí freisin ***an fhaisnéis atá sna teimpléid rialála choiteanna arna gcur isteach ag eintitis roghnaithe agus neamhroghnaithe atá faoi oibleagáid, faisnéis chomhdhlúite ó eintitis roghnaithe agus neamhroghnaithe atá faoi oibleagáid a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun críoch tagarmharcála sa phróiseas measúnaithe riosca chun eintitis faoi oibleagáid ar a ndéantar maoirseacht dhíreach a roghnú, táscairí riosca na n-eintiteas faoi oibleagáid, faisnéis cháilíochtúil faoi phleananna maoirseachta,*** faisnéis staidrimh maidir le húdaráis mhaoirseachta agus údaráis phoiblí eile ag a bhfuil baint le maoirseacht AML/CFT***, mar aon le faisnéis a bhaineann le laigí a aimsíodh le linn na nósanna imeachta maoirseachta agus údarúcháin***. Leis an bhfaisnéis sin, chuirfí é ar a chumas don Údarás formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmiú cuí agus éifeachtacht chóras maoirseachta AML/CFT. Leis an bhfaisnéis ón mbunachar sonraí, chuirfí é ar a chumas don Údarás freagairt go tráthúil do laigí féideartha agus cásanna neamhchomhlíonta de chuid eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid. De bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[7], tuairisceoidh an tÚdarás

[7] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

aon iompar coiriúil do OIPE gan moill mhíchuí ar ina leith a d'fhéadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagail 22 agus 25(2) agus (3) den Rialachán sin. De bhun Airteagal 8 de Rialachán 883/2013[8], tarchuirfidh an tÚdarás aon fhaisnéis do OLAF gan mhoill i ndáil le cásanna calaoise nó éillithe féideartha, nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais.

***(14a) Ba cheart don Údarás bunachar sonraí lárnach ina bhfuil faisnéis atá ábhartha don chóras maoirseachta AML/CFT a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta. Ba cheart a áireamh sa bhunachar sonraí sin, go háirithe, faisnéis faoin measúnú cuí cóir, laigí na n-eintiteas faoi oibleagáid i dtaobh na ceanglais a bhaineann le AML/CFT a chomhlíonadh, smachtbhannaí agus freagairtí maoirseachta ar na laigí sin, na torthaí a bhí ar chigireachtaí an Údaráis, torthaí na ngníomhaíochtaí maoirseachta, na torthaí a bhí ar na cigireachtaí maoirseachta agus faisnéis ábhartha eile chun críoch measúnaithe riosca. Ba cheart na sonraí pearsanta a phróiseáiltear a choinneáil ar feadh tréimhse suas le 10 mbliana tar éis an dáta a bhailigh an tÚdarás iad. Tá fad na tréimhse coinneála sin fíor-riachtanach agus comhréireach chun críche gníomhaíochtaí maoirseachta arna ndéanamh ag an Údarás agus na húdaráis mhaoirseachta. Déanann fad na tréimhse coinneála sonraí a áirithiú go mbíonn rochtain i gcónaí ag an Údarás agus na húdaráis mhaoirseachta ar an bhfaisnéis is gá faoin measúnú riosca, faoi na gníomhaíochtaí gnó, faoi na rialuithe atá i bhfeidhm agus faoi na sáruithe atá déanta ag eintitis aonair faoi oibleagáid i dtaca lena gcuid dualgas a chur i gcrích, rud a fhágann go mbíonn orthu rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le cásanna thar thréimhse níos faide. Tá fad na tréimhse coinneála sin riachtanach go háirithe ós rud é gur cheart do na húdaráis mhaoirseachta aird a thabhairt, i measc nithe eile, ar a thromchúisí atá an sárú, ar fhad an tsáraithe agus ar a mhinice a rinneadh é chun leibhéal na smachtbhannaí nó na mbeart atá le cur i bhfeidhm a chinneadh, rud a fhágann gur gá anailís a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le cásanna a bhaineann le tréimhse thagartha níos faide. Ar an gcaoi chéanna, tá fad na tréimhse coinneála sonraí sin riachtanach freisin maidir le faisnéis a eascraíonn as measúnuithe cuí córa ar scairshealbhóirí nó ar dhaoine den lucht bainistíochta chun a áirithiú go mbeidh a ndóthain faisnéise ag na húdaráis mhaoirseachta chun a mheas an bhfuil dea-chlú orthu, an ngníomhaíonn siad ar bhealach macánta agus ionraic agus an bhfuil an t-eolas agus an saineolas is gá acu chun a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích, agus chun a áirithiú go bhfuil faireachán leanúnach á dhéanamh ar na coinníollacha sin mar a cheanglaítear le [AMLD]. Ba cheart sonraí pearsanta a scriosadh i gcás nach gá iad a choinneáil a thuilleadh. De réir an cháis, agus bunaithe ar mheasúnú rialta ar an ngá atá leo, féadfar sonraí pearsanta a scriosadh sula rachaidh an tréimhse sin in éag***.

***(14b) Chun go mbeidh an tÚdarás in ann a dhualgais a chomhlíonadh, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta gach faisnéis is gá maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus neamhroghnaithe faoi oibleagáid a sholáthar don Údarás, ar choinníoll go bhfuil rochtain dhlíthiúil acu ar an bhfaisnéis ábhartha. I gcásanna eisceachtúla agus i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo, ba cheart go mbeadh an***

---

8 Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

***tÚdarás in ann iarraidh a dhíriú go díreach ar na heintitis ábhartha faoi oibleagáid nó ar chomhlachais d'eintitis faoi oibleagáid chun a chúraimí a bhaineann le maoirseacht AML/CFT a dhéanamh.***

***(14c) Chun maoirseacht AML/CFT a thabhairt chuig leibhéal éifeachtach agus comhsheasmhach ar fud an Aontais, agus chun a ndualgais a chur i gcrích, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta agus don Údarás comhoibriú lena chéile agus an fhaisnéis go léir is gá maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus neamhroghnaithe faoi oibleagáid a mhalartú. Ba cheart don Údarás a áirithiú go ndéanfar sásraí leormhaithe éifeachtacha comhair a chur ar bun agus a chur chun feidhme ionas gur féidir leis faisnéis a mhalartú le maoirseoirí, lena n-áirítear údaráis neamh-AML/CFT, agus geallsealbhóirí eile.***

***(14d) Ba cheart don Údarás freisin malartuithe idir údaráis mhaoirseachta agus eintitis faoi oibleagáid a chur chun cinn ar bhealach struchtúrtha éifeachtúil. Chun na críche sin, ba cheart don Údarás córas struchtúrtha a fhorbairt, lena n-áirítear ceistneoirí agus teimpléid rialála choiteanna, a bheidh ar fáil do gach maoirseoir, lena bhféadfar faisnéis a bhailiú agus tuairisciú dúbailte a sheachaint ag an am céanna.***

***(14e) I gcomhthéacs a chuid cúraimí maoirseachta, ba cheart don Údarás comhoibriú go gníomhach freisin le AFAnna inniúla agus le Europol. I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás fíricí amach, le linn a chuid gníomhaíochtaí maoirseachta agus formhaoirseachta, a d'fhéadfadh a bheith bainteach le sciúradh airgid, le cionta preideacáide nó le maoiniú na sceimhlitheoireachta, ba cheart dó a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis ar fáil go pras do na AFAnna inniúla agus, i gcás ina bhfuil gné thrasteorann ag na fíricí, do Europol laistigh dá gcuid réimsí inniúlachta faoi seach.***

(15) Agus é mar chuspóir cosaint níos éifeachtaí agus nach bhfuil chomh hilroinnte sin a áirithiú ar chreat airgeadais an Aontais, ba cheart don Údarás maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar líon teoranta de na heintitis faoi oibleagáid is rioscúla. Ós rud é nach bhfuil rioscaí ML/TF comhréireach le méid na n-eintiteas faoi mhaoirseacht, ba cheart critéir eile a chur i bhfeidhm chun na heintitis is rioscúla a shainaithint. Go háirithe, ba cheart dhá chatagóir a bhreithniú: institiúidí creidmheasa agus airgeadais trasteorann a bhfuil ardriosca ag baint leo ag a bhfuil gníomhaíocht i líon suntasach Ballstát, atá roghnaithe go tréimhsiúil; agus, i gcásanna eisceachtúla, aon eintiteas nach ndéanann a mhaoirseoir náisiúnta aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ná go tráthúil ar a sháruithe ***tromchúiseacha, córasacha nó leantacha*** ar na ceanglais is infheidhme. ***Sa bhreis air sin, chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar ML/TF a chosc agus chun a áirithiú go ndéanfar cleachtais mhaoirseachta a chur i gcomhréir le chéile ar fud an Aontais, áiritheoidh an tÚdarás go ndéanfaidh sé maoirseacht dhíreach ar aon eintiteas amháin ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit.*** Thiocfadh na heintitis sin faoin gcatagóir 'eintitis roghnaithe faoi oibleagáid'.

(16) ***Ba cheart an mhaoirseacht a dhéantar ar ML/TF a bheith rioscabhunaithe***. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar an gcéad chatagóir d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais, ***lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní*** nó grúpaí de na hinstitiúidí sin, bunaithe ar mheascán de chritéir oibiachtúla a bhaineann lena láithreacht agus lena ngníomhaíocht trasteorann, agus critéir i ndáil lena bpróifíl riosca ML/FT bhunúsaigh. ***Ba cheart don Údarás measúnú a dhéanamh ar na hinstitiúidí sin atá bunaithe ar thagarmharcanna riosca iarmharaigh chun díriú ar bhealach níos fearr ar riosca na***

***n-eintiteas sin atá faoi oibleagáid. Chun a áirithiú go mbeidh breisluach le maoirseacht dhíreach an Údaráis, níor cheart ach eintitis trasteorann atá ag feidhmiú i*** líon ***íosta*** Ballstát***, trí bhunaíocht a bheith acu nó mar thoradh ar an tsaoirse*** seirbhísí ***a sholáthar, teacht faoi shainchúram an Údaráis***.

(17) Chun a áirithiú nach ndéanfar maoirseacht dhíreach ar leibhéal an Aontais ach amháin ar na heintitis faoi oibleagáid is rioscúla▌, ba cheart an measúnú ar a riosca bunúsach ***agus iarmharach*** a chomhchuibhiú. Faoi láthair, is ann do chuir chuige náisiúnta éagsúla agus úsáideann údaráis mhaoirseachta tagarmharcanna sainiúla chun ***an*** riosca ML/TF bunúsach ***agus iarmharach*** eintiteas faoi oibleagáid a mheasúnú agus a aicmiú. Trí na modheolaíochtaí náisiúnta sin a úsáid chun eintitis a roghnú le haghaidh maoirseacht dhíreach ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfadh cothroime iomaíochta éagsúil teacht as sin ina measc sin. Dá bhrí sin, ba cheart a chumhachtú don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena leagtar amach ▌ ***modheolaíochtaí*** comhchuibhithe agus tagarmharcanna chun▌ an riosca ML/TF bunúsach a chatagóiriú mar íseal, meánach, substaintiúil, nó ard. ***Ba cheart don Údarás tagarmharcanna riosca iarmharaigh coiteanna a fhorbairt freisin.*** Ba cheart ***na modheolaíochtaí sin*** a chur in oiriúint do chineálacha rioscaí ar leith agus dá bhrí sin ba cheart catagóirí éagsúla d'eintitis faoi oibleagáid a leanúint léi ar institiúidí airgeadais iad i gcomhréir leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile le haghaidh COM(2021)420], ***chomh maith le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní.*** Ba cheart ***na modheolaíochtaí sin*** a bheith sách mionsonraithe agus ba cheart tagarmharcanna cainníochtúla agus cáilíochtúla sonracha a bhunú léi ag breithniú ar a laghad na tosca riosca a bhaineann leis na cineálacha custaiméirí a bhfreastalaítear orthu, na táirgí agus na seirbhísí a thairgtear, agus na limistéir gheografacha, lena n-áirítear dlínsí tríú tír ina n-oibríonn eintitis faoi oibleagáid nó lena mbaineann siad. Go sonrach, maidir le gach eintiteas faoi oibleagáid ar a ndéantar measúnú, bheadh a ***phróifílí*** riosca bhunúsaigh ***agus iarmharaigh*** aicmithe i ngach Ballstát ina mbíonn sé ag oibriú ar bhealach atá comhsheasmhach le haicmiú aon eintitis eile faoi oibleagáid atá san Aontas. Cheadódh na tagarmharcanna cainníochtúla agus cáilíochtúla sin go mbeadh an t-aicmiú sin oibiachtúil agus gan bheith ag brath ar dhiscréid údaráis maoirseachta ar leith i mBallstát, ná ar dhiscréid an Údaráis.

(18) Leis na critéir roghnúcháin deiridh ba cheart bonn údair a bheith le cothroime iomaíochta i measc eintitis faoi oibleagáid ar a ndéantar maoirseacht dhíreach, agus chuige sin, níor cheart aon discréid a fhágáil faoin Aontas ná faoi údaráis mhaoirseachta agus cinneadh á dhéanamh faoin liosta eintiteas faoi oibleagáid ba cheart a bheith faoi réir maoirseacht dhíreach. Dá bhrí sin, i gcás ina n-oibreoidh eintiteas faoi oibleagáid ar leith ar a ndéantar measúnú ar bhonn trasteorann agus ina dtiocfaidh sé laistigh den chatagóir ardriosca i gcomhréir leis an modheolaíocht chomhchuibhithe i líon íosta Ballstát, ba cheart a mheas gur eintiteas faoi oibleagáid é. ▌

(19) Chun trédhearcacht agus soiléireacht a sholáthar do na hinstitiúidí ábhartha, ba cheart don Údarás liosta de na heintitis roghnaithe faoi oibleagáid a fhoilsiú laistigh de mhí amháin tar éis babhta roghnúcháin a thosú, tar éis fíorú a dhéanamh ar chomhfhreagras na faisnéise atá soláthartha ag na maoirseoirí airgeadais do na critéir maidir le gníomhaíochtaí trasteorann ***agus don mhodheolaíocht*** riosca bhunúsaigh ***agus iarmharaigh***. Dá bhrí sin, is den tábhacht, i dtús gach tréimhse roghnúcháin, go soláthróidh na maoirseoirí airgeadais ábhartha ***agus, más gá, na heintitis faoi***

***oibleagáid iad féin,*** faisnéis staidrimh atá cothrom le dáta don Údarás chun go gcinnfear an liosta institiúidí airgeadais atá incháilithe le haghaidh measúnú i gcomhréir leis na critéir iontrála measúnaithe a bhaineann lena n-oibríochtaí trasteorann. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na maoirseoirí airgeadais an tÚdarás a chur ar an eolas faoin gcatagóir riosca bhunúsaigh ***agus iarmharaigh*** faoina dtagann institiúid airgeadais ***nó soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní*** ina ndlínsí i gcomhréir leis na ***modheolaíochtaí*** a leagtar síos sna caighdeáin theicniúla rialála. Ba cheart don Údarás na cúraimí a bhaineann le maoirseacht dhíreach a ghlacadh air féin ansin 5 mhí tar éis an liosta a fhoilsiú. Tá gá leis an am sin chun aistriú cúraimí maoirseachta ón leibhéal náisiúnta chuig leibhéal an Aontais a ullmhú go hiomchuí, lena n-áirítear foirmiú comhfhoirne maoirseachta, agus aon socrú oibre ábhartha a ghlacadh leis na maoirseoirí airgeadais ábhartha.

(20) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus cothroime iomaíochta a áirithiú i measc eintitis roghnaithe, ba cheart d'aon eintiteas roghnaithe leanúint de bheith faoi mhaoirseacht dhíreach an Údaráis ar feadh 3 bliana ar a laghad, fiú más fíor ó thráth an roghnúcháin agus le linn na 3 bliana go scoireann sé d'aon cheann de na critéir maidir le gníomhaíocht trasteorann nó lena mbaineann riosca a chomhlíonadh de dheasca e.g. comhdhlúthú, leathnú nó ath-leithdháileadh féideartha gníomhaíochtaí a dhéantar trí bhunaíochtaí nó saoirse chun seirbhísí a sholáthar. Ba cheart don Údarás a áirithiú freisin go ndéanfar am leordhóthanach a leithdháileadh ar ullmhú na n-eintiteas faoi oibleagáid agus a n-údarás maoirseachta maidir le haistriú maoirseachta ón leibhéal náisiúnta go leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart gach roghnú ina dhiaidh sin tosú 6 mhí roimh dháta deiridh na tréimhse 3 bliana maoirseachta ar na heintitis a roghnaíodh roimhe sin.

(21) Ba cheart do na gníomhartha ábhartha a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm chreat AML/CFT dul i gcomhar le chéile i gcomhréir le dualgas an chomhair dhílis a chumhdaítear sna Conarthaí. Chun a áirithiú gur mar shásra comhtháite a fheidhmeoidh córas maoirseachta AML atá comhdhéanta den Údarás agus údaráis mhaoirseachta, agus go mbeidh rioscaí dlínse-shonracha agus saineolas maoirseachta áitiúil curtha san áireamh agus úsáidte i gceart, ba cheart maoirseacht dhíreach ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid a dhéanamh i bhfoirm comhfhoirne maoirseachta. Ba cheart na foirne sin a bheith faoi stiúir ball foirne den Údarás a chomhordaíonn gníomhaíochtaí maoirseachta uile na foirne. ▌ Ba cheart don Údarás a bheith i gceannas ar bhunú agus comhdhéanamh na comhfhoirne maoirseachta, agus ba cheart do ***gach maoirseoir*** áitiúil ***a bhfuil baint aige le maoirsiú an eintitis faoi oibleagáid roghnaithe*** a áirithiú go mbeidh líon leordhóthanach ***dá*** mbaill foirne ceaptha don fhoireann, ag cur phróifíl riosca an eintitis roghnaithe ***chomh maith lena méid iomlán gníomhaíochta ina*** ndlínse san áireamh.

(22) Chun a áirithiú gur féidir leis an Údarás a oibleagáidí maoirseachta a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart don Údarás a bheith in ann aon doiciméad inmheánach agus faisnéis a fháil is gá chun a chúraimí a fheidhmiú agus chun na críche sin ba cheart cumhachtaí imscrúdúcháin ginearálta a bheith tugtha do na húdaráis mhaoirseachta uile faoin dlí riaracháin náisiúnta.

(23) Ba cheart an chumhacht a bheith ag an Údarás gníomhaíochtaí, laistigh den eintiteas, a cheangal, chun feabhas a chur ar chomhlíontacht eintiteas faoi oibleagáid le creat AML/CFT, lena n-áirítear treisiú nósanna imeachta inmheánacha agus athruithe ar an struchtúr rialachais, ag dul chomh fada le comhaltaí den chomhlacht bainistíochta a bhaint, gan dochar do chumhachtaí údarás maoirseachta ábhartha eile den eintiteas céanna faoi oibleagáid. Tar éis torthaí ábhartha a bhaineann le neamhchomhlíontacht nó

comhlíontacht pháirteach leis na ceanglais is infheidhme ag an eintiteas faoi oibleagáid, ba cheart é a bheith in ann beartas nó nósanna imeachta sonracha a fhorchur le haghaidh cliaint ar leith nó catagóirí cliant lena mbaineann ardrioscaí. Ba cheart cigireachtaí ar an láthair a bheith ina sainghné thráthrialta den mhaoirseacht sin. Má cheanglaíonn cineál sonrach cigireachta ar an láthair údarú ón údarás breithiúnach náisiúnta, ba cheart don Údarás iarratas a dhéanamh ar an údarú sin.

(24) Ba cheart raon iomlán cumhachtaí maoirseachta a bheith ag an Údarás i ndáil le heintitis ar a ndéantar maoirseacht dhíreach chun comhlíontacht leis na ceanglais is infheidhme a áirithiú. Ba cheart feidhm a bheith ag na cumhachtaí sin i gcásanna nach gcomhlíonann an t-eintiteas roghnaithe a cheanglais, i gcásanna nach dócha go gcomhlíonfaí ceanglais áirithe, chomh maith le cásanna inarb amhlaidh nach bhfuil ***próisis*** ná rialuithe inmheánacha iomchuí chun bainistíocht fhónta ar rioscaí ML/FT eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid a áirithiú. D’fhéadfaí feidhmiú na gcumhachtaí sin a dhéanamh trí chinntí ceangailteacha atá dírithe ar eintitis aonair roghnaithe faoi oibleagáid***, agus trí mholtaí chomh maith***.

(25) I dteannta cumhachtaí maoirseachta agus chun an chomhlíontacht a áirithiú, i gcásanna sáruithe ***tromchúiseacha nó córasacha*** ar cheanglais is infheidhme go díreach ***nó sáruithe den sórt sin a dhéantar arís is arís eile***, ba cheart don Údarás a bheith in ann smachtbhannaí airgid riaracháin ***agus bearta eile*** a fhorchur ar na heintitis roghnaithe faoi oibleagáid. ***Ba cheart na bearta sin a shainiú i gcaighdeáin theicniúla rialála trí bhíthin táscairí chun leibhéal tromchúise na sáruithe a aicmiú agus na critéir a bheidh le cur san áireamh agus leibhéal na smachtbhannaí airgid riaracháin agus bearta eile á leagan síos.*** Ba cheart na smachtbhannaí sin a bheith comhréireach agus athchomhairleach, ba cheart éifeacht phionósach agus dhíspreagthach a bheith leo, agus ba cheart prionsabal *ne bis in idem* a chomhlíonadh leo. Ba cheart méideanna uasta smachtbhannaí airgid a bheith i gcomhréir leis na cinn a bhunaítear le [cuir isteach tagairt – An 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac] agus a bheith ar fáil do na húdaráis mhaoirseachta uile ar fud an Aontais. Ba cheart méideanna bunúsacha na bpionós sin a chinneadh laistigh de na teorainneacha a bhunaítear le creat AML/CFT, ag cur chineál na gceanglas a sáraíodh san áireamh. Chun go gcuirfeadh an tÚdarás tosca géaraitheacha nó maolaitheacha san áireamh go leordhóthanach, ba cheart a bheith in ann coigeartuithe a dhéanamh ar an méid bunúsach ábhartha. Agus é mar chuspóir athrú tráthúil a dhéanamh ar an gcleachtas gnó díobhálach, ba cheart a chumhachtú do Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur chun iallach a chur ar an duine dlítheanach nó nádúrtha scor den iompar ábhartha. Agus é mar aidhm feasacht ar na heintitis faoi oibleagáid uile a ardú, trína spreagadh chun cleachtais ghnó a ghlacadh i gcomhréir le creat AML/CFT, ba cheart na smachtbhannaí agus na pionóis a nochtadh. Ba cheart an dlínse a bheith ag an gCúirt Bhreithiúnais athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na gcinntí atá glactha ag an Údarás, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE, agus chun a ndliteanas neamhchonarthach a chinneadh chomh maith leis sin.

(26) Ionas go bhféadfaidh an tÚdarás agus maoirseoirí airgeadais cumarsáid a dhéanamh go pras agus go héifeachtúil laistigh de chóras maoirseachta AML/CFT agus chun próisis chinnteoireachta níos comhleanúnaí a chumasú, is gá socruithe sonracha a bheith ann chun cumarsáid a dhéanamh laistigh den chóras sin.

(27) Le haghaidh eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid, tá maoirseacht AML/CFT le bheith go príomha ar an leibhéal náisiúnta, agus freagracht agus cuntasacht iomlán ag

údaráis náisiúnta inniúla i leith maoirseacht dhíreach. Ba cheart cumhachtaí maoirseachta indíreacha leordhóthanacha a dheonú don Údarás chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí maoirseachta ar an leibhéal náisiúnta comhsheasmhach agus ar ardcháilíocht ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart dó measúnuithe a dhéanamh ar staid an chóineasúcháin maoirseachta agus tuarascálacha a fhoilsiú lena thorthaí. Ba cheart a chumhachtú dó treoirlínte agus moltaí a eisiúint, atá dírithe ar eintitis faoi oibleagáid agus ar údaráis mhaoirseachta chomh maith leis sin, ***agus ba cheart dó a iarraidh ar na húdaráis ábhartha bearta leantacha a ghlacadh maidir lena gcur i bhfeidhm*** d'fhonn cleachtais mhaoirseachta chomhchuibhithe agus ardleibhéil a áirithiú ar fud an Aontais.

***(27a) Ba cheart ról ceannais a bheith ag an Údarás maidir lena áirithiú go bhfeidhmíonn na coláistí maoirseoirí comhsheasmhach le haghaidh eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid a oibríonn i roinnt Ballstát, agus an riosca córasach a bhaineann le hinstitiúidí airgeadais, agus ba cheart dó, i gcás inarb iomchuí, cruinniú coláiste a thionól. Ba cheart ról a bheith ag an Údarás freisin in idirghabháil atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun díospóidí idir maoirseoirí airgeadais a réiteach arna iarraidh sin dóibh agus, i gcás inar gá, chun cinntí maoirseachta a dhéanamh a bheidh infheidhme go díreach maidir leis an institiúid lena mbaineann. Ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach, na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus, i gcás inar gá, AFAnna, páirt ghníomhach a ghlacadh sna coláistí sin, agus iad á n-úsáid mar fhóraim le haghaidh plé agus chun faisnéis ábhartha a mhalartú.***

(28) Maidir le heintitis áirithe faoi oibleagáid san earnáil airgeadais nach gcomhlíonann na ceanglais le haghaidh roghnú tráthrialta, d'fhéadfadh sé go mbeadh próifíl ***ardriosca iarmharaigh*** acu fós ó thaobh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta de, nó d'fhéadfadh sé go ndéanfaidís, go n-athróidís nó go leathnóidís gníomhaíochtaí lena mbaineann ardriosca, nach bhfuil maolaithe le leibhéal comhréireach rialuithe inmheánacha, as a dtagann sáruithe ***tromchúiseacha, córasacha nó leantacha*** ar a cheanglais AML/CFT. Más ann do tháscairí maidir le sáruithe féideartha, ***tromchúiseacha, córasacha nó leantacha*** ar cheanglais AML/CFT is infheidhme, d'fhéadfadh sé gur comhartha mórfhaillí iad ar thaobh an eintitis faoi oibleagáid. Ba cheart don údarás maoirseachta ▌a bheith in ann freagra leordhóthanach a thabhairt ar aon sárú féideartha agus cosc a chur ar theacht chun cinn na rioscaí agus le mórfhaillí cheanglais AML/CFT a bheith ann dá dheasca sin. Mar sin féin, i gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé nach mbeadh freagairt ar an leibhéal náisiúnta leordhóthanach ná tráthúil, go háirithe nuair atá an chuma air gur tharla sáruithe ***tromchúiseacha, córasacha nó leantacha*** cheana ar leibhéal an eintitis. Sna cásanna sin, ba cheart don Údarás ▌a iarraidh ar an maoirseoir áitiúil bearta sonracha a dhéanamh chun an staid a leigheas, lena n-áirítear a iarraidh go ndéanfaí smachtbhannaí airgeadais ***nó bearta comhéigneacha eile*** a eisiúint. Chun cosc a chur ar theacht chun cinn rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus sceimhlitheoireacht, ba cheart an sprioc-am le haghaidh gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta a bheith sách gearr.

***(28a) I gcás sáruithe tromchúiseacha, córasacha nó leantacha a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart fógra a thabhairt don Údarás i gcás ina dtagann meathlú tapa agus suntasach ar chás aon eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid maidir lena chomhlíonadh le ceanglais is infheidhme agus a neamhchosaint ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, go háirithe i gcás ina bhféadfaí díobháil***

***shuntasach a dhéanamh do chlú roinnt Ballstát nó an Aontais trí chéile mar thoradh ar an meathlú sin.***

(29) Ba cheart an deis a bheith ag an Údarás aistriú cúraimí agus cumhachtaí maoirseachta a bhaineann le heintiteas sonrach faoi oibleagáid a iarraidh ar a thionscnamh féin i gcás neamhghníomhaíochta nó mainneachtain a treoracha a leanúint laistigh den sprioc-am a sholáthraítear. Ós rud é gur ghá cinneadh lánroghnach ar thaobh an Údaráis chun cúraimí agus cumhachtaí maidir le heintiteas faoi oibleagáid a aistriú gan iarraidh shonrach ón maoirseoir airgeadais chuig an Údarás, ba cheart don Údarás iarraidh shonrach chuige sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh atá comhleanúnach le creat na gcúraimí atá leithdháilte ar an Údarás laistigh de chreat AML/CFT, in iarraidh an Údaráis ba cheart údar iomchuí a chur san áireamh, agus ba cheart fad beacht a léiriú le haghaidh ath-leithdháileadh cúraimí agus cumhachtaí ar an Údarás. An tráthchlár le haghaidh ath-leithdháileadh cumhachtaí, ba cheart é a bheith ag comhfhreagairt don am a cheanglaíonn an tÚdarás chun déileáil leis na rioscaí ar leibhéal an eintitis, agus níor cheart é a bheith níos faide ná tréimhse 3 bliana. Ba cheart don Choimisiún cinneadh a ghlacadh lena ndéantar cumhachtaí agus cúraimí chun maoirseacht a dhéanamh ar an eintiteas a aistriú chuig an Údarás go pras, agus in aon chás ***gan moill mhíchuí***. ***Ba cheart an cinneadh sin a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.***

***(29a) I gcásanna sonracha, tar éis iarraidh a fháil ó mhaoirseoir airgeadais, ba cheart don Údarás a mheas cibé acu is gá nó nach gá maoirseacht dhíreach a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo maidir le heintitis faoi oibleagáid neamhroghnaithe chun a áirithiú go gcuirfear ardchaighdeáin mhaoirseachta i bhfeidhm go comhsheasmhach. D'fhéadfadh na Ballstáit socruithe sonracha a leagan amach maidir le tarmligean freagrachtaí nach mór a chomhlíonadh sula ndéanfaidh a gcuid údarás inniúil comhaontuithe den sórt sin maidir le tarmligean agus d'fhéadfaidís raon feidhme an tarmligin a theorannú don mhéid is gá chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar rannpháirtithe margaidh airgeadais trasteorann nó ar ghrúpaí airgeadais trasteorann. Ba cheart tuarascáil a bheith ag gabháil le hiarraidh an mhaoirseora airgeadais ina léireofar stair mhaoirseachta agus próifíl riosca an eintitis ábhartha faoi oibleagáid neamhroghnaithe. I gcásanna nach n-aontaíonn an tÚdarás le hiarraidh an mhaoirseora airgeadais, ba cheart dó dul i gcomhairle leis an maoirseoir airgeadais sin roimh a mheasúnú deiridh faoi cibé an bhfuil gá le maoirseacht AML/CFT ag Údarás an eintitis faoi oibleagáid neamhroghnaithe. Má aontaíonn an tÚdarás le hiarraidh an mhaoirseora airgeadais, ba cheart don Údarás na cúraimí agus na cumhachtaí ábhartha a ghlacadh air féin a bhaineann le maoirseacht dhíreach an eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid a aistriú ón maoirseoir airgeadais lena mbaineann chuig an Údarás. Ba cheart an cinneadh sin a chur in iúl freisin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.***

***(29b) Ba cheart ról tábhachtach a bheith ag an Údarás maidir le heasaontais a réiteach idir maoirseoirí airgeadais i gcásanna trasteorann i ndáil leis an Rialachán seo, trí chúnamh a thabhairt do mhaoirseoirí airgeadais teacht ar chomhaontú. Ba cheart cúnamh den sórt sin a thabhairt arna iarraidh sin do cheann amháin nó níos mó de na maoirseoirí airgeadais lena mbaineann, i gcás inar féidir, ar bhonn cúiseanna oibiachtúla, easaontas idir maoirseoirí airgeadais a chinneadh. Ba cheart do na maoirseoirí airgeadais lena mbaineann fógra a thabhairt don Údarás gan moill míchuí nár baineadh comhaontú amach.***

***(29c)*** ***Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a mheas an bhfuil an tÚdarás in ann gníomhú arna iarraidh sin do na maoirseoirí airgeadais lena mbaineann. Ba cheart don Údarás teorainn ama a leagan síos don idir-réiteach idir na maoirseoirí airgeadais, agus aon teorainneacha ama ábhartha a shonraítear i ndlí an Aontais agus castacht agus práinn an ábhair á gcur san áireamh. Ag an tráth sin, ba cheart don Údarás gníomhú mar idirghabhálaí. I gcásanna ina dteipeann ar na maoirseoirí airgeadais lena mbaineann teacht ar chomhaontú le linn na céime idir-réitigh, ba cheart go mbeadh an tÚdarás in ann cinneadh a dhéanamh lena gcuirfear de cheangal ar na maoirseoirí sin gníomhaíocht shonrach a dhéanamh, nó staonadh ó ghníomhaíocht áirithe, chun an t-ábhar a réiteach, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais. Ba cheart an cinneadh ón Údarás a bheith ceangailteach ar na maoirseoirí airgeadais lena mbaineann. Ba cheart go bhféadfaí leis an gcinneadh ón Údarás a cheangal ar na maoirseoirí airgeadais cinneadh a ghlac siad a chúlghairm nó a leasú nó úsáid a bhaint as na cumhachtaí atá acu faoi dhlí ábhartha an Aontais. Ba cheart don Údarás fógra a thabhairt do na maoirseoirí airgeadais lena mbaineann gur tugadh an nós imeachta chun críche. Ba cheart i dtuarascáil bliantúil an Aontais go leagfadh Cathaoirleach an Údaráis amach nádúr agus cineál na n-easaontas atá ann idir na maoirseoirí airgeadais, na comhaontuithe ar thángthas orthu agus na cinntí a rinneadh chun na heasaontais sin a réiteach.***

(30) Chun feabhas a chur ar chleachtais mhaoirseachta san earnáil neamhairgeadais, ba cheart don Údarás athbhreithnithe piaraí a dhéanamh ar údaráis mhaoirseachta san earnáil neamhairgeadais, lena n-áirítear údaráis phoiblí a dhéanann formhaoirseacht ar chomhlachtaí féinrialála, agus tuarascálacha a fhoilsiú lena thorthaí; d'fhéadfadh treoirlínte nó moltaí atá dírithe ar na húdaráis phoiblí ábhartha ag bheith ag gabháil leo, lena n-áirítear údaráis phoiblí a dhéanann formhaoirseacht ar chomhlachtaí féinrialála. ***Agus na hathbhreithnithe piaraí sin á ndéanamh aige, níor cheart don Údarás na measúnuithe atá ann cheana a dhúbailt agus ba cheart dó an fhaisnéis ábhartha go léir a chur san áireamh.*** Ba cheart comhlachtaí féinrialála a bheith in ann páirt a ghlacadh in athbhreithnithe piaraí ▌.

***(30a)*** ***Tá comhar idir maoirseoirí náisiúnta fíor-riachtanach chun cur chuige coiteann maoirseachta a áirithiú ar fud an Aontais. Chun go mbeidh sé éifeachtach, tá sé ríthábhachtach freisin an comhar sin a threisiú a mhéid is féidir. Dá réir sin, is iomchuí sainordú a thabhairt don Údarás cinneadh a dhéanamh an gá coláistí maoirseachta AML/CFT a bhunú i ndáil le heintitis faoi oibleagáid san earnáil neamhairgeadais a bhfuil an tsaoirse acu seirbhísí a sholáthar nó a bhfuil bunaíochtaí acu i roinnt Ballstát agus a bhfuil láimhdeachas suntasach bliantúil acu san Aontas ina iomláine. Sa bhreis air sin, ba cheart don Údarás feidhmiú na gcoláistí maoirseachta AML/CFT a éascú agus rannchuidiú leis na cleachtais mhaoirseachta a thabhairt le chéile agus le hardchaighdeáin mhaoirseachta a chur chun cinn***.

(31) Agus é mar chuspóir cur le héifeachtúlacht chur chun feidhme bhearta AML/CFT freisin san earnáil neamhairgeadais, ba cheart don Údarás a bheith in ann imscrúdú a dhéanamh freisin ar sháruithe féideartha nó cur i bhfeidhm mícheart dhlí an Aontais ag údaráis mhaoirseachta san earnáil sin, lena n-áirítear údaráis phoiblí a dhéanann formhaoirseacht ar chomhlachtaí féinrialála. ***Ba cheart don údarás maoirseachta náisiúnta a bheith in ann maolú ar an riail sin a iarraidh i gcás ina bhfuil baol ann go gcuirfí isteach ar neamhspleáchas na mbreithiúna.***

(31a) ***Agus cineál trasteorann an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta á chur san áireamh, tá comhordú agus comhar idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais thar a bheith tábhachtach. Chun feabhas a chur ar an gcomhordú agus ar an gcomhar sin, agus, go háirithe, chun a áirithiú go ndéanfar daoine is ábhar do leas AFA i mBallstáit eile a shainaithint, mar aon lena bhfáltais agus lena gcistí, ba cheart go mbeadh an tÚdarás agus AFAnna ina Shásra Tacaíochta agus Comhordúcháin AFAnna. Ba cheart é a bheith mar aidhm aige sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac go héifeachtach sa mhargadh inmheánach, comhar a éascú i measc AFAnna, tacú le hanailísí comhpháirteacha agus, i gcásanna áirithe, anailísí comhpháirteacha a thionscnamh chun an fhaisnéis ábhartha go léir a thabhairt le chéile, treochtaí agus tosca a shainaithint atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, chomh maith le tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna a bhaineann le comhar amhail comhar éifeachtach idir AFAnna agus idir AFAnna agus aonaid faisnéise airgeadais tríú tíortha. Chuige sin, ba cheart oifigigh idirchaidrimh atá lonnaithe in áitreabh an Údaráis a bheith ag Europol, Eurojust agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) chun comhar éasca a áirithiú.***

(31b) ***Ba cheart don Údarás tacú le AFAnna ó thaobh na gcúraimí seo a leanas: tacú le hanailísí comhpháirteacha atá le déanamh i gcomhar leis na AFAnna ábhartha, iad a chomhordú agus, i gcás inar gá, iad a stiúradh agus modhanna agus nósanna imeachta a fhorbairt chun a bpleanáil, a n-eagrú agus a gcur i gcrích a chomhordú agus a éascú; tacú leis an gcomhar i measc na AFAnna, go háirithe trí dhea-chleachtais agus na modhanna agus na formáidí cuí a fhorbairt; saineolas a fhorbairt maidir le modhanna anailíse, scaipthe agus braite; critéir a fhorbairt le haghaidh cásanna trasteorann nach mór do AFAnna iad a chur ar aghaidh; táscairí, formáidí agus ábhar a ullmhú chun Tuarascálacha ar Idirbhearta Amhrasacha (STRanna) agus faisnéis eile a fhaigheann AFAnna a bhrath agus a thuairisciú; faireachán a dhéanamh ar bhainistiú, cothabháil agus nuashonrú FIU.net agus uirlisí TF agus intleachta saorga a fhorbairt le haghaidh comhroinnt shlán faisnéise; súil a choinneáil ar obair na bhfóram idirnáisiúnta agus Eorpach maidir le hábhair a bhaineann le AFAnna. Agus na cúraimí sin á gcur i gcrích aige, ba cheart go mbeadh acmhainní daonna, airgeadais agus TF ar leith ag an Údarás, agus ba cheart dó neamhspleáchas na gcúraimí sin ar na feidhmeanna maoirseachta dá bhforáiltear i Ranna 2 go 6 de Chaibidil II a ráthú.***

(32) Chun anailís a dhéanamh ar ghníomhaíocht amhrasach lena ndéantar difear do dhlínsí iomadúla, ba cheart na AFAnna ábhartha a fhaigheann tuarascálacha nasctha a bheith in ann anailísí comhpháirteacha a dhéanamh go héifeachtúil ar chásanna leasa choitinn. Chuige sin, ba cheart don Údarás a bheith in ann anailísí comhpháirteacha ar idirbhearta nó gníomhaíochtaí amhrasacha trasteorann ***a thionscnamh,*** a mholadh agus a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh le gach modh iomchuí***, chomh maith le nósanna imeachta inmheánacha a ghlacadh maidir leis na modhanna agus na critéir chun cásanna atá ábhartha d'***anailísí comhpháirteacha ***a roghnú agus a chur in ord tosaíochta***. ***Ba cheart do na AFAnna*** ábhartha ***páirt a ghlacadh i seoladh na hanailíse*** comhpháirtí***. Go heisceachtúil, d'fhéadfadh AFA diúltú páirt a ghlacadh i*** seoladh ***na hanailíse*** comhpháirtí ***trí mhíniú agus bonn cirt cuí a thabhairt*** don ***Údarás i***

***scríbhinn**. **Ba cheart don Údarás mínithe agus réasúnuithe den sórt sin a sholáthar gan mhoill do na AFAnna eile lena mbaineann***.

***(32a) Ba cheart na hanailísí comhpháirteacha a chur ar bun chun naisc thrasteorann a bhunú idir idirbhearta amhrasacha agus an ghníomhaíocht choiriúil is bun leo chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac. Agus na hanailísí á ndéanamh acu, ba cheart don Údarás agus do AFAnna a gcuid torthaí mar aon le faisnéis bhreise a scaipeadh ar na húdaráis inniúla, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, Europol, i gcás ina bhfuil forais amhrais ann faoi sciúradh airgid, cionta preideacáide bainteacha nó maoiniú sceimhlitheoireachta. Ba cheart rochtain a dheonú, go díreach nó go hindíreach, do thoscairí AFAnna atá rannpháirteach san anailís chomhpháirteach ar na sonraí go léir a bhaineann le hábhar na hanailíse comhpháirtí agus ba cheart go mbeidís in ann na sonraí sin a phróiseáil chun anailís chomhpháirteach a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme, go háirithe maidir le hidirbhearta amhrasacha agus faisnéis eile a fháil agus a anailísiú i gcomhréir le hAirteagal 17 [cuir isteach tagairt don togra don 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final]. Ar thoiliú sainráite a fháil ó AFAnna a ghlacann páirt sna hanailísí comhpháirteacha, ba cheart d'fhoireann an Údaráis a thacaíonn le hanailísí comhpháirteacha a dhéanamh a bheith in ann na sonraí is gá a fháil a bhaineann leis na cásanna ar a ndearnadh anailís. Agus é mar aidhm leis comhar le Europol a éascú, i gcás inarb ábhartha, ba cheart go mbeadh Europol in ann páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach, faoi réir chomhaontú AFAnna rannpháirteacha, nuair a iarrfaidh AFA an anailís chomhpháirteach sin. Ba cheart rochtain a thabhairt do Europol ar chuid de na sonraí nó ar na sonraí uile le toil shainráite na AFAnna atá rannpháirteach agus ba cheart sonraí Europol a phróiseáil i gcomhréir le [cuir isteach tagairt do Rialachán 2016/794 (Athmhúnlú)].***

(33) Chun feabhas a chur ar éifeachtacht na n-anailísí comhpháirteacha, ba cheart don Údarás a bheith in ann na modhanna, nósanna imeachta agus déanamh na n-anailísí comhpháirteacha ***a bhunú agus anailís a dhéanamh orthu***, agus é mar aidhm leis na ceachtanna a foghlaimíodh a chinneadh agus feabhas a chur ar na hanailísí sin agus iad a chur chun cinn. Leis an aiseolas ar an anailís chomhpháirteach ba cheart é a chur ar a chumas don údarás conclúidí agus moltaí a eisiúint ar conclúidí agus moltaí iad as a dtiocfadh scagadh agus feabhsú tráthrialta ar na modhanna agus na nósanna imeachta chun anailísí comhpháirteacha a dhéanamh.

(34) Chun an comhar idir AFAnna agus an tÚdarás a éascú agus a fheabhsú, lena n-áirítear chun anailísí comhpháirteacha a dhéanamh, ba cheart do na AFAnna a bheith in ann ball foirne amháin in aghaidh an AFA a tharmligean chuig an Údarás ▌. Ba cheart do na toscairí AFA náisiúnta tacú le foireann an Údaráis chun na cúraimí uile a bhaineann le AFAnna a dhéanamh, lena n-áirítear anailísí comhpháirteacha a dhéanamh agus measúnuithe bagartha agus anailísí straitéiseacha a ullmhú ar bhagairtí ó thaobh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, rioscaí agus modhanna. ***Maidir leis sin, ba cheart do AFAnna feidhmiú fheidhmeanna na dtoscairí AFAnna ábhartha a éascú agus staonadh ó aon ghníomhaíocht nó beartas a d'fhéadfadh difear díobhálach a dhéanamh dá ngairm nó dá stádas sa chóras náisiúnta. Go háirithe, ba cheart do AFAnna na hacmhainní agus an trealamh is gá chun a bhfeidhmeanna a fheidhmiú a chur ar fáil do na AFAnna ábhartha, lena n-áiritheofar go mbeidh siad comhtháite go hiomlán san AFA tarmligthe agus go mbeidh siad fós in ann idirbhearta amhrasacha agus faisnéis eile a fháil agus a anailísiú i gcomhréir le***

***hAirteagal 17 [cuir isteach an tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid – COM/2021/423 final].*** Cé is moite de na hanailísí comhpháirteacha, ba cheart don Údarás foirmeacha éagsúla cúnaimh fhrithpháirtigh a spreagadh agus a éascú idir AFAnna, lena n-áirítear oiliúint agus malartuithe foirne chun feabhas a chur ar fhothú acmhainneachta agus malartú eolais agus dea-chleachtas a chumasú i measc AFAnna. ***Ina theannta sin, ba cheart don Údarás forbairt nó soláthar uirlisí agus seirbhísí TF a éascú chun feabhas a chur ar a chumas anailíse agus ar chumas na AFAnna, mar shampla anailís bhlocshlabhra agus ar shonraí a choinnítear ar bhonn tráchtála, i gcás inarb iomchuí.***

(35) Ba cheart don Údarás FIU.net a bhainistiú, a óstáil agus a choinneáil ar bun, an córas TF tiomnaithe lena gceadaítear do AFAnna dul i gcomhar agus faisnéis a mhalartú eatarthu féin agus, i gcás inarb iomchuí, lena gcontrapháirtithe ó thríú tíortha agus tríú páirtithe. Ba cheart don Údarás [redacted] an córas a choinneáil cothrom le dáta, ***agus na riachtanais arna gcur in iúl ag na AFAnna á gcur san áireamh***. Chuige sin, ba cheart don Údarás***, i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,*** a áirithiú go n-úsáidfear an teicneolaíocht úrscothach is forbartha dá bhfuil ar fáil i gcónaí***, lena n-áirítear réitigh atá bunaithe ar bhlocshlabhra,*** chun FIU.net a fhorbairt [redacted] .

(36) Chun cleachtais mhaoirseachta agus lena mbaineann AFA atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú agus chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm ar bhealach coiteann, aonfhoirmeach agus comhleanúnach, ba cheart don Údarás a bheith in ann treoirlínte agus moltaí a eisiúint atá dírithe ar na heintitis uile faoi oibleagáid nó ar chatagóir díobh agus ar na húdaráis mhaoirseachta agus na AFAnna uile nó ar chatagóirí díobh. D’fhéadfaí na treoirlínte agus na moltaí a eisiúint de bhun cumhachtú sonrach sna gníomhartha is infheidhme ón Aontas, nó ar thionscnamh an Údaráis, i gcás inar gá creat AML/CFT a neartú ar leibhéal an Aontais.

***(36a) Chun cleachtais AFA a fheabhsú, ba cheart don Údarás athbhreithnithe piaraí a dhéanamh agus tuarascálacha a fhoilsiú ina leagtar amach a thorthaí. D’fhéadfadh treoirlínte nó moltaí atá dírithe ar na AFAnna ábhartha a bheith ag gabháil leis na tuarascálacha sin. Ba cheart do AFAnna a bheith in ann páirt a ghlacadh in athbhreithnithe piaraí ar bhonn cás ar chás. Ba cheart don Údarás rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le rúndacht a chuid malartuithe le AFAnna agus le gníomhaithe ábhartha eile i gcomhthéacs athbhreithnithe piaraí, lena n-áirítear a chuid torthaí.***

***(36b) Ba cheart don Údarás a bheith freagrach as maoirseacht éifeachtach agus chomhsheasmhach a dhéanamh ar eintitis faoi oibleagáid agus ar údaráis inniúla i dtaca le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus ba cheart dó fónamh mar lárphointe teagmhála a áiritheoidh for-rochtain agus cumarsáid éasca le heintitis faoi oibleagáid ar mhaithe le feabhas a chur ar an gcomhlíonadh. I ndáil leis sin, ba cheart don Údarás faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe sna Ballstáit ar fad agus tacaíocht a thabhairt do na húdaráis inniúla ina gcuid iarrachtaí smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí fhónamh mar lárphointe teagmhála do na húdaráis inniúla chun faisnéis faoi dhaoine ainmnithe, a gcuid sócmhainní agus eintitis dhlíthiúla atá faoina rialú a chomhroinnt. Sa bhreis air sin, ba cheart don Údarás treoir agus cúnamh a thabhairt maidir le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur i bhfeidhm.***

***(36c) Má dhéantar bearta sriantacha a fhorfheidhmiú go neamhréireach, baineann sé sin an bonn de chumas an Aontais labhairt d'aon ghuth. Tá sé fíorthábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirfí bearta sriantacha de chuid an Aontais chun feidhme go hiomlán agus a chinntiú nach mbeidh aon bhuntáiste le fáil as aon sárú ar na bearta sin. Is gá a áirithiú freisin gur féidir sócmhainní daoine aonair agus eintiteas a sháraíonn na bearta sriantacha a choigistiú go héifeachtach amach anseo. Is féidir leis an Údarás ról tábhachtach a bheith aige ina leith sin. Sa bhreis air sin, ba cheart don Údarás oibriú i gcomhar leis na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní sna Ballstáit agus rannchuidiú leis na spriocanna a leagtar amach in [cuir isteach tagairt – Togra le haghaidh treoir maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní, COM(2022) 245 final] a bhaint amach.***

***(36d) Ba cheart don Údarás an fhormáid a úsáidfear chun faisnéis a iarraidh, a bhailiú nó a mhalartú a shonrú chun inchomparáideacht na faisnéise a fheabhsú agus chun éifeachtúlacht an tuairiscithe a áirithiú.***

(37) Tá bunú struchtúir rialachais láidir laistigh den Údarás fíor-riachtanach chun feidhmiú éifeachtach na gcúraimí a dheonaítear don Údarás a áirithiú, agus le haghaidh próiseas cinnteoireachta éifeachtúil agus oibiachtúil. De dheasca chastacht agus éagsúlacht na gcúraimí a thugtar don Údarás sa réimse maoirseachta agus AFA araon, ní féidir le comhlacht rialála aonair na cinntí a dhéanamh, faoi mar atá i gceist go minic i ngníomhaireachtaí díláraithe. Cineálacha áirithe cinntí, amhail cinntí maidir le hionstraimí coiteanna a ghlacadh, de bharr gur gá d'ionadaithe údarás iomchuí nó AFAnna iad a dhéanamh, agus de bharr gur gá rialacha vótála CFAE a urramú leo, cinntí áirithe eile, amhail na cinntí atá dírithe ar eintitis roghnaithe aonair faoi oibleagáid, nó údaráis aonair, ceanglaítear comhlacht cinnteoireachta níos lú, ar cheart dá chomhaltaí a bheith faoi réir socruithe cuntasachta iomchuí. Dá bhrí sin, ba cheart don Údarás a bheith comhdhéanta de Bhord Ginearálta, Bord Feidhmiúcháin atá comhdhéanta de chúigear comhaltaí neamhspleácha lánaimseartha agus de Chathaoirleach an Údaráis.

(38) Chun an saineolas ábhartha a áirithiú, ba cheart dhá chomhdhéanamh a bheith ag an mBord Ginearálta. Le haghaidh na gcinntí uile maidir le glacadh gníomhartha lena bhfuil feidhm ghinearálta amhail na caighdeáin rialála agus theicniúla chur chun feidhme, na treoirlínte, na moltaí, agus na tuairimí a bhaineann le AFAnna, ba cheart é a bheith comhdhéanta de chinn AFAnna na mBallstát ('Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA'). Le haghaidh na gcineálacha céanna gníomhartha a bhaineann le maoirseacht dhíreach nó indíreach a dhéanamh ar eintitis airgeadais nó neamhairgeadais faoi oibleagáid, ba cheart é a bheith comhdhéanta de cheannairí mhaoirseoirí AML/CFT ar údaráis phoiblí iad ('Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta'). Na páirtithe uile a mbeidh ionadaíocht acu ar an mBord Bainistíochta, ba cheart dóibh iarrachtaí a dhéanamh ráta athrúcháin a n-ionadaithe a theorannú, chun leanúnachas obair an Bhoird a áirithiú. Ba cheart do gach páirtí díriú ar ionadaíocht chothrom a bhaint amach idir fir agus mná ar an mBord Ginearálta.

(39) Le haghaidh próiseas cinnteoireachta rianúil, ba cheart na cúraimí a roinnt go soiléir: ba cheart don Bhord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta ábhartha le haghaidh AFAnna, ba cheart don Bhord Ginearálta cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhartha tarmligthe, treoirlínte agus bearta comhchosúla le haghaidh eintitis faoi oibleagáid. Ba cheart don Bhord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta a bheith in ann a thuairim agus comhairle a sholáthar freisin don Bhord Feidhmiúcháin maidir leis na dréachtchinntí uile atá dírithe ar eintitis roghnaithe aonair

faoi oibleagáid agus atá molta ag Comhfhoirne Maoirseachta. In éagmais na tuairime nó na comhairle sin, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin na cinntí a dhéanamh. Aon uair a imíonn an Bord Feidhmiúcháin ón gcomhairle a sholáthraíonn an Bord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta sa chinneadh críochnaitheach, ba cheart dó na cúiseanna leis sin a mhíniú i scríbhinn.

(40) Ar mhaithe le vótáil agus cinntí a dhéanamh, ba cheart ionadaí vótála amháin a bheith ag gach Ballstát. Dá bhrí sin, ba cheart do cheannairí na n-údarás poiblí ionadaí buan a cheapadh mar chomhalta vótála an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta. De rogha air sin, de réir ábhar an chinnidh nó clár oibre Cruinnithe boird ghinearálta, féadfaidh údaráis phoiblí Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le hionadaí ad-hoc. Na socruithe praiticiúla a bhaineann leis an gcinnteoireacht agus leis an vótáil a dhéanann comhaltaí an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta, ba cheart iad a leagan síos i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Ghinearálta, a bheidh le forbairt ag an Údarás.

(41) Ba cheart do Chathaoirleach an Údaráis cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe an Bhoird Ghinearálta agus ceart vótála a bheith aige nuair a dhéantar cinntí trí thromlach simplí. Ba cheart don Choimisiún a bheith ina chomhalta neamhvótála ar an mBord Ginearálta. Chun dea-chomhar a bhunú le hinstitiúidí ábhartha eile, ba cheart don Bhord Ginearálta a bheith in ann breathnóirí neamhvótála eile a ligean isteach, amhail ionadaí ón Sásra Aonair Maoirseachta agus ó gach ceann de na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚBE, ÚEÁPC agus ÚEUM) le haghaidh an Bhoird Ghinearálta ina Chomhdhéanamh Maoirseachta agus Europol, OIPE agus Eurojust le haghaidh an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh AFA, i gcás ina ndéanfar ábhair a thagann faoina sainorduithe faoi seach a phlé nó a chinneadh. Chun próiseas cinnteoireachta rianúil a cheadú, ba cheart cinntí an Bhoird Ghinearálta a dhéanamh le tromlach simplí, ach amháin dréachtchaighdeáin rialála agus theicniúla cur chun feidhme, treoirlínte agus moltaí ar cheart iad a dhéanamh le tromlach cáilithe ionadaithe ó na Ballstáit i gcomhréir le rialacha vótála CFAE.

(42) Ba cheart comhlacht rialála an Údaráis a bheith ina Bhord Feidhmiúcháin a bheidh comhdhéanta de Chathaoirleach an Údaráis agus de chúig chomhalta lánaimseartha, a bheidh ceaptha ag ***Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle*** ar bhonn an ghearrliosta d'***iarrthóirí cáilithe arna tharraingt suas*** ag an gCoimisiún. Agus é mar aidhm próiseas cinnteoireachta gasta agus éifeachtúil a áirithiú, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith i gceannas ar chúraimí uile an Údaráis a phleanáil agus a chur i gcrích seachas i gcás ina ndéanfar cinntí sonracha a leithdháileadh go sainráite ar an mBord Ginearálta. Chun oibiachtúlacht agus luas iomchuí an phróisis cinnteoireachta a áirithiú sa réimse a bhaineann le maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar na heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin na cinntí ceangailteacha uile atá dírithe ar eintitis roghnaithe faoi seach a dhéanamh. Ina theannta sin, mar aon le hionadaí ón gCoimisiún ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith freagrach go coiteann as cinntí riaracháin agus buiséadacha an Údaráis. ▌

(43) Chun go bhféadfar cinntí a dhéanamh go pras, cinntí uile an Bhoird Feidhmiúcháin, lena n-áirítear an cinneadh ina mbeidh ceart vótála ag an gCoimisiún, ba cheart iad a dhéanamh le tromlach simplí, agus vóta réitigh ag an gCathaoirleach i gcás comhionannas vótaí. ▌

(44) Chun feidhmiú neamhspleách an Údaráis a áirithiú ba cheart do na cúig Chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin agus do Chathaoirleach an Údaráis gníomhú go neamhspleách agus chun leasa an Aontais ina iomláine. Ba cheart dóibh iad féin a iompar, le linn agus tar éis a dtéarma oifige araon, go hionraic agus go discréideach a mhéid a bhaineann le glacadh le ceapacháin nó tairbhí áirithe. Ionas nach dtabharfaí le tuiscint go bhféadfadh sé go n-úsáidfeadh Comhalta den Bhord Feidhmiúcháin a sheasamh mar Chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis chun ceapachán ardchéime a fháil san earnáil phríobháideach tar éis a théarma oifige agus chun aon choinbhleacht leasa i ndiaidh na fostaíochta poiblí a chosc, ba cheart tréimhse mharana le haghaidh na gcúig Chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Údaráis, a thabhairt isteach.

(45) Ba cheart don Chomhairle Cathaoirleach an Údaráis a cheapadh bunaithe ar chritéir oibiachtúla tar éis formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart dó nó di ionadaíocht a dhéanamh don Údarás go seachtrach agus tuairisciú ar chúraimí an Údaráis a chur i gcrích.

(46) Ba cheart Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh bunaithe ar chritéir oibiachtúla ***ón mBord Feidhmiúcháin tar éis formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.*** Ba cheart do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis a bheith ina oifigeach riaracháin sinsearach den Údarás, i gceannas ar bhainistíocht laethúil an Údaráis, agus freagrach as riar an bhuiséid, soláthar, earcú agus an fhoireann.

(47) Chun cearta na bpáirtithe lena mbaineann a chosaint go héifeachtach, ar mhaithe le gontacht nós imeachta agus chun an t-ualach ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a laghdú, ba cheart don Údarás an deis a sholáthar do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha ***athchomharc*** a iarraidh ar na cinntí a rinneadh faoi na cumhachtaí a bhaineann le maoirseacht dhíreach agus a thugtar don Údarás leis an Rialachán seo agus atá dírithe orthu, nó a bhaineann go díreach agus go leithleach leo. Maidir le neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na gcinntí a dhéanann an Bord Riaracháin ***Achomhairc***, i measc nithe eile, ba cheart dá chomhdhéanamh de chúig dhuine neamhspleácha atá cáilithe go hoiriúnach iad siúd a áirithiú. Dá réir sin, maidir le cinntí an Bhoird Riaracháin ***Achomhairc***, ba cheart a bheith in ann achomharc a dhéanamh chun Cúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh ina leith.

(48) ***Is gá na hacmhainní breise daonna agus airgeadais is gá a sholáthar don Údarás ionas gur féidir leis a chuspóirí, a chúraimí agus a fhreagrachtaí a shanntar dó faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Chun a áirithiú go mbeidh an tÚdarás in ann freagairt go solúbtha do riachtanais acmhainní daonna, is iomchuí, go háirithe, go mbeadh neamhspleáchas aige maidir le gníomhairí ar conradh a earcú.*** Chun feidhmiú cuí an Údaráis a ráthú, ba cheart cistiú a sholáthar, ***ag brath ar na tascanna agus na feidhmeanna,*** trí mheascán de tháillí a thoibhítear ar eintitis áirithe faoi oibleagáid agus ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais. Ba cheart buiséad an Údaráis a bheith mar chuid de bhuiséad an Aontais. Is é an tÚdarás Buiséadach ***a chinnfidh an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais tríd an nós imeachta buiséadach. Chuige sin***, ba cheart don Údarás ***ráiteas ar mheastacháin*** a chur faoi bhráid an Choimisiúin. ***Ba cheart dó rialacha airgeadais a ghlacadh freisin tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún***.

(49) Chun a áirithiú gur féidir leis an Údarás a chúraimí a chomhlíonadh mar mhaoirseoir díreach agus indíreach ar eintitis faoi oibleagáid, ba cheart sásra leordhóthanach a thabhairt isteach chun na táillí a chinneadh agus a bhailiú. A mhéid a bhaineann leis na táillí a thoibhítear ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus eintitis neamhroghnaithe

áirithe faoi oibleagáid, ba cheart an mhodheolaíocht chun iad a ríomh agus próiseas bailiúcháin táillí a fhorbairt i ngníomh tarmligthe ón gCoimisiún. Ba cheart an mhodheolaíocht a bheith bunaithe ar riosca na n-eintiteas ar a ndéantar maoirseacht dhíreach agus indíreach agus ar a láimhdeachas nó a n-ioncam mar aon leis sin. ***Leis an mhodheolaíocht a bhunófar, ba cheart ioncam leordhóthanach agus cobhsaí a áirithiú don Údarás, lena n-áiritheofar intuarthacht na ranníocaíochta ó bhuiséad an Aontais, chun a chur ar chumas an Údaráis a dhualgais a chomhlíonadh.***

(50) Na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis, chomh maith le cur i láthair chuntais bhliantúla an Údaráis, ba cheart forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún[9] a leanúint leo a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise.

(51) Chun calaois inmheánach, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chosc agus a chomhrac go héifeachtach laistigh den Údarás, ba cheart é a bheith faoi réir Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise. Ba cheart don Údarás aontú don Chomhaontú Idirinstitiúideach a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha ag OLAF, ar cheart dó a bheith in ann seiceálacha a dhéanamh ar an láthair laistigh dá réimse inniúlachta.

(52) Mar a luaitear i Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh[10], tá sé fíor-riachtanach ardleibhéal cibear-athléimneachta a áirithiú sna hinstitiúidí, sna comhlachtaí agus sna gníomhaireachtaí uile den Aontas de dheasca timpeallacht bhagartha atá ag éirí níos naimhdí de réir a chéile. Dá réir sin, ní mór don Stiúrthóir Feidhmiúcháin bainistíocht riosca TF iomchuí, rialachas TF inmheánach láidir agus cistiú slándála TF leordhóthanach a áirithiú. Oibreoidh an tÚdarás go dlúth le Foireann Práinnfhreagartha Ríomhaire Institiúidí, Chomhlachtaí agus Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus tuairisceoidh sé mórtheagmhais laistigh de 24 huaire an chloig do CERT-EU agus don Choimisiún mar aon leis sin.

(53) Ba cheart don Údarás a bheith cuntasach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle araon chun a chúraimí a chur i gcrích agus an Rialachán seo a chur chun feidhme. Ba cheart do Chathaoirleach an Údaráis tuarascáil faoi seach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ar bhonn bliantúil.

(54) Ba cheart d'fhoireann an Údaráis a bheith comhdhéanta de ghníomhairí sealadacha, gníomhairí conarthacha agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht mar aon le toscairí náisiúnta a bheidh curtha ar fáil don Údarás ag AFAnna ón Aontas. Ba cheart don Údarás, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na bearta cur chun feidhme ábhartha a ghlacadh, i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne[11].

---

[9] Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/715 an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).*

[10] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52013JC0001.

[11] Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA) lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach (IO P 045, 14.6.1962, lch. 1385)

(55) Chun a áirithiú go láimhseálfar faisnéis rúnda dá réir sin, maidir leis na comhaltaí uile de chomhlachtaí rialála an Údaráis, foireann uile an Údaráis, lena n-áirítear an fhoireann ar iasacht agus an fhoireann a bheidh curtha ar fáil don Údarás, mar aon le haon duine a dhéanann cúraimí le haghaidh an Údaráis ar bhonn conarthach, ba cheart dóibh a bheith faoi réir oibleagáid maidir le sicréideacht ghairmiúil, lena n-áirítear aon srian agus oibleagáid ó thaobh na rúndachta de a eascraíonn ó fhorálacha ábhartha reachtaíocht an Aontais, agus a bhaineann le cúraimí sonracha an Údaráis. Mar sin féin, le rúndacht agus oibleagáid maidir le sicréideacht ghairmiúil, níor cheart cosc a chur ar an Údarás comhoibriú le húdaráis nó comhlachtaí ábhartha náisiúnta eile nó le comhlachtaí ábhartha eile ón Aontas, faisnéis a mhalartú leo nó a nochtadh dóibh, i gcás inar gá sin le haghaidh fheidhmiú a gcúraimí faoi seach agus i gcás ina ndéanfar foráil i ndlí an Aontais maidir leis na hoibleagáidí sin i leith comhair agus malartú faisnéise.

(56) Gan dochar do na hoibleagáidí rúndachta ag a bhfuil feidhm maidir le foireann agus ionadaithe an Údaráis i gcomhréir leis na forálacha ábhartha i ndlí an Aontais, ba cheart don Údarás a bheith faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. I gcomhréir leis na srianta maidir le rúndacht agus sicréideacht ghairmiúil a bhaineann leis na cúraimí maoirseachta agus i leith thacaíocht agus chomhordúcháin AFA atá ar an Údarás, níor cheart síneadh a chur leis an rochtain sin chuig faisnéis rúnda atá á láimhseáil ag foireann an Údaráis. Go háirithe, aon sonra oibríochtúil nó faisnéis a bhaineann leis na sonraí oibríochtúla sin de chuid an Údaráis agus AFAnna an Aontais atá i seilbh an Údaráis de thoradh na gcúraimí agus na ngníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht agus comhordú AFAnna a dhéanamh, ba cheart a mheas gur sonraí rúnda iad. Maidir le cúraimí maoirseachta, rochtain ar fhaisnéis nó sonraí an Údaráis, ba cheart na maoirseoirí airgeadais, nó na heintitis faoi oibleagáid a fhaightear le linn na cúraimí agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le maoirseacht dhíreach a dhéanamh, ba cheart iad a láimhseáil i bprionsabal mar nithe rúnda freisin nach bhfuil faoi réir aon nochtadh. Mar sin féin, maidir le faisnéis rúnda atá liostaithe agus a bhaineann le nós imeachta maoirseachta, is féidir í a nochtadh go hiomlán nó go páirteach do na heintitis faoi oibleagáid ar páirtithe iad sa nós imeachta maoirseachta sin, faoi réir leas dlisteanach daoine dlítheanacha agus nádúrtha seachas an páirtí ábhartha, agus a rúin ghnó á gcosaint.

(57) Gan dochar d’aon socrú teanga sonrach a d’fhéadfaí a ghlacadh laistigh de chóras maoirseachta AML agus le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle[13] maidir leis an Údarás agus ba cheart d’Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh aon seirbhís aistriúcháin is gá le haghaidh fheidhmiú an Údaráis a sholáthar.

(58) Gan dochar d’oibleagáidí na mBallstát agus a n-údarás, maidir le próiseáil sonraí pearsanta ar bhonn an Rialacháin seo chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, ba cheart a bhreithniú gur gá sin chun cúram a chur i gcrích, rud a dhéantar chun leas an phobail nó i bhfeidhmiú an údaráis oifigiúil atá dílsithe don Údarás faoi Airteagal 5***(1)(a)*** de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint

[12]Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

[13] Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ( IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

na hEorpa agus ón gComhairle[14] agus Airteagal ***6(1)(b)*** de Rialachán ***(AE)*** 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15],***nó nuair is gá chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh de bhun Airteagal 5(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/679.*** Agus aon ionstraim á forbairt nó aon chinneadh á dhéanamh a bhféadfaidh tionchar suntasach a bheith aici nó aige ar chosaint sonraí pearsanta, ba cheart don Údarás ***dul i gcomhairle*** leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a bhunaítear le Rialachán (AE) 2016/679 agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bhunaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 chun dúbláil a sheachaint.

***(58a) Ba cheart don Údarás sásraí éifeachtacha agus iontaofa a chur i bhfeidhm chun tuairisciú sáruithe féideartha agus iarbhír ar Rialachán [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le hAistriú Cistí] nó ar Rialachán [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — COM/2021/420 final] ag eintitis faoi oibleagáid nó sáruithe ionchasacha agus iarbhír [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid — COM/2021/423 final] ag eintitis faoi oibleagáid, údaráis mhaoirseachta, AFAnna nó údaráis atá inniúil ar chur chun feidhme smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur i bhfeidhm. Chun na críche sin, ba cheart don Údarás ardleibhéal cosanta a áirithiú do na daoine a thuairiscíonn na sáruithe sin, atá coibhéiseach ar a laghad leis an leibhéal cosanta do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2019/1937.***

***(58b) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, maidir le daoine aonair, lena n-áirítear fostaithe agus ionadaithe an eintitis faoi oibleagáid, na n-údarás maoirseachta, na AFAnna nó na n-údarás atá inniúil chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme, a thuairiscíonn don Údarás sáruithe iarbhír nó féideartha ar Rialachán [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le hAistriú Cistí], Rialachán [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — COM/2021/420final] nó sáruithe ar [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid — COM/2021/423 final], go gcosnófar iad ó bheith neamhchosanta ar bhagairtí, ar ghníomhaíocht díoltais nó naimhdeach, agus go háirithe ar ghníomhaíochtaí fostaíochta díobhálacha nó idirdhealaitheacha. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh daoine aonair atá neamhchosanta ar bhagairtí, gníomhaíochtaí naimhdeacha, nó díobhálacha nó idirdhealaitheacha gníomhaíochtaí fostaíochta maidir le tuairisciú féideartha nó iarbhír faoi Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] nó sáruithe air [cuir isteach tagairt- togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final] i dteideal gearán a thíolacadh ar bhealach sábháilte, do na húdaráis inniúla faoi seach. Gan dochar do rúndacht na faisnéise arna bailiú ag an AFA, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an ceart ag daoine aonair den sórt sin leigheas éifeachtach a fháil chun a gcearta a choimirciú i gcomhréir le dlí infheidhme an Aontais. I gcomhréir le***

---

[14]Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

[15]Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

***hAirteagal 23 de Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin maidir le pionóis chomhréireacha agus athchomhairleacha is infheidhme maidir le daoine a thuairisciú i gcás ina suitear gur thuairiscigh na daoine sin faisnéis bhréagach go feasach nó gur nocht siad faisnéis bhréagach go feasach.***

(59) Ba cheart don Údarás caidreamh comhoibritheach a bhunú leis na gníomhaireachtaí agus leis na comhlachtaí ábhartha den Aontas, lena n-áirítear Europol, Eurojust, OIPE, agus na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, eadhon an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde. Chun feabhas a chur ar mhaoirseacht trasteorann agus comhar níos fearr a áirithiú idir maoirseoirí stuamachta agus AML/CFT, ba cheart don Údarás caidreamh comhoibríoch a bhunú freisin leis na húdaráis atá inniúil chun maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar eintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach maidir le hábhair a bhaineann leis na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle[16], mar aon le húdaráis réitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], agus le údaráis ainmnithe um Scéimeanna Ráthaithe Taiscí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe 18 de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18]. Chuige sin, ba cheart don Údarás a bheith in ann comhaontuithe nó meabhráin tuisceana a thabhairt i gcrích leis na comhlachtaí sin, lena n-áirítear maidir le haon mhalartú faisnéise is gá chun cúraimí faoi seachas an Údaráis agus na gcomhlachtaí sin a chomhlíonadh. Ba cheart don Údarás a dhícheall a dhéanamh faisnéis a chomhroinnt leis na comhlachtaí sin arna iarraidh sin dóibh, laistigh de na teorainneacha a bhaineann le srianta dlíthiúla, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le cosaint sonraí. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás malartú faisnéise éifeachtach a chumasú idir na maoirseoirí airgeadais uile i gcóras maoirseachta AML/CFT agus na húdaráis réamhluaite, ba cheart an comhar agus na malartuithe faisnéise sin a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha agus éifeachtúil.

(60) Maidir le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (‘PPPanna’) tá siad tagtha chun bheith ina bhfóraim chomhair agus malartaithe faisnéise ag a bhfuil tábhacht mhéadaitheach idir AFAnna, údaráis mhaoirseachta agus forfheidhmithe dlí náisiúnta éagsúla agus eintitis éagsúla faoi oibleagáid i mBallstáit áirithe. I gcás ina ngníomhódh an tÚdarás mar mhaoirseoir díreach ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid atá ina gcuid de PPP in aon Bhallstát, d’fhéadfadh sé a bheith chun tairbhe don Údarás a bheith rannpháirteach ann freisin, ar choinníollacha a bheidh cinntithe ag an údarás nó na húdaráis ábhartha náisiúnta phoiblí a chuireann PPP den sórt sin ar bun, agus lena dtoiliú sainráite.

***(60a) Ba cheart go mbeadh an tÚdarás in ann socruithe comhair a bhunú le AFAnna, le heintitis faoi oibleagáid roghnaithe agus le heintitis eile faoi oibleagáid san earnáil***

[16] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannas Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013. lch. 63).

[17] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

[18] Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014, Lch. 149).

***airgeadais agus neamhairgeadais. Ba cheart go mbeadh na socruithe comhair sin in ann foráil a dhéanamh freisin maidir le rannpháirtíocht údarás maoirseachta, AFAnna, Europol agus údarás cosanta sonraí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.***

(61) Ós rud é go bhfuil comhar idir údaráis mhaoirseachta, riaracháin agus forfheidhmithe dlí ríthábhachtach chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac go rathúil, agus ó tharla go bhfuil cúraimí nó sainorduithe sonracha ag údaráis agus comhlachtaí áirithe de chuid an Aontais sa réimse sin, ba cheart don Údarás a áirithiú go mbeidh sé in ann dul i gcomhar leis na húdaráis agus na comhlachtaí sin, go háirithe OLAF, Europol, Eurojust, agus OIPE. Más gá socruithe sonracha oibre a bhunú nó Meabhráin Tuisceana a thabhairt i gcrích idir an tÚdarás agus na comhlachtaí agus na húdaráis sin, ba cheart go mbeadh an tÚdarás in ann déanamh amhlaidh. Ba cheart an socrú a bheith de chineál straitéiseach agus teicniúil, níor cheart comhroinnt aon fhaisnéise rúnda ná oibríochtúla atá i seilbh an Údaráis a thabhairt le tuiscint leis agus ba cheart cúraimí a chur san áireamh ann, cúraimí a dhéanann na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí nó na gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais cheana a mhéid a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac.

(62) Ós rud é go bhfuil cionta preideacáide mar aon le coireacht an sciúrtha airgid féin de chineál domhanda, agus ó tharla go n-oibríonn na heintitis faoi oibleagáid san Aontas le tríú tíortha agus iontu, tá ríthábhacht le comhar éifeachtach leis na húdaráis tríú tír ábhartha uile sna réimsí a bhaineann le maoirseacht agus feidhmiú AFAnna chun creat AML/CFT an Aontais a neartú. I bhfianaise mheascán uathúil an Údaráis de mhaoirseacht dhíreach agus indíreach agus cúraimí agus cumhachtaí AFA a bhaineann le comhar, ba cheart dó a bheith in ann ról gníomhach a ghlacadh sna socruithe comhair sheachtraigh sin. Go sonrach, ba cheart a chumhachtú don Údarás teagmhálaithe a fhorbairt agus dul i mbun socruithe riaracháin le húdaráis i dtríú tíortha ag a bhfuil inniúlachtaí rialála, maoirseachta agus lena mbaineann AFA. D'fhéadfadh sé go mbeadh tairbhe ar leith le ról an Údaráis i gcásanna ina bhfuil baint ag idirghníomhaíocht údarás poiblí éagsúil ón Aontas agus AFAnna le húdaráis tríú tíortha le hábhair faoi raon feidhme chúraimí an Údaráis. Sna cásanna sin, ba cheart ról ceannasach a bheith ag an Údarás chun an idirghníomhaíocht sin a éascú.

***(62a) Tá sé bunriachtanach go nglacfaidh an tAontas páirt in iarrachtaí domhanda chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, go háirithe an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta atá gníomhach i réimse AML/CFT amhail an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF). Thacaigh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, le Dearbhú Aireachta FATF, chomh maith le Sainordú athbhreithnithe FATF ag Cruinniú Aireachta FATF an 12 Aibreán 2019. Mar chomhalta de FATF, is gá don Choimisiún ionadaíocht aontaithe, choiteann, chomhsheasmhach agus éifeachtach ar leasanna an Aontais in FATF a áirithiú. I bhfianaise a chúraimí agus a chumhachtaí i réimse AML/CFT, ba cheart don Údarás rannchuidiú le hionadaíocht an Aontais agus le cosaint a leasanna i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chuidiú leis an gCoimisiún a chúraimí a bhaineann le ballraíocht an Aontais in FATF a chur i gcrích agus trí thacú le hobair agus le cuspóirí Ghrúpa Egmont na AFAnna agus MONEYVAL, i measc nithe eile.***

(63) Ós rud é go mbeidh réimse iomlán cumhachtaí agus cúraimí ag an Údarás a bhaineann le maoirseacht dhíreach agus indíreach agus formhaoirseacht ar na heintitis uile faoi

oibleagáid, is gá go bhfanfaidh na cumhachtaí sin comhdhlúite laistigh d'aon chomhlacht amháin ón Aontas, agus nach n-eascróidh inniúlachtaí contrártha as sin le comhlachtaí eile ón Aontas. Dá bhrí sin, níor cheart don Údarás Baincéireachta Eorpach a chúraimí ná a chumhachtaí a choinneáil a bhaineann le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus ba cheart na hairteagail faoi seach i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] a scriosadh. Na hacmhainní a leithdháiltear ar an Údarás Baincéireachta Eorpach chun na cúraimí sin a chomhlíonadh, ba cheart iad a aistriú chuig an Údarás. Ós rud é go mbeidh na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha uile (ÚBE, ÚEUM agus ÚEÁPC) ag dul i gcomhar leis an Údarás, agus go bhféadfaidh siad freastal ar chruinnithe an Bhoird Ghinearálta ina gcomhdhéanamh maoirseachta mar bhreathnóirí, ba cheart an deis chéanna a thabhairt don Údarás i leith cruinnithe de Bhord Maoirseoirí na nÚdarás Maoirseachta Eorpach. I gcás ina ndéanfaidh na Boird Mhaoirseoirí faoi seach plé nó cinneadh faoi ábhair atá ábhartha maidir le cúraimí agus cumhachtaí an Údaráis a chur i gcrích, ba cheart don Údarás a bheith in ann páirt a ghlacadh ina gcruinnithe mar bhreathnóir. Na hairteagail maidir le comhdhéanaimh an Bhoird Maoirseoirí i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20], agus Rialachán (AE) 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], ba cheart iad a leasú dá bhrí sin dá réir sin.

(64) Ba cheart don Údarás a bheith lánfheidhmiúil faoi thús 2024. Ba cheart am leordhóthanach a thabhairt don Údarás leis sin a cheanncheathrú a bhunú sa Bhallstát mar a chinntear leis an Rialachán seo.

(65) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 [agus thug sé tuairim uaidh an...],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# BUNÚ, STÁDAS DLÍTHIÚIL AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

***Bunú agus raon feidhme gníomhaíochta***

1. Maidir leis an Údarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac ('an tÚdarás'), bunaítear é amhail ón 1 Eanáir 2023.

---

[19] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

[20] Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

[21] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

2. Gníomhóidh an tÚdarás laistigh de na cumhachtaí a thugtar leis an Rialachán seo, go háirithe iad sin a leagtar amach in Airteagal 6, agus faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22], an Treoir maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile de COM(2021)423] agus an Rialachán maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile de COM(2021)422], lena n-áirítear na treoracha, na rialacháin agus na cinntí uile atá bunaithe ar na gníomhartha sin, aon ghníomh eile ón Aontas atá ceangailteach ó thaobh dlí de lena dtugtar cúraimí don Údarás agus reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme an Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile de COM(2021)423] nó Treoracha eile lena dtugtar cúraimí d'údaráis mhaoirseachta.

3. Is é is cuspóir don Údarás leas an phobail, cobhsaíocht ***agus sláine*** chóras airgeadais an Aontais agus dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chosaint tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cosc a chur le húsáid chóras airgeadais an Aontais chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta;

(b) rannchuidiú le rioscaí ***agus bagairtí*** a bhaineann le sciúradh airgid***, go háirithe na scéimeanna níos leithne agus níos casta a bhaineann le heagraíochtaí coiriúla,*** agus maoiniú sceimhlitheoireachta ar fud an mhargaidh inmheánaigh a shainaithint agus a mheasúnú, mar aon le rioscaí agus bagairtí a thagann ó lasmuigh den Aontas ag a bhfuil tionchar ar an margadh inmheánach nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu air sin;

(c) maoirseacht ardcháilíochta a áirithiú sa réimse a bhaineann le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac ('AML/CFT') ar fud an mhargaidh inmheánaigh;

(d) rannchuidiú le cóineasú maoirseachta sa réimse a bhaineann le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac ar fud an mhargaidh inmheánaigh;

(e) rannchuidiú le comhchuibhiú cleachtas maidir leis an mbraiteoireacht a dhéanann Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais ('AFAnna') ar shreabhadh amhrasach trasteorann airgid nó gníomhaíochtaí;

(f) tacú le malartú faisnéise idir AFAnna agus idir AFAnna agus údaráis inniúla eile agus an malartú sin a chomhordú.

Beidh forálacha an Rialacháin seo gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin, go háirithe de bhun Airteagal 258 CFAE, chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú.

[22]Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1).

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

1. Chun críocha an Rialacháin seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 de [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid COM(2021)420] agus Airteagal 2 [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt don 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid COM(2021)423], tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid' institiúid creidmheasa, institiúid airgeadais, nó grúpa institiúidí creidmheasa nó airgeadais ar an leibhéal comhdhlúthúcháin is airde san Aontas, atá faoi mhaoirseacht dhíreach an Údaráis de bhun Airteagal 13;

(2) ciallaíonn 'eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid' institiúid creidmheasa, institiúid airgeadais, nó grúpa institiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais ar an leibhéal comhdhlúthúcháin is airde san Aontas, seachas eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid;

***(2a) ciallaíonn 'eintiteas faoi oibleagáid san earnáil neamhairgeadais' eintiteas faoi oibleagáid a liostaítear in Airteagal 3 de [cuir isteach tagairt do AMLR], seachas institiúid creidmheasa, institiúid airgeadais, nó grúpa institiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde san Aontas;***

(3) ciallaíonn 'córas maoirseachta AML/CFT' an tÚdarás agus na húdaráis mhaoirseachta sna Ballstáit;

***(3a) Ciallaíonn 'maoirseoir airgeadais' maoirseoir atá i gceannas ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais;***

(4) ciallaíonn 'maoirseoir neamhairgeadais' maoirseoir atá i gceannas ar eintitis faoi oibleagáid a liostaítear in Airteagal 3 de [AMLR], seachas institiúidí creidmheasa agus airgeadais.

(5) ciallaíonn 'údarás neamh-AML/CFT':

(a) údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (40) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23];

(b) an Banc Ceannais Eorpach nuair a dhéanann sé na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle;

(c) údarás réitigh a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(d) údarás ainmnithe scéimeanna ráthaithe taiscí ('SRT') mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (18) de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

[23] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

***(5a) ciallaíonn 'an leibhéal comhdhlúthaithe is airde san Aontas' an leibhéal is airde ar a gcomhdhlúthaítear grúpa, lena n-áirítear a fhochuideachtaí agus a bhrainsí uile laistigh agus lasmuigh den Aontas, san Aontas, arna chinneadh i gcomhréir le Cuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2, Roinn 1 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].***

*Airteagal 3*

***Stádas Dlíthiúil***

1. Beidh an tÚdarás ina chomhlacht Aontais ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach.

2. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh ag an Údarás an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil do dhaoine dlítheanacha faoin dlí náisiúnta. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

3. Déanfaidh Cathaoirleach an Údaráis ionadaíocht thar a cheann.

*Airteagal 4*

***Suíomh***

Is i […] a bheidh suíomh an Údaráis.

***Déanfar an rogha maidir leis an áit ina mbeidh suíomh an Údaráis i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ar bhonn na gcoinníollacha seo a leanas:***

***(a) ní dhéanfaidh sé difear d'fhorghníomhú chúraimí ná cumhachtaí an Údaráis, d'eagrú a struchtúir rialachais, d'fheidhmiú a phríomheagraíochta ná do phríomh-mhaoiniú a ghníomhaíochtaí;***

***(b) áiritheoidh sé go mbeidh an tÚdarás in ann an fhoireann ardcháilithe agus speisialaithe a bheidh de dhíth air a earcú chun na cúraimí a chuirtear ar fáil agus na cumhachtaí a thugtar leis an Rialachán seo a fheidhmiú;***

***(c) áiritheoidh sé gur féidir an tÚdarás a chur ar bun ar an láthair ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo;***

***(d) áiritheoidh sé inrochtaineacht iomchuí ar an suíomh, saoráidí leormhaithe oideachais a bheith ann do leanaí na mball foirne, rochtain iomchuí ar an margadh saothair, slándáil shóisialta agus cúram liachta do leanaí agus do chéilí araon.***

***(e) áiritheoidh sé dáileadh geografach cothrom ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais ar fud an Aontais;***

***(f) áiritheoidh sé go mbeidh a chreat náisiúnta AML/CFT ar cháilíocht agus cáil chruthaithe, agus bainfidh sé tairbhe as taithí na n-údarás náisiúnta;***

***(g) cumasóidh sé deiseanna oiliúna leordhóthanacha do ghníomhaíochtaí AML/CFT;***

***(h)*** ***cumasóidh sé dlúthchomhar le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais;***

***(i)*** ***áiritheoidh sé inbhuanaitheacht agus slándáil dhigiteach agus nascacht maidir le bonneagar fisiciúil agus TF agus dálaí oibre.]***

# CAIBIDIL II

# CÚRAIMÍ AGUS CUMHACHTAÍ AN ÚDARÁIS

## ROINN 1

### CÚRAIMÍ AGUS CUMHACHTAÍ

*Airteagal 5*

***Cúraimí***

1. Déanfaidh an tÚdarás na cúraimí seo a leanas i leith rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta ('ML/TF') atá roimh an margadh inmheánach:

(a) faireachán ar fhorbairtí ***agus freagairt dóibh*** ar fud an mhargaidh aonair agus measúnú ar bhagairtí, leochaileachtaí agus rioscaí i ndáil le ML/TF***, lena n-áirítear idirbhearta trasteorann***;

(b) faireachán ar fhorbairtí ***agus freagairt dóibh*** i dtríú tíortha agus measúnú ar bhagairtí, leochaileachtaí agus rioscaí i ndáil lena gcórais AML/CFT;

***(ba)*** ***rannchuidiú le tarraingt suas na liostaí de thríú tíortha ardriosca dá dtagraítear in [cuir isteach tagairt do AMLR];***

(c) faisnéis a bhailiú ***ó eintitis roghnaithe agus neamhroghnaithe faoi oibleagáid*** óna ghníomhaíochtaí maoirseachta féin agus gníomhaíochtaí na maoirseoirí agus na n-údarás maoirseachta maidir le laigí a sainaithníodh i gcur i bhfeidhm rialacha AML/CFT ag eintitis faoi oibleagáid, a neamhchosaint ar riosca, na smachtbhannaí a riartar agus na gníomhaíochtaí feabhais a chuirtear i bhfeidhm;

(d) bunachar sonraí AML/CFT lárnach a bhunú den fhaisnéis a bhailítear ó ***eintitis roghnaithe agus neamhroghnaithe faoi oibleagáid, ó*** mhaoirseoirí agus ó údaráis mhaoirseachta agus ***í*** a choimeád cothrom le dáta;

(e) anailís ar an bhfaisnéis a bhailítear sa bhunachar sonraí lárnach agus na hanailísí sin a chomhroinnt le maoirseoirí agus údaráis mhaoirseachta ar bhonn riachtanas eolais agus rúnda;

(f) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ***smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe***, calcadh sócmhainní agus coigistithe faoi bhearta sriantacha an Aontais ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus tacú leis an gcur chun feidhme sin, ***chomh maith le faisnéis a fhoilsiú maidir le calcadh sócmhainní, urghabhálacha agus coigistithe;***

(g) tacú leis an gcomhar agus le malartú faisnéise, agus iad a éascú agus a neartú, idir eintitis faoi oibleagáid agus údaráis phoiblí, agus an méid sin a éascú agus a neartú, chun tuiscint choiteann a fhorbairt ar rioscaí agus bagairtí ML/TF atá roimh an margadh inmheánach, ***lena n-áirítear páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha nó socruithe comhoibríocha comhchosúla.***

***(ga) foilseacháin a eisiúint agus seirbhísí oiliúna agus seirbhísí eile a chur ar fáil d'eintitis faoi oibleagáid agus d'eintitis nach bhfuil faoi oibleagáid chun feasacht a ardú faoi rioscaí ML/TF agus faoi rioscaí a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe agus aghaidh a thabhairt orthu;***

***(gb) athbhreithnithe piaraí a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i gCaibidil II, Roinn 1, de Threoir [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid];***

(h) aon chúram sonrach eile a leagtar amach sa Rialachán seo agus i ngníomhartha reachtacha eile a dhéanamh.

2. Déanfaidh an tÚdarás na cúraimí seo a leanas i leith eintitis roghnaithe faoi oibleagáid:

(a) áiritheoidh sé comhlíontacht uile-ghrúpa leis na ceanglais is infheidhme maidir leis na heintitis roghnaithe faoi oibleagáid de bhun gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), agus aon ghníomh eile ón Aontas atá ceangailteach ó thaobh dlí de lena bhforchuirtear oibleagáidí lena mbaineann AML/CFT ar institiúidí airgeadais***, lena n-áirítear oibleagáidí ar smachtbhannaí airgeadais spriodhírithe*** ;

(b) déanfaidh sé athbhreithnithe agus measúnuithe maoirseachta ar leibhéal an eintitis aonair agus uile-ghrúpa chun a chinneadh cibé acu is leordhóthanach nó nach leordhóthanach na socruithe, na straitéisí, na próisis agus na sásraí a chuireann na heintitis roghnaithe faoi oibleagáid i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh ar a rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, ***chomh maith le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme go héifeachtach,*** agus ar bhonn na n-athbhreithnithe maoirseachta sin ceanglais, bearta maoirseachta agus pionós riaracháin airgid sonracha a fhorchur de bhun Airteagail 20, 21 agus 22;

(c) páirt a ghlacadh i maoirseacht uile-ghrúpa, go háirithe i gcoláistí maoirseoirí, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid ina chuid de ghrúpa a bhfuil a cheanncheathrú, fochuideachtaí nó brainsí dá chuid, lasmuigh den Aontas;

(d) córas a fhorbairt agus a choinneáil cothrom le dáta chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus leochaileachtaí na n-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid chun eolas a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta an Údaráis agus údarás maoirseachta, lena n-áirítear trí shonraí a bhailiú ó na heintitis sin ***agus bailiú na sonraí sin a áireamh sa tuairisciú rialta ar fhaisnéis faoi chuimsiú Airteagal 11***.

3. Déanfaidh an tÚdarás na cúraimí seo a leanas i leith maoirseoirí airgeadais:

(a) liosta cothrom le dáta de mhaoirseoirí airgeadais laistigh den Aontas a choinneáil ar bun;

(b) athbhreithnithe tréimhsiúla lena áirithiú go mbeidh acmhainní agus cumhachtaí leordhóthanacha ag na maoirseoirí airgeadais uile is gá chun a gcúraimí a dhéanamh i réimse AML/CFT ***agus smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe*** ;

***(ba) iarraidh ar mhaoirseoirí airgeadais imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar na ceanglais is infheidhme maidir le heintitis faoi oibleagáid;***

(c) measúnuithe a dhéanamh ar straitéisí, inniúlachtaí agus acmhainní na maoirseoirí airgeadais i réimse AML/CFT ***agus smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe*** agus torthaí na measúnúchán sin a chur ar fáil do na maoirseoirí airgeadais uile;

(d) feidhmiú choláistí na maoirseoirí airgeadais i réimse AML/CFT a éascú ***chun leibhéal leordhóthanach comhordúcháin idir na húdaráis mhaoirseachta a áirithiú***;

(e) rannchuidiú, ***i gcomhar le maoirseoirí airgeadais,*** le cóineasú cleachtas maoirseachta agus le cur chun cinn ardchaighdeáin mhaoirseachta i réimse AML/CFT ***agus smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe, lena n-áirítear forbairt agus cur chun feidhme, i gcás eintitis faoi oibleagáid roghnaithe agus neamhroghnaithe, modheolaíocht tuairiscithe chomhchoiteann AML/CFT ina n-ionchorpraítear teimpléid rialála choiteanna;***

(f) an fhoireann agus malartú faisnéise a chomhordú i measc maoirseoirí airgeadais san Aontas;

(g) cúnamh a chur ar fáil do mhaoirseoirí airgeadais, tar éis dóibh iarrataí sonracha a dhéanamh, lena n-áirítear na hiarrataí ***idirghabháil a dhéanamh idir maoirseoirí airgeadais;***

***(ga) easaontais a réiteach, le héifeacht cheangailteach, idir maoirseoirí airgeadais maidir leis na bearta atá le déanamh ag maoirseoirí airgeadais i ndáil le heintiteas faoi oibleagáid, lena n-áirítear i gcomhthéacs coláistí maoirseachta AML/CFT, tar éis iarraidh dá dtagraítear i bpointe (g);***

***(gb) tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir le cásanna ina dtagann easpa cleachtas agus gníomhaíochtaí maoirseachta atá éifeachtach agus éifeachtúil as gan dlí an Aontais a thrasuí sa dlí náisiúnta.***

4. Déanfaidh an tÚdarás na cúraimí seo a leanas i leith maoirseoirí neamhairgeadais:

(a) liosta cothrom le dáta de mhaoirseoirí neamhairgeadais a choinneáil ar bun laistigh den Aontas;

(b) athbhreithnithe piaraí a chomhordú ar chaighdeáin agus cleachtais mhaoirseachta i réimse AML/CFT;

(c) iarraidh ar mhaoirseoirí neamhairgeadais imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar cheanglais is infheidhme maidir le heintitis faoi oibleagáid agus a machnamh a dhéanamh ar smachtbhannaí nó gníomhaíochtaí feabhais a fhorchur i leith na sáruithe sin;

(d) athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh acmhainní agus cumhachtaí leordhóthanacha ag na maoirseoirí neamhairgeadais uile is gá chun a gcúraimí a dhéanamh i réimse AML/CFT;

(e) rannchuidiú le cóineasú cleachtas maoirseachta agus cur chun cinn ardchaighdeán maoirseachta i réimse AML/CFT;

***(ea) feidhmiú coláistí maoirseoirí neamhairgeadais i réimse AML/CFT a éascú chun leibhéal leordhóthanach comhordaithe idir údaráis mhaoirseachta a áirithiú;***

(f) cúnamh a sholáthar do mhaoirseoirí neamhairgeadais, tar éis iarrataí sonracha a fháil uathu, lena n-áirítear na hiarrataí chun aon easaontas a réiteach maidir leis na bearta atá le déanamh i ndáil le heintiteas faoi oibleagáid.

I gcás ina ndéantar an mhaoirseacht ar earnálacha sonracha a tharmligean ar an leibhéal náisiúnta chuig comhlachtaí féinrialála, feidhmeoidh an tÚdarás na cúraimí a leagtar amach sa chéad fhomhír i ndáil le formhaoirseacht a bheith á déanamh ag údaráis mhaoirseachta ar ghníomhaíocht na gcomhlachtaí féinrialála.

***4a. Déanfaidh an tÚdarás na cúraimí seo a leanas maidir le heintitis faoi oibleagáid agus údaráis inniúla atá i gceannas ar ullmhú, glacadh, maoirseacht agus forfheidhmiú a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe:***

***(a) soláthar gníomhaíochtaí for-rochtana a áirithiú agus an fhaisnéis a sholáthraítear faoi bhearta an Aontais maidir le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur in iúl d'eintitis faoi oibleagáid, lena n-áirítear trí liosta comhdhlúite de dhaoine, de ghrúpaí agus d'eintitis atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais an Aontais a bhainistiú;***

***(b) gníomhú mar lárphointe teagmhála d'údaráis inniúla na mBallstát maidir le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a fhorfheidhmiú, go háirithe chun faisnéis a roinnt maidir le daoine ainmnithe, sócmhainní atá i seilbh daoine ainmnithe agus eintitis dhlíthiúla arna rialú ag daoine ainmnithe;***

***(c) faisnéis a fháil ó sceithirí maidir le neamhchur chun feidhme nó teacht timpeall ar smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe;***

***(d) treoirlínte agus cúnamh a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm oibleagáidí a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe;***

***(e) staidreamh a bhailiú maidir le sócmhainní arna gcalcadh ag údaráis inniúla a bhaineann le daoine atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe.***

5. Déanfaidh an tÚdarás na cúraimí seo a leanas i leith AFAnna agus a ngníomhaíochtaí sna Ballstáit:

***(-a) liosta cothrom le dáta de AFAnna san Aontas a choinneáil ar bun;***

***(-aa) faireachán a dhéanamh ar athruithe ar stádas dlíthiúil agus ar chreat dlíthiúil AFAnna, agus ar a gcúraimí, a gcumhachtaí agus a n-eagrúchán, ag díriú ar acmhainní agus ar chumhachtaí chun a gcúraimí a chomhlíonadh;***

(a) tacóidh sé le hobair AFAnna agus comhordóidh sé í agus rannchuideoidh sé le comhar feabhsaithe idir AFAnna;

(b) rannchuideoidh sé le cásanna ábhartha a shainaithint agus a roghnú chun go ndéanfaidh AFAnna anailísí comhpháirteacha;

(c) forbróidh sé modhanna agus nósanna imeachta iomchuí chun na hanailísí comhpháirteacha sin a dhéanamh;

*(ca)* ***treoirlínte agus moltaí a eisiúint i gcásanna ina sainaithnítear leochaileachtaí nó easnaimh nach dtugtar aghaidh leordhóthanach orthu;***

(d) cuirfidh sé ar bun, comhordóidh sé, eagróidh sé agus éascóidh sé déanamh anailísí comhpháirteacha a bheidh á gcur i gcrích ag AFAnna;

***(da) cúnamh a chur ar fáil do AFAnna, tar éis a n-iarrataí sonracha, lena n-áirítear aon iarrataí ar idirghabháil i gcás easaontais idir AFAnna;***

***(db) comhordú a dhéanamh ar athbhreithnithe piaraí ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i gCaibidil III de Threoir [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid];***

(e) forbróidh sé agus cuirfidh sé seirbhísí agus uirlisí TF agus intleachta saorga le haghaidh comhroinnt faisnéise shlán ar fáil do AFAnna, lena n-áirítear trí FIU.net a óstáil;

(f) forbróidh sé, comhroinnfidh sé agus cuirfidh sé chun cinn saineolas maidir le modhanna braiteoireachta, anailíse agus scaipthe i leith idirbhearta amhrasacha;

(g) soláthróidh sé oiliúint agus cúnamh speisialaithe do AFAnna, lena n-áirítear trí sholáthar tacaíochta airgeadais, faoi raon feidhme a chuspóirí agus i gcomhréir leis na hacmhainní foirne agus buiséadacha atá ar fáil dó;

(h) tacóidh sé le ***comhlíontacht éifeachtach ag eintitis faoi oibleagáid agus lena***n-idirghníomhaíocht le AFAnna trí oiliúint speisialaithe a sholáthar d'eintitis faoi oibleagáid, lena n-áirítear feabhas a chur ar a bhfeasacht agus nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí amhrasacha agus oibríochtaí airgeadais a bhrath agus iad a thuairisciú do AFAnna;

(i) measúnuithe bagartha, anailísí straitéiseacha ar bhagairtí, rioscaí agus modhanna atá sainaitheanta ag AFAnna maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a ullmhú agus a chomhordú.

***(ia) tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir le cásanna ina dtagann easpa comhair éifeachtaigh agus éifeachtúil idir AFAnna as neamhleorgacht thrasuí dhlí an Aontais sa dlí náisiúnta nó as gan é a thrasuí ann.***

6. Chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh, cuirfidh an tÚdarás an dlí ábhartha uile ón Aontas i bhfeidhm, agus i gcás ina mbeidh an dlí sin ón Aontas comhdhéanta de Threoracha, an reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear na Treoracha sin. Sa chás ina mbeidh dlí ábhartha an Aontais comhdhéanta de Rialacháin agus i gcás ina dtabharfaidh na Rialacháin sin roghanna do Bhallstáit go sainráite, cuirfidh an tÚdarás an reachtaíocht náisiúnta i bhfeidhm freisin lena gcuirtear na roghanna sin i bhfáth.

*Airteagal 6*

***Cumhachtaí an Údaráis***

1. I leith na n-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid, beidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha ag an Údarás mar a shonraítear in Airteagail 16 go 20 agus an chumhacht chun pionós riaracháin airgid agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur mar a shonraítear in Airteagail 21 agus 22.

Chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, féadfaidh an tÚdarás cinntí ceangailteacha atá dírithe ar eintitis roghnaithe faoi seach a eisiúint. Beidh an chumhacht ag an Údarás pionós riaracháin airgid a fhorchur le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na cinntí a dhéantar i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a leagtar síos in Airteagal 20 i gcomhréir le hAirteagal 21.

2. I leith maoirseoirí agus údaráis mhaoirseachta, beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an Údarás:

(a) a cheangal go dtíolacfar aon fhaisnéis nó doiciméad, lena n-áirítear mínithe i scríbhinn nó ó bhéal, is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear faisnéis staidrimh*,* ***teimpléid chomhchoiteanna rialála arna gcur isteach ag eintitis roghnaithe agus neamhroghnaithe faoi oibleagáid*** agus faisnéis a bhaineann le próisis inmheánacha nó socruithe údarás náisiúnta;

(b) treoirlínte agus moltaí a eisiúint;

(c) treoracha a eisiúint maidir le bearta ar cheart iad a dhéanamh dírithe ar eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid de bhun Roinn 4 de Chaibidil II.

***(ca) idirghabháil a dhéanamh arna iarraidh sin do mhaoirseoir airgeadais de bhun Airteagal 5(3), pointe (g);***

***(cb) easaontais idir maoirseoirí airgeadais a réiteach a bhfuil éifeacht cheangailteach leo ar iarraidh de bhun Airteagal 5(3), pointe (ga), lena n-áirítear i gcomhthéacs choláistí maoirseachta AML/CFT;***

***(cc) cinntí maoirseachta a dhéanamh a bheidh infheidhme go díreach ar na heintitis faoi oibleagáid lena mbaineann i gcomhréir leis an Rialachán seo.***

***2a. Maidir leis na húdaráis inniúla atá i gceannas ar ullmhú, glacadh, maoirseacht agus forfheidhmiú a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe, beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an Údarás:***

***(a) sonraí agus anailísí a fháil ó údaráis inniúla, ó thríú tíortha, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó fhoinsí iontaofa eile d'fhonn smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe nua a ullmhú;***

***(b) faisnéis agus staidreamh a bhailiú i ndáil le cúraimí agus gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil atá i gceannas ar mhaoirseacht agus forfheidhmiú smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe;***

***(c) faisnéis a fháil faoi aon sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann, faoi dhul timpeall ar smachtbhannaí airgeadais agus faoi imghabháil smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe;***

***(d) chun treoirlínte agus moltaí a eisiúint dá dtagraítear in Airteagal 43;***

3. I leith AFAnna sna Ballstáit, beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an Údarás:

(a) ***iarrataí a chur faoi bhráid AFAnna agus***sonraí agus anailísí atá ábhartha ***a sholáthar dóibh*** ar sonraí agus anailísí iad maidir le measúnú a dhéanamh ar bhagairtí, leochaileachtaí agus rioscaí atá roimh an margadh inmheánach i ndáil le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta;

(b) faisnéis agus staidreamh a bhailiú i ndáil le cúraimí agus gníomhaíochtaí na AFAnna;

(c) faisnéis agus sonraí a fháil agus phróiseáil a cheanglaítear chun anailísí comhpháirteacha ***a thionscnamh, a bhunú agus a chomhordú*** mar a shonraítear in Airteagal 33;

(d) chun treoirlínte agus moltaí a eisiúint ***dá bhforáiltear in Airteagal 43;***

***3a. Maidir leis na heintitis atá i gceannas ar chláir lárnacha úinéireachta tairbhiúla, beidh sé de chumhacht ag an Údarás athbhreithnithe piaraí a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i gCaibidil II, Roinn I, de Threoir [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid].***

4. Chun na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5(1) a dhéanamh, beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an Údarás:

(a) chun dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt sna cásanna sonracha dá dtagraítear in Airteagal 38;

(b) chun dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt sna cásanna sonracha dá dtagraítear in Airteagal 42;

(c) chun treoirlínte agus moltaí a eisiúint dá bhforáiltear in Airteagal 43;

(d) chun tuairimí a eisiúint chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, nó chuig an gCoimisiún de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 44.

***4a. Agus na cumhachtaí dá bhforáiltear i mír 4 den Airteagal seo á bhfeidhmiú, agus i gcomhréir Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, tuairisceoidh an tÚdarás aon iompar coiriúil do OIPE gan moill mhíchuí ar ina leith a cheadaítear a inniúlacht a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagail 22 agus 25(2) agus (3) den Rialachán sin. De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 883/2013[1a], tarchuirfidh an tÚdarás aon fhaisnéis do OLAF gan mhoill i ndáil le cásanna calaoise nó éillithe féideartha, nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais.***

***Tar éis dó an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a sheoladh, déanfaidh an tÚdarás, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin dó, aon fhaisnéis ábhartha eile a sholáthar do OIPE nó don údarás náisiúnta inniúil breithiúnach nó forfheidhmithe dlí, de réir mar a cheanglaítear lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta faoi seach.***

***4b. I gcásanna ina mbeidh údar cuí leis chun rúndacht imscrúdaithe choiriúil atá ar siúl nó a bheidh ann amach anseo a chaomhnú, cuirfidh an tÚdarás san áireamh aon fhorais arna dtabhairt ar aird ag OIPE, nó ag an údarás náisiúnta inniúil breithiúnach nó forfheidhmithe dlí, chun oscailt imscrúdaithe nó bearta maoirseachta a chur siar nó leanúint ar aghaidh leis, maidir le smachtbhannaí airgid nó íocaíochtaí pionóis a fhorchur ag an Údarás, nó feidhmiú gníomhartha áirithe a bhaineann leo. Leagfar síos na módúlachtaí sa chomhaontú oibre le OIPE faoi Airteagal 80(2).***

## ROINN 2

## CÓRAS MAOIRSEACHTA AML/CFT

*Airteagal 7*

***Comhar laistigh de chóras maoirseachta AML/CFT***

1. Beidh an tÚdarás freagrach as feidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach chóras maoirseachta AML/CFT.

2. Beidh an tÚdarás agus na húdaráis mhaoirseachta faoi réir dualgas comhair de mheon macánta, agus faoi réir oibleagáid faisnéis a mhalartú ***chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le dlí infheidhme eile an Aontais.***

***Cuideoidh na húdaráis mhaoirseachta leis an Údarás sainiúlachtaí a gcreataí dlí náisiúnta faoi seach a chur san áireamh, lena n-áirítear i gcás ina ngníomhaíonn an tÚdarás i ndáil le hábhair arna rialú ag forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear dlí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(2).***

*Airteagal 8*

***Modheolaíocht mhaoirseachta AML/CFT***

1. ***I gcomhar le húdaráis mhaoirseachta eile,*** déanfaidh an tÚdarás modheolaíocht mhaoirseachta AML/***CFT*** a bheidh cothrom le dáta agus comhchuibhithe a fhorbairt agus choinneáil ar bun lena mionsonrófar an cur chuige rioscabhunaithe i leith na maoirseachta ar eintitis faoi oibleagáid san Aontas. Beidh an mhodheolaíocht comhdhéanta de threoirlínte, moltaí***, tuairimí*** agus bearta agus ionstraimí eile de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear go háirithe dréachtchaighdeáin rialála agus theicniúla chur chun feidhme, ar bhonn na gcumhachtuithe a leagtar síos sna gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

2. Nuair a bheidh an mhodheolaíocht mhaoirseachta á forbairt, déanfaidh an tÚdarás idirdhealú idir eintitis faoi oibleagáid bunaithe ***ar an earnáil ina bhfeidhmíonn siad, ar a gcineál agus ar chineál na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhfuil siad neamhchosanta orthu.*** Beidh ar a laghad na heilimintí seo a leanas sa mhodheolaíocht mhaoirseachta ***agus beidh sí rioscabhunaithe***:

(a) tagarmharcanna agus modheolaíocht chun eintitis faoi oibleagáid a aicmiú ina gcatagóirí riosca ar bhonn a bpróifíle riosca iarmharaigh, ar leithligh le haghaidh gach catagóire eintiteas faoi oibleagáid;

(b) cuir chuige i leith athbhreithniú maoirseachta ar fhéinmheasúnuithe eintiteas faoi oibleagáid maidir le riosca sciúrtha airgid ***agus maoiniú sceimhlitheoireachta;***

(c) cineálacha cur chuige i leith athbhreithniú maoirseachta ar bheartais inmheánacha agus nósanna imeachta eintiteas faoi oibleagáid, lena n-áirítear beartais ***agus nósanna imeachta díchill chuí do chustaiméirí, i gcomhréir le***

***cur chuige rioscabhunaithe maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc;***

(d) cuir chuige i leith meastóireacht maoirseachta ar thosca riosca a bhaineann go bunúsach le custaiméirí, gaolmhaireachtaí gnó, idirbhearta agus bealaí seachadta eintiteas faoi oibleagáid, chomh maith le tosca riosca geografacha nó i ndáil leo.

***(da) úsáid agus cineál na faisnéise atá sna teimpléid rialála choiteanna le haghaidh eintitis faoi oibleagáid roghnaithe agus neamhroghnaithe, atá le bheith bunaithe ar shonraí AML oibiachtúla agus inchomparáide atá dírithe ar phríomhtháscairí gníomhaíochta chun críocha AML/CFT, dícheall cuí, rialuithe inmheánacha, agus oibleagáidí tuairiscithe.***

3. Leis an modheolaíocht léireofar ardchaighdeáin mhaoirseachta ar leibhéal an Aontais agus tógfar ar chaighdeáin agus treoir idirnáisiúnta ábhartha. Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú tréimhsiúil ar a mhodheolaíocht mhaoirseachta agus tabharfaidh sé cothrom le dáta í, agus forbairt na rioscaí lena ndéantar difear don mhargadh inmheánach ***agus, a mhéid is féidir, na cleachtais agus an treoir is fearr arna bhforbairt ag lucht leagtha síos caighdeán idirnáisiúnta, ag údaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí agus ag AFAnna, á gcur san áireamh.***

*Airteagal 9*

***Athbhreithnithe téamacha***

1. Faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain, cuirfidh údaráis mhaoirseachta a gcláir oibre bhliantúla faoi bhráid an Údaráis le haghaidh na bliana dar gcionn. I gcás ina n-áirítear sna cláir oibre sin athbhreithnithe maoirseachta a dhéantar ar bhonn téamach arb é is aidhm dóibh measúnú a dhéanamh ar rioscaí ML/TF nó ar ghné shonrach de na rioscaí sin ar a bhfuil eintitis iomadúla faoi oibleagáid neamhchosanta an tráth céanna, soláthróidh na húdaráis mhaoirseachta an fhaisnéis seo a leanas:

(a) raon feidhme gach athbhreithnithe théamaigh phleanáilte ó thaobh na catagóire agus an lín eintiteas faoi oibleagáid a áirítear de agus ábhar nó ábhair an athbhreithnithe;

(b) tráthchlár gach athbhreithnithe théamaigh phleanáilte;

(c) cineálacha pleanáilte, cineál agus minicíocht na ngníomhaíochtaí maoirseachta atá le déanamh i ndáil le gach athbhreithniú téamach, lena n-áirítear aon chigireacht ar an láthair nó cineálacha eile idirghníomhaíochta dírí le heintitis faoi oibleagáid, i gcás inarb infheidhme.

2. Faoi dheireadh gach bliana, déanfaidh Cathaoirleach an Údaráis pleanáil chomhdhlúite, de na hathbhreithnithe téamacha a bheartaíonn na húdaráis mhaoirseachta a dhéanamh le linn na bliana dar gcionn, a chur faoi bhráid an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 46(2).

3. I gcás ina dtabharfar údar le comhordú ar leibhéal an Aontais le raon feidhme agus ábharthacht uile-Aontais na n-athbhreithnithe téamacha, déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta ábhartha go comhpháirteach iad agus comhordóidh an tÚdarás iad. ***Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin athbhreithnithe téamacha comhpháirteacha a mholadh bunaithe ar anailís ar rioscaí agus leochaileachtaí inmheánacha arna ndéanamh ag an Údarás.*** Déanfaidh an Bord Ginearálta, ina chomhdhéanamh

maoirseachta, liosta a tharraingt suas d'athbhreithnithe téamacha comhpháirteacha. Déanfaidh an Bord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta tuarascáil a tharraingt suas a bhaineann le déanamh, ábhar agus toradh gach athbhreithnithe théamaigh chomhpháirtigh. Foilseoidh an tÚdarás an tuarascáil sin ar a shuíomh gréasáin.

4. Comhordóidh an tÚdarás gníomhaíochtaí na n-údarás maoirseachta agus éascóidh sé pleanáil agus cur i gcrích na n-athbhreithnithe téamacha comhpháirteacha roghnaithe dá dtagraítear i mír 3. Aon idirghníomhaíocht dhíreach le heintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid i gcomhthéacs aon athbhreithnithe théamaigh, fanfaidh sí faoi fhreagracht eisiach an údaráis mhaoirseachta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid agus ní fhorléireofar í mar aistriú cúraimí ná cumhachtaí a bhaineann leis na heintitis sin laistigh de chóras maoirseachta AML/CFT.

5. I gcás nach mbeidh athbhreithnithe téamacha pleanáilte ar an leibhéal náisiúnta faoi réir cur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais, féachfaidh an tÚdarás, i gcomhpháirt leis na húdaráis mhaoirseachta, an gá agus an bhféadfaí tráthchlár na n-athbhreithnithe téamacha sin a ailíniú nó a shioncronú, agus éascóidh sé malartú faisnéise agus cúnamh frithpháirteach idir údaráis mhaoirseachta a dhéanann na hathbhreithnithe téamacha sin. Éascóidh an tÚdarás aon ghníomhaíocht freisin is mian leis na húdaráis mhaoirseachta ábhartha a dhéanamh go comhpháirteach nó ar bhealach comhchosúil i gcomhthéacs a n-athbhreithnithe téamacha faoi seach.

6. Áiritheoidh an tÚdarás go ndéanfar torthaí agus conclúidí athbhreithnithe téamacha, a dhéanfaidh údaráis mhaoirseachta éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, a chomhroinnt leis na húdaráis mhaoirseachta uile, cé is moite d'fhaisnéis rúnda a bhaineann le heintitis aonair faoi oibleagáid. Sa chomhroinnt faisnéise áireofar aon chonclúid choiteann a thagann as malartuithe faisnéise nó aon ghníomhaíocht chomhpháirteach nó chomhordaithe i measc údaráis mhaoirseachta éagsúla.

*Airteagal 10*

***Cúnamh frithpháirteach i gcóras maoirseachta AML/CFT***

1. Féadfaidh an tÚdarás, de réir mar is iomchuí, an méid seo a leanas a fhorbairt:

(a) ionstraimí agus uirlisí cóineasúcháin praiticiúla nua chun cuir chuige mhaoirseachta coiteanna agus dea-chleachtais a chur chun cinn;

(b) uirlisí agus modhanna praiticiúla le haghaidh cúnamh frithpháirteach tar éis an mhéid seo a leanas:

(i) iarrataí sonracha ó údaráis mhaoirseachta;

(ii) tarchur easaontas idir údaráis mhaoirseachta maidir leis na bearta atá le déanamh go comhpháirteach ag údaráis mhaoirseachta éagsúla i ndáil le heintiteas faoi oibleagáid.

2. Éascóidh agus spreagfaidh an tÚdarás ar a laghad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) cláir oiliúna earnála agus trasearnála, lena n-áirítear i ndáil le nuálaíocht teicneolaíochta;

(b) malartuithe foirne agus úsáid a bhaint as scéimeanna iasachta, nascadh agus cuairteanna gearrthéarmacha;

(c) malartuithe ***dea-***chleachtas maoirseachta idir údaráis mhaoirseachta, nuair atá saineolas forbartha ag údarás amháin i réimse sonrach de chleachtais mhaoirseachta AML/CFT.

3. Féadfaidh gach údarás maoirseachta iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a bhaineann lena chúraimí maoirseachta a chur faoi bhráid an Údaráis, agus sonrú á dhéanamh ar an gcineál cúnaimh is féidir le foireann an Údaráis, foireann ceann amháin nó níos mo de na húdaráis mhaoirseachta, nó meascán de sin, a sholáthar. Má bhaineann an iarraidh le gníomhaíochtaí i ndáil le maoirseacht eintiteas sonrach faoi oibleagáid, ***tarchuirfidh an tÚdarás*** maoirseachta iarrthach chuig an Údarás aon fhaisnéis agus sonraí is gá le haghaidh cúnamh a sholáthar ***i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le dlí infheidhme eile an Aontais.*** Coimeádfaidh an tÚdarás agus tabharfaidh sé cothrom le dáta go tráthrialta an fhaisnéis maidir le réimsí sonracha saineolais agus maidir le hinniúlachtaí údarás maoirseachta chun cúnamh frithpháirteach a sholáthar.

4. I gcás ina n-iarrfar ar an Údarás cúnamh a sholáthar chun cúraimí maoirseachta sonracha a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta dírithe ar eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid, tabharfaidh an t-údarás maoirseachta iarrthach mionsonraí ar na cúraimí ar lena n-aghaidh a iarrtar tacaíocht ina iarraidh uaidh. Ní fhorléireofar an cúnamh mar aistriú cúraimí maoirseachta, cumhachtaí, ná cuntasachta i leith maoirseacht ar na heintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid ón údarás maoirseachta iarrthach chuig an Údarás.

5. Déanfaidh an tÚdarás gach iarracht chun an cúnamh a iarrtar a sholáthar, ***más dóigh leis go bhfuil an iarraidh iomchuí,***lena n-áirítear trína acmhainní daonna féin a shlógadh agus trí shlógadh acmhainní a áirithiú mar aon leis sin ag údaráis mhaoirseachta ar bhonn deonach.

6. Faoi dheireadh gach bliana, cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis an Bord Ginearálta, ina chomhdhéanamh maoirseachta, ar an eolas faoi na hacmhainní a leithdháilfidh an tÚdarás ar sholáthar an chúnaimh sin.

7. Aon idirghníomhaíocht idir foireann an Údaráis agus an t-eintiteas faoi oibleagáid, fanfaidh sí faoi fhreagracht eisiach an údaráis mhaoirseachta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an eintiteas sin agus ní fhorléireofar í mar aistriú cúraimí agus cumhachtaí a bhaineann le heintitis aonair faoi oibleagáid laistigh de chóras maoirseachta AML/CFT. *Airteagal 11*

***Bunachar sonraí AML/CFT lárnach***

1. Déanfaidh an tÚdarás bunachar sonraí lárnach a bhunú agus a choimeád cothrom le dáta maidir leis an bhfaisnéis a bhailítear de bhun ***an Airteagail seo***. Déanfaidh an tÚdarás anailís ar an bhfaisnéis a fhaightear agus áiritheoidh sé go gcuirfear ar fáil í d'údaráis mhaoirseachta agus d'údaráis nach údaráis AML/CFT iad agus d'údaráis agus comhlachtaí náisiúnta eile atá inniúil chun comhlíonadh Threoir 2014/17/AE [an Treoir maidir le creidmheas do thomhaltóirí], Treoir (AE) 2015/2366 [PSD], Treoir 2009/110/CE [an Treoir maidir le ríomh-airgead], Treoir 2009/138/CE [Sócmhainneacht II], Treoir 2014/65/AE [Mifid II], agus Rialachán [MiCA] agus do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, ar bhonn riachtanais eolais agus rúnda, a áirithiú. Féadfaidh an tÚdarás torthaí a anailíse ***agus a chigireachtaí*** a chomhroinnt ar

a thionscnamh féin le húdaráis mhaoirseachta***, lena n-áirítear údaráis nach údaráisAML/CFT iad*** chun a ngníomhaíochtaí maoirseachta a éascú.

2. Tarchuirfidh ***na maoirseoirí agus*** na húdaráis mhaoirseachta an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad chuig an Údarás, lena n-áirítear na sonraí a bhaineann le heintitis aonair faoi oibleagáid:

(a) liosta de na húdaráis mhaoirseachta agus de na comhlachtaí féinrialála uile a gcuirtear maoirseacht eintiteas faoi oibleagáid ar a n-iontaoibh, lena n-áirítear faisnéis faoina sainordú, faoina gcúraimí agus faoina gcumhachtaí;

(b) faisnéis staidrimh faoi chineál agus líon na n-eintiteas faoi oibleagáid ar a ndéantar maoirseacht i ngach Ballstát agus bunfhaisnéis faoin bpróifíl riosca;

***(ba) an fhaisnéis a áirítear sna teimpléid rialála choiteanna arna gcur isteach ag eintitis faoi oibleagáid roghnaithe agus neamhroghnaithe;***

(c) bearta ceangailteacha agus smachtbhannaí a dhéantar le linn maoirseacht a dhéanamh ar eintitis aonair faoi oibleagáid;

***(ca) faisnéis chomhdhlúite ó eintitis faoi oibleagáid roghnaithe agus neamhroghnaithe a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun críocha tagarmharcála sa phróiseas measúnaithe riosca dá dtagraítear in Airteagail 12 agus 13, nó chun críocha maoirseachta eile;***

(d) aon chomhairle a sholáthraítear d'údaráis [redacted] eile i ndáil le nósanna imeachta um údarú, aistarraingt nósanna imeachta um údarú, agus measúnuithe cuí córa ar scairshealbhóirí nó comhaltaí de chomhlacht bainistíochta eintiteas aonair faoi oibleagáid;

(e) tuarascálacha maidir le torthaí gníomhaíochtaí maoirseachta;

(f) torthaí ó chigireachtaí maoirseachta ar chomhaid a bhaineann le daoine atá faoi riteacht pholaitiúil, a mbaill teaghlaigh agus a gcomhpháirtithe;

(g) faisnéis staidrimh maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta a rinneadh le bliain féilire anuas, lena n-áirítear an líon cigireachtaí lasmuigh den láthair agus ar an láthair;

(h) faisnéis staidrimh maidir leis an bhfoireann agus acmhainní eile de chuid údaráis phoiblí;

***(ha) faisnéis ó údaráis inniúla a bhaineann le laigí a sainaithníodh le linn maoirseachta agus nósanna imeachta údarúcháin sna próisis agus sna nósanna imeachta, sna socruithe rialachais, oiriúnacht agus cuibhiúlacht, fáil sealúchas cáiliúcháin, samhlacha gnó agus gníomhaíochtaí oibreoirí san earnáil airgeadais, a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac;***

***(hb) bearta arna nglacadh ag údaráis inniúla mar fhreagairt ar na laigí seo a leanas a dhéanann difear do cheanglas amháin nó níos mó de na gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus d'aon dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear iad maidir***

***le cosc nó comhrac a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta:***

***(a)*** ***sárú a rinne oibreoir san earnáil airgeadais maidir leis na ceanglais sin nó sárú is féidir a dhéanfadh sé maidir leis na ceanglais sin,***

***(b)*** ***cur i bhfeidhm míchuí nó mí-eifeachtach a rinne oibreoir san earnáil airgeadais maidir leis na ceanglais sin, nó***

***(c)*** ***cur i bhfeidhm míchuí nó mí-éifeachtach a rinne oibreoir san earnáil airgeadais ar a bheartais inmheánacha agus a nósanna imeachta chun na ceanglais sin a chomhlíonadh;***

***(hc)*** ***laigí agus mainneachtainí eintiteas faoi oibleagáid [AMLR] a chomhlíonadh agus aon bhearta a rinne údaráis mhaoirseachta mar fhreagairt ar laigí a dhéanann difear do cheann amháin nó níos mó de cheanglais [AMLR] a chomhlíonadh.***

***2a.*** ***Foilseoidh an tÚdarás an fhaisnéis a bhaileofar de bhun mhír 2, pointí (a), (b), (g) agus (h). Cuirfear achoimre ar thorthaí neamhrúnda maidir leis an bhfaisnéis a bailíodh de bhun mhír 2, pointí (c), (d), (e), (f), (ha), (hb) agus (hc), ar fáil d'eintitis faoi oibleagáid.***

3. Féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar údaráis mhaoirseachta ***agus ar údaráis neamh-AML/CFT*** faisnéis eile a sholáthar i dteannta na faisnéise dá dtagraítear i mír 2. ***Mar fhreagra ar iarraidh an Údaráis, déanfaidh na*** húdaráis mhaoirseachta ***nó na húdaráis neamh-AML/CFT*** aon fhaisnéis ***a chuir siad ar fáil roimhe sin*** a thabhairt cothrom le dáta.

***Déanfaidh údaráis neamh-AML/CFT, chomh maith le húdaráis agus comhlachtaí náisiúnta eile atá inniúil ar chomhlíonadh cheanglais Threoir 2014/17/AE [an Treoir maidir le creidmheas tomhaltóirí], Threoir (AE) 2015/2366 [PSD], Threoir 2009/110/CE [an Treoir um Airgead Leictreonach], Threoir 2009/138/CE [Sócmhainneacht II], Threoir 2014/65/AE [Mifid II], agus Rialachán [MiCA] agus na nÚdarás Maoirseachta Eorpach, faisnéis a tharchur chuig an Údarás a bhaineann le laigí arna sainaithint le linn nósanna imeachta maoirseachta agus údaraithe atá ar siúl sna próisis agus sna nósanna imeachta, socruithe rialachais, oiriúnacht agus cuibhiúlacht, fáil sealúchas cáiliúcháin, samhlacha gnó agus gníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de [AMLR] maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac chomh maith le bearta arna ndéanamh ag na húdaráis sin, mar fhreagairt ar laigí ábhartha a dhéanann difear do cheann amháin nó níos mó de cheanglais na ngníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus d'aon dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear iad, faoi seach, maidir le cumas na hinstitiúide dul i ngleic go héifeachtach le rioscaí ML/TF, agus, dá réir sin, sláine agus trédhearcacht chóras airgeadais an Aontais.***

***Féadfaidh údaráis neamh-AML/CFT aon fhaisnéis bhreise a roinnt leis an Údarás, laistigh de theorainneacha a sainorduithe agus a gcúraimí, ar faisnéis í a mheastar a bheith ábhartha maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac.***

***3a. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, glacfaidh an tÚdarás ceannas ar bhunachar sonraí lárnach AML/CFT arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 9a de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (EuReCA) agus beidh sé ina úinéir ar a inneachar agus ar an gcóras teicniúil a oibríonn EuReCA.***

***D'fhonn aistriú rianúil a áirithiú go dtí go mbeidh an tÚdarás in ann an bunachar sonraí EuReCA a ghlacadh ar láimh go hiomlán agus a choimeád cothrom le dáta, leanfaidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach de bheith ag fáil faisnéise, anailís a dhéanamh uirthi agus í a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 9a de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 go dtí an [cuir isteach an dáta dd.mm.yyyy a chomhfhreagraíonn do 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].***

4. Aon údarás maoirseachta, aon údarás neamh-AML, ***chomh maith le húdaráis agus comhlachtaí náisiúnta eile atá inniúil ar chomhlíonadh cheanglais Threoir 2014/17/AE [an Treoir maidir le creidmheas tomhaltóirí], Threoir (AE) 2015/2366 [PSD], Threoir 2009/110/CE [an Treoir um Airgead Leictreonach], Threoir 2009/138/CE [Sócmhainneacht II], Threoir 2014/65/AE [Mifid II], agus Rialachán [MiCA], nó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha*** féadfaidh siad iarraidh réasúnaithe ar fhaisnéis arna bailiú de bhun ***an Airteagail seo*** agus atá ábhartha dá ngníomhaíochtaí maoirseachta, a dhíriú chuig an Údarás. Déanfaidh an tÚdarás measúnú ar na hiarrataí sin agus soláthróidh sé an fhaisnéis a iarradh ▌ ar bhonn riachtanas eolais agus rúnda agus go tráthúil. Déanfaidh an tÚdarás an t-údarás, a sholáthair an fhaisnéis a iarradh ar dtús, a chur ar an eolas faoi chéannacht an údaráis mhaoirseachta iarrthaigh nó an údaráis eile, céannacht eintitis faoi oibleagáid lena mbaineann, an chúis atá leis an iarraidh ar fhaisnéis chomh maith le cibé acu a soláthraíodh nó nár soláthraíodh an fhaisnéis don údarás iarrthach. ***I gcás ina gcinnfidh an tÚdarás gan an fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil, soláthróidh sé údar réasúnaithe leis an gcinneadh sin.***

***4a. Cuirfidh an tÚdarás faisnéis chomhdhlúite ar fáil do gach maoirseoir faoi eintitis faoi oibleagáid a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun críocha maoirseachta nó a d'fhéadfadh eolas a thabhairt do thagarmharcanna agus don mhodh chun iad a aicmiú sa phróiseas measúnaithe riosca.***

***4b. Forbróidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar a thuilleadh na laigí dá dtagraítear i mír 2, pointí (ha), (hb) agus (hc), lena n-áirítear na cásanna comhfhreagracha ina bhféadfadh laigí a bheith ann, ábharthacht laigí agus cur chun feidhme praiticiúil bhailiú na faisnéise ag an Údarás chomh maith leis an gcineál faisnéise ba cheart a sholáthar de bhun na bhforálacha sin. Sonróidh an tÚdarás freisin an fhormáid, an nós imeachta tarchuir agus an fhaisnéis a áirítear sna teimpléid rialála chomhchoiteanna dá dtagraítear i mír 2, pointe (ba).***

***Chuige sin, breithneoidh an tÚdarás méid na faisnéise atá le soláthar agus an gá le dúbailt a sheachaint. Leagfar amach ann freisin socruithe chun éifeachtacht, rúndacht agus cosaint sonraí pearsanta a áirithiú, agus sonrófar ann na cineálacha sonraí agus na críocha ar chucu a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil agus a bhailiú.***

***Cuirfidh an tÚdarás na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála faoi bhráid an Choimisiúin faoin [18 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

***Cumhachtaítear don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Rialachán seo.***

*4c.* ***Féadfar sonraí pearsanta a bhailítear i gcomhréir leis an Airteagal seo a choinneáil i bhfoirm inaitheanta ar feadh tréimhse suas le 10 mbliana tar éis don Údarás na sonraí a bhailiú, agus scriosfar na sonraí pearsanta ag deireadh na tréimhse sin. Bunaithe ar mheasúnú rialta ar a riachtanas, féadfar sonraí pearsanta a scriosadh sula rachaidh an tréimhse sin in éag ar bhonn cás ar chás.***

*Airteagal 11a*

***Iarratais ar fhaisnéis go díreach chuig eintitis faoi oibleagáid***

*1.* ***Tabharfaidh na húdaráis mhaoirseachta agus an tÚdarás gach faisnéis is gá dá chéile maidir le heintitis faoi oibleagáid roghnaithe agus neamhroghnaithe chun a ndualgais, a gcumhachtaí agus a sainordú dlíthiúil faoi seach a chomhlíonadh, ar choinníoll go mbeidh rochtain dhlíthiúil ag na húdaráis mhaoirseachta agus ag an Údarás ar an bhfaisnéis ábhartha.***

*2.* ***I gcás nach mbeidh faisnéis ar fáil nó nach gcuirfear faisnéis ar fáil faoi mhír 1 nó faoi mhír 5 ar shlí thráthúil, féadfaidh an tÚdarás iarraidh a dhíriú go díreach chuig heintitis faoi oibleagáid ábhartha nó do na comhlachais eintiteas faoi oibleagáid. Beidh údar cuí leis an iarraidh, áireofar ann bunús dlí na hiarrata, sonrófar an fhaisnéis is gá agus socrófar teorainn ama réasúnach ar laistigh di a bheidh an fhaisnéis le soláthar. Gheobhaidh an t-údarás maoirseachta cóip den iarraidh.***

***Déanfaidh seolaithe iarrata den sórt sin faisnéis shoiléir chruinn iomlán a sholáthar don Údarás, laistigh den teorainn ama a shonraítear san iarraidh, ar choinníoll go bhfuil rochtain dhlíthiúil acu ar an bhfaisnéis ábhartha. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe a chur chuig an Údarás, féadfaidh na seolaithe a bhfuil sé dírithe orthu síneadh amháin a iarraidh ar an sprioc-am.***

***Seolfar an iarraidh i gcomhréir leis na socruithe teanga a bhunaítear, mutatis mutandis, in Airteagal 27.***

*3.* ***Ní úsáidfidh an tÚdarás faisnéis rúnda a fhaightear faoin Airteagal seo ach amháin chun na dualgais a shanntar dó faoin Rialachán seo agus faoi dhlí infheidhme eile de chuid an Aontais a chur i gcrích.***

*4.* ***Forbróidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena leagtar amach na módúlachtaí maidir le hiarrataí ar fhaisnéis arna ndíriú chuig eintitis faoi oibleagáid mar a fhoráiltear i mír 1.***

***Cuirfidh an tÚdarás na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála faoi bhráid an Choimisiúin faoin [1 Eanáir 2025]. Cumhachtaítear don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38.***

*Airteagal 11b*

***Comhroinnt faisnéise le AFAnna agus le Europol***

***I gcás ina bhfuil amhras ar an Údarás, le linn a ghníomhaíochtaí maoirseachta i ndáil le heintitis faoi oibleagáid faoi Ranna 3, 4 agus 5 den Chaibidil seo, go bhféadfadh baint a bheith ag fíorais a scrúdaigh sé faoi chuimsiú na***

***ngníomhaíochtaí maoirseachta sin le sciúradh airgid, le coir phreideacáide nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, tarchuirfidh sé an fhaisnéis sin go pras chuig na AFAnna inniúla.***

***I gcás ina bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leis na fíorais dá dtagraítear sa chéad mhír, déanfaidh an tÚdarás an fhaisnéis a tharchur go pras chuig Europol.***

***Gan dochar do [RGCS, LED agus Rialachán (AE) 2018/1725], sa mhéid go bhfuil sonraí pearsanta de réir bhrí aon cheann de na gníomhartha reachtacha sin san fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa dara mír, ní tharchuirfidh an tÚdarás na sonraí pearsanta sin chuig na AFAnna ábhartha agus chuig Europol ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis an tarchur sin chun go bhféadfaidh na AFAnna ábhartha a sainorduithe faoi seach a chomhlíonadh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme, nó chun go gcomhlíonfaidh Europol a shainordú i gcomhréir le [Rialachán Europol].***

***Chun críocha an dara mír, féadfaidh an tÚdarás brath ar chomhaontuithe comhair a tugadh i gcrích le Europol i gcomhréir le hAirteagal 80 den Rialachán seo.***

## ROINN 3

### MAOIRSEACHT DHÍREACH AR EINTITIS ROGHNAITHE FAOI OIBLEAGÁID

*Airteagal 12*

***Measúnú ar eintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais chun críoch roghnúcháin le haghaidh maoirseachta dírí***

1. Chun na cúraimí a liostaítear in Airteagal 5(2) a chur i gcrích, déanfaidh an tÚdarás*, i gcomhar le maoirseoirí airgeadais i gcomhréir le mír 1b den Airteagal seo,* measúnú tréimhsiúil ***ar na heintitis faoi oibleagáid a liostaítear i mír 3 den Airteagal seo*** bunaithe ar na critéir agus ag leanúint an phróisis a shonraítear i mír 2 go mír 6 den Airteagal seo agus in Airteagal 13 ***i gcás ina n-oibríonn siad bunaíochtaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(8) de [togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/423 final], nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, i gceithre Bhallstát ar a laghad, lena n-áirítear an Ballstát bunaíochta.***

***(1a) I gcásanna ina n-oibríonn na heintitis faoi oibleagáid uile atá bunaithe i mBallstát ar leith i níos lú ná ceithre Bhallstát, cibé acu trí bhunaíochtaí nó tríd an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, déanfar an measúnú tréimhsiúil dá dtagraítear i mír 1 ar na heintitis faoi oibleagáid a liostaítear i mír 3 atá bunaithe sa Bhallstát sin.***

***(1b) Gheobhaidh an tÚdarás an fhaisnéis uile is gá ó údaráis mhaoirseachta, agus, i gcásanna eisceachtúla, ó eintitis faoi oibleagáid, chun measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar eintitis aonair faoi oibleagáid. Áireofar an fhaisnéis sin sna teimpléid tuairiscithe choiteanna dá dtagraítear in Airteagal 5(3), pointe (e).***

***(1c) Coinneoidh an tÚdarás na húdaráis ábhartha neamh-AML/CFT ar an eolas maidir leis na measúnuithe dá bhforáiltear i mír 1, i mír (1d) agus i mír (1b) i gcásanna ina dtagann na heintitis faoi oibleagáid faoina sainchúraimí maoirseachta.***

2. ***Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca iarmharach*** na n-eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear i mír 1, ▌ ***déanfaidh an tÚdarás iad a aicmiú*** mar íseal, meánach, substaintiúil nó ard i ngach dlínse ina n-oibríonn siad, bunaithe ar na tagarmharcanna agus de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa chaighdeán teicniúil rialála dá dtagraítear i mír 5.

3. Bunófar an mhodheolaíocht chun an phróifíl riosca ***iarmharaigh*** a aicmiú ar leithligh do na catagóirí eintiteas faoi oibleagáid seo a leanas ar a laghad***, agus sainiúlachtaí gach earnála á gcur san áireamh***:

(a) institiúidí creidmheasa;

(b) bureaux de change;

(c) ***gnóthais*** chomhinfheistíochta;

(d) soláthraithe creidmheasa seachas institiúidí creidmheasa;

(e) institiúidí ríomhairgid;

(f) gnólachtaí infheistíochta;

(g) soláthraithe seirbhíse íocaíochtaí;

(h) gnóthais árachais saoil;

(i) idirghabhálaithe árachais saoil;

(j) institiúidí airgeadais eile;

***(ja) soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní.***

4. Le haghaidh gach catagóire de na heintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear i mír ***3***, beidh na tagarmharcanna sa mhodheolaíocht mheasúnúcháin bunaithe ar na catagóirí tosca riosca i ndáil le custaiméir, táirgí, seirbhísí, idirbhearta, bealaí seachadta agus limistéir gheografacha***, agus na córais bainistithe riosca a chuir na heintitis faoi oibleagáid i bhfeidhm***. Bunófar na tagarmharcanna le haghaidh na dtáscairí seo a leanas ar a laghad, táscairí an riosca ***iarmharaigh***, in aon Bhallstát ina n-oibríonn siad:

(a) i leith riosca a bhaineann le custaiméir: sciar na gcustaiméirí neamhchónaitheacha ***ó thríú tíortha***, láithreacht agus sciar na gcustaiméirí atá sainaitheanta mar dhaoine atá faoi riteacht pholaitiúil ('PEPanna'), ***agus láithreacht agus sciar na gcustaiméirí atá lonnaithe i ndlínsí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, i ndlínsí a liostaítear go leanúnach in Iarscríbhinn II a ghabhann le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach ar feadh tréimhse níos faide ná trí bliana, agus i ndlínsí arna sainaithint agus arna n-ainmniú dá dtagraítear i gCaibidil III Roinn 2 de [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid]***;

(b) i leith na dtáirgí agus na seirbhísí a thairgtear:

(i) tábhacht agus méid trádála na dtáirgí agus na seirbhísí atá sainaitheanta mar na cinn is leochailí a d'fhéadfadh a bheith ann i leith rioscaí a

bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ar leibhéal an mhargaidh inmheánaigh sa mheasúnú riosca fornáisiúnta nó ar leibhéal na tíre sa mheasúnú riosca náisiúnta;

(ii) méid na taisce agus na seirbhísí cuntais íocaíochta a sholáthraítear faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar***, mar aon le táirgí agus seirbhísí eile a shainaithnítear a bheith i mbaol rioscaí ML/FT***;

(iii) i gcás soláthraithe seirbhíse íocaíochta airgid, tábhacht ghníomhaíocht chomhiomlán bhliantúil astaíochtaí agus ghlactha gach seoltóra i ndlínse, ***go háirithe iad siúd a bhfuil laigí struchtúracha acu ina gcórais braite agus coiscthe AML/CFT faoi chaighdeáin idirnáisiúnta***;

***(iiia) méid na dtáirgí nó na n-idirbheart a d'fhéadfadh a bheith i bhfabhar anaithnideachta, lena n-áirítear criptea-shócmhainní a bhfuil anaithnidiú ionsuite déanta acu;***

***(iiib) tábhacht tiachóg phríobháideachais, meascthóirí agus timbléar agus bogearraí nó teicnící anaithnidithe eile a úsáidtear chun idirbhearta a bhréagnú;***

(c) i leith limistéir gheografacha:

(i) méid bliantúil na seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí***, nó seirbhísí criptea-shócmhainní comhfhreagracha,*** arna soláthar ag eintitis earnála airgeadais an Aontais i dtríú tíortha***, go háirithe iad siúd a shainaithnítear a bheith leochaileach ina chórais braite agus coiscthe AML/CFT faoi chaighdeáin idirnáisiúnta***;

(ii) líon agus méid na gcliant baincéireachta comhfhreagraí ***nó criptea-shócmhainní*** ó thríú tíortha ag a bhfuil laigí struchtúrtha ina gcórais AML atá sainaitheanta ag comhlachtaí socraithe caighdeán domhanda;

(iii) méid na gníomhaíochta de chuid soláthraithe seirbhíse ***criptea-shócmhainní*** atá cláraithe nó ceadúnaithe i dtríú tíortha agus a oibríonn mar institiúidí airgeadais san Aontas.

5. Forbróidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena leagtar amach an mhodheolaíocht leis na tagarmharcanna dá dtagraítear i mír 4 chun aicmiú a dhéanamh ar phróifíl riosca ***iarmharach na n-eintiteas faoi oibleagáid a liostaítear i mír 3*** i ngach Ballstát ina n-oibríonn ***siad*** mar íseal, meánach, substaintiúil nó ard.

Cuirfidh an tÚdarás na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála faoi bhráid an Choimisiúin faoin [1 Eanáir 2025].

Cumhachtaítear don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Rialachán seo.

6. Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar na tagarmharcanna agus ar an modheolaíocht ar a laghad gach 3 bliana. I gcás ina gceanglófar leasuithe, cuirfidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla rialála faoi bhráid an Choimisiúin.

*Airteagal 13*

***An próiseas maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid a liostú***

1. ***Maidir leis an gcéad phróiseas roghnúcháin, beidh an 40 eintiteas faoi oibleagáid a mheasúnaítear de bhun Airteagal 12 agus a bhfuil an phróifíl riosca iarmharach is airde acu in dhá Bhallstát ar a laghad*** incháilithe mar eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe.

***Amhail ón dara próiseas roghnúcháin, féadfar líon na n-eintiteas faoi oibleagáid a cháilíonn mar eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe a mhéadú suas le 10 % i ngach próiseas roghnúcháin leanúnach, suas le huasmhéid 60 eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún measúnú tionchair ar fáil agus tionchar buiséadach an mhéadaithe sin á chur san áireamh.***

▌

▌

***1a. I gcás nach gcáilíonn aon eintiteas faoi oibleagáid nó grúpa de atá bunaithe, cláraithe nó údaraithe nó grúpa de i mBallstát mar eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe faoi mhír 1, ainmneofar an t-eintiteas faoi oibleagáid nó an grúpa dá chuid a bhfuil an phróifíl riosca iarmharach is airde aige de bhun na modheolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 12(3) mar eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe.***

***I gcás ina bhfuil próifíl riosca iarmharach ard ag roinnt eintiteas faoi oibleagáid nó ag roinnt grúpaí díobh, is iad na heintitis faoi oibleagáid a roghnófar na heintitis a oibríonn sa líon is airde Ballstát trí bhunaíochtaí nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar. I gcás ina n-oibríonn roinnt eintiteas faoi oibleagáid nó grúpaí díobh sa líon céanna Ballstát, is iad na heintitis faoi oibleagáid a roghnófar na cinn lena mbaineann an cóimheas is airde idir méid an idirbhirt le tríú tíortha agus méid iomlán an idirbhirt arna thomhas le linn na bliana tuairiscithe airgeadais deireanaí.***

2. Tosóidh an tÚdarás an chéad phróiseas roghnúcháin an 1 Iúil 2025 agus tabharfaidh sé an roghnúchán i gcrích laistigh de mhí amháin. Déanfar an roghnúchán gach 3 bliana tar éis dháta tosaithe an chéad roghnúcháin, agus tabharfar i gcrích é laistigh de mhí amháin i ngach tréimhse roghnúcháin. Foilseoidh an tÚdarás liosta na n-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid gan moill mhíchuí ar an bpróiseas roghnúcháin a thabhairt i gcrích. Tosóidh an tÚdarás an mhaoirseacht dhíreach ar na heintitis roghnaithe faoi oibleagáid 5 mhí tar éis fhoilsiú an liosta.

3. Leanfaidh eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid de bheith faoi réir maoirseacht dhíreach ag an Údarás ***fad a bheidh an t-eintiteas liostaithe faoi mhír 2***.

*Airteagal 14*

***Comhar laistigh de chóras maoirseachta AML/CFT chun críoch maoirseachta dírí***

1. Gan dochar do chumhachtaí an Údaráis de bhun Airteagal 20(2), pointe (g), faisnéis a fháil go díreach, nó rochtain dhíreach a bheith aige uirthi, ar fhaisnéis a thuairiscíonn eintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ar bhonn leanúnach, soláthróidh maoirseoirí airgeadais an fhaisnéis uile is gá don Údarás chun na cúraimí a thugtar don Údarás a

dhéanamh ***i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le dlí eile an Aontais is infheidhme***.

***1a. I gcás ina dtiocfaidh eintiteas faoi oibleagáid chun bheith ina eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe, tiocfaidh an tÚdarás agus údarás inniúil náisiúnta an eintitis faoi oibleagáid ar chomhaontú maidir le socruithe oibre chun aistriú rianúil agus cur i gcrích a bhfreagrachtaí maoirseachta faoi seach a áirithiú.***

2. I gcás inarb iomchuí, beidh maoirseoirí airgeadais freagrach as cúnamh a thabhairt don Údarás le hullmhú agus cur chun feidhme aon ghnímh i ndáil leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b), a mhéid a bhaineann leis na heintitis roghnaithe uile faoi oibleagáid, lena n-áirítear cúnamh i ngníomhaíochtaí fíorúcháin. Leanfaidh siad na treoracha atá tugtha ag an Údarás agus na cúraimí sin á ndéanamh.

3. Forbróidh an tÚdarás caighdeáin theicniúla chur chun feidhme lena sonraítear na coinníollacha faoina bhfuil maoirseoirí airgeadais le cúnamh a thabhairt don Údarás de bhun mhír 2.

4. Cuirfidh an tÚdarás na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2025.

Cumhachtaítear don Choimisiún na caighdeáin theicniúla chur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42.

*Airteagal 15*

***Comhfhoirne maoirseachta***

1. Bunófar comhfhoireann maoirseachta chun maoirseacht a dhéanamh ar gach eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid. Beidh gach comhfhoireann maoirseachta comhdhéanta d'fhoireann ón Údarás agus ó na maoirseoirí airgeadais atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid ar an leibhéal náisiúnta. Ceapfar comhaltaí na comhfhoirne maoirseachta i gcomhréir le mír 4 agus oibreoidh siad faoi chomhordú baill foirne ainmnithe ón Údarás ('comhordaitheoir JST').

2. ***Beidh*** comhordaitheoir JST ***lonnaithe in áitreabh an Údaráis agus áiritheoidh sé*** comhordú na hoibre laistigh den chomhfhoireann maoirseachta. Leanfaidh comhaltaí na comhfhoirne maoirseachta treoracha chomhordaitheoir JST a mhéid a bhaineann lena gcúraimí sa chomhfhoireann maoirseachta. Beidh sé sin ***gan dochar dá*** gcúraimí ná dá ndualgais laistigh dá maoirseoirí airgeadais faoi seach. ***Mura bhfuil údar leis, ní ón mBallstát ina bhfuil an t-eintiteas faoi oibleagáid bunaithe a bheidh comhordaitheoir JST.*** ▌

3. Beidh an méid seo a leanas san áireamh i gcúraimí comhfhoirne maoirseachta:

(a) na hathbhreithnithe agus na measúnuithe maoirseachta a dhéanamh le haghaidh na n-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid;

(b) cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh agus a chomhordú ag eintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus na tuarascálacha a ullmhú, lena n-áirítear tograí le haghaidh glacadh beart maoirseachta tar éis na dtuarascálacha sin, i gcás inar gá;

(c) na hathbhreithnithe, na measúnuithe, agus na cigireachtaí ar an láthair dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a chur san áireamh, páirt a ghlacadh in ullmhú

dréachtchinntí is infheidhme maidir leis an eintiteas roghnaithe faoi seach faoi oibleagáid atá le moladh don Bhord Ginearálta agus don Bhord Feidhmiúcháin;

(d) idirchaidreamh a dhéanamh le maoirseoirí airgeadais i gcás inar gá chun cúraimí maoirseachta a fheidhmiú in aon Bhallstát ina bhfuil eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid bunaithe.

4. Beidh an tÚdarás freagrach as bunú agus comhdhéanamh comhfhoirne maoirseachta. Ceapfaidh ***an tÚdarás agus na*** maoirseoirí airgeadais faoi seach duine amháin nó níos mó óna bhfoireann mar chomhalta nó mar chomhaltaí de chomhfhoireann maoirseachta. Féadfar comhalta foirne maoirseora airgeadais a cheapadh ***ar*** níos mó ná comhfhoireann maoirseachta amháin.

5. Rachaidh an tÚdarás agus na maoirseoirí airgeadais i gcomhar le chéile agus tiocfaidh siad ar chomhaontú maidir le húsáid foirne maidir leis na comhfhoirne maoirseachta.

***5a. Forbróidh an tÚdarás nósanna imeachta inmheánacha ina leagfar amach comhdhéanamh na bhfoirne comhpháirteacha maoirseachta, go háirithe maidir le baill foirne ó gach maoirseoir airgeadais i gcomhthéacs baile/óstach, stádas foirne ó mhaoirseoirí náisiúnta, leithdháileadh acmhainní daonna ag an Údarás chun páirt a ghlacadh i gcomhfhoirne maoirseachta, agus na rialacha oibríochtúla agus nós imeachta is gá. Áiritheoidh an tÚdarás go ndéanfar ionadaíocht leordhóthanach ar an gcomhfhoireann mhaoirseachta do mhaoirseoirí airgeadais na mBallstát ina bhfeidhmíonn an t-eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe agus go mbeidh an chomhfhoireann mhaoirseachta comhdhéanta d'fhoireann a bhfuil leibhéal leordhóthanach agus éagsúlacht leordhóthanach eolais, cúlra, saineolais agus taithí acu.***

*Airteagal 16*

***Iarraidh ar fhaisnéis***

1. Féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid***,*** ar dhaoine dlítheanacha, agus***, más gá, ar dhaoine nádúrtha, lena n-áirítear a bhfostaithe, chomh maith le*** tríú páirtithe chuig ar seachfhoinsigh na heintitis roghnaithe faoi seach feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochtúla chucu agus daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha atá cleamhnaithe leo, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo ***agus le dlí eile an Aontais is infheidhme*** a dhéanamh.

2. Maidir leis na daoine dá dtagraítear i mír 1 nó a n-ionadaithe agus, i gcás daoine dlítheanacha nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, déanfaidh na daoine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann de réir dlí nó de réir a mbunreachta an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar ***go tráthúil***. Féadfaidh dlíodóirí arna n-údarú go cuí chun gníomhú an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a gcuid cliant. Leanfaidh na cliaint sin de bheith freagrach go hiomlán má tá an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.

***Déanfaidh seolaithe iarrata arna déanamh de bhun mhír 1 faisnéis shoiléir chruinn iomlán a sholáthar don Údarás gan aon mhoill mhíchuí.***

3. I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás faisnéis go díreach ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh sé an fhaisnéis sin ar fáil don mhaoirseoir airgeadais lena mbaineann.

*Airteagal 17*

***Imscrúduithe ginearálta***

1. Chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh, féadfaidh an tÚdarás na himscrúduithe uile is gá a dhéanamh ar aon eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá fostaithe ag eintiteas roghnaithe faoi seach nó a bhaineann leis sin nó atá bunaithe nó lonnaithe i mBallstát.

Chuige sin, féadfaidh an tÚdarás:

(a) a cheangal go gcuirfear doiciméid faoina bhráid;

(b) scrúdú a dhéanamh ar leabhair agus taifid na ndaoine agus cóipeanna nó sleachta a thógáil ó na leabhair agus na taifid;

(c) rochtain a fháil ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha, deimhniú cuntas agus aon bhogearra, bunachar sonraí, uirlis TF nó meán leictreonach eile chun faisnéis a thaifeadadh;

***(ca) rochtain a fháil ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis a bhaineann le próisis chinnteoireachta, lena n-áirítear iad siúd arna bhforbairt ag algartaim nó ag próisis dhigiteacha eile;***

(d) mínithe i scríbhinn nó ó bhéal a fháil ó dhuine ar bith dá dtagraítear in Airteagal 16 nó óna ionadaithe nó óna fhoireann;

(e) agallamh a chur ar aon duine eile a thoilíonn go gcuirfí agallamh air chun faisnéis a bhailiú i ndáil le hábhar imscrúdaithe;

2. Beidh na daoine dá dtagraítear in Airteagal 16 faoi réir imscrúduithe a sheoltar ar bhonn cinneadh ón Údarás. I gcás ina gcuirfidh duine bac ar dhéanamh an imscrúdaithe, soláthróidh maoirseoir airgeadais an Bhallstáit ina bhfuil an t-áitreabh ábhartha lonnaithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, an cúnamh is gá, lena n-áirítear rochtain an Údaráis ar áitreabh gnó na ndaoine dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 16 a éascú, ionas gur féidir na cearta a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo a fheidhmiú.

*Airteagal 18*

***Cigireachtaí ar an láthair***

1. Chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh, féadfaidh an tÚdarás, faoi réir fógra a thabhairt roimh ré don mhaoirseoir airgeadais lena mbaineann, na cigireachtaí ar an láthair uile is gá a dhéanamh ag áitreabh gnó na ndaoine dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 16. I gcás inar gá sin ar mhaithe leis na cigireachtaí a sheoladh go cuí agus go héifeachtúil, féadfaidh an Bord an chigireacht ar an láthair a dhéanamh gan fógra a thabhairt roimh ré do na daoine dlítheanacha sin.

2. Foireann an Údaráis agus daoine eile atá údaraithe ag an Údarás chun cigireacht ar an láthair a dhéanamh, féadfaidh siad dul isteach in aon áitreabh gnó agus talamh de na daoine dlítheanacha faoi réir cinneadh maidir le himscrúdú atá glactha ag an Údarás agus beidh na cumhachtaí uile dá bhforáiltear in Airteagal 20 acu.

3. Beidh na daoine dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 16 faoi réir cigireachtaí ar an láthair ar bhonn cinneadh ón Údarás.

4. Déanfaidh an fhoireann agus daoine tionlacain eile atá údaraithe nó ceaptha ag maoirseoir airgeadais an Bhallstáit ina bhfuil an chigireacht le déanamh, faoi mhaoirseacht agus comhordú an Údaráis, cúnamh gníomhach a thabhairt d'oifigigh an Údaráis agus do dhaoine eile atá údaraithe ag an Údarás. Chuige sin, beidh na cumhachtaí a leagtar amach i mír 2 acu. Beidh an ceart ag foireann mhaoirseoirí airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann freisin páirt a ghlacadh sna cigireachtaí ar an láthair.

5. I gcás ina gcinnfidh foireann an Údaráis agus daoine tionlacain eile atá údaraithe nó ceaptha ag an Údarás go gcuireann duine in aghaidh cigireacht ar an láthair a ordaítear de bhun an Airteagail seo, soláthróidh maoirseoir airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann an cúnamh is gá i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. A mhéid is gá i gcomhair na cigireachta, beidh séalú aon áitreabh gnó agus leabhar cuntais nó taifead ar áireamh sa chúnamh sin. I gcás nach mbeidh an chumhacht sin ar fáil don mhaoirseoir airgeadais lena mbaineann, úsáidfidh sé a chumhachtaí chun an cúnamh is gá a iarraidh ar údaráis náisiúnta eile.

*Airteagal 19*

***Údarú ó údarás breithiúnach***

1. Má cheanglaítear údarú ó údarás breithiúnach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta le cigireacht ar an láthair dá bhforáiltear in Airteagal 18, déanfaidh an tÚdarás iarratas ar údarú den sórt sin.

2. I gcás ina ndéanfar iarratas ar údarú, ar ábhar é sin dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an t-údarás breithiúnach náisiúnta rialú i dtaobh an bhfuil cinneadh an Údaráis barántúil agus nach bhfuil na bearta comhéigneacha a bheartaítear treallach ná iomarcach ag féachaint d'ábhar na cigireachta. Le linn dó rialú a dhéanamh i dtaobh chomhréireacht na mbeart comhéigneach, féadfaidh an t-údarás breithiúnach náisiúnta a iarraidh ar an mBord mínithe mionsonraithe a thabhairt, go háirithe i ndáil leis na forais atá ag an Údarás chun drochamhras a bheith air go ndearnadh sárú ar na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), an chéad fhomhír, tromchúis an tsáraithe a bhfuil drochamhras ann ina leith agus cineál rannpháirtíocht an duine atá faoi réir na mbeart comhéigneach. Ní dhéanfaidh an t-údarás breithiúnach náisiúnta athbhreithniú, áfach, ar an ngá atá leis an gcigireacht ná ní éileoidh sé go ndéanfar an fhaisnéis atá ar chomhad an Bhoird a sholáthar dó. Ní bheidh dlíthiúlacht chinneadh an Bhoird faoi réir a athbhreithnithe ach ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 20*

***Cumhachtaí maoirseachta***

1. Chun a chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a dhéanamh, beidh na cumhachtaí a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo ag an Údarás chun a cheangal ar aon eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid na bearta is gá a dhéanamh i gcás:

   (a) nach gcomhlíonfaidh an t-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid ceanglais na ngníomhartha ón Aontas agus na reachtaíochta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1(2);

   (b) ina mbeidh fianaise ag an Údarás gur dócha go sáróidh an t-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid ceanglais na ngníomhartha ón Aontas agus na reachtaíochta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ***laistigh de thréimhse ama réasúnta***;

   (c) nach n-áiritheofar leis na socruithe, na straitéisí, na próisis ná na sásraí a chuireann an t-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid chun feidhme, bunaithe ar chinneadh ***a bhfuil údar cuí leis*** ón Údarás, bainistíocht ná cumhdach fónta ar a rioscaí ***ML/TF***.

2. Chun críocha Airteagal 6(1), beidh na cumhachtaí seo a leanas, go háirithe, ag an Údarás:

   (a) chun a cheangal go dtreiseofar na socruithe, na próisis, na sásraí agus na straitéisí;

   ***(aa) moltaí a dhéanamh;***

   (b) chun plean a cheangal chun comhlíontacht a athbhunú ***agus a áirithiú*** le ceanglais mhaoirseachta de bhun gníomhartha ón Aontas agus na reachtaíochta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus chun sprioc-am a shocrú lena chur chun feidhme, lena n-áirítear feabhsuithe ar an bplean sin maidir lena raon feidhme agus a sprioc-am;

   (c) chun a cheangal go gcuirfear i bhfeidhm beartas nó láimhseáil shonrach cliant, idirbheart, nó cainéal seachadta;

   (d) chun gnó, oibríochtaí nó líonra institiúidí atá comhdhéanta den eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid a shrianadh nó a theorannú, nó chun dífheistiú gníomhaíochtaí lena mbaineann rioscaí ***follasacha nó*** iomarcacha maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a cheangal;

   (e) chun a cheangal go gcuirfear chun feidhme bearta chun go laghdófar na rioscaí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta i ngníomhaíochtaí, táirgí agus córais eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid;

   (f) chun a cheangal go n-athrófar an struchtúr rialachais;

   (g) chun a cheangal go soláthrófar aon sonra nó faisnéis is gá chun na cúraimí a liostaítear in Airteagal 5(2) a chomhlíonadh, chun a cheangal go gcuirfear aon doiciméad isteach, nó ceanglais tuairiscithe bhreise nó níos minice a fhorchur;

   (h) chun ceanglais shonracha a fhorchur i ndáil le cliaint, idirbhearta nó gníomhaíochtaí aonair lena mbaineann ardrioscaí;

*(ha)* ***ordú a thabhairt don duine nádúrtha nó dlítheanach scor den iompraíocht agus staonadh ón iompraíocht sin a dhéanamh an athuair;***

*(hb)* ***ráiteas poiblí a eisiúint ina sainaithnítear an duine nádúrtha nó dlítheanach agus cineál an tsáraithe i gcomhréir le hAirteagal 24;***

(i) ***i gcás ina bhfuil eintiteas roghnaithe faoi réir údarú,*** a ***mholadh*** go ndéanfaí ceadúnas ***an*** eintitis faoi oibleagáid roghnaithe a tharraingt siar ***nó a chur ar fionraí*** don údarás a dheonaigh ***an ceadúnas sin nó an t-údarú a tharraingt siar i gcás inar deonaíodh é. Déanfaidh an t-údarás a dheonaigh údarú den sórt sin gach iarracht an fionraí nó an tarraingt siar atá molta ag an Údarás a chomhlíonadh. I gcás nach gcomhlíonfaidh údarás treoirlíne nó moladh, nó i gcás nach mbeartaíonn sé treoirlíne nó moladh a chomhlíonadh, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Údarás agus luafaidh sé na cúiseanna atá aige leis sin.***

*(ia)* ***cosc sealadach a chur ar aon duine a dhéanann dualgais bhainistíochta in eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid nó ar aon duine nádúrtha a mheastar a bheith freagrach as an sárú dualgais bhainistíochta san eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid.***

3. Beidh na cumhachtaí agus na hoibleagáidí atá ag údaráis mhaoirseachta faoin dlí ábhartha ón Aontas ag an Údarás freisin, mura bhforáiltear dá mhalairt leis an Rialachán seo. A mhéid is gá chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh, féadfaidh an tÚdarás a cheangal, trí threoracha, ar na húdaráis mhaoirseachta sin úsáid a bhaint as a gcumhachtaí, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa dlí náisiúnta agus i gcomhréir leo, i gcás nach dtabharfar leis an Rialachán seo na cumhachtaí sin don Údarás, go háirithe i gcás ina n-eascraíonn na cumhachtaí sin ó Airteagal 41(1) (a) go (f), (2) agus (3) [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile a ghabhann le AMLD, COM(2021)423]. Cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta sin an tÚdarás ar an eolas go hiomlán faoi fheidhmiú na gcumhachtaí sin.

***Tabharfar rochtain don Údarás ar an bhfaisnéis atá ar fáil sna cláir, sna córais aisghabhála sonraí agus sna sásraí dá dtagraítear i gCaibidil II de [cuir isteach tagairt do AMLD] chun na cúraimí maoirseachta a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh.***

***3a. Na bearta riaracháin dá dtagraítear i mír, beidh sprioc-am ceangailteach maidir lena gcur chun feidhme go héifeachtach ag gabháil leo. Maidir leis na gníomhaíochtaí arna n-iarraidh a bheith á gcur chun feidhme go héifeachtach ag an eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid, déanfaidh an tÚdarás obair leantach agus measúnú air.***

*Airteagal 21*

***Pionóis riaracháin airgid***

1. Chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh, i gcás ina ndéanfaidh eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid sárú ***tromchúiseach, córasach nó athshárú ar cheanglas*** d'aon ghnó nó le faillí, ar ceanglas é a liostaítear in Iarscríbhinn II faoi ghníomhartha de chuid dhlí an Aontais atá infheidhme go díreach agus dá dtagraítear in Airteagal 1(2), nó nach gcomhlíonfaidh sé cinneadh ceangailteach dá dtagraítear in

Airteagal 6(1), féadfaidh an tÚdarás pionóis riaracháin airgid a fhorchur, faoi na coinníollacha a shonraítear i míreanna 2 go 7 den Airteagal seo.

2. I gcás ina gcinnfidh Bord Feidhmiúcháin an Údaráis go ndearna eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid, d'aon ghnó nó le faillí, ***sárú tromchúiseach, córasach nó athshárú*** ar cheanglais atá infheidhme go díreach agus atá in [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile a ghabhann le AMLR, COM (2021)420] nó [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile a ghabhann le TFR, COM(2021)422], glacfaidh sé cinneadh lena bhforchuirtear pionóis riaracháin airgid, i gcomhréir le mír 3. Déanfar pionóis riaracháin airgid, de réir imthosca gach cáis aonair, a fhorchur i dteannta, nó in ionad, na ***mbeart*** dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

3. Déanfar méid bunúsach na bpionós riaracháin airgid dá dtagraítear i mír 1 a áireamh laistigh de na teorainneacha seo a leanas:

(a) le haghaidh sáruithe ***tromchúiseacha, córasacha nó athsháruithe*** ar cheanglas amháin nó níos mó i ndáil le dícheall cuí custaiméara, beartais agus nósanna imeachta grúpa, agus/nó oibleagáidí tuairiscithe a sainaithníodh in dhá Bhallstát nó níos mó ina n-oibríonn eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid, an Aontais, is é EUR 1 000 000 ar a laghad a bheidh sa phionós agus ní rachaidh sé thar EUR 2 000 000 nó 1 % den láimhdeachas bliantúil, cibé acu is airde;

(b) le haghaidh sáruithe ***tromchúiseacha, córasacha nó athsháruithe*** ar cheanglas amháin nó níos mó i ndáil le dícheall cuí custaiméara, beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha agus/nó oibleagáidí tuairiscithe a sainaithníodh i mBallstát amháin ina n-oibríonn eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid, is é EUR 500 000 ar a laghad a bheidh sa phionós agus ní rachaidh sé thar EUR 1 000 000 ná 0,5 % den láimhdeachas bliantúil, cibé acu is airde;

(c) le haghaidh sáruithe ***tromchúiseacha, córasacha nó athsháruithe*** ar na ceanglais uile eile a sainaithníodh in dhá Bhallstát nó níos mó ina n-oibríonn eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid, is é EUR 1 000 000 ar a laghad a bheidh sa phionós agus ní rachaidh sé thar EUR 2 000 000;

(d) le haghaidh sáruithe ***tromchúiseacha, córasacha nó athsháruithe*** ar na ceanglais uile eile a sainaithníodh i mBallstát amháin, is é EUR 500 000 ar a laghad a bheidh sa phionós agus ní rachaidh sé thar EUR 1 000 000;

(e) le haghaidh sáruithe ***tromchúiseacha, córasacha nó athsháruithe*** ar chinntí an Údaráis dá dtagraítear in Airteagal 6(1), is é EUR 100 000 ar a laghad a bheidh sa phionós agus ní rachaidh sé thar EUR 1 000 000.

4. Déanfar na méideanna bunúsacha a shainítear laistigh de na teorainneacha a leagtar amach i mír 3 a choigeartú, i gcás inar gá, trí thosca géaraitheacha nó maolaitheacha a chur san áireamh i gcomhréir leis na comhéifeachtaí ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Déanfar gach comhéifeacht ghéaraitheach ábhartha a chur i bhfeidhm i leith an mhéid bhunúsaigh. Má tá níos mó ná comhéifeacht ghéaraitheach amháin infheidhme, déanfar an difríocht idir an méid bunúsach agus an méid a bheidh ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm gach comhéifeachta géaraithí ar leith a chur leis an méid bunúsach. Maidir leis an tairbhe a dhíorthaítear ón sárú ag an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach nó na caillteanais do na tríú páirtithe arb é an sárú is cúis leo, i gcás inar féidir iad a chinneadh, cuirfear iad le méid iomlán an smachtbhanna tar éis na comhéifeachtaí a chur i bhfeidhm.

5. Is ceann ar cheann a dhéanfar na comhéifeachtaí maolaitheach ábhartha a chur i bhfeidhm i leith an mhéid bhunúsaigh. Má tá níos mó ná comhéifeacht mhaolaitheach amháin infheidhme, déanfar an difríocht idir an méid bunúsach agus an méid a bheidh ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm gach comhéifeachta maolaithí ar leith a dhealú ón méid bunúsach.

6. Maidir le méid iomlán smachtbhanna le haghaidh sáruithe ***tromchúiseacha, córasacha nó athsháruithe*** dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b), ní rachaidh sé thar 10 % de láimhdeachas bliantúil iomlán an eintitis faoi oibleagáid sa bhliain ghnó roimhe sin, tar éis na comhéifeachtaí dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 a chur i bhfeidhm.

7. Méid uasta pionóis le haghaidh sáruithe ***tromchúiseacha, córasacha nó athsháruithe*** dá dtagraítear i mír 2, pointí (c) agus (d), ní rachaidh sé thar EUR 10 000 000, nó, sa Bhallstát nach é an Euro a airgeadra, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta, tar éis chur i bhfeidhm na gcomhéifeachtaí dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5.

8. I gcás inar máthairghnóthas nó fochuideachta máthairghnóthais an t-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid a bhfuil sé de cheangal air cuntais airgeadais chomhdhlúite a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24], is éard a bheidh sa láimhdeachas bliantúil iomlán ábhartha an láimhdeachas bliantúil iomlán nó an cineál ioncaim chomhfhreagraigh i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme de réir na gcuntas comhdhlúite is déanaí atá ar fáil agus a d’fhormheas comhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais deiridh.

9. I gcásanna nach gcumhdaítear le mír 1 den Airteagal seo, i gcás inar gá chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh, féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar mhaoirseoirí airgeadais imeachtaí a thionscnamh d’fhonn gníomhaíocht a dhéanamh chun a áirithiú go bhforchuirfear pionóis riaracháin airgid iomchuí i gcomhréir leis na gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus aon reachtaíocht náisiúnta ábhartha lena dtugtar cumhachtaí sonracha nach gceanglaítear faoi láthair le dlí an Aontais. Beidh na pionóis a chuirfidh maoirseoirí airgeadais i bhfeidhm éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Beidh an chéad fhomhír infheidhme maidir le pionóis riaracháin airgid atá le forchur ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid i leith sáruithe ar an dlí náisiúnta lena dtrasuitear [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile a ghabhann le AMLD, COM(2021)423] agus maidir le haon phionós riaracháin airgid atá le forchur ar chomhaltaí de bhord bainistíochta eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid atá freagrach faoin dlí náisiúnta as sárú ag eintiteas faoi oibleagáid.

10. Beidh na pionóis riaracháin airgid a chuirfear i bhfeidhm éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

---

[24] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

*Airteagal 22*

***Íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla***

1. Forchuirfidh an Bord Feidhmiúcháin le cinneadh íocaíocht phionósach thréimhsiúil chun iallach a chur orthu seo a leanas:

(a) eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid deireadh a chur le sárú, i gcomhréir le cinneadh a dhéantar de bhun Airteagal 6(1);

(b) duine dá dtagraítear in Airteagal 16(1) faisnéis iomlán a sholáthar, ar faisnéis í a ceanglaíodh le cinneadh de bhun Airteagal 6(1);

(c) duine dá dtagraítear in Airteagal 16(1) géilleadh d'imscrúdú agus go háirithe taifid iomlána, sonraí, nósanna imeachta nó aon ábhar eile is gá a thabhairt ar aird agus faisnéis eile a sholáthraítear le linn imscrúdú a sheoltar de bhun Airteagal 17 a líonadh isteach agus a cheartú.

2. Beidh an íocaíocht phionósach thréimhsiúil éifeachtach agus comhréireach. Déanfar an íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur ar bhonn laethúil go dtí go ndéanfaidh an t-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid nó an duine lena mbaineann an cinneadh ábhartha dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh.

3. D'ainneoin mhír 2, 3 % den mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin a bheidh i méid na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla nó, i gcás daoine nádúrtha, 2 % den mheánioncam laethúil sa bhliain féilire roimhe sin. Déanfar é a ríomh ón dáta a shocraítear sa chinneadh lena ngearrtar an íocaíocht phionósach thréimhsiúil.

4. ***Sé mhí tar éis fógra a fháil faoi chinneadh an Údaráis íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur, déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú ar an íocaíocht phionósach thréimhsiúil agus cinnfidh sé an gcuirfidh sé síneadh léi aon uair amháin.***

***Airteagal 22a***

***Modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar sháruithe agus smachtbhannaí agus bearta riaracháin eile a fhorchur***

***1. Agus cineál agus leibhéal na smachtbhannaí nó na mbeart riaracháin á sainiú acu, cuirfidh an tÚdarás na cúinsí ábhartha go léir san áireamh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na nithe seo a leanas:***

***(a) a thromchúisí atá an sárú, agus fad an tsáraithe;***

***(b) leibhéal freagrachta an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a gcuirtear an fhreagracht air;***

***(c) láidreacht airgeadais an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a gcuirtear an fhreagracht air, lena n-áirítear i bhfianaise a láimhdeachais iomláin nó a ioncaim bhliantúil;***

***(d) an sochar a dhíorthaíonn an duine nádúrtha nó dlítheanach a gcuirtear an fhreagracht air, a mhéid is féidir é a chinneadh;***

***(e) na caillteanais do thríú páirtithe de dheasca an tsáraithe, a mhéid is féidir iad a chinneadh;***

***(f)*** ***an leibhéal comhair idir an duine nádúrtha nó dlítheanach a gcuirtear an fhreagracht air agus an t-údarás inniúil;***

***(g)*** ***sáruithe roimhe sin a rinne an duine nádúrtha nó dlítheanach a gcuirtear an fhreagracht air;***

***(h)*** ***sáruithe comhchosúla arís agus arís eile ag an duine nádúrtha nó dlítheanach a gcuirtear an fhreagracht air.***

***2.*** ***Faoin ... [2 bhliain tar éis dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin lena nglacadh. Saineofar leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin táscairí chun aicmiú a dhéanamh ar leibhéal tromchúise na sáruithe agus na gcritéar a bheidh le cur san áireamh agus leibhéal na smachtbhannaí riaracháin á leagan síos nó bearta riaracháin á nglacadh de bhun na Roinne seo agus na hiarmhairtí i gcás sáruithe leantacha. Áireofar freisin sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála raonta smachtbhannaí airgid i gcoibhneas le láimhdeachas an eintitis a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir leis na táscairí chun leibhéal an tsáraithe a aicmiú mar thagairtí le haghaidh smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha, lena n-áirítear i gcás athsháruithe.***

***3.*** ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 go hAirteagal 41.***

*Airteagal 23*

***Éisteacht na ndaoine atá faoi réir imeachtaí***

1. Sula ndéanfaidh sé aon chinneadh maidir le pionós riaracháin airgid nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur faoi Airteagail 21 agus 22, tabharfaidh an Bord Feidhmiúcháin an deis do na daoine atá faoi réir na n-imeachtaí éisteacht a fháil faoi chinntí an Údaráis. Is ar na cinntí sin a raibh deis ag na daoine atá faoi réir na n-imeachtaí a dtuairimí a thabhairt ina leith, agus orthu sin amháin, a bhunóidh an Bord Feidhmiúcháin a chuid cinntí.

2. Déanfar cearta cosanta na ndaoine atá faoi réir na n-imeachtaí a urramú go hiomlán le linn na n-imeachtaí. Beidh na daoine sin i dteideal rochtain a bheith acu ar chomhad an Údaráis, ach sin faoi réir an leasa dhlisteanaigh atá ag daoine eile maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní bheidh faisnéis rúnda ná doiciméid ullmhúcháin inmheánacha de chuid an Údaráis sa cheart rochtain a fháil ar an gcomhad.

*Airteagal 24*

***Nochtadh, cineál, forfheidhmiú agus leithdháileadh na bpionós riaracháin airgid agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla***

1. Déanfaidh an tÚdarás gach smachtbhanna riaracháin airgid agus gach íocaíocht phionósach thréimhsiúil a forchuireadh ar eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid de bhun Airteagail 21 agus 22 a nochtadh don phobal, ***chomh maith leis na bearta riaracháin a forchuireadh ar eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid de bhun Airteagal 20(2), pointe d, tar éis don duine ar a bhfuil smachtbhannaí curtha ar an eolas faoin***

***gcinneadh sin agus nach mbeidh an cinneadh faoi réir athbhreithniú inmheánach a thuilleadh. Áireofar san fhoilseachán ar a laghad faisnéis maidir le cineál an tsáraithe, mar aon le céannacht na n-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid atá freagrach.***

***Beidh an fhaisnéis a nochtfar ar fáil ar a laghad ar shuíomh gréasáin an Údaráis.***

***1a. Déanfaidh an tÚdarás gach faisnéis ábhartha maidir le bearta riaracháin a forchuireadh ar eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe de bhun Airteagal 20 a tharchur gan mhoill, ar bhonn rúnda, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún ar a laghad. Áireofar san fhaisnéis chomhroinnte ar a laghad cineál agus nádúr an tsáraithe, mar aon le céannacht na n-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid atá freagrach.***

2. Beidh pionóis riaracháin airgid agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirtear de bhun Airteagail 21 agus 22 in-fhorfheidhmithe.

Déanfar forfheidhmiú a rialú leis na rialacha nós imeachta sibhialta atá i bhfeidhm sa Stát ina gcuirtear i gcrích ar a chríoch é. Maidir leis an ordú chun forfheidhmiú a dhéanamh, déanfar é a chur i gceangal leis an gcinneadh gan aon fhoirmiúlacht eile seachas barántúlacht an chinnidh a fhíorú ag an údarás a bheidh ainmnithe chuige sin ag rialtas gach Ballstáit, ar údarás é a chuirfidh an tÚdarás agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an eolas ina leith.

Nuair atá na foirmiúlachtaí sin curtha i gcrích, ar iarratas ón bpáirtí lena mbaineann, féadfaidh an páirtí sin dul i mbun an fhorfheidhmiúcháin i gcomhréir le dlí náisiúnta, tríd an ábhar a thabhairt go díreach os comhair an chomhlachta inniúil.

Ní fhéadfar forfheidhmiúchán a chur ar fionraí ach amháin trí bhreith ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Beidh dlínse ag cúirteanna an Bhallstáit lena mbaineann, áfach, i dtaca le gearáin go bhfuil an forfheidhmiúchán á chur i gcrích ar dhóigh neamhrialta.

3. Déanfar méideanna na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a leithdháileadh chuig buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 25*

***Rialacha nós imeachta maidir le bearta maoirseachta a dhéanamh agus maidir le pionóis riaracháin airgid a fhorchur***

1. Más rud é, le linn a dhualgais faoin Rialachán seo a chur i gcrích, go bhfaigheann an tÚdarás amach go bhfuil tásca tromchúiseacha ann a léiríonn go bhféadfadh sé gurbh ann d'fhíorais ar dóigh maidir leo gurb ionann iad agus ceann amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear in Iarscríbhinn II, ceapfaidh an tÚdarás foireann neamhspleách imscrúdúcháin laistigh den Údarás chun an t-ábhar a imscrúdú. Ní bheidh an fhoireann imscrúdúcháin rannpháirteach ná tar éis a bheith rannpháirteach i maoirseacht dhíreach an eintitis roghnaithe faoi oibleagáid lena mbaineann, agus comhlíonfaidh sí a cuid feidhmeanna go neamhspleách ar Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis. ***Forbróidh an tÚdarás nósanna imeachta inmheánacha chun na rialacha a chinneadh lena rialófar roghnú bhaill na bhfoirne neamhspleácha imscrúdaithe, go háirithe maidir leis na cáilíochtaí, an saineolas, an taithí ghairmiúil agus an ráthaíocht neamhspleáchais a bhfuiltear ag súil leo uathu.***

2. Déanfaidh an fhoireann imscrúdúcháin na sáruithe líomhnaithe a imscrúdú, agus aon bharúil arna dtíolacadh ag daoine atá faoi réir a n-imscrúdaithe á gcur san áireamh, agus déanfaidh sí comhad iomlán ina mbeidh a chuid cinntí a chur faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis.

Chun a chuid cúraimí a chur i gcrích, féadfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin an chumhacht a fheidhmiú chun faisnéis a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 16 agus chun imscrúduithe a sheoladh agus chun cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 17 agus 18.

Nuair atá a chuid cúraimí á gcur i gcrích aici, beidh rochtain ag an bhfoireann imscrúdúcháin ar gach doiciméad agus ar an bhfaisnéis uile a bhailíonn an fhoireann mhaoirseachta chomhpháirteach trína gníomhaíochtaí maoirseachta.

3. Tar éis don fhoireann imscrúdúcháin a himscrúdú a chríochnú agus sula ndéanfaidh sí an comhad ina bhfuil a cuid cinntí a chur faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis, tabharfaidh sí deis do na daoine atá faoi réir a n-imscrúdaithe éisteacht a fháil maidir leis na hábhair atá á n-imscrúdú. Ní dhéanfaidh an fhoireann imscrúdúcháin a cuid cinntí a bhunú ach amháin ar fhíorais a raibh deis ag na daoine a bhí faoi réir imscrúdúcháin barúil a thabhairt ina leith.

Déanfar cearta cosanta na ndaoine lena mbaineann a urramú go hiomlán le linn imscrúduithe faoin Airteagal seo.

4. Nuair a bheidh an comhad ina bhfuil a cuid cinntí á chur faoi bhráid Bhord Feidhmiúchán an Údaráis ag an bhfoireann imscrúdúcháin, tabharfaidh sí fógra faoin méid sin do na daoine atá faoi réir imscrúdúcháin. Beidh na daoine atá faoi réir imscrúdúcháin i dteideal rochtain a bheith acu ar an gcomhad, ach sin faoi réir an leasa dhlisteanaigh atá ag daoine eile maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní leathnófar an ceart rochtana ar an gcomhad chun faisnéis rúnda a chumhdach, faisneis a dhéanann difear do thríú páirtithe.

5. Ar bhonn an chomhaid ina bhfuil cinntí na foirne imscrúdúcháin agus, arna iarraidh sin do na daoine lena mbaineann, déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin, tar éis éisteacht a thabhairt do na daoine atá faoi réir imscrúdúcháin i gcomhréir le hAirteagal ***23***, a chinneadh an bhfuil ceann amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear in Iarscríbhinn II déanta ag na daoine a bhí faoi réir imscrúduithe, agus más amhlaidh an cás, déanfaidh sé beart maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 20 agus forchuirfidh sé pionós riaracháin airgid i gcomhréir le hAirteagal 21.

6. Ní bheidh an fhoireann imscrúdúcháin rannpháirteach i bpléití an Bhoird Feidhmiúcháin ná ní dhéanfaidh sé idiragairt ar aon bhealach eile i bpróiseas cinnteoireachta an Bhoird Feidhmiúcháin.

7. Déanfaidh an Coimisiún rialacha nós imeachta breise a ghlacadh maidir le feidhmiú na cumhachta chun pionóis airgid riaracháin nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a ghearradh, lena n-áirítear forálacha maidir le cearta cosanta, forálacha ama, agus pionóis airgid riaracháin nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhailiú, agus déanfaidh sé rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis na tréimhsí teorann i dtaca le pionóis a fhorchur agus a fhorfheidhmiú.

Glacfar na rialacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 85.

8. Déanfaidh an tÚdarás ábhair i gcomhair ionchúiseamh coiriúil a tharchur chuig na húdaráis náisiúnta ábhartha i gcás ina n-aimseoidh sé, agus a dhualgais faoin Rialachán seo á ndéanamh aige, comharthaí tromchúiseacha gur féidir gurb ann d'fhíorais a léireodh cionta coiriúla. ***Déanfar an fhaisnéis a chuirtear in iúl do na húdaráis náisiúnta ábhartha a tharchur chuig Europol freisin i gcásanna ina bhfuil dhá Bhallstát nó níos mó rannpháirteach sna fíorais ar dóigh ina leith gurb ionann iad agus cionta coiriúla. Déanfaidh an tÚdarás an fhaisnéis a tharchur chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh i gcás ina mbainfidh an fhaisnéis sin le cionta a bhfeidhmíonn Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh nó a gceadóidh sí inniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle.*** Ina theannta sin, staonfaidh an tÚdarás ó phionóis airgid riaracháin nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur más rud é, maidir le héigiontú nó le ciontú roimhe sin a éiríonn as fíorais chomhionanna nó as fíorais atá comhionann lena chéile go substaintiúil, go bhfuil feidhm res judicata bainte amach aige mar thoradh ar imeachtaí coiriúla faoin dlí náisiúnta.

*Airteagal 26*

***Athbhreithniú de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh***

Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí an Údaráis a fhorchuireann pionós riaracháin airgid nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil. Féadfaidh sí an fhíneáil nó an íocaíocht phionósach thréimhsiúil a forchuireadh a neamhniú, a laghdú nó a mhéadú.

*Airteagal 27*

***Socruithe teanga faoin maoirseacht dhíreach***

1. Déanfaidh an tÚdarás agus na maoirseoirí airgeadais na socruithe a ghlacadh dá gcumarsáid laistigh de chóras maoirseachta AML/CFT, lena n-áirítear an teanga (na teangacha) a bheidh á n-úsáid.

2. Aon doiciméad a chuireann eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá faoi réir nósanna imeachta maoirseachta an Údaráis go haonair faoi bhráid an Údaráis; féadfar é a dhréachtú in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais, arna roghnú ag an eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid nó ag an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann.

3. Féadfaidh an tÚdarás, na heintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá faoi réir nósanna imeachta maoirseachta an Údaráis go haonair aontú chun ceann de theangacha oifigiúla an Aontais a úsáid go heisiach ina gcuid meabhráin, lena n-áirítear i dtaca le cinntí maoirseachta an Údaráis.

4. Ní rachaidh cúlghairm an chomhaontaithe sin maidir le húsáid teanga amháin i bhfeidhm ach amháin ar na gnéithe de nós imeachta maoirseachta an Údaráis nár cuireadh i gcrích go fóill iad.

5. I gcás ina n-iarrfaidh rannpháirtithe in éisteacht ó bhéal éisteacht a fháil i dteanga oifigiúil an Aontais seachas teanga nós imeachta maoirseachta an Údaráis, tabharfar

réamhfhógra dóthanach den cheanglas sin don Údarás ionas gur féidir leis na socruithe riachtanacha a dhéanamh.

## ROINN 4

## MAOIRSEACHT INDÍREACH AR EINTITIS NEAMHROGHNAITHE FAOI OIBLEAGÁID

*Airteagal 28*

***Measúnuithe ar staid an chóineasaithe maoirseachta***

1. Déanfaidh an tÚdarás measúnuithe tréimhsiúla ar chuid de na gníomhaíochtaí nó ar na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann le ceann amháin, roinnt díobh, nó na maoirseoirí airgeadais go léir, lena n-áirítear a n-uirlisí agus a n-acmhainní. ***Mar chuid de gach measúnú, déanfaidh an tÚdarás measúnú ar a mhéid a dhéanann maoirseoir airgeadais faireachán éifeachtach, agus déanfaidh sé na bearta is gá*** chun caighdeáin agus cleachtais mhaoirseachta ardleibhéil ***chomhsheasmhacha*** a áirithiú***, agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach na ngníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a áirithiú, chomh maith le comhlíonadh na n-eintiteas faoi oibleagáid a ndéanann sé maoirseacht orthu a áirithiú le dlí an Aontais is infheidhme***. ***Chun na críche sin, forbróidh an tÚdarás modhanna chun gur féidir measúnú comhsheasmhach a dhéanamh ar na maoirseoirí airgeadais a ndéantar athbhreithniú orthu agus comparáid a dhéanamh eatarthu.*** Áireofar sna measúnuithe athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na modheolaíochta maoirseachta AML/CFT a forbraíodh de bhun Airteagal 8***,*** agus clúdófar leo na maoirseoirí airgeadais uile laistigh de thimthriall measúnuithe amháin. Déanfaidh an tÚdarás fad gach timthrialla measúnaithe a chinneadh, agus ní rachaidh sé thar 7 mbliana. ***Ag deireadh gach timthrialla measúnaithe, cuirfidh an tÚdarás a thorthaí i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.***

2. Déanfaidh baill foirne an Údaráis na measúnuithe a chur i gcrích le rannpháirtíocht dheonach bhaill foirne na maoirseoirí airgeadais nach bhfuil faoi réir a n-athbhreithnithe, ar aontú na rannpháirtíochta sin ag an mBord Feidhmiúcháin. ***Féadfar*** aird chuí a thabhairt sna measúnuithe ***ar an bhfaisnéis a leagtar amach sa bhunachar sonraí lárnach AML/CFT arna bhunú de bhun Airteagal 11, chomh maith leis na*** meastóireachtaí, measúnuithe nó tuarascálacha ábhartha arna gcur i dtoll a chéile ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhlachtaí idir-rialtasacha a bhfuil inniúlacht acu i ndáil leis an sciúradh airgid nó an maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc.

3. Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil le chéile ina leagfar amach torthaí gach measúnaithe. ***Roinnfidhan tÚdarás an dréacht-tuarascáil go tráthúil leis an maoirseoir airgeadais faoi réir athbhreithnithe. Laistigh de sprioc-am a chinnfidh an tÚdarás, déanfaidh an maoirseoir airgeadais atá faoi réir a athbhreithnithe barúlacha a thíolacadh maidir leis an dréacht-tuarascáil.*** Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an tuarascáil ***chríochnaitheach*** a ghlacadh, ag tabhairt san áireamh barúlacha an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta ***agus a chomhroinnt go tráthúil leis an maoirseoir airgeadais faoi réir a athbhreithnithe***. ***Áiritheoidh an Bord Feidhmiúcháin, go háirithe, comhsheasmhacht idir a thuarascálacha agus cur i***

***bhfeidhm mhodheolaíocht an mheasúnaithe.*** Tabharfar míniú agus léiriú sa tuarascáil ar aon bheart leantach sonrach is gá don mhaoirseoir airgeadais nó do na maoirseoirí airgeadais atá faoi réir an mheasúnaithe a ghlacadh, a mheastar a bheith iomchuí, comhréireach agus riachtanach mar thoradh ar an measúnú. Féadfar na bearta leantacha a ghlacadh i bhfoirm treoirlínte agus moltaí de bhun Airteagal 43 lena n-áirítear moltaí a dhírítear chuig na maoirseoirí airgeadais go léir nó chuig roinnt acu nó chuig aon mhaoirseoir airgeadais sonrach, de réir mar is iomchuí.

4. Déanfaidh maoirseoirí airgeadais a ndícheall na bearta leantacha sonracha a dhírítear chucu mar thoradh ar an measúnú a chomhlíonadh. ***Déanfaidh maoirseoirí airgeadais nuashonruithe rialta a sholáthar don Údarás maidir leis na cineálacha beart atá curtha chun feidhme acu mar fhreagairt ar an tuarascáil dá dtagraítear i mír 3.***

***4a. I gcás nach ndéanfaidh maoirseoir airgeadais na bearta leantacha sonracha atá dírirthe air chun feidhme mar thoradh ar an measúnú, déanfaidh an tÚdarás na bearta is gá i gcomhréir le hAirteagal 10. I gcás ina measfaidh an tÚdarás nach bhfuil cur chun feidhme na mbeart leantach leormhaith nó leordhóthanach, féadfaidh sé na cumhachtaí a thugtar le hAirteagal 30(2) a fheidhmiú nó féadfaidh sé imscrúdú a thionscnamh ar shárú líomhainte ar dhlí an Aontais nó ar an líomhain nár chuir an maoirseoir airgeadais athbhreithnithe dlí an Aontais i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 30c.***

*Airteagal 29*

***Comhordú agus éascú obair na gcoláistí maoirseachta AML/CFT***

1. Áiritheoidh an tÚdarás, laistigh de raon feidhme a chumhachtaí agus gan dochar do chumhachtaí na maoirseoirí airgeadais ábhartha de bhun Airteagal 36 [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM(2021)423], go bhfuil coláistí maoirseachta AML***/CFT*** bunaithe agus ag feidhmiú go comhsheasmhach i gcomhair eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid ag oibriú i roinnt Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 36 [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM(2021)423]. Chuige sin, ***déanfaidh*** an Coimisiún na nithe seo a leanas:

(a) ***idirchaidreamh a dhéanamh leis na maoirseoirí airgeadais ábhartha chun a áirithiú go mbunófar*** na coláistí ***nár*** bunaíodh cé go bhfuil na coinníollacha ábhartha ***dá*** mbunú a leagtar amach in Airteagal 36 [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM(2021)423] á gcomhlíonadh;

(b) cúnamh a thabhairt cruinnithe coláiste a eagrú, arna iarraidh sin do na maoirseoirí airgeadais ábhartha, ***nó cruinniú coláiste a chomóradh ar a rogha féin i gcás ina meastar gur gá sin***;

(c) cúnamh le heagrú comhphleananna maoirseachta agus comhscrúduithe;

(d) ***a áirithiú*** go ndéanfaidh na maoirseoirí airgeadais an fhaisnéis ábhartha go léir ***a bhailiú agus a pháirtiú*** chun obair an choláiste a éascú agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar bhealach inrochtana do na húdaráis ***ábhartha*** sa choláiste;

(e) ***cleachtais*** maoirseachta éifeachtacha agus éifeachtúla a chur chun cinn, lena n-áirítear na rioscaí a mbeidh eintitis faoi oibleagáid faoineamhchosanta orthu, nó a bhféadfadh eintitis faoi oibleagáid a bheith neamhchosanta orthu a mheas;

(f) i gcomhréir leis na cúraimí agus na cumhachtaí a shonraítear sa Rialachán seo, formhaoirseacht a dhéanamh ar na cúraimí a chuireann na maoirseoirí airgeadais i gcrích;

***(fa) cúnamh a chur ar fáil do mhaoirseoirí airgeadais, arna iarraidh sin dóibh go sonrach, lena n-áirítear na hiarrataí idirghabháil a dhéanamh idir maoirseoirí airgeadais, dá dtagraítear in Airteagal 5(3), pointe (g);***

***(fb) easaontais a réiteach, le héifeacht cheangailteach, idir maoirseoirí airgeadais maidir leis na bearta atá le déanamh ag maoirseoirí airgeadais i ndáil le heintiteas faoi oibleagáid, arna iarraidh sin dá dtagraítear in Airteagal 5(3), pointe (ga);***

***(fc) aon chásanna ina n-eascraíonn easpa cleachtais agus gníomhaíochtaí maoirseachta éifeachtacha agus éifeachtúla i gcomhthéacs choláistí maoirseachta AML/CFT as neamhdhóthanacht nó easpa trasuí dhlí an Aontais sa dlí náisiúnta a thuairisciú don Choimisiún.***

***1a. Is é a bheidh i gcoláistí maoirseachta AML/CFT ná comhaltaí buana agus, i gcás ina measann na comhaltaí buana é a bheith riachtanach, breathnóirí. Comhaltaí buana a bheidh san Údarás agus sna comhaltaí buana. Féadfaidh maoirseoirí stuamachta, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach, na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, i gcás inarb ábhartha, maoirseoirí AML/CFT ó thríú tíortha, agus AFAnna agus aon údaráis eile a bheith san áireamh sna breathnóirí de réir mar a mheasann na comhaltaí buana a bheith riachtanach.***

2. Chun críocha mhír 1, beidh cearta rannpháirtíochta iomlána ag baill foirne an Údaráis sna coláistí maoirseachta AML***/CFT***, agus beidh siad in ann páirt a ghlacadh ina ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear cigireachtaí ar an láthair, gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích go comhpháirteach ag beirt mhaoirseoirí airgeadais nó níos mó.

***2a. Déanfaidh coláiste maoirseachta AML/CFT a bunaíodh cheana féin i gcomhréir le hAirteagal 36 [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM(2021)423] a chuid oibre a chur ar fionraí ar feadh na tréimhse ina ndéanfaidh an tÚdarás maoirseacht dhíreach ar an eintiteas ábhartha roghnaithe faoi oibleagáid. Fillfidh an coláiste maoirseachta AML/CFT sin ar a chuid oibre a luaithe nach mbeidh an t-eintiteas ábhartha roghnaithe faoi oibleagáid a thuilleadh ag an Údarás.***

*Airteagal 30*

***Iarrataí ar ghníomhú in imthosca eisceachtúla tar éis tar éis tásca de sháruithe tromchúiseacha, leanúnacha nó córasacha***

1. Fógróidh na maoirseoirí airgeadais don Údarás i gcás ina dtagann meathlú tapa ***nó*** suntasach ar chás aon eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid maidir lena chomhlíonadh le ceanglais is infheidhme agus a neamhchosaint ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, go háirithe i gcás ina bhféadfaí díobháil

shuntasach a dhéanamh do ***shláine an chórais airgeadais nó do*** chlú roinnt Ballstáit nó an Aontais trí chéile mar thoradh ar mheathlú mar sin.

2. Féadfaidh an tÚdarás, i gcás ina bhfaighidh sé tásca ar sháruithe ***tromchúiseacha, leanúnacha nó córasacha*** ag eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid, iarraidh ar a mhaoirseoir airgeadais:

(a) Chun ***na*** sáruithe ***sin*** ar dhlí an Aontais a imscrúdú, agus i gcás ina bhfuil dlí sin an Aontais comhdhéanta de Threoracha, nó i gcás ina dtugann sé roghanna go sainráite do na Ballstáit, sáruithe ar an dlí náisiúnta sa mhéid go dtrasuitear Treoracha leis nó go bhfeidhmítear roghanna do Bhallstáit le dlí an Aontais, ag eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid; agus

(b) breithniú a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a fhorchur i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme go díreach nó leis an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoracha ar an eintiteas sin i dtaca leis na sáruithe sin.

Nuair is gá, féadfaidh an tÚdarás iarraidh ar mhaoirseoir airgeadais cinneadh aonair a ghlacadh a bheadh dírithe ar an eintiteas sin, á cheangal chun gach gníomh is gá a dhéanamh lena chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais atá infheidhme go díreach, nó faoin dlí náisiúnta sa mhéid go dtrasuitear Treoracha nó go bhfeidhmítear roghanna leis a deonaíodh do Bhallstáit le dlí an Aontais, lena n-áirítear scor d'aon chleachtas.

***2a. Féadfaidh an tÚdarás iarrataí den sórt sin a thionscnamh i gcás inar léir go bhféadfadh sáruithe tromchúiseacha, leanúnacha nó córasacha a bheith déanta tar éis faisnéis a bheith curtha ar fáil ag maoirseoirí airgeadais de bhun mhír 1, tríd an sásra tuairiscithe de bhun Airteagal 76a, ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, trína fhaisnéis a bhailiú féin faoi Airteagal 11, faoi Airteagal 11a nó faoi Airteagal 28, nó trí aon fhoinsí faisnéise inchreidte eile.***

***Chun críche na míre seo, bunóidh an Coimisiún nós imeachta chun na coinníollacha agus na socruithe a shainiú lena n-iarrfaidh an Coimisiún ar an Údarás a chumhachtaí faoin Airteagal seo a fheidhmiú i bhfianaise faisnéis a bheidh i seilbh an Choimisiúin.***

3. Comhlíonfaidh an maoirseoir airgeadais lena mbaineann aon iarraidh a thugtar dó i gcomhréir le mír 2, agus cuirfidh sé an tÚdarás ar an eolas, a luaithe is féidir agus laistigh de ***5*** lá oibre ó fhógra na hiarrata sin ar a dhéanaí, faoi na bearta atá déanta aige, nó na bearta atá ar intinn aige a dhéanamh, leis an iarratas sin a chomhlíonadh.

4. I gcás nach gcomhlíonann an maoirseoir airgeadais lena mbaineann leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 2 agus nach gcuireann sé an tÚdarás ar an eolas faoi na bearta atá déanta aige, ná na bearta atá ar intinn aige a dhéanamh, leis an iarraidh a chomhlíonadh laistigh de ***5*** lá ó lá fhógra na hiarrata, féadfaidh an tÚdarás iarraidh ar an gCoimisiún cead a thabhairt chun na cúraimí agus cumhachtaí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6(1) i ndáil le maoirseacht dhíreach an eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid a aistriú ón maoirseoir airgeadais lena mbaineann chuig an Údarás.

5. Beidh an méid seo a leanas san iarraidh ón Údarás ***chuig an gCoimisiún de bhun mhír 3***:

(a) tuairisc ar na sáruithe líomhnaithe ***tromchúiseacha, córasacha nó leanúnacha*** ar na ceanglais is infheidhme go díreach ag eintiteas neamhroghnaithe faoi

oibleagáid sainaitheanta agus réasúnú go dtagann na sáruithe sin laistigh de raon feidhme inniúlacht an Údaráis, de bhun mhír 2;

(b) réasúnú ar an bhfáth nár tháinig aon ghníomhaíocht a glacadh laistigh den teorainn ama a shocraítear i mír 3 mar thoradh ar an iarraidh chuig an maoirseoir airgeadais dá dtagraítear i mír 2;

(c) teorainn ama, nach mó ná 3 bliana, d'aistriú iarrtha na gcúraimí agus na gcumhachtaí ábhartha;

(d) tuairisc ar na bearta atá ar intinn ag an Údarás a ghlacadh i ndáil leis an eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid ar aistriú na gcúraimí agus na gcumhachtaí ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar na sáruithe ábhartha dá dtagraítear i mír 2.

6. Beidh ***10 lá oibre*** ag an gCoimisiún ó dháta fála na hiarrata ón Údarás chun cinneadh a ghlacadh an dtabharfar údarú d'aistriú na gcúraimí agus na gcumhachtaí ábhartha nó an gcuirfear ina choinne. ***Tabharfaidh an Coimisiún údar cuí le cinneadh cur i gcoinne na hiarrata ón Údarás, chomh maith le cinneadh chun an t-aistriú a údarú.*** Fógrófar an cinneadh chuig an Údarás, a chuirfidh an maoirseoir airgeadais agus an t-eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid ar an eolas go láithreach faoi sin***. Cuirfear an cinneadh sin in iúl freisin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Poibleofar cinneadh lena n-údarófar na cúraimí agus na cumhachtaí ábhartha a aistriú ón maoirseoir airgeadais chuig an Údarás.***

7. ***24 uair an chloig*** tar éis fógra an chinnidh lena n-údaraítear aistriú na gcúraimí agus na gcumhachtaí i ndáil leis an eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid, measfar an t-eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid dá dtagraítear i mír 2 a bheith ina eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid chun críocha fheidhmiú na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus in Airteagail 16 go 22. Socrófar leis an gcinneadh ón gCoimisiún teorainn ama d'fheidhmiú na gcúraimí agus na gcumhachtaí sin, a n-aistreofar ar ais chuig an maoirseoir airgeadais lena mbaineann go huathoibríoch iad ar dhul in éag na teorann ama sin.

***Airteagal 30 a***

***Iarrataí ar ghníomhú in imthosca eisceachtúla arna iarraidh sin ag maoirseoir airgeadais***

***1. Déanfaidh an tÚdaras, tar éis iarraidh a fháil ó mhaoirseoir airgeadais, a mheas cibé acu is gá nó nach gá maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid i gcomhréir leis an Rialachán seo chun a áirithiú go gcuirfear ardchaighdeáin mhaoirseachta i bhfeidhm go comhsheasmhach.***

***Féadfaidh na Ballstáit socruithe sonracha a leagan amach maidir le tarmligean freagrachtaí nach mór a chomhlíonadh sula ndéanfaidh a gcuid údarás inniúil comhaontuithe den sórt sin maidir le tarmligean agus féadfaidh siad raon feidhme an tarmligin a theorannú do na nithe is gá chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar rannpháirtithe margaidh airgeadais trasteorann nó ar ghrúpaí airgeadais trasteorann.***

***2. Déanfar gach ceann de na nithe seo a leanas leis an iarraidh ón maoirseoir airgeadais:***

*(a)* *an t-eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid a shainaithint ar ina leith atá an maoirseoir airgeadais den tuairim gur cheart don Údarás maoirseacht dhíreach a ghlacadh;*

*(b)* *Luafar na cúiseanna a bhfuil gá le maoirseacht dhíreach AML/CFT ar an eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid chun a áirithiú go gcuirfear ardchaighdeáin mhaoirseachta i bhfeidhm go comhsheasmhach;*

*(c)* *an ré atá beartaithe don aistriú arna iarraidh do na cúraimí agus na cumhachtaí ábhartha a shainaithint.*

*3.* *Beidh tuarascáil ag gabháil le hiarraidh an mhaoirseora airgeadais ina léireofar stair mhaoirseachta agus próifíl riosca an eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid a sainaithníodh san iarraidh ón maoirseoir airgeadais.*

*4.* *Mura n-aontaíonn an tÚdarás le hiarraidh an mhaoirseora airgeadais, rachaidh sé i gcomhairle leis an maoirseoir airgeadais sin roimh a mheasúnú deiridh faoi cibé an bhfuil gá le maoirseacht AML/CFT ag Údarás an eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na n-ardchaighdeán maoirseachta a áirithiú.*

*Airteagal 30b*

*Easaontais idir údaráis inniúla i staideanna trasteorann a réiteach*

*1.* *Gan dochar do na cumhachtaí a leagtar síos i Roinn III agus dóibh siúd a shonraítear i dTreoir [cuir isteach tagairt don 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac], féadfaidh an tÚdarás cúnamh a thabhairt do mhaoirseoirí airgeadais teacht ar chomhaontú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 2 go 4 den Airteagal seo arna iarraidh sin do mhaoirseoir airgeadais amháin nó níos mó i gcás nach n-aontaíonn maoirseoir airgeadais le nós imeachta nó inneachar gníomhaíochta, gníomhaíochta atá beartaithe, nó neamhghníomhaíochta maoirseoir airgeadais eile.*

*2.* *Déanfaidh na maoirseoirí airgeadais fógra a thabhairt don Údarás gan moill mhíchuí nár baineadh comhaontú amach sna cásanna seo a leanas:*

*(a)* *i gcás ina mbeidh foráil i ndlí an Aontais maidir le teorainn ama ina ndéanfar comhaontú idir na maoirseoirí airgeadais agus i gcás ina dtarlóidh ceann de na nithe seo a leanas:*

*(i)* *tá an sprioc-am dulta in éag; or*

*(ii)* *cinneadh a bheith déanta ag maoirseoir airgeadais go bhfuil easaontas ann, ar bhonn cúiseanna oibiachtúla;*

*(b)* *i gcás nach mbeidh aon fhoráil sna gníomhartha reachtacha de chuid an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 1(2), maidir le teorainn ama ina ndéanfar comhaontú idir na maoirseoirí airgeadais agus i gcás ina dtarlóidh ceachtar díobh seo a leanas:*

*(i)* *cinneadh a bheith déanta ag maoirseoir airgeadais go bhfuil easaontas ann, ar bhonn cúiseanna oibiachtúla; or*

*(ii) dhá mhí a bheith caite ón dáta a fuair maoirseoir airgeadais iarraidh ó mhaoirseoir airgeadais eile gníomhaíocht áirithe a dhéanamh chun na gníomhartha reachtacha sin a chomhlíonadh agus nach mbeidh cinneadh a shásódh an iarraidh glactha fós ag an maoirseoir a fuair an iarraidh.*

*3. Measúnóidh an Bord Feidhmiúcháin an cheist ar cheart don Údarás gníomhú i gcomhréir le mír 1.*

*4. Déanfaidh an tÚdarás teorainn ama a leagan síos don idir-réiteach idir na maoirseoirí airgeadais, agus aon teorainneacha ama ábhartha a shonraítear i ndlí an Aontais agus castacht agus práinn an ábhair á gcur san áireamh. Chun críocha na céime idir-réitigh, gníomhóidh an tÚdarás mar idirghabhálaí.*

*5. Más rud é, le linn na céime idir-réitigh dá dtagraítear i mír 4, nár tháinig na maoirseoirí airgeadais lena mbaineann ar chomhaontú, féadfaidh an tÚdarás cinneadh a dhéanamh lena gcuirfear de cheangal ar na maoirseoirí sin gníomhaíocht shonrach a dhéanamh nó staonadh ó ghníomhaíocht chun an t-ábhar a réiteach, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais. Beidh cinneadh ón Údarás ceangailteach ar na maoirseoirí airgeadais lena mbaineann. Féadfaidh ceanglas a bheith sa chinneadh ón Údarás gur gá do na maoirseoirí airgeadais cinneadh a ghlac siad a chúlghairm nó a leasú nó úsáid a bhaint as na cumhachtaí atá acu faoi dhlí ábhartha an Aontais.*

*Tabharfaidh an tÚdarás fógra do na maoirseoirí airgeadais lena mbaineann gur cuireadh i gcrích nósanna imeachta faoi mhíreanna 4 agus 5, agus, i gcás inarb infheidhme, an cinneadh a rinne sé faoi mhír 5.*

*6. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin de bhun Airteagal 258 CFAE, i gcás nár chomhlíon maoirseoir airgeadais cinneadh an Údaráis agus, ar an dóigh sin, gur mhainnigh sé a áirithiú go gcomhlíonfadh institiúid airgeadais nó, i gcomhthéacs gnóthaí a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, go gcomhlíonfadh oibreoir san earnáil airgeadais na ceanglais atá infheidhme go díreach maidir leo de bhua dhlí ábhartha an Aontais, féadfaidh an tÚdarás cinneadh ar leith a ghlacadh a bheidh dírithe ar an institiúid airgeadais sin nó ar an oibreoir sin san earnáil airgeadais á cheangal orthu an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a gcuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear scor d'aon chleachtas faoi leith.*

*Féadfaidh an tÚdarás cinneadh a ghlacadh freisin i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo i gcás nach bhfuil ceanglais ábhartha dhlí ábhartha an Aontais infheidhme go díreach maidir le hoibreoirí san earnáil airgeadais. Chun na críche sin, cuirfidh an tÚdarás dlí ábhartha an Aontais i bhfeidhm agus, sa chás go bhfuil dlí sin an Aontais comhdhéanta de Threoracha, cuirfidh sé i bhfeidhm dlí náisiúnta sa mhéid go dtrasuitear na Treoracha sin léi. Sa chás go bhfuil dlí ábhartha an Aontais comhdhéanta de Rialacháin, agus sa chás go dtugann na Rialacháin sin roghanna do Bhallstáit go sonrach, cuirfidh an tÚdarás, ina theannta sin, dlí náisiúnta i bhfeidhm a mhéid a feidhmíodh roghanna den sórt sin.*

*7. Beidh forlámhas ag cinntí a ghlactar faoi mhír 6 ar aon chinneadh arna ghlacadh roimhe sin ag na maoirseoirí airgeadais maidir leis an ábhar céanna. Beidh aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh na maoirseoirí airgeadais maidir le fíorais atá faoi réir cinnidh de bhun mhír 5 nó mhír 6 comhoiriúnach leis na cinntí sin.*

***8.	Sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 72, leagfaidh Cathaoirleach an Údaráis amach nádúr agus cineál na n-eastaontas atá ann idir na maoirseoirí airgeadais, na comhaontuithe ar thángthas orthu agus na cinntí a rinneadh chun na heasaontais sin a réiteach.***

***Airteagal 30c***

***Sárú ar dhlí an Aontais***

***1.	I gcás nár chuir údarás maoirseachta bearta i bhfeidhm a leagtar síos i dTreoir [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac — COM/2021/423 final] nó i bhforálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin, nó i gcás inar chuir sé bearta i bhfeidhm ar bhealach ar cosúil gur sárú ar dhlí an Aontais é, go háirithe trí mhainneachtain a áirithiú go gcomhlíonann eintiteas atá faoina mhaoirseacht na ceanglais a leagtar síos i Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac – COM/2021/420 final], gníomhóidh an tÚdarás i gcomhréir leis na cumhachtaí a leagtar amach i míreanna 2, 3, 4, 6 agus 7 den Airteagal seo.***

***2.	Ar iarraidh ó údarás maoirseachta amháin nó níos mó, nó ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, nó dá thionscnamh féin, lena n-áirítear nuair a bheidh an fhaisnéis sin bunaithe ar fhaisnéis a bhfuil bunús maith léi ó dhaoine nádúrtha nó ó dhaoine dlítheanacha, tar éis dó an t-údarás maoirseachta lena mbaineann a chur ar an eolas, tabharfaidh an tÚdarás freagra ar an iarraidh trína mhíniú cén chaoi a bhfuil a bhfuil sé beartaithe aige leanúint ar aghaidh leis an gcás, agus, i gcás inarb iomchuí, imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhainte ar dhlí an Aontais nó ar an líomhain nár cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm.***

***Cuirfidh an t-údarás maoirseachta, gan mhoill, gach faisnéis ar fáil don Údarás a bhreithníonn an tÚdarás gá a bheith léi dá imscrúdú lena n-áirítear maidir leis an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm na gnímh dá dtagraítear in Airteagal 1 i gcomhréir le dlí an Aontais.***

***Nuair a chruthaítear nó a mheastar nach leordhóthanach faisnéis a iarraidh ón údarás maoirseachta chun an fhaisnéis a mheastar is gá chun críocha imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhnaithe ar dhlí an Aontais nó ar an líomhain nár cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm, féadfaidh an tÚdarás, tar éis dó an t-údarás maoirseachta a chur ar an eolas, iarraidh ar fhaisnéis, a bhfuil údar cuí léi agus atá réasúnaithe go cuí, a dhíriú go díreach chuig údaráis mhaoirseachta eile. Soláthróidh seolaí iarrata den sórt sin, gan moill mhíchuí, faisnéis shoiléir chruinn iomlán don Údarás.***

***3.	Féadfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná 6 mhí ó dháta tionscnaimh a imscrúdaithe, moladh a dhíriú chuig an údarás maoirseachta faoi réir imscrúdú, ar moladh é ina leagfar amach an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun dlí an Aontais a chomhlíonadh.***

***Sula n-eiseoidh an tÚdarás moladh mar sin, rachaidh an tÚdarás i gcomhar leis an údarás maoirseachta, i gcás ina mbreithneoidh sé gurb iomchuí an comhar sin chun sárú ar dhlí an Aontais a réiteach, féachaint le socrú a fháil maidir leis na***

*gníomhaíochtaí is gá chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás maoirseachta dlí an Aontais.*

*Déanfaidh an t-údarás maoirseachta, laistigh de 10 lá oibre ón moladh a fháil, na bearta atá déanta aige nó a bheartaíonn sé a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais a chur in iúl don Údarás.*

*4.* *I gcás nach mbeidh dlí an Aontais á chomhlíonadh ag an údarás maoirseachta laistigh de mhí amháin ó dháta faighte mholadh an Údaráis, féadfaidh an Coimisiún, tar éis don Údarás é a chur ar an eolas faoi sin, nó ar a thionscnamh féin, tuairim fhoirmiúil a eisiúint á cheangal ar an údarás maoirseachta an ghníomhaíocht a dhéanamh is gá chun dlí an Aontais a chomhlíonadh. Cuirfear moladh an Údaráis san áireamh i dtuairim fhoirmiúil an Choimisiúin.*

*Déanfaidh an Coimisiún tuairim fhoirmiúil den sórt sin a eisiúint laistigh de 3 mhí ón dáta a ghlacfar an moladh. Féadfaidh an Coimisiún síneadh míosa a chur leis an tréimhse sin.*

*Déanfaidh an tÚdarás agus an t-údarás maoirseachta gach faisnéis is gá a sholáthar don Choimisiún.*

*5.* *Laistigh de 10 lá oibre ón tuairim fhoirmiúil dá dtagraítear i mír 4 a fháil, cuirfidh an t-údarás maoirseachta an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas faoi na bearta atá déanta aige nó atá a bheartaíonn sé a dhéanamh chun an tuairim fhoirmiúil sin a chomhlíonadh.*

*6.* *I gcás nach gcomhlíonfaidh údarás maoirseachta an tuairim fhoirmiúil laistigh den tréimhse a shonraítear ann, agus i gcás inar gá an neamhchomhlíonadh sin a leigheas go tráthúil chun sláine, cobhsaíocht agus clú an chórais airgeadais a bhaint amach nó a athbhunú, féadfaidh an tÚdarás cinneadh ar leith a ghlacadh a bheidh dírithe ar eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid á cheangal air gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Chun na críche sin, cuirfidh an tÚdarás dlí ábhartha an Aontais i bhfeidhm ina iomláine agus, sa chás go bhfuil dlí sin an Aontais comhdhéanta de Threoracha, cuirfidh sé i bhfeidhm an dlí náisiúnta sa mhéid go dtrasuitear na Treoracha sin léi. Sa chás go bhfuil dlí ábhartha an Aontais comhdhéanta de Rialacháin, agus sa chás go dtugann na Rialacháin sin roghanna do Bhallstáit go sonrach, cuirfidh an tÚdarás, ina theannta sin, dlí náisiúnta i bhfeidhm a mhéid a feidhmíodh roghanna den sórt sin.*

*Beidh cinneadh an Údaráis ar comhréir leis an tuairim fhoirmiúil arna heisiúint ag an gCoimisiún de bhun mhír 4.*

*7.* *Beidh forlámhas ag cinntí a ghlactar i gcomhréir le mír 6 ar aon chinneadh a rinne na húdaráis inniúla roimhe sin maidir leis an ábhar céanna.*

*Nuair a bheidh gníomhaíocht á déanamh maidir le saincheisteanna atá faoi réir tuairime foirmiúla de bhun mhír 5, nó faoi réir cinnidh de bhun mhír 6, comhlíonfaidh na húdaráis mhaoirseachta an tuairim fhoirmiúil nó an cinneadh, de réir mar is infheidhme.*

## ROINN 5

## FORMHAOIRSEACHT AR AN EARNÁIL NEAMHAIRGEADAIS

*Airteagal 31*

***Athbhreithnithe piaraí***

1. Déanfaidh an tÚdarás athbhreithnithe piaraí go tréimhsiúil ar chuid de ghníomhaíochtaí na maoirseoirí neamhairgeadais nó orthu go léir chun an chomhsheasmhacht agus an éifeachtacht sna torthaí maoirseachta a dhaingniú. Chun na críche sin, forbróidh an tÚdarás modhanna chun gur féidir measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar na maoirseoirí neamhairgeadais a ndéantar athbhreithniú orthu agus comparáid oibiachtúil a dhéanamh eatarthu.▌

2. ***Déanfaidh*** foireann ***an*** Údaráis ***na hathbhreithnithe piaraí i gcomhar leis an bhfoireann ábhartha de chuid na maoirseoirí neamhairgeadais***.

3. Déanfar na nithe seo a leanas a mheasúnú san athbhreithniú piaraí, ach ní bheidh an t-athbhreithniú teoranta dóibh sin amháin:

   (a) leordhóthanacht na gcumhachtaí agus na n-acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla, méid an neamhspleáchais, na socruithe rialachais agus na caighdeáin ghairmiúla de chuid an mhaoirseora neamhairgeadais chun cur i bhfeidhm éifeachtach Chaibidil IV a áirithiú [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM (2021)423];

   (b) an éifeachtacht agus méid an chóineasaithe a bhaintear amach i dtaca le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus i dtaca le cleachtas maoirseachta, agus a mhéid a dhéantar na cuspóirí a leagtar amach i ndlí an Aontais a bhaint amach tríd an gcleachtas maoirseachta;

   (c) cur i bhfeidhm na ndea-chleachtas arna bhforbairt ag na maoirseoirí neamhairgeadais a d'fhéadfadh dul chun tairbhe do mhaoirseoirí neamhairgeadais eile dá nglacfaí iad;

   (d) an éifeachtacht agus méid an chóineasaithe a bhaintear amach i ndáil le forfheidhmiú na bhforálacha arna nglacadh le linn dlí an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta riaracháin eile arna bhforchur ar dhaoine freagracha i gcás nach ndéanfar na forálacha sin a chomhlíonadh.

4. Ullmhóidh an tÚdarás tuarascáil ina leagfar amach torthaí an athbhreithnithe piaraí. Ullmhóidh ***foireann an Údaráis*** an tuarascáil athbhreithnithe piaraí sin***, i gcomhar le foireann ábhartha na maoirseoirí neamhairgeadais,*** agus glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin í, ***agus roinnfidh an Bord Feidhmiúcháin í go tráthúil leis an maoirseoir neamhairgeadais atá faoi*** athbhreithniú▌. Tabharfar míniú agus léiriú sa tuarascáil ar na bearta leantacha a mheastar a bheith iomchuí, comhréireach agus riachtanach de thoradh an athbhreithnithe piaraí. Féadfar na bearta leantacha sin a ghlacadh i bhfoirm treoirlínte agus moltaí de bhun Airteagal ***43*** agus i bhfoirm tuairimí de bhun Airteagal 44. I gcomhréir le hAirteagal 43, déanfaidh na maoirseoirí neamhairgeadais a ndícheall aon treoirlínte agus aon mholtaí eisithe a chomhlíonadh.

***Tarchuirfidh an tÚdarás na tuarascálacha sin gan mhoill, ar bhonn rúnda, chuig Parlaimint na hEorpa ar a laghad.***

5. Déanfaidh an tÚdarás torthaí an athbhreithnithe piaraí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, agus tuairim a chur faoi bhráid an Choimisiúin más rud é, ag féachaint do thoradh an athbhreithnithe piaraí nó d'aon fhaisnéis eile a fuair an tÚdarás agus a chúraimí á ndéanamh aige, go mbreithníonn sé gur ghá rialacha an Aontais is infheidhme maidir le heintitis faoi oibleagáid san earnáil neamhairgeadais nó maidir le maoirseoirí neamhairgeadais a chomhchuibhiú a thuilleadh ó thaobh an Aontais de.

6. Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil leantach ar fáil 2 bhliain tar éis fhoilsiú na tuarascála maidir le hathbhreithniú piaraí. Ullmhóidh ***foireann an Údaráis*** an tuarascáil leantach***, i gcomhar le foireann ábhartha na maoirseoirí neamhairgeadais,*** agus glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin í, ***agus roinnfidh an Bord Feidhmiúcháin í go tráthúil leis an maoirseoir neamhairgeadais atá faoi*** athbhreithniú▌. Cuimseofar sa tuarascáil leantach measúnú ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a rinne na maoirseoirí neamhairgeadais a bhí faoi réir an athbhreithnithe piaraí mar fhreagairt ar bhearta leantacha na tuarascála maidir le hathbhreithniú piaraí. Déanfaidh an tÚdarás torthaí na tuarascála leantaí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

7. Chun críocha an Airteagail seo, glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin plean oibre d'athbhreithniú piaraí gach 2 bhliain, ina léireofar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na próisis athbhreithnithe piaraí a bhí ann roimhe seo mar aon le pléití a rinneadh sa Bhord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta. Cuid ar leithligh den chlár oibre bliantúil agus ilbhliantúil a bheidh sa phlean oibre d'athbhreithniú piaraí, agus áireofar sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair é. I gcás práinne nó teagmhais gan choinne, féadfaidh an tÚdarás cinneadh athbhreithnithe piaraí breise a dhéanamh.

8. Nuair is iad comhlachtaí féinrialála a dhéanann an mhaoirseacht, áireofar sa chleachtadh maidir le hathbhreithniú piaraí an measúnú ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht na mbeart de bhun Airteagal 38 de [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM (2021)423] a dhéanann an t-údarás poiblí i gceannas ar mhaoirseacht na gcomhlachtaí sin chun a áirithiú go ndéanann siad a bhfeidhm de réir na gcaighdeáin a cheanglaítear de réir dhlí an Aontais.

9. ***Nuair a bhaineann athbhreithniú piaraí le BRAnna***, ***tabharfar*** cuireadh d'ionadaithe ***BRAnna*** páirt a ghlacadh san athbhreithniú piaraí sin.

***Airteagal 31 a***

***Coláistí maoirseachta AML/CFT a bhunú san earnáil neamhairgeadais***

***1. Tar éis 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm Threoir [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac – COM/2021/423final], féadfaidh an tÚdarás, laistigh de raon feidhme a chumhachtaí agus gan dochar do chumhachtaí na n-údarás maoirseachta ábhartha de bhun Airteagail 34 agus 34a de Threoir [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac – COM/2021/423final], a chinneadh coláistí maoirseachta AML/CFT a bhunú, agus a bhfeidhmiú comhsheasmhach a áirithiú, d'eintitis faoi oibleagáid san earnáil neamhairgeadais atá ag feidhmiú i gceithre Bhallstát ar a laghad agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil EUR 200 milliún euro ar a laghad acu ar fud an Aontais.***

2. ***Chuige sin, féadfaidh an tÚdarás:***

***(a) cruinnithe choláistí maoirseachta AML/CFT a thionól agus a eagrú i gcás ina measfar gurb iomchuí sin;***

***(b) cúnamh a thabhairt cruinnithe coláiste maoirseachta AML/CFT a eagrú, arna iarraidh sin do na húdaráis mhaoirseachta ábhartha, nó cruinniú coláiste a chomóradh ar a rogha féin i gcás ina meastar gur gá sin;***

***(c) a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta an fhaisnéis ábhartha go léir a bhailiú agus a pháirtiú chun obair an choláiste maoirseachta AML/CFT a éascú agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar bhealach inrochtana do na húdaráis ábhartha sa choláiste;***

***(d) cleachtais mhaoirseachta éifeachtacha agus éifeachtúla a chur chun cinn, lena n-áirítear na rioscaí a mbeidh eintitis faoi oibleagáid faoineamhchosanta orthu, nó a bhféadfadh eintitis faoi oibleagáid a bheith neamhchosanta orthu a mheas;***

***(e) idirghabháil a dhéanamh agus cúnamh a thabhairt chun coinbhleachtaí a réiteach idir údaráis mhaoirseachta rannpháirteacha arna iarraidh sin dóibh;***

***(f) i gcomhréir leis na cúraimí agus na cumhachtaí a shonraítear sa Rialachán seo, maoirsiú a dhéanamh ar an cúraimí a chuireann na húdaráis mhaoirseachta i gcrích;***

***(g) cásanna a shainaithint ina n-eascraíonn easpa cleachtais agus gníomhaíochtaí maoirseachta éifeachtacha agus éifeachtúla i gcomhthéacs choláistí maoirseachta AML/CFT as neamhdhóthanacht nó easpa trasuí dhlí an Aontais sa dlí náisiúnta agus na cásanna sin a thuairisciú mar is cuí don Choimisiún.***

3. ***Féadfar coláistí maoirseachta AML/CFT a úsáid chun faisnéis a mhalartú, cúnamh frithpháirteach a sholáthar agus, i gcás inarb iomchuí, an cur chuige maoirseachta i leith an eintitis faoi oibleagáid a chomhordú, lena n-áirítear bearta iomchuí agus comhréireacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe tromchúiseacha ar cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac – COM/2021/420 final] a bhraitear i ndlínse maoirseoirí atá rannpháirteach i gcoláiste maoirseachta AML/CFT.***

4. ***Beidh coláistí maoirseachta AML/CFT comhdhéanta de bhuanchomhaltaí, lena n-áirítear an tÚdarás agus maoirseoirí neamhairgeadais, agus, nuair a chomhaontóidh siad d'aon toil iad, breathnóirí.***

***Más rud é, de bhun Airteagal 29(3) de Threoir [cuir isteach tagairt do AMLD6], go gceadaíonn na Ballstáit do BRAnna maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (3)(a) agus (b) de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac – COM/2021/420 final], is iad na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta faoi seach, de bhun Airteagal 38 de Threoir [cuir isteach tagairt do AMLD6], na comhaltaí buana.***

5. ***Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le BRAnna, lena n-áirítear BRAnna a dhéanann maoirseacht ar eintitis faoi oibleagáid a fheidhmíonn gairm dlí neamhspleách nó ar sealbhóirí oifige poiblí iad arna gceapadh ag an rialtas chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú.***

*Airteagal 32*

***Cumhachtaí thar údaráis mhaoirseachta san earnáil neamhairgeadais***

1. I gcás nach bhfuil na gníomhartha Comhphobail ná an reachtaíocht náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) curtha i bhfeidhm ag údarás maoirseachta san earnáil neamhairgeadais, nó i gcás ina bhfuil siad curtha i bhfeidhm aige ar bhealach ar dealraitheach ina leith gur sárú ar dhlí an Aontais é, go háirithe trí mhainneachtain a áirithiú go sásaíonn eintiteas faoina mhaoirseacht nó faoina fhormhaoirseacht na ceanglais a leagtar síos sna gníomhartha sin nó sa reachtaíocht sin, gníomhóidh an tÚdarás i gcomhréir leis na cumhachtaí a leagtar amach i míreanna 2, 3, 4, 6 agus 7 den Airteagal seo.

2. Ar iarraidh ó údarás maoirseachta amháin nó níos mó san earnáil airgeadais, nó ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, nó dá thionscnamh féin, lena n-áirítear nuair a bheidh an fhaisnéis sin bunaithe ar fhaisnéis a bhfuil bunús maith léi ó dhaoine nádúrtha nó ó dhaoine dlítheanacha, agus tar éis dó an t-údarás maoirseachta san earnáil airgeadais lena mbaineann a chur ar an eolas, tabharfaidh an tÚdarás achoimre ar a bhfuil ar intinn aige chun leanúint ar aghaidh leis an gcás, agus, i gcás inarb iomchuí, imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhnaithe ar dhlí an Aontais nó ar an líomhain nár cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm.

   Cuirfidh an t-údarás maoirseachta, gan mhoill, gach faisnéis ar fáil don Údarás a bhreithníonn an tÚdarás gá a bheith léi dá imscrúdú lena n-áirítear faisnéis faoin gcaoi ina ngníomhaíonn an tAontas nó ina gcuirtear i bhfeidhm an reachtaíocht dá dtagraítear in Airteagal 1(2) i gcomhréir le dlí an Aontais.

   Nuair a chruthaítear nó a mheastar nach leordhóthanach faisnéis a iarraidh ón údarás maoirseachta lena mbaineann chun an fhaisnéis a mheastar is gá chun críocha imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhnaithe ar dhlí an Aontais nó ar an líomhain nár cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm, féadfaidh an tÚdarás, tar éis dó an t-údarás maoirseachta a chur ar an eolas, iarraidh ar fhaisnéis, a bhfuil údar cuí léi agus atá réasúnaithe go cuí, a dhíriú go díreach chuig údaráis mhaoirseachta eile.

   Soláthróidh seolaí iarrata den sórt sin faisnéis shoiléir chruinn iomlán don Údarás go pras agus gan aon mhoill mhíchuí.

3. Féadfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná 6 mhí óna imscrúdú a thionscnamh, moladh a dhíriú chuig an údarás maoirseachta san earnáil neamhairgeadais lena mbaineann, ar moladh é ina leagfar amach an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun dlí an Aontais a chomhlíonadh.

   Sula n-eiseoidh an tÚdarás moladh mar sin, rachaidh an tÚdarás i gcomhar leis an údarás maoirseachta lena mbaineann, i gcás ina mbreithneoidh sé gurb iomchuí an comhar sin chun sárú ar dhlí an Aontais a réiteach, féachaint le socrú a fháil maidir leis na gníomhaíochtaí is gá chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás maoirseachta dlí an Aontais.

   Déanfaidh an t-údarás maoirseachta san earnáil neamhairgeadais, laistigh de 10 lá oibre ón moladh a fháil, na bearta atá déanta aige nó a bheartaíonn sé a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais a chur in iúl don Údarás.

4. I gcás nach mbeidh dlí an Aontais á chomhlíonadh ag an údarás maoirseachta san earnáil neamhairgeadais laistigh de mhí amháin ó mholadh an Údaráis a fháil,

féadfaidh an Coimisiún, tar éis don Údarás é a chur ar an eolas, nó ar a thionscnamh féin, tuairim fhoirmiúil a eisiúint á cheangal ar an údarás maoirseachta san earnáil neamhairgeadais an ghníomhaíocht a dhéanamh is gá chun dlí an Aontais a chomhlíonadh. Cuirfear moladh an Údaráis san áireamh i dtuairim fhoirmiúil an Choimisiúin.

Déanfaidh an Coimisiún tuairim fhoirmiúil den sórt sin a eisiúint laistigh de 3 mhí tar éis an trátha a nglacfar an moladh. Féadfaidh an Coimisiún síneadh aon mhí amháin a chur leis an tréimhse sin.

Déanfaidh an tÚdarás agus an t-údarás maoirseachta gach faisnéis is gá a chur ar fáil don Choimisiún.

5. Laistigh de 10 lá oibre ón tuairim fhoirmiúil dá dtagraítear i mír 5 a fháil, cuirfidh an t-údarás inniúil an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas faoi na bearta atá déanta aige nó a bheartaíonn sé a dhéanamh chun an tuairim fhoirmiúil sin a chomhlíonadh.

6. I gcás ina ndíreofar an tuairim fhoirmiúil dá dtagraítear i mír 4 chuig údarás maoirseachta ar údarás poiblí a dhéanann formhaoirsiú ar chomhlacht féinrialála é, agus i gcás nach bhfuil an tuairim fhoirmiúil á comhlíonadh aige laistigh den tréimhse ama a shonraítear sa tuairim sin, ***go háirithe más riosca tromchúiseach do chóras maoirseachta an Aontais é an neamhghníomhaíocht,*** agus i gcás inar gá an neamhchomhlíonadh sin a leigheas ar bhealach tráthúil, féadfaidh an tÚdarás cinneadh a ghlacadh ***chun a áirithiú go gcomhlíonfar*** dlí an Aontais ***is infheidhme***.

***I gcás ina gceadóidh na Ballstáit do BRAnna maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (3)(a) agus (b), de Rialachán [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhracc — COM/2021/420 final], féadfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta faoi seach iarraidh chuí-réasúnaithe ar mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo a sheoladh má mheasann an t-údarás formhaoirseachta go gcuireann cur i bhfeidhm na hiarrata sin isteach ar neamhspleáchas na mbreithiúna. Beidh éifeacht fionraíochta ag an iarraidh ar chinneadh an Údaráis go dtí go nglacfaidh an Coimisiún freagra foirmiúil. Is chuig an gCoimisiún a sheolfar an iarraidh agus roinnfear leis an Údarás í. Tabharfaidh an Coimisiún freagra foirmiúil uirthi laistigh de 10 lá oibre.***

Beidh cinneadh an Údaráis ar comhréir leis an tuairim fhoirmiúil arna heisiúint ag an gCoimisiún de bhun mhír 4.

7. Beidh forlámhas ag cinntí a ghlactar i gcomhréir le mír 6 ar aon chinneadh a rinne na húdaráis inniúla roimhe sin maidir leis an ábhar céanna.

Nuair a bheidh gníomhaíocht á déanamh maidir le saincheisteanna atá faoi réir tuairime foirmiúla de bhun mhír 5, nó faoi réir cinnidh de bhun mhír 7, comhlíonfaidh na húdaráis mhaoirseachta an tuairim fhoirmiúil nó an cinneadh, de réir mar a bheidh.

## ROINN 6

## SÁSRA UM THACAÍOCHT AGUS UM CHOMHORDÚ DO AFANNA

### *Airteagal -33*

### *Sásra na AFAnna um Thacaíocht agus um Chomhordú*

***1. Beidh an tÚdarás agus AFAnna ina Sásra um Thacaíocht agus um Chomhordú do AFAnna. Oibreoidh an tÚdarás agus AFAnna le chéile agus comhoibreoidh siad le chéile a mhéid is féidir chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta sa mhargadh inmheánach a chosc, a bhrath agus a chomhrac go héifeachtach.***

***Déanfaidh na AFAnna agus an tÚdarás a gcúraimí agus a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an dlí Aontais agus náisiúnta is infheidhme.***

***2. Glacfaidh AFAnna páirt i ngníomhaíochtaí an tSásra um Thacaíocht agus um Chomhordú do AFAnna, agus rannchuideoidh siad leis na gníomhaíochtaí sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an dlí Aontais eile is infheidhme. Déanfaidh siad an méid seo a leanas, go háirithe:***

***(a) a bheith in ann páirt a ghlacadh in anailísí comhpháirteacha mar chuid lárnach dá gcúraimí, agus i ngníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ag an Údarás de bhun a shainordaithe;***

***(b) cuirfidh siad ar fáil don Údarás na sonraí agus an fhaisnéis ábhartha is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh, mar aon le tásca an Údaráis a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le dlí eile Aontais is infheidhme.***

***Déanfar an fhaisnéis go léir a fhaightear trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí an Údaráis a chumhdach faoi na hoibleagáidí rúndachta is déine.***

***3. Déanfaidh an tÚdarás comhar idir AFAnna a chur chun cinn trí bhíthin treoirlínte agus moltaí de bhun Airteagal 43, nó trí shocruithe praiticiúla, i gcás inarb iomchuí.***

***Féadfaidh AFA an tÚdarás a chur ar an eolas i gcás easaontais le AFA eile. Sa chás sin, gníomhóidh an tÚdarás mar idirghabhálaí.***

### *Airteagal -33 a*

### *Comhar laistigh den Sásra um Thacaíocht agus um Chomhordú do AFAnna*

***1. Tacóidh an tÚdarás le AFAnna ó thaobh na gcúraimí seo a leanas:***

***(a) tacú le hanailísí comhpháirteacha atá le déanamh i gcomhar leis na AFAnna ábhartha, iad a chomhordú agus, i gcás inar gá, iad a stiúradh, de bhun Airteagal 33 agus Airteagal 5(5), pointí (a) go (d), agus modhanna agus nósanna imeachta a fhorbairt chun a bpleanáil, a n-eagrú agus a gcur i gcrích a chomhordú agus a éascú;***

***(b) tacú le comhar i measc AFAnna, de bhun Airteagal 5(5), pointe (a), agus Airteagal 36 den Rialachán seo agus Airteagal 24 de [Oifig na bhFoilseachán,***

***cuir isteach an chéad uimhir eile a ghabhann le AMLD, COM(2021)423] go háirithe trí dhea-chleachtais, modhanna agus formáidí a fhorbairt;***

***(c)*** ***saineolas a fhorbairt maidir le modhanna anailíse, scaipthe agus braite, de bhun Airteagal 5(5), pointe (f);***

***(d)*** ***critéir a fhorbairt chun cásanna trasteorann a cheanglaítear ar AFAnna a roinnt, de bhun Airteagal 24 de [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an chéad uimhir eile a ghabhann le AMLD, COM(2021)423], a shainaithint;***

***(e)*** ***táscairí, formáidí, inneachar chun STRanna a bhrath agus a thuairisciú de bhun Airteagal 50 de Rialachán [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an chéad uimhir eile a ghabhann le AMLR, COM(2021)420] agus nochtaí eile a fhaigheann AFAnna a ullmhú;***

***(f)*** ***bainistiú, cothabháil agus nuashonrú FIU.net agus forbairt seirbhísí agus uirlisí TF agus intleachta saorga a leanúint le haghaidh comhroinnt shlán faisnéise, de bhun Airteagal 5(5), pointe (e), agus Airteagal 37;***

***(g)*** ***súil a choinneáil ar obair na bhfóram idirnáisiúnta agus Eorpach maidir le hábhair a bhaineann le AFAnna.***

***2.*** ***Agus na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 á gcur i gcrích aige, beidh acmhainní daonna, airgeadais agus TF ar leith ag an Údarás, agus ráthóidh sé neamhspleáchas na gcúraimí sin ar na feidhmeanna maoirseachta dá bhforáiltear i Roinn 2 go 6 de Chaibidil II. Tacóidh toscairí náisiúnta AFA leo, de bhun Airteagal 35.***

*Airteagal 33*

***Anailísí comhpháirteacha a dhéanamh***

***-1.*** ***Glacfaidh an tÚdarás nósanna imeachta inmheánacha lena saineofar modhanna agus critéir chun cásanna atá ábhartha d'anailísí comhpháirteacha a shainaithint, a roghnú agus a chur in ord tosaíochta.***

1. Más rud é, de bhun Airteagal 25 de [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM (2021)423], ***agus maidir leis na critéir a liostaítear i mír 1a den Airteagal seo,*** go n-aithníonn AFA de chuid Ballstáit gá féideartha chun anailís chomhpháirteach a dhéanamh le AFA amháin nó le roinnt AFAnna i mBallstáit eile, fógróidh sé an méid sin don Údarás.

***Cláróidh an tÚdarás an fógra faoin ngá atá le hanailís chomhpháirteach dá bhforáiltear sa chéad fhomhír. Déanfaidh an tÚdarás measúnú ar ábharthacht na gcásanna cláraithe maidir leis na critéir a liostaítear i mír 1a. Chuige sin, déanfaidh an tÚdarás liosta cásanna a d'fhéadfadh a bheith faoi réir anailís chomhpháirteach a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Bunaithe ar leibhéal na tosaíochta, ar phráinn na gcásanna agus ar na hacmhainní atá ar fáil, bunóidh an tÚdarás plean oibre agus déanfaidh sé an anailís chomhpháirteach a thionscnamh.***

***Agus anailís chomhphairteach á tionscnamh aige,*** cuirfidh ***an*** tÚdarás na AFAnna sna Ballstáit ábhartha uile ar an eolas, agus tabharfaidh sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach laistigh de 5 lá ón ***measúnú*** tosaigh. Chuige sin, úsáidfidh an tÚdarás bealaí cumarsáide daingnithe. Breithneoidh na AFAnna sna Ballstáit ábhartha uile páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach.

*Má aontaíonn AFA amháin eile ar a laghad páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach,* áiritheoidh an tÚdarás go dtionscnófar an anailís chomhpháirteach laistigh de 20 lá ón ***measúnú tosaigh, ach amháin má thugann práinn an cháis údar le sprioc-am níos giorra a fhorchur i gcomhréir leis na critéir a liostaítear i mír 1a***.

***Mura n-aontaíonn aon AFA a bheith páirteach san anailís chomhpháirteach, féadfaidh an tÚdarás, ar a thionscnamh féin, a roghnú anailís chomhpháirteach a thionscnamh.***

***1a. I gcás nach bhfuil iarraidh tíolactha ag AFA chun anailís chomhpháirteach a bhunú, féadfaidh an tÚdarás, ar a thionscnamh féin, anailís chomhpháirteach a thionscnamh i gcás ina sainaithníonn sé cásanna:***

***(a) éilíonn na hanailísí oibríochtúla a dhéanann AFA anailísí deacra dianéilimh a bhfuil naisc acu le Ballstáit eile;***

***(b) tá roinnt AFAnna ag déanamh anailísí oibríochtúla ina n-éilíonn imthosca an cháis gníomhaíocht chomhordaithe, chomhbheartaithe sna Ballstáit lena mbaineann;***

***(c) go bhfuair sé faisnéis go díreach ina léirítear go bhfuil amhras ann i dtaobh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don mhargadh inmheánach nó a d'fhéadfadh baint a bheith aige le gníomhaíochtaí trasteorann.***

***Beidh an tÚdarás freagrach as bunú agus comhdhéanamh na foirne anailíse comhpháirtí agus as a comhordú.***

***1b. Féadfaidh Europol páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach, faoi réir chomhaontú aon AFAnna rannpháirteacha, i gcás inarb ábhartha, agus laistigh de theorainneacha fhreagrachtaí Europol agus chun a chúraimí a chomhlíonadh.***

***Ní thiocfaidh mír 1b, mír 2b ná mír 2c i bhfeidhm go dtí go ndéanfar iad a thrasuí sa ghníomh dlí iomchuí.***

***1c. Féadfaidh Eurojust páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach, faoi réir chomhaontú aon AFAnna rannpháirteacha, i gcás inarb ábhartha.***

2. ***Beidh sé de dhualgas ar AFAnna a mbaineann anailís chomhpháirteach leo páirt a ghlacadh i ndéanamh na hanailíse comhpháirtí. Go heisceachtúil, d'fhéadfadh AFA diúltú*** páirt a ghlacadh i ndéanamh na hanailíse comhpháirtí ***trí mhíniú agus bonn cirt cuí a thabhairt*** don Údarás ***i scríbhinn*** ina leith laistigh de 5 lá tar éis an cuireadh a fháil. Cuirfidh an tÚdarás an míniú sin ar fáil gan mhoill do na ***AFAnna eile a mbaineann an anailís chomhpháirteach*** leo.

***2a. Chun an fhaisnéis ábhartha uile a thabhairt le chéile go luath san anailís chomhpháirteach agus d'fhonn gníomhaíochtaí nó idirbhearta amhrasacha a bhrath ar bhealach níos fearr, féadfar go gcuimseofar san anailís chomhpháirteach, trí réamhshocrú, meaitseáil anaithnid sonraí ábhair le sonraí AFAnna eile.***

***2b. Chun an fhaisnéis ábhartha uile a thabhairt le chéile go luath san anailís chomhpháirteach agus d'fhonn anailís airgeadais a dhéanamh ar an leibhéal trasteorann, glacfaidh Europol gach beart iomchuí chun a chur ar chumas an Údaráis rochtain indíreach a bheith aige ar bhonn córas braite/neamhbhraite ar shonraí a bhaineann le cionta laistigh de shainordú an Údaráis. Ní dhéanfaidh an córas 'amas a fháil/gan amas a fháil' sin fógra a thabhairt ach do Europol i gcás***

***amais agus gan dochar d'aon srianta arna sonrú ag an mBallstát, ag an gcomhlacht de chuid an Aontais nó ag an eagraíocht idirnáisiúnta a chuireann an fhaisnéis i dtrácht ar fáil, i gcomhréir le [cuir isteach tagairt do Rialachán 2016/794 (Athmhúnlú)].***

***I gcás amais, tionscnóidh Eurojust an nós imeachta trína gceadófar an fhaisnéis ba chúis leis an amas a roinnt, i gcomhréir leis an gcinneadh ó sholáthraí na faisnéise do Europol, agus sa mhéid go bhfuil gá leis na sonraí is cúis leis an mbrath chun go ndéanfadh Eurojust nó OLAF a gcuid cúraimí, faoi seach, a chomhlíonadh, agus sa mhéid sin amháin.***

***2c. Chun an fhaisnéis ábhartha uile a thabhairt le chéile agus é mar aidhm léi ábhair leasanna AFA i mBallstáit eile a bhrath agus a bhfáltais agus a gcistí a shainaithint, glacfaidh an tÚdarás gach beart iomchuí chun a chur ar chumas Europol rochtain indíreach a bheith aige ar shonraí a bhaineann le faisnéis airgeadais agus anailís airgeadais laistigh de theorainneacha [cuir isteach tagairt do Rialachán Europol], ar bhonn córais braite/neamhbhraite, i gcomhréir le sainordú an Údaráis. Ní dhéanfaidh an córas 'amas a fháil/gan amas a fháil' sin fógra a thabhairt ach don Údarás i gcás amais agus gan dochar d'aon srianta arna sonrú ag an AFA, ag an mBallstát, ag an gcomhlacht de chuid an Aontais nó ag an eagraíocht idirnáisiúnta a chuireann an fhaisnéis i dtrácht ar fáil.***

***I gcás amais, tionscnóidh an tÚdarás an nós imeachta trína bhféadfar an fhaisnéis ba chúis leis an amas a roinnt, i gcomhréir le sainordú an Údaráis, agus sa mhéid go bhfuil gá leis na sonraí is cúis leis an amas chun go ndéanfadh Europol a chuid cúraimí a chomhlíonadh, agus sa mhéid sin amháin.***

3. ***Tacóidh toscairí an AFA rannpháirtigh leis an anailís chomhpháirteach de bhun Airteagal 35 den Rialachán seo. Deonófar do thoscairí AFAnna a thacaíonn leis an anailís chomhpháirteach rochtain ar na sonraí go léir a bhaineann le hábhar na hanailíse comhpháirtí agus beidh siad in ann na sonraí sin a phróiseáil chun anailís chomhpháirteach a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme, go háirithe maidir le hidirbhearta amhrasacha agus faisnéis eile a fháil agus a anailísiú i gcomhréir le hAirteagal 17 don [cuir isteach tagairt don togra don 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final].***

Ar thoiliú sainráite na AFAnna a ghlacann rannpháirt san anailís chomhpháirteach, tabharfar rochtain do bhaill foirne an Údaráis a thacaíonn leis an anailís chomhpháirteach ar na sonraí uile a bhaineann le hábhar na hanailíse comhpháirtí, agus beidh siad in ann na sonraí sin a phróiseáil ***chun an anailís chomhpháirteach a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme. Mura bhfaightear toiliú d'aon toil, féadfaidh foireann an Údaráis cineálacha eile tacaíochta a chur ar fáil don anailís chomhpháirteach. Leanfaidh AFAnna de bheith ina n-úinéirí aonair ar an bhfaisnéis oibríochtúil a mhalartaíonn siad le AFAnna eile, leis an Údarás, le Europol, le OIPE agus le Eurojust.***

***3a. Féadfaidh an tÚdarás aon fhaisnéis a iarraidh ar na AFAnna rannpháirteacha chun a áirithiú go seolfar an anailís chomhpháirteach ar bhealach níos fearr. Má dhiúltaíonn AFA rannpháirteach d'iarraidh an Údaráis, soláthróidh an AFA sin a réasúnú don Údarás.***

***3b. Deonófar rochtain dhíreach, láithreach, neamhshrianta agus saor in aisce don Údarás ar an bhfaisnéis atá ar fáil sna cláir, sna córais aisghabhála sonraí agus sna***

***sásraí dá dtagraítear i gCaibidil II de [cuir isteach tagairt do AMLD] chun críche anailísí comhpháirteacha a dhéanamh faoin Airteagal seo.***

***3c.*** ***Féadfaidh an tÚdarás torthaí comhanailíse arna tionscnamh arna iarraidh sin ag AFA nó ar a thionscnamh féin, mar aon le haon fhaisnéis bhreise a bhaineann leis an gcomhanailís sin, a tharchur chuig Europol, chuig údaráis um fhorghníomhú an dlí, agus údaráis chustaim i gcás ina bhfuil forais ann le hamhras a bheith ann maidir le sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta, ar thoiliú ó AFAnna rannpháirteacha.***

***Tabharfaidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla meabhrán tuisceana i gcrích ina leagfar amach na módúlachtaí praiticiúla le haghaidh comhair a mhéid a bhaineann le comhlíonadh a gcúraimí faoi seach faoi dhlí an Aontais.***

4. Soláthróidh an tÚdarás na huirlisí riachtanacha go léir agus an tacaíocht oibriúcháin is gá chun an anailís chomhpháirteach ar leith a dhéanamh, i gcomhréir leis na modhanna agus nósanna imeachta atá forbartha. Bunóidh an tÚdarás go háirithe bealach cumarsáide saintiomanta daingnithe do chur i gcrích na hanailíse comhpháirtí, agus soláthróidh sé an comhordú teicniúil iomchuí, lena n-áirítear tacaíocht TF, tacaíocht bhuiséadach agus lóistíochta.

*Airteagal 34*

***Athbhreithniú ar na modhanna, nósanna imeachta agus déanamh na n-anailísí comhpháirteacha***

1. Áiritheoidh an tÚdarás go ndéantar athbhreithniú tréimhsiúil agus nuashonrú de réir mar is gá ar na modhanna agus nósanna imeachta atá bunaithe do dhéanamh na n-anailísí comhpháirteacha ***dá dtagraítear in Airteagal 33***.

2. Na AFAnna a bhí rannpháirteach i gceann amháin nó níos mó de na hanailísí comhpháirteacha nó a raibh baint acu ar shlí eile leo, féadfaidh siad a n-aiseolas a chur ar fáil ***don Údarás*** faoi stiúradh na hanailíse, lena n-áirítear aiseolas maidir leis an tacaíocht oibríochtúil a sholáthair an tÚdarás i bpróiseas na hanailíse comhpháirtí, chomh maith le haiseolas ar thoradh na modhanna oibre agus socruithe anailíse atá i bhfeidhm, na huirlisí atá ar fáil agus an comhordú idir na AFAnna rannpháirteacha. Is féidir an t-aiseolas a lipéadú mar rúnda, agus sa chás sin ní chomhroinnfear le AFAnna eile é.

3. Ar bhonn an aiseolais dá dtagraítear i mír 2, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an tÚdarás tuarascálacha leantacha a eisiúint i ndáil le déanamh na n-anailísí comhpháirteacha, lena n-áirítear moltaí sonracha i leith coigeartuithe maidir leis na modhanna do dhéanamh na n-anailísí comhpháirteacha, agus maidir le torthaí na n-anailísí comhpháirteacha. Comhroinnfear gnéithe nós imeachta agus oibríochtúla na tuarascála leantaí leis na AFAnna go léir, gan faisnéis rúnda nó shrianta faoin gcás a nochtadh. Comhroinnfear conclúidí agus moltaí i ndáil le déanamh na n-anailísí comhpháirteacha leis na AFAnna a bhí rannpháirteach sna hanailísí comhpháirteacha ábhartha, agus le gach uile AFA eile sa mhéid nach bhfuil faisnéis rúnda ná shrianta sna conclúidí sin.

*Airteagal 35*

***Toscairí AFA náisiúnta***

1. ***Déanfaidh*** AFA gach Ballstáit ***ball*** foirne amháin ***nó níos mó*** a tharmligean chuig an Údarás. Beidh ***gnátháit oibre an toscaire náisiúnta*** AFA ***ag*** suíomh an Údaráis.

2. Beidh stádas mar phearsanra foirne an AFA tarmligin ag toscairí AFA tráth a gceaptha agus go ceann fad iomlán a dtoscaireachta. ***Déanfaidh an AFA tarmligin feidhmiú fheidhmeanna an toscaire AFA a éascú agus staonadh ó aon ghníomhaíocht nó beartas a d'fhéadfadh difear díobhálach a dhéanamh do ghairm an toscaire AFA nó dá stádas sa chóras náisiúnta. Go háirithe, déanfaidh an AFA tarmligin na hacmhainní agus an trealamh is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú faoin Rialachán seo a sholáthar don toscaire AFA, agus áiritheoidh sé go leanfaidh an toscaire AFA de bheith comhtháite go hiomlán lena AFA.***

   Ceapfaidh na Ballstáit a dtoscaire AFA ar bhonn taithí chruthaithe ardleibhéil den taithí ábhartha, phraiticiúil i réimse na gcúraimí AFA. ***Ní bheidh neamhspleáchas thoscairí AFA in amhras agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó institiúidí, ó chomhlachtaí, ó oifigí ná ó ghníomhaireachtaí an Aontais, ná ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile i bhfeidhmiú a ndualgas faoin Rialachán seo.*** Is é an AFA tarmligin a íocfaidh tuarastail agus díolaíochtaí an toscaire AFA.

3. ***Féadfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA diúltú do dhuine atá ceaptha mar thoscaire AFA mura gcomhlíonann an duine sin na critéir dá dtagraítear i mír 2.*** 3 bliana a bheidh i dtéarma oifige na dtoscairí AFA, a bheidh in-athnuaite uair amháin le toiliú ón AFA tarmligin.

4. Tacóidh toscairí AFA leis an Údarás chun na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5(5) a chomhlíonadh. Chun na críche sin, tabharfar rochtain do na toscairí AFA náisiúnta ar shonraí agus faisnéis an Údaráis is gá do dhéanamh a gcúraimí go ceann fhad na toscaireachta.

5. ***Déanfaidh*** toscairí AFA deonú rochtana a fháil ar aon sonraí inrochtana óna AFA tarmligin chun críocha na cúraimí dá dtagraítear i mír 4 a chomhlíonadh▌.

6. Is é an Bord Feidhmiúcháin a chinnfidh cearta agus oibleagáidí na dtoscairí AFA i ndáil leis an Údarás. ***Beidh socruithe leormhaithe i bhfeidhm chun a áirithiú go gcoimeádfar cearta toscairí an AFA maidir le slándáil shóisialta, le pinsean agus le cumhdach árachais faoin scéim náisiúnta. Ní bheidh luach saothair iomlán an toscaire AFA níos ísle ná an luach saothair a bheadh ann dá mba rud é gur bheartaigh an toscaire AFA sin gan fanacht ach ina chomhalta d'fhoireann an AFA a dhéanann an tarmligean.***

*Airteagal 36*

***Cúnamh frithpháirteach i limistéar an chomhair idir AFAnna***

1. I gcomhthéacs chur chun cinn an chomhair agus na tacaíochta d'obair na AFAnna, ***agus a riachtanais á gcur san áireamh,*** eagróidh agus éascóidh an tÚdarás na gníomhaíochtaí seo a leanas ar a laghad:

(a) cláir oiliúna, lena n-áirítear i dtaca leis an nuálaíocht theicneolaíoch;

(b) malartuithe pearsanra agus scéimeanna iasachta foirne, lena n-áirítear iasacht bhaill foirne AFA ó Bhallstát chuig an Údarás;

(c) malartuithe cleachtas idir AFAnna, lena n-áirítear saineolas i réimse sonrach a chomhroinnt.

***(ca) rochtain ar uirlisí anailíse oibríochtúla agus ar shonraí atá á gcoinneáil ar bhonn tráchtála agus oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann an Údaráis agus AFAnna maidir le conas iad a úsáid;***

***(cb) uirlisí agus seirbhísí TF a fhorbairt nó a sholáthar chun modhanna anailíse AFAnna a fheabhsú.***

2. Féadfaidh aon AFA iarraidh ar chúnamh a chur faoi bhráid an Údaráis i ndáil le cúraimí an AFA, ina sonraítear an cineál cúnaimh is féidir le baill foirne an Údaráis, baill foirne de AFA amháin nó níos mó, nó meascán díobh sin, a sholáthar. Áiritheoidh an AFA a iarrann cúnamh rochtain ar aon fhaisnéis agus sonraí is gá do sholáthar an chúnaimh sin. Coimeádfaidh an tÚdarás faisnéis, agus nuashonróidh sé an fhaisnéis sin go rialta, faoi sainréimsí saineolais agus cumais na AFAnna chun cúnamh frithpháirteach ***a bhaineann le cúraimí na AFAnna*** a sholáthar.

3. Déanfaidh an tÚdarás a dhícheall chun an cúnamh arna iarraidh a sholáthar, lena n-áirítear trí bhreithniú a dhéanamh a cuid acmhainní daonna féin a chur ar fáil don tacaíocht chomh maith le comhordú agus éascú do sholáthar aon chineáil cúnaimh le AFAnna eile ar bhonn deonach.

4. Ag tús gach bliana, cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis an Bord Ginearálta ar an eolas faoi chomhdhéanamh AFA na n-acmhainní daonna is féidir leis an Údarás a leithdháileadh do sholáthar an chúnaimh dá dtagraítear sa mhír roimhe seo. Nuair a thagann athruithe ar infhaighteacht na n-acmhainní daonna de bharr chur i gcrích na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5(5), cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis an Bord Ginearálta ar an eolas faoi chomhdhéanamh AFA de sin.

*Airteagal 37*

***FIU.net***

1. Áiritheoidh an tÚdarás go ndéanfar an FIU.net a óstáil, a bhainistiú, a chothabháil agus a fhorbairt ar bhealach leormhaith, gan bhriseadh ***agus slán***. ***Agus riachtanais na AFAnna á gcur san áireamh,*** áiritheoidh an tÚdarás, i gcomhar leis na Ballstáit, go n-úsáidfear an teicneolaíocht is airde ***agus is sláine*** atá ar fáil don FIU.net ▌.

2. Áiritheoidh an tÚdarás feidhmiú gan bhriseadh FIU.net, agus coinneoidh sé ▌ cothrom le dáta é. De réir mar is gá chun tacú le malartú faisnéise agus comhar idir na AFAnna nó chun iad a neartú, agus bunaithe ar éilimh na AFAnna, dearfaidh agus cuirfidh an tÚdarás chun feidhme, nó cuirfidh sé ar fáil ar shlí eile***, tar éis dó dul i gcomhairle le MECS,*** feidhmiúlachtaí uasghrádaithe nó breise FIU.net.

3. Beidh an tÚdarás freagrach ***freisin*** as na cúraimí seo a leanas i ndáil le FIU.net:

(a) bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí ***a chur chun feidhme*** chun ***leibhéal slándála a áirithiú is iomchuí*** do na rioscaí cosanta sonraí agus ***d'fhonn cearta***

***na ndaoine is ábhar do na sonraí a áirithiú, lena n-áirítear faisnéis iomchuí a choinneáil, rochtain a fháil ar thaifid agus logaí***;

(b) ***pleanáil,*** eagrú, comhordú, bainistíocht agus tacaíocht d'aon ghníomhaíocht tástála;

(c) acmhainní airgeadais leordhóthanacha a áirithiú;

(d) oiliúint a chur ar fáil maidir le húsáid theicniúil FIU.net ag úsáideoirí deiridh.

4. Chun críocha na cúraimí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a chur i gcrích, tabharfar an chumhacht don Údarás conarthaí nó comhaontuithe a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de a thabhairt i gcrích nó a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, ***tar éis iniúchtaí iomchuí ar a gcaighdeáin slándála***.

5. Glacfaidh agus cuirfidh an tÚdarás chun feidhme na bearta is gá do chomhlíonadh na gcúraimí dá dtagraítear san Airteagal seo, lena n-áirítear plean slándála, plean leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste do FIU.net.

***5a. Féadfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA a chinneadh d'aon toil an rochtain atá ag AFA sonrach ar FIU.net a chur ar fionraí i gcás ina gcinntear sa tuarascáil ar an athbhreithniú piaraí i gcomhréir le hAirteagal 36a nár comhlíonadh ceanglais a bhaineann le neamhspleáchas, sláine, gairmiúlacht, rúndacht nó slándáil an AFA sin, mar a leagtar amach in Airteagal 17 den [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac – COM/2021/423 final]. Ní vótálfaidh an FIU a ndéanfar difear dó. Nuair a eiseoidh sé an cinneadh maidir le fionraí, eiseoidh an tÚdarás freisin measúnú ina míneofar agus ina léireofar na bearta leantacha is gá a chomhlíonadh chun deireadh a chur leis an bhfionraí. Déanfaidh an tÚdarás meastóireacht ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an AFA lena mbaineann tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis eisiúint an chinnidh maidir le fionraí.***

*Airteagal 37 a*

*Athbhreithniú piaraí*

***1. Déanfaidh an tÚdarás athbhreithnithe piaraí go tréimhsiúil ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i gCaibidil III de Threoir ag AFAnna [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac — COM/2021/423 final]. Chun na críche sin, forbróidh an tÚdarás modhanna chun gur féidir measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar AFAnna a ndéantar athbhreithniú orthu agus comparáid oibiachtúil a dhéanamh eatarthu.***

***2. Déanfaidh foireann an Údaráis na hathbhreithnithe piaraí i gcomhar leis an bhfoireann de chuid na AFAnna.***

***3. Féadfar measúnú ar an méid seo a leanas a bheith san áireamh san athbhreithniú piaraí:***

***(a) leordhóthanacht cumhachtaí agus acmhainní daonna agus teicniúla, socruithe rialachais agus caighdeáin ghairmiúla an AFA atá faoi athbhreithniú;***

***(b) éifeachtacht agus méid an chóineasaithe a bhaintear amach i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus i gcleachtas AFAnna maidir le feidhmeanna agus***

*scaipeadh anailísí, agus a mhéid a dhéantar na cuspóirí a leagtar amach i ndlí an Aontais ina leith sin a bhaint amach le cleachtas na AFAnna;*

*(c)* *an éifeachtacht agus an méid cóineasaithe atá bainte amach maidir leis na modhanna agus na nósanna imeachta i bhfianaise fheidhmeanna agus scaipeadh anailísí;*

*(d)* *éifeachtacht agus méid an chomhair agus an chomhordaithe le AFAnna eile;*

*(e)* *cur i bhfeidhm na ndea-chleachtas arna bhforbairt ag na AFAnna bhféadfadh a nglacadh dul chun tairbhe AFAnna eile;*

*4.* *Ullmhóidh an tÚdarás tuarascáil ina leagfar amach torthaí an athbhreithnithe piaraí. Ullmhóidh foireann an Údaráis an tuarascáil athbhreithnithe piaraí sin, i gcomhar le foireann na AFAnna, agus glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin í, agus roinnfidh an Bord Feidhmiúcháin í go tráthúil leis an AFA sin. Tabharfar míniú agus léiriú sa tuarascáil ar na bearta leantacha a mheastar a bheith iomchuí, comhréireach agus riachtanach de thoradh an athbhreithnithe piaraí. Féadfar na bearta leantacha sin a ghlacadh i bhfoirm treoirlínte agus moltaí de bhun Airteagal 43 agus i bhfoirm tuairimí de bhun Airteagal 44. I gcomhréir le hAirteagal 43, déanfaidh na AFAnna a ndícheall aon treoirlínte agus aon mholtaí eisithe a chomhlíonadh. Tarchuirfidh an tÚdarás na tuarascálacha sin gan mhoill, ar bhonn rúnda, chuig Parlaimint na hEorpa ar a laghad.*

*5.* *Déanfaidh an tÚdarás achoimre de thorthaí an athbhreithnithe piaraí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, agus tuairim a chur faoi bhráid an Choimisiúin más rud é, ag féachaint do thoradh an athbhreithnithe piaraí nó d'aon fhaisnéis eile a fuair an tÚdarás agus a chúraimí á ndéanamh aige, go mbreithníonn sé gur ghá rialacha an Aontais is infheidhme maidir le heintitis faoi oibleagáid nó AFAnna a chomhchuibhiú a thuilleadh ó thaobh an Aontais de.*

*6.* *Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil leantach ar fáil 2 bhliain tar éis fhoilsiú na tuarascála maidir le hathbhreithniú piaraí. Ullmhóidh foireann an Údaráis an tuarascáil leantach, i gcomhar le foireann na AFAnna, agus glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin í, agus roinnfidh an Bord Feidhmiúcháin í go tráthúil leis an AFA atá faoi athbhreithniú. Cuimseofar sa tuarascáil leantach measúnú ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a rinne na AFAnna a bhí faoi réir an athbhreithnithe piaraí mar fhreagairt ar bhearta leantacha na tuarascála maidir le hathbhreithniú piaraí. Déanfaidh an tÚdarás torthaí na tuarascála leantaí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.*

*7.* *Chun críoch an Airteagail seo, glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin plean oibre d'athbhreithniú piaraí gach 2 bhliain, ina léireofar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na próisis athbhreithnithe piaraí a bhí ann roimhe seo mar aon le pléití a rinneadh sa Bhord Ginearálta ina chomhdhéanamh AFA. Cuid ar leithligh den chlár oibre bliantúil agus ilbhliantúil a bheidh sa phlean oibre d'athbhreithniú piaraí, agus áireofar sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair é. I gcásanna práinne nó teagmhais gan choinne, féadfaidh an tÚdarás cinneadh athbhreithnithe piaraí breise a dhéanamh.*

## *ROINN 6A*

## *INNIÚLACHTAÍ MAIDIR LE SMACHTBHANNAÍ AIRGEADAIS SPRIOCDHÍRITHE*

### *Airteagal -38*

***Comhar leis na húdaráis atá freagrach as smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe***

***1. Beidh an tÚdarás freagrach as maoirseacht éifeachtach agus chomhsheasmhach a dhéanamh ar na heintitis faoi oibleagáid agus ar na húdaráis inniúla araon i ndáil le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.***

***2. Comhoibreoidh an tÚdarás agus na húdaráis atá inniúil chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú de mheon macánta agus malartóidh siad faisnéis lena chéile.***

### *Airteagal -38 a*

***Cumhachtaí maidir le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe***

***Chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5(4a) a chur i gcrích, déanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas:***

***(a) áiritheoidh sé soláthar gníomhaíochtaí for-rochtana agus déanfaidh sé faisnéis a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur in iúl d'eintitis faoi oibleagáid chun comhlíonadh a fheabhsú, lena n-áirítear trí liosta comhdhlúite de dhaoine, de ghrúpaí agus d'eintitis atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a bhainistiú;***

***(b) déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe ar fud na mBallstát, lena dtacófar le húdaráis inniúla ina n-iarrachtaí smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí ghníomhú mar lárphointe teagmhála d'údaráis inniúla chun faisnéis faoi dhaoine ainmnithe, a sócmhainní agus a n-eintitis dhlíthiúla rialaithe a chomhroinnt;***

***(c) soláthróidh sé treoir agus cúnamh maidir le cur i bhfeidhm oibleagáidí spriocdhírithe a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais.***

### *Airteagal -38b*

***Malartú faisnéise***

***1. Déanfaidh an tÚdarás agus na húdaráis atá inniúil chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, gan choinne nó arna iarraidh sin, aon fhaisnéis a mhalartú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun críoch smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a ullmhú, a ghlacadh, a mhaoirsiú nó a fhorfheidhmiú.***

***Beidh san iarraidh na fíorais ábhartha, an fhaisnéis chúlra, na cúiseanna atá leis an iarraidh agus an chaoi a bhfuil sé beartaithe an fhaisnéis atá á lorg a úsáid. Déanfar an fhaisnéis uile a tharchuirfear nó a gheofar i gcomhréir leis an mír seo a chumhdach leis na hoibleagáidí rúndachta is déine.***

***2. Forbróidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na nósanna imeachta a shonrú a bheidh le cur ar bun chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar aghaidh agus a fháil, chomh maith leis an bhformáid a úsáidfear chun í a mhalartú. Cuirfidh an tÚdarás na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin... [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

***3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42.***

***4. I gcás ina n-iarrfar ar an Údarás nó ar údarás atá inniúil chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú faisnéis a sholáthar de bhun mhír 1, tabharfaidh sé freagra ar an iarraidh a luaithe is féidir.***

*Airteagal -38c*

*Staitisticí*

***1. Coinneoidh an tÚdarás staidreamh cuimsitheach ar ábhair atá ábhartha d'éifeachtacht smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcreataí chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.***

***2. Áireofar ar an staidreamh dá dtagraítear i mír 1:***

***(a) sonraí lena dtomhaistear céimeanna tuairiscithe, imscrúdaithe agus breithiúnacha na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe, lena n-áirítear líon na gcásanna a imscrúdaíodh, líon na ndaoine a ionchúisíodh, líon na ndaoine a ciontaíodh as neamhchur chun feidhme, imchéimniú nó cionta preideacáide eile a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe, chomh maith le luach in euro na maoine a calcadh, a urghabhadh nó a coigistíodh i ndáil le daoine arna n-ainmniú le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe;***

***(b) líon na gcuntas, na méideanna agus na n-acmhainní eacnamaíocha arna reo mar thoradh ar smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe;***

***(c) sonraí maidir le líon na n-iarrataí trasteorann ar fhaisnéis a rinne, a fuair, a dhiúltaigh agus a d'fhreagair na húdaráis atá inniúil chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, arna miondealú de réir tír chontrapháirte, lena n-áirítear tríú tíortha;***

***(d) acmhainní daonna agus airgeadais arna leithdháileadh ar na húdaráis atá inniúil chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú;***

***(e) líon na ngníomhaíochtaí maoirseachta ar an láthair agus lasmuigh den láthair, líon na sáruithe a sainaithníodh ar bhonn na ngníomhaíochtaí maoirseachta agus na smachtbhannaí nó na mbeart riaracháin a chuir na***

***húdaráis mhaoirseachta agus na comhlachtaí féinrialála i bhfeidhm de bhun Roinn 4 de Chaibidil IV [cuir isteach tagairt do AMLD — COM(2021)423] agus a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe;***

***(f)*** ***líon agus cineál na gcásanna inar braitheadh sáruithe, imchéimniú agus iarrachtaí ar shárú nó imchéimniú i ndáil le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe, smachtbhannaí nó bearta riaracháin a cuireadh i bhfeidhm i ndáil leis na sáruithe sin, chomh maith le líon na gcigireachtaí arna ndéanamh ag an eintiteas atá i gceannas ar an gclár lárnach de bhun Airteagal 10(8) de [cuir isteach tagairt do AMLD — COM(2021)423].***

***3.*** ***Áiritheoidh na húdaráis atá inniúil chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go ndéanfar an staidreamh dá dtagraítear i mír 2 a bhailiú agus a tharchur chuig an gCoimisiún agus chuig an Údarás ar bhonn bliantúil. Stórálfaidh an tÚdarás na staitisticí sin sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11.***

***4.*** ***Forbróidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun an mhodheolaíocht a fhorbairt chun an staidreamh dá dtagraítear i mír 2 a bhailiú. Cuirfidh sé na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin... [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

***5.*** ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42.***

## ROINN 7

## IONSTRAIMÍ COITEANNA

*Airteagal 38*

***Caighdeáin theicniúla rialála***

1. I gcás ina dtarmligeann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cumhacht chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe faoi Airteagal 290 CFAE chun comhchuibhiú comhsheasmhach a áirithiú sna réimsí a leagtar amach go sonrach sna gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, féadfaidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt. Cuirfidh an tÚdarás a dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh. An tráth céanna, cuirfidh an tÚdarás na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin ar aghaidh chun faisnéis a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Beidh na caighdeáin theicniúla rialála teicniúil, ní bheidh cinntí straitéiseacha ná roghanna beartais le tuiscint astu agus beidh a n-inneachar faoi theorainn ag na gníomhartha reachtacha ar a mbeidh siad bunaithe.

Sula dtíolacfaidh an tÚdarás don Choimisiún iad, seolfaidh sé comhairliúcháin oscailte phoiblí***, lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta,*** maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d’fhéadfadh a bheith ag gabháil leo, mura rud é go mbeidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin

an-díréireach i dtaca le raon feidhme agus le tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil rialála lena mbaineann nó leis an bpráinn faoi leith atá ag baint leis an ábhar.

Laistigh de 3 mhí ón uair a gheobhaidh an Coimisiún dréachtchaighdeán teicniúil rialála, déanfaidh sé cinneadh i dtaobh é a ghlacadh nó gan é a ghlacadh. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas in am trátha i gcás nach féidir an glacadh a dhéanamh laistigh den tréimhse 3 mhí sin. Féadfaidh an Coimisiún tacú go páirteach amháin leis an dréachtchaighdeán teicniúil rialála, nó le leasuithe, más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais.

I gcás ina mbeartaíonn an Coimisiún gan dréachtchaighdeán teicniúil rialála a ghlacadh nó é a ghlacadh go páirteach nó le leasuithe, seolfaidh sé an dréachtchaighdeán teicniúil rialála ar ais chuig an Údarás, agus míneoidh sé an fáth nach nglacann sé é nó míneoidh sé na fáthanna dá leasuithe.

Cuirfidh an Coimisiún cóip dá litir chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Laistigh de thréimhse 6 seachtaine, féadfaidh an tÚdarás an dréachtchaighdeán teicniúil rialála a leasú ar bhonn na leasuithe a bheidh molta ag an gCoimisiún agus é a atíolacadh don Choimisiún ina thuairim fhoirmiúil. Seolfaidh an tÚdarás cóip dá thuairim fhoirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Más rud é, nuair a rachaidh an tréimhse sin 6 seachtaine in éag, nach mbeidh dréachtchaighdeán teicniúil rialála leasaithe tíolactha ag an Údarás, nó má tá dréachtchaighdeán teicniúil rialála tíolactha aige nach bhfuil leasaithe ar bhealach atá ag teacht leis na leasuithe atá molta ag an gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún an caighdeán teicniúil rialála a ghlacadh maille leis na leasuithe a bhreithníonn sé féin a bheith ag baint le hábhar, nó féadfaidh sé diúltú don chaighdeán.

Ní fhéadfaidh an Coimisiún athrú a dhéanamh ar inneachar dréachtchaighdeáin theicniúil rialála arna ullmhú ag an Údarás gan comhordú a dhéanamh roimh ré leis an Údarás, de réir mar a leagtar amach san Airteagal seo.

2. I gcás nach ndéanann an tÚdarás dréachtchaighdeán teicniúil rialála a thíolacadh laistigh den teorainn ama a leagtar amach sna gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go gcuirfí dréacht den sórt sin faoina bhráid laistigh de theorainn ama nua. Cuirfidh an tÚdarás Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas, in am trátha, nach gcomhlíonfaidh sé an teorainn ama nua.

3. I gcás nach ndéanann an tÚdarás dréachtchaighdeán teicniúil rialála a thíolacadh don Choimisiún laistigh de na teorainneacha ama i gcomhréir le mír 2, agus sa chás sin amháin, féadfaidh an Coimisiún caighdeán teicniúil rialála a ghlacadh trí bhíthin gnímh tharmligthe gan dréacht a bheith faighte ón Údarás.

Seolfaidh an Coimisiún comhairliúcháin oscailte phoiblí***, lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta,*** maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith leo, mura rud é go mbeidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin díréireach le raon feidhme agus le tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil rialála lena mbaineann nó leis an bpráinn faoi leith atá ag baint leis an ábhar.

Cuirfidh an Coimisiún an dréachtchaighdeán teicniúil rialála ar aghaidh láithreach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Seolfaidh an Coimisiún a dhréachtchaighdeán teicniúil rialála chuig an Údarás. Laistigh de thréimhse 6 seachtaine, féadfaidh an tÚdarás an dréachtchaighdeán teicniúil rialála a leasú agus é a thíolacadh don Choimisiún mar thuairim fhoirmiúil. Seolfaidh an tÚdarás cóip dá thuairim fhoirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Más rud é, nuair a rachaidh an tréimhse 6 seachtaine dá dtagraítear sa cheathrú fomhír in éag, nach mbeidh dréachtchaighdeán teicniúil rialála leasaithe tíolactha ag an Údarás, féadfaidh an Coimisiún an caighdeán teicniúil rialála a ghlacadh.

Má tá dréachtchaighdeán teicniúil rialála leasaithe tíolactha ag an Údarás laistigh den tréimhse 6 seachtaine, féadfaidh an Coimisiún an dréachtchaighdeán teicniúil rialála a leasú ar bhonn na leasuithe a bheidh molta ag an Údarás nó féadfaidh sé an caighdeán teicniúil rialála a ghlacadh maille leis na leasuithe a bhreithníonn sé féin a bheith ábhartha. Ní dhéanfaidh an Coimisiún athrú ar inneachar an dréachtchaighdeáin theicniúil rialála arna ullmhú ag an Údarás gan comhordú a dhéanamh roimh ré leis an Údarás, de réir mar a leagtar amach san Airteagal seo.

4. Déanfar na caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin rialachán nó cinntí. Beidh na focail 'caighdeán teicniúil rialála' le feiceáil sa teideal ar rialacháin nó ar chinntí den sórt sin. Foilseofar na caighdeáin sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus is ar an dáta a bheidh sonraithe iontu a thiocfaidh siad i bhfeidhm.

*Airteagal 39*

***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Déanfar an chumhacht chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 38 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 4 bliana tar éis [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an gcumhacht tharmligthe a ullmhú tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh dheireadh na tréimhse 4 bliana sin. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go huathoibríoch i gcomhair tréimhsí comhfhaid.

2. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún caighdeán teicniúil rialála, tabharfaidh sé fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ag an am céanna.

3. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagail 38, 40 agus 41 a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh.

*Airteagal 40*

***Agóidí in aghaidh na gcaighdeán teicniúil rialála***

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh in aghaidh caighdeáin theicniúil rialála laistigh de thréimhse 3 mhí ón dáta a dtabharfar an fógra i leith an chaighdeáin theicniúil rialála arna ghlacadh ag an gCoimisiún. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí.

2. Más rud é, nuair a rachaidh an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 in éag, nach mbeidh agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle in aghaidh an chaighdeáin

theicniúil rialála, foilseofar é in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta a bheidh luaite ann.

Féadfar an caighdeán teicniúil rialála a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm sula rachaidh an tréimhse ***dá dtagraítear i mír 1*** in éag, más rud é gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon an Coimisiún ar an eolas nach bhfuil sé ar intinn acu agóidí a dhéanamh.

3. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid in aghaidh caighdeáin theicniúil rialála laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 1, ní thiocfaidh an caighdeán sin i bhfeidhm. I gcomhréir le hAirteagal 296 CFAE, luafaidh an institiúid a dhéanfaidh an agóid na cúiseanna le hagóid a dhéanamh in aghaidh an chaighdeáin theicniúil rialála.

*Airteagal 41*

***Gan tacú leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála nó iad a leasú***

1. I gcás ina dtacaíonn an Coimisiún le dréachtchaighdeán teicniúil rialála nó go leasaíonn sé é mar a fhoráiltear in Airteagal ***38***, cuirfidh an Coimisiún an tÚdarás, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas agus luafaidh sé na cúiseanna atá aige.

2. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle, laistigh de mhí amháin ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 1, a iarraidh ar an gCoimisinéir freagrach, mar aon le Cathaoirleach an Údaráis, teacht chuig cruinniú ad hoc le coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa nó leis an gComhairle chun a gcuid easaontas a chur i láthair agus a mhíniú.

*Airteagal 42*

***Caighdeáin theicniúla cur chun feidhme***

1. I gcás ina dtugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún chun caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE, sna réimsí a leagtar amach go sonrach sna gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, féadfaidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt. Beidh caighdeáin theicniúla cur chun feidhme teicniúil, ní bheidh cinntí straitéiseacha ná roghanna beartais le tuiscint astu agus is é an t-ábhar lena gcinnfear na coinníollacha a bhaineann le cur i bhfeidhm na ngníomhartha sin a bheidh ina n-inneachar . Cuirfidh an tÚdarás a chuid dréachtchaighdeán teicniúil rialála faoi bhráid an Choimisiúin chun go ndéanfaidh an Coimisiún iad a ghlacadh. San am céanna, cuirfidh an tÚdarás na caighdeáin theicniúla sin ar aghaidh chun faisnéis a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Sula gcuirfidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin, seolfaidh sé comhairliúcháin oscailte phoiblí, ***lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta,*** maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfaí a bhaint astu, mura rud é go mbeidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin an-díréireach le raon feidhme agus le tionchar

na ndréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme lena mbaineann nó leis an bpráinn faoi leith atá ag baint leis an ábhar.

Laistigh de 3 mhí ón uair a gheobhaidh an Coimisiún dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme, déanfaidh sé cinneadh i dtaobh é a ghlacadh nó gan é a ghlacadh. Féadfaidh an Coimisiún síneadh míosa a chur leis an tréimhse sin. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas in am trátha i gcás nach féidir an glacadh a dhéanamh laistigh den tréimhse 3 mhí sin. Féadfaidh an Coimisiún cuid de dhréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme a ghlacadh, nó an dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme a ghlacadh maille le leasuithe, i gcás inar gá sin ar mhaithe le leas an Aontais.

I gcás ina mbeartaíonn an Coimisiún gan dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme a ghlacadh, nó i gcás ina mbeartaíonn sé gan ach cuid de a ghlacadh nó é a ghlacadh maille le leasuithe, cuirfidh sé ar ais chuig an Údarás é, agus míneoidh sé cén fáth nach bhfuil sé beartaithe aige tacú leis nó míneoidh sé na cúiseanna a bhí aige leis na leasuithe a dhéanamh. Cuirfidh an Coimisiún cóip dá litir chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Laistigh de thréimhse 6 seachtaine, féadfaidh an tÚdarás an dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme a leasú ar bhonn na leasuithe a bheidh molta ag an gCoimisiún agus é a atíolacadh don Choimisiún ina thuairim fhoirmiúil. Seolfaidh an tÚdarás cóip dá thuairim fhoirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Nuair a rachaidh an tréimhse 6 seachtaine dá dtagraítear sa cheathrú fomhír in éag, más rud é nach mbeidh dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme leasaithe tíolactha ag an Údarás, nó má tá dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme tíolactha aige nach bhfuil leasaithe ar bhealach atá ag teacht leis na leasuithe atá molta ag an gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún an caighdeán teicniúil cur chun feidhme a ghlacadh maille leis na leasuithe a bhreithníonn sé féin a bheith ag baint le hábhar nó féadfaidh sé diúltú dó mar chaighdeán.

Ní dhéanfaidh an Coimisiún athrú ar inneachar dréachtchaighdeáin theicniúil cur chun feidhme arna ullmhú ag an Údarás gan comhordú a dhéanamh roimh ré leis an Údarás, de réir mar a leagtar amach san Airteagal seo.

2. I gcás nach ndéanfaidh an tÚdarás dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme a thíolacadh laistigh den teorainn ama atá leagtha amach sna gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), féadfaidh an Coimisiún dréacht den sórt sin a iarraidh laistigh de theorainn ama nua. Cuirfidh an tÚdarás Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas, in am trátha, nach gcomhlíonfaidh sé an teorainn ama nua.

3. I gcás nach ndéanfaidh an tÚdarás dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme a thíolacadh don Choimisiún laistigh de na teorainneacha ama i gcomhréir le mír 2, agus sa chás sin amháin, féadfaidh an Coimisiún caighdeán teicniúil cur chun feidhme a ghlacadh trí bhíthin gnímh cur chun feidhme gan dréacht a bheith faighte ón Údarás.

Seolfaidh an Coimisiún comhairliúcháin oscailte phoiblí, ***lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta,*** maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d’fhéadfadh a bheith leo, mura rud é go mbeidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin díréireach le raon feidhme agus le tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme lena mbaineann nó leis an bpráinn faoi leith atá ag baint leis an ábhar.

Cuirfidh an Coimisiún an dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme ar aghaidh láithreach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ***le haghaidh comhairliúcháin***.

Seolfaidh an Coimisiún an dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme chuig an Údarás. Laistigh de thréimhse 6 seachtaine, féadfaidh an tÚdarás an dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme a leasú agus é a thíolacadh don Choimisiún mar thuairim fhoirmiúil. Seolfaidh an tÚdarás cóip dá thuairim fhoirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Más rud é, nuair a rachaidh an tréimhse 6 seachtaine dá dtagraítear sa cheathrú fomhír in éag, nach mbeidh dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme leasaithe tíolactha ag an Údarás, féadfaidh an Coimisiún an caighdeán teicniúil cur chun feidhme a ghlacadh.

Má tá dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme leasaithe tíolactha ag an Údarás laistigh den thréimhse 6 seachtaine sin, féadfaidh an Coimisiún an dréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme a leasú ar bhonn na leasuithe a bheidh molta ag an Údarás nó féadfaidh sé an caighdeán teicniúil cur chun feidhme a ghlacadh maille leis na leasuithe a bhreithníonn sé féin a bheith ábhartha.

Ní dhéanfaidh an Coimisiún athrú ar inneachar na ndréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme arna n-ullmhú ag an Údarás gan comhordú a dhéanamh roimh ré leis an Údarás, de réir mar a leagtar amach san Airteagal seo.

4. Déanfar na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a ghlacadh trí bhíthin rialachán nó cinntí. Beidh na focail 'caighdeán teicniúil cur chun feidhme' sa teideal atá ar na rialacháin nó na cinntí sin. Foilseofar na caighdeáin sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus is ar an dáta a bheidh sonraithe iontu a thiocfaidh siad i bhfeidhm.

*Airteagal 43*

***Treoirlínte agus moltaí***

1. D'fhonn cleachtais mhaoirseachta agus cleachtais a bhaineann le AFA atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach, agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm ar shlí choiteann, aonfhoirmeach, agus chomhsheasmhach, eiseoidh an tÚdarás treoirlínte a bheidh dírithe ar na húdaráis mhaoirseachta uile, ar AFAnna, nó ar gach eintiteas faoi oibleagáid agus eiseoidh sé moltaí chuig údarás maoirseachta amháin nó níos mó nó chuig eintiteas faoi oibleagáid amháin nó níos mó.

2. I gcás inarb iomchuí, seolfaidh an tÚdarás comhairliúcháin oscailte phoiblí, ***lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta,*** maidir leis na treoirlínte agus na moltaí ***sin***▌ agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí ▌ a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo. Beidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin comhréireach maidir le raon feidhme, cineál agus tionchar na dtreoirlínte nó na moltaí. I gcás nach dtionólann an tÚdarás comhairliúcháin oscailte phoiblí, cuirfidh an tÚdarás a chúiseanna ar fáil ***agus poibleoidh sé iad.***

3. Déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta, ***AFAnna*** agus na heintitis faoi oibleagáid a ndícheall na treoirlínte agus na moltaí sin a chomhlíonadh.

Laistigh de 2 mhí ón tráth a eiseofar treoirlíne nó moladh, tabharfaidh gach údarás maoirseachta ***nó AFA*** deimhniú maidir le cé acu a chomhlíonfaidh sé an treoirlíne nó

an moladh sin nó an bhfuil sé beartaithe aige an treoirlíne nó an moladh sin a chomhlíonadh. I gcás nach gcomhlíonfaidh údarás maoirseachta ***nó AFA*** treoirlíne nó moladh, nó i gcás nach mbeartaíonn sé treoirlíne nó moladh a chomhlíonadh, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Údarás agus luafaidh sé na cúiseanna atá aige leis sin.

I gcás nach gcomhlíonann údarás maoirseachta an treoirlíne nó an moladh sin, nó nach mbeartaíonn údarás inniúil an treoirlíne nó an moladh sin a chomhlíonadh, foilseoidh an tÚdarás an méid sin, ***tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás maoirseachta nó leis an FIU sin.*** Féadfaidh an tÚdarás a chinneadh freisin, ar bhonn cás ar chás, na cúiseanna a sholáthraíonn an t-údarás maoirseachta ***nó AFA*** i leith neamhchomhlíonadh na treoirlíne nó an mholta sin a fhoilsiú. Cuirfear réamhfhógra chuig an údarás maoirseachta ***nó an FIU*** maidir leis an bhfoilsiú sin.

Má cheanglaítear amhlaidh leis an treoirlíne nó leis an moladh sin, déanfaidh na heintitis faoi oibleagáid tuairisciú, ar shlí shoiléir mhionsonraithe, cé acu a chomhlíonann siad an treoirlíne nó an moladh sin, nó nach gcomhlíonann.

***Sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 53(4)(c), cuirfidh an tÚdarás Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas faoi na treoirlínte agus na moltaí a eisíodh agus ina leagfar amach an chaoi a mbeartaíonn an tÚdarás a áirithiú go leanfaidh an t-údarás maoirseachta nó an t-eintiteas faoi oibleagáid lena mbaineann a mholtaí agus a threoirlínte amach anseo.***

***3a. Cuirfear na treoirlínte agus na moltaí arna n-eisiúint ag an Údarás in ionad na dtreoirlínte agus na moltaí a d’eisigh ÚBE nó na húdaráis inniúla roimhe sin maidir leis an ábhar céanna. Leanfaidh na treoirlínte agus na moltaí arna n-eisiúint ag ÚBE nó ag na húdaráis inniúla de bheith infheidhme go dtí go dtiocfaidh na treoirlínte agus na moltaí nua arna n-eisiúint ag an Údarás i bhfeidhm. Déanfaidh an tÚdarás foráil maidir le hidirthréimhse oiriúnach d’eintitis faoi oibleagáid chun na treoirlínte agus na moltaí nua a chomhlíonadh.***

*Airteagal 44*

***Tuairimí***

1. Féadfaidh an tÚdarás, arna iarraidh sin ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún, nó ar a thionscnamh féin, tuairimí a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún faoi na saincheisteanna go léir a bhaineann lena réimse inniúlachta.

2. Is féidir comhairliúchán poiblí, ***lena n-áirítear comhairliúchán leis an tsochaí shibhialta,*** nó anailís theicniúil a bheith san áireamh san iarraidh dá dtagraítear i mír 1. ***Féadfar a áireamh ann freisin comhairliúchán le comhlachtaí eile de chuid an Aontais a bhfuil baint acu le creat AML/CFT, lena n-áirítear Europol, Eurojust, OIPE, OLAF, an Banc Ceannais Eorpach, an Bord Réitigh Aonair, na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí.***

3. Féadfaidh an tÚdarás, arna iarraidh sin ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún comhairle theicniúil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún sna réimsí a leagtar amach sna gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

*Airteagal 44a*

***Rialacha lena rialaítear formáid na malartuithe faisnéise***

***Forbróidh an tÚdarás teimpléid, formáidí tuairiscithe coiteanna nó aon bheart ábhartha eile a úsáidfear chun críoch faisnéis a iarraidh, a bhailiú nó a mhalartú, lena n-áirítear i leith na gcásanna seo a leanas ar a laghad:***

***(a)*** ***go n-iarrfaidh an tÚdarás nó na húdaráis mhaoirseachta faisnéis ó údaráis mhaoirseachta eile, ó AFAnna, nó ó eintitis faoi oibleagáid, nó go mbaileoidh siad an fhaisnéis sin ó mhaoirseoirí inniúla eile, ó AFAnna, nó ó eintitis faoi oibleagáid i gcomhthéacs na gcúraimí a leagtar amach sa Rialachán seo agus i ndlí an Aontais is infheidhme;***

***(b)*** ***déanann an tÚdarás, AFAnna nó na húdaráis inniúla faisnéis a bhaineann le sciúradh airgid, lena chionta preideacáide, nó le maoiniú sceimhlitheoireachta a iarraidh, a bhailiú nó a mhalartú ó údaráis inniúla eile, ó AFAnna nó ó eintitis faoi oibleagáid i gcomhthéacs na gcúraimí a leagtar amach sa Rialachán seo agus i ndlí eile is infheidhme de chuid an Aontais.***

***Bainfidh an tÚdarás agus na húdaráis inniúla ábhartha úsáid as na formáidí arna bhforbairt ag an Údarás de bhun an Airteagail seo. Leanfaidh an nós imeachta chun na formáidí sin a ghlacadh an nós imeachta is infheidhme ag brath ar an gcineál gnímh dá bhforáiltear faoi dhlí infheidhme an Aontais.***

***Cuirfear na formáidí arna n-eisiúint ag an Údarás in ionad na bhformáidí agus na moltaí a d'eisigh ÚBE nó na húdaráis inniúla roimhe sin maidir leis an ábhar céanna. Leanfaidh na formáidí arna n-eisiúint ag ÚBE nó ag na húdaráis inniúla de bheith infheidhme go dtí go dtiocfaidh na formáidí nua arna n-eisiúint ag an Údarás i bhfeidhm. Déanfaidh an tÚdarás foráil maidir le hidirthréimhse oiriúnach d'eintitis faoi oibleagáid, do mhaoirseoirí inniúla, do AFAnna agus d'údaráis inniúla eile chun na formáidí nua a chomhlíonadh.***

# CAIBIDIL III

# EAGRÚ AN ÚDARÁIS

*Airteagal 45*

***Struchtúr riaracháin agus bainistíochta***

Beidh struchtúr an Údaráis comhdhéanta díobh seo a leanas:

(1) Bord Ginearálta, a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 49;

(2) Bord Feidhmiúcháin a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 53:

(3) Cathaoirleach an Údaráis, a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 57;

(4) Stiúrthóir Feidhmiúcháin a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 59;

(5) Bord Riaracháin Achomhairc, a fheidhmeoidh na cúraimí agus na feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 62.

## ROINN 1

## AN BORD GINEARÁLTA

*Airteagal 46*

***Comhdhéanamh an Bhoird Ghinearálta***

1. Beidh rogha ann do chomhdhéanamh an Bhoird Ghinearálta idir an comhdhéanamh maoirseachta a leagtar síos i mír 2 ▌, an comhdhéanamh AFA a leagtar síos i mír 3.

2. Beidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta comhdhéanta díobh seo a leanas:

(a) Cathaoirleach an Údaráis ag a mbeidh ceart vótála;

(b) ceannasaithe údaráis mhaoirseachta na n-eintiteas faoi oibleagáid i ngach Ballstát a bhfuil cearta vótála acu;

(c) ionadaí amháin ón gCoimisiún, nach bhfuil ceart vótála aige.

Roinnfidh ceannasaithe na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b) i ngach Ballstát vóta singil eatarthu, ***agus ceapfaidh siad ionadaí coiteann amháin, ionadaí buan vótála nó ionadaí vótála ad hoc*** chun críoch ***gach cruinnithe*** nó nós imeachta vótála ar leith. ▌ I gcás ina mbaineann na míreanna le plé ag an mBord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta le hinniúlacht roinnt údaráis phoiblí, féadfaidh ***ionadaí coiteann amháin*** a bheith i dteannta leis an gcomhalta ad hoc nó buan ag a mbeidh cearta vótála, a bheidh ina chomhalta ach gan ceart vótála aige. ***Agus a n-ionadaí coiteann aonair á chomhaontú acu chuig an mBord Ginearálta, cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta i ngach Ballstát prionsabal na cothromaíochta inscne san áireamh.***

Gach údarás poiblí a bhfuil comhalta ag a bhfuil cearta vótála faoi chomhaontú ad hoc nó buan aige, beidh sé freagrach as malartach ardleibhéil a ainmniú óna údarás, agus féadfaidh an malartach sin ionad an chomhalta ag a bhfuil ceart vótála den Bhord Ginearálta dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh, i gcás nach féidir leis an duine sin freastal ar chruinniú.

3. Beidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA comhdhéanta díobh seo a leanas:

(a) Cathaoirleach an Údaráis ag a mbeidh ceart vótála;

(b) ceannasaithe na AFAnna ag a bhfuil an ceart vótála;

(c) ionadaí amháin ón gCoimisiún, nach bhfuil ceart vótála aige.

4. Féadfaidh an Bord Ginearálta cinneadh a dhéanamh breathnóirí a ghlacadh isteach. ▌***Glacfaidh an*** Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA isteach mar bhreathnóirí ionadaí amháin ***ar a laghad*** ó OLAF, ***ó Europol,*** ó Eurojust agus ó EPPO chuig

cruinnithe ***mar bhreathnóirí*** nuair a thagann ábhair faoina sainorduithe faoi seach. Glacfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta isteach ***go buan*** ionadaí ***ar a laghad*** arna ainmniú ag Bord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus ionadaithe ó gach ceann de na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha ***mar bhreathnóirí***. ***Féadfar breathnóirí eile a ghlacadh isteach ar bhonn ad hoc má fhormheastar iad le tromlach dhá thrian de chomhaltaí an Bhoird Ghinearálta a bhfuil vóta acu sa chomhdhéanamh ábhartha.***

5. Féadfaidh comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Bhoird Ghinearálta sa dá chomhdhéanamh, gan cearta vótála a bheith acu, i gcás ina bpléitear na míreanna a chlúdaítear faoina réimsí freagrachta de réir mar a chinneann Cathaoirleach an Údaráis agus dá dtagraítear in Airteagal 55(2).

*Airteagal 47*

***Coistí inmheánacha an Bhoird Ghinearálta***

Féadfaidh an Bord Ginearálta, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Chathaoirleach an Údaráis, coistí inmheánacha a bhunú le haghaidh cúraimí sonracha a thugtar dó. Féadfaidh an Bord Ginearálta foráil a dhéanamh maidir le cúraimí áirithe atá sainithe go soiléir ▌ a tharmligean chuig coistí inmheánacha, chuig an mBord Feidhmiúcháin nó chuig an gCathaoirleach. Féadfaidh an Bord Ginearálta an tarmligean sin a chúlghairm am ar bith. ***Leanfaidh an Bord Ginearálta de bheith freagrach agus feidhmeoidh sé rialú deiridh ar a chinntí go léir. Féadfaidh comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin páirt a ghlacadh i gcruinnithe de choistí inmheánacha i gcomhréir le hAirteagal 46(5).***

*Airteagal 48*

***Neamhspleáchas an Bhoird Ghinearálta***

1. Nuair a bheidh na cúraimí a thugtar dóibh faoin Rialachán seo á ndéanamh acu, gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Ghinearálta sa dá chomhdhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 46(2) pointí (a) agus (b) agus (3) pointí (a) agus (b) go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leasa an Aontais ina iomláine, agus chun an leasa sin amháin; agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht príobháideach nó poiblí eile.

2. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, institiúidí, gníomhaireachtaí, oifigí ná comhlachtaí an Aontais, agus aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile, iarracht tionchar a imirt ar chomhaltaí an Bhoird Ghinearálta i leith chomhlíonadh a gcúraimí.

3. Leagfaidh an Bord Ginearálta síos, ina Rialacha Nós Imeachta, na socruithe praiticiúla maidir leis na socruithe praiticiúla chun coinbhleacht leasa a chosc agus a bhainistiú.

*Airteagal 49*

***Cúraimí an Bhoird Ghinearálta***

1. Glacfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta na cinntí a bhaineann le cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 7 go 10 chomh maith le haon chinntí dá bhforáiltear go sainráite leis an Rialachán seo maidir leis an mBord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta.

2. Féadfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta a chomhairle agus a thuairim a thabhairt i leith aon dréachtchinntí a ullmhaíonn an Bord Feidhmiúcháin a dhírítear chuig eintitis faoi oibleagáid i gcomhréir le Roinn 3 de Chaibidil II.

3. Déanfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA na cúraimí agus glacfaidh sé na cinntí de bhun Roinn 6 de Chaibidil II.

4. Glacfaidh an Bord Ginearálta na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme agus rialála, tuairimí, moltaí, treoirlínte agus cinntí an Údaráis dá dtagraítear i Roinn 7 de Chaibidil II, i gcomhdhéanamh iomchuí, ag brath ar ábhar na hionstraime. I gcás ina mbaineann ionstraim áirithe le hábhair AFA agus le cúrsaí a bhaineann le maoirseacht, éileofar glacadh neamhspleách ag an dá chomhdhéanamh de chuid an Bhoird Ghinearálta. Glacfar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme, tuairimí, moltaí, agus treoirlínte bunaithe ar thogra ón gcoiste inmheánach ábhartha.

5. Rachfar i gcomhairle leis an mBord Ginearálta i gceachtar den dá chomhdhéanamh faoi na dréachtchinntí a ghlacfaidh an Bord Feidhmiúcháin de bhun Airteagal ***53(3***), 53(4), pointí (a), (c), (e) agus (m). I gcás ina n-imíonn an cinneadh a ghlacfaidh an Bord Feidhmiúcháin ina dhiaidh sin ó thuairim an Bhoird Ghinearálta, cuirfidh an Bord Feidhmiúcháin na cúiseanna leis sin ar fáil i scríbhinn.

6. Glacfaidh an Bord Ginearálta a Rialacha Nós Imeachta agus poibleoidh sé iad.

7. Gan dochar d’Airteagail 52 (3) agus (4) agus d’Airteagal 56 (1) agus (2), is é an Bord Ginearálta a fheidhmeoidh cumhachtaí an údaráis cheapacháin thar an gCathaoirleach agus an cúigear comhaltaí buana den Bhord Feidhmiúcháin ar feadh a sainordaithe.

*Airteagal 50*

***Rialacha vótála an Bhoird Ghinearálta***

1. Déanfar cinntí an Bhoird Ghinearálta a ghlacadh trí thromlach simplí dá chuid comhaltaí. Vóta amháin a bheidh ag gach comhalta ag a bhfuil cearta vótála arna chinneadh le hAirteagal ***46(2)***. I gcás comhionannais vótaí, is ag Cathaoirleach an Údaráis a bheidh an vóta réitigh.

2. Maidir leis na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 38, 42, 43 agus 44 den Rialachán seo, agus de mhaolú ar mhír 1, déanfaidh an Bord Ginearálta cinntí ar bhonn thromlach cáilithe a chomhaltaí, mar a shainítear in Airteagal 16(4) den CAE.

   Ní vótálfaidh Cathaoirleach an Údaráis ar na cinntí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus ar na cinntí a bhaineann le meastóireacht ar fheidhmíocht an Bhoird Feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52 (4).

3. Ní fhreastalóidh na comhaltaí nach bhfuil cearta vótála acu agus na breathnóirí ar aon phlé laistigh den Bhord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta a bhaineann le heintitis aonair faoi oibleagáid, mura bhforáiltear dá mhalairt sna gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus le hionadaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh arna ainmniú ag a Bhord Maoirseachta.

5. Beidh an sainchumas ag Cathaoirleach an Údaráis vótáil a ghlaoch tráth ar bith. Gan dochar don chumhacht sin agus d'éifeachtacht nósanna imeachta cinnteoireachta an Údaráis, déanfaidh an Bord Ginearálta a dhícheall teacht ar chomhthoil nuair a bheidh a chinntí á nglacadh.

*Airteagal 51*

***Cruinnithe an Bhoird Ghinearálta***

1. Déanfaidh Cathaoirleach an Údaráis cruinnithe an Bhoird Ghinearálta a thionól.

2. Déanfaidh an Bord Ginearálta dhá ghnáthchruinniú ar a laghad a thionól in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, tiocfaidh sé le chéile ar thionscnamh a Chathaoirligh, arna iarraidh sin don Choimisiún nó arna iarraidh sin do thrian de na comhaltaí ar a laghad.

3. Féadfaidh an Bord Ginearálta a iarraidh ar aon duine a bhféadfadh a thuairim a bheith ina díol spéise freastal i gcáil breathnóra ar chruinnithe an Bhoird.

4. Faoi réir rialacha nós imeachta an Bhoird Ghinearálta, féadfaidh comhairleoirí nó saineolaithe a bheith de chúnamh ag comhaltaí an Bhoird Ghinearálta nó ag a gcomhaltaí malartacha ag na cruinnithe.

5. Is é an tÚdarás a chuirfidh rúnaíocht ar fáil don Bhord Ginearálta.

6. Ní fhreastalóidh Cathaoirleach an Údaráis agus an cúigear comhaltaí buana den Bhord Feidhmiúcháin ar na cruinnithe sin den Bhord Ginearálta i gcás ina bpléitear nó ina ndéantar cinneadh ar ábhair a bhaineann le feidhmiú a sainordaithe.

***Airteagal 51a***

***Trédhearcacht na gcinntí arna nglacadh ag an mBord Ginearálta***

***Laistigh de shé seachtaine ó gach cruinniú den Bhord Ginearálta, cuirfidh an tÚdarás ar fáil do Pharlaimint na hEorpa, ar a laghad, taifead cuimsitheach suntasach d'imeachtaí an chruinnithe sin, taifead trínar féidir tuiscint iomlán a fháil ar an bplé, lena n-áirítear liosta anótáilte de na cinntí. Ní léireofar sa taifead sin pléití laistigh den Bhord Ginearálta a bhaineann le heintitis aonair, mura bhforáiltear dá mhalairt sna gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2).***

## ROINN 2

## AN BORD FEIDHMIÚCHÁIN

*Airteagal 52*

***Comhdhéanamh agus ceapadh an Bhoird Feidhmiúcháin***

1. Beidh an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta díobh seo a leanas:

   (a) Cathaoirleach an Údaráis;

   (b) cúigear comhaltaí lánaimseartha,***lena n-áirítear an Leas-Chathaoirleach***;

   (c) ionadaí ón gCoimisiún i gcás ina ndéanann an Bord Feidhmiúcháin na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 53(4) pointe (a) go (l). Beidh ionadaí ón gCoimisiún i dteideal páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí, agus ní bheidh rochtain aige ach amháin ar na doiciméid a bhaineann leis na cúraimí sin.

2. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin, ach ní bheidh an ceart vótála ag an té sin.

3. Roghnófar cúigear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Tarraingeoidh an Coimisiún suas gearrliosta d'iarrthóirí cáilithe don phost mar chúigear comhaltaí lánaimseartha den Bhord Feidhmiúcháin agus cuirfidh sé ***an gearrliosta sin*** ar fáil do choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa▌.***Féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa éisteachtaí na n-iarrthóirí ón ngearrliosta sin a sheoladh. Tar éis an toraidh i bParlaimint na hEorpa, Cuirfidh an Coimisiún togra chun cúigear comhaltaí lánaimseartha den Bhord Feidhmiúcháin a cheapadh faoi bhráid na Parlaiminte lena fhormheas. Tar éis do Pharlaimint na hEorpa an togra sin a fhormheas, glacfaidh an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme chun cúigear comhaltaí lánaimseartha a cheapadh ar an mBord Feidhmiúcháin. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe.***

   Cuirfear prionsabail na cothromaíochta inscne, na taithí, na cáilíochta agus, a mhéid is féidir, na cothromaíochta geografaí ▌ san áireamh sa roghnú.

4. Mairfidh tréimhse oifige chúigear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin ar feadh 4 bliana. Le linn an 12 mhí roimh dheireadh an téarma oifige 4 bliana ag Cathaoirleach an Údaráis agus ag cúigear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin, déanfaidh an ***Coimisiún, agus tuairim an Bhoird Ghinearálta sa dá chomhdhéanamh á cur san áireamh,*** nó déanfaidh coiste níos lú a roghnaítear i measc chomhaltaí an Bhoird Ghinearálta, lena n-áirítear ionadaí ón gCoimisiún, measúnú ar fheidhmíocht an Bhoird Feidhmiúcháin. Tabharfar san áireamh sa mheasúnú meastóireacht ar fheidhmíocht chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus cúraimí agus dúshláin an Údaráis amach anseo. Bunaithe ar an measúnú, féadfaidh an ***Coimisiún*** a ***mholadh do Pharlaimint na hEorpa síneadh a*** chur lena dtéarma oifige aon uair amháin. ***Féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa éisteachtaí chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin a stiúradh. Tar éis do Pharlaimint na hEorpa an togra ón gCoimisiún a fhormheas, glacfaidh an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme***

***chun síneadh a chur le téarma oifige chomhaltaí sin an Bhoird Feidhmiúcháin. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe.***

5. Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) agus (b) go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leasa an Aontais ina iomláine, agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó institiúidí an Aontais ná ó ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais agus ó chomhlachtaí eile an Aontais, ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht príobháideach nó poiblí eile. Léireoidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus rialtais na mBallstát agus aon chomhlacht eile urraim don neamhspleáchas sin.

6. I gcás nach gcomhlíonfaidh comhalta amháin nó níos mó den Bhord Feidhmiúcháin, seachas Cathaoirleach an Údaráis, a thuilleadh na coinníollacha a cheanglaítear chun a gcuid dualgas a fheidhmiú nó i gcás go bhfuarthas ciontach iad i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Bord Ginearálta, ar thogra ón gCoimisiún, aon duine de chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin a bhaint as oifig.

7. Le linn tréimhse 2 bhliain tar éis éirí as oifig, cuirtear cosc ar iarchomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Údaráis, a bheith páirteach i ngníomhaíocht ghairme shochrach le

(a) heintiteas roghnaithe faoi oibleagáid;

(b) aon eintiteas eile a bhaineann le cúraimí, cumhachtaí agus cuspóirí an Údaráis, i gcás ina bhfuil coinbhleacht leasa [redacted] nó riosca iomarcach de sin ann.

Ina chuid rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú i ndáil lena chomhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 53 (4) pointe (e), sonróidh an Bord Feidhmiúcháin na himthosca ina bhféadfadh coinbhleachta leasa den sórt sin a bheith ann nó a bhrath.

*Airteagal 53*

***Cúraimí an Bhoird Feidhmiúcháin***

1. Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as pleanáil fhoriomlán agus as cur i gcrích na gcúraimí a thugtar don Údarás de bhun Airteagal 5. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin gach cinneadh an Údaráis, cé is moite de na cinntí a ghlacfaidh an Bord Ginearálta i gcomhréir le hAirteagal 49.

2. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin na cinntí uile a dhíreofar ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid chun críocha fheidhmiú na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus in Airteagail 16 go 22. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí a dhírítear chuig eintitis roghnaithe faoi oibleagáid tar éis togra ó Fhoireann Mhaoirseachta Chomhpháirteach an eintitis roghnaithe faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 15, agus an tuairim a sholáthair an Bord Ginearálta i leith an chinnidh mholta sin á chur san áireamh. I gcás ina ***gcinnfidh an Bord Feidhmiúcháin imeacht*** ón tuairim sin, tabharfaidh sé na cúiseanna leis sin i scríbhinn.

***Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin na cinntí uile a dhíreofar ar eintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 30c.***

3. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin le gach cinneadh a dhírítear chuig na húdaráis phoiblí de bhun Airteagail 28, ***30, 30a, 30b, 30c***, 31, agus 32.

4. Ina theannta sin, beidh ag an mBord Feidhmiúcháin na cúraimí seo a leanas:

(a) dréacht-Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 54 faoin 30 Samhain gach bliain, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin; agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin é mar fhaisnéis faoin 31 Eanáir an bhliain dár gcionn, chomh maith le leagan nuashonraithe ar bith eile den doiciméad;

(b) dréachtbhuiséad bliantúil an Údaráis a ghlacadh agus feidhmeanna eile i dtaca le buiséad an Údaráis a fheidhmiú;

(c) tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a mheasúnú agus a ghlacadh, lena n-áirítear forléargas ar a chuid cúraimí, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin í agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 1 Iúil gach bliain agus cuirfidh sé an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí ar fáil don phobal;

(d) straitéis frithchalaoise a ghlacadh, atá comhréireach leis na rioscaí calaoise agus costais agus tairbhí na mbeart a bheidh le cur chun feidhme á gcur san áireamh;

(e) rialacha a ghlacadh maidir le cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa i ndáil lena chomhaltaí, chomh maith le comhaltaí an Bhoird Riaracháin ***Achomhairc***;

(f) a rialacha nós imeachta a ghlacadh;

(g) na cumhachtaí a tugadh don Údarás Ceapacháin faoi na Rialacháin Foirne agus don Údarás atá Cumhachtaithe Conradh Fostaíochta a Thabhairt i gCrích faoi Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile ('cumhachtaí an údaráis cheapacháin'), na cumhachtaí sin a fheidhmiú i dtaobh bhaill foirne an Údaráis;

(h) rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun feidhm a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne;

(i) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh agus é nó í a chur as oifig, i gcomhréir le hAirteagal 58;

(j) Oifigeach Cuntasaíochta a cheapadh, faoi réir na Rialachán Foirne agus Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, a bheidh neamhspleách go hiomlán i gcomhlíonadh a chuid dualgas, agus féadfaidh sé gurb é Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin a bheidh ann;

(k) a áirithiú go ndéanfar obair leantach leordhóthanach ar thorthaí agus ar mholtaí a thagann as na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí nó as na tuarascálacha iniúchóireachta seachtraí agus as meastóireachtaí inmheánacha nó as meastóireachtaí seachtracha, agus freisin as imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF;

(l) na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Údarás a ghlacadh;

(m) cinntí uile a ghlacadh maidir le bunú struchtúir inmheánacha an Údaráis agus, i gcás inar gá, maidir lena modhnú.

5. Roghnóidh an Bord Feidhmiúcháin Leas-Chathaoirleach den Údarás i measc a chomhaltaí ag a bhfuil ceart vótála. Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach ionad an Chathaoirligh go huathoibríoch má tharlaíonn nach féidir leis an gCathaoirleach freastal ar a dhualgais.

6. I dtaca leis na cumhachtaí a luaitear i mír 4 pointe (h), glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de na Coinníollacha Fostaíochta, lena dtarmligtear cumhachtaí ábhartha an údaráis cheapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin údaraithe na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

7. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin trí chinneadh tarmligean chumhachtaí an údaráis cheapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus aon fho-tharmligean chumhachtaí an údaráis cheapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin sin a chur ar fionraí ar bhonn sealadach, agus iad a chleachtadh é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó chuig ball foirne eile seachas an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

*Airteagal 54*

***Clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil***

1. Faoin 30 Samhain gach bliain glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin Doiciméad Clársceidealaithe Aonair ina mbeidh an clársceidealú ilbhliantúil agus bliantúil, bunaithe ar dhréacht arna thíolacadh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus an tuairim ón gCoimisiún á cur san áireamh aige agus, i dtaca leis an gclársceidealú ilbhliantúil, tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa. ***Má chinneann an Bord Feidhmiúcháin gan aon ghnéithe de thuairim an Choimisiúin a chur san áireamh, soláthróidh sé bonn cirt cuimsitheach leis an gcinneadh sin. Beidh feidhm ag an oibleagáid bonn cirt cuimsitheach a sholáthar freisin maidir le haon ghnéithe a ardóidh Parlaimint na hEorpa nuair a théitear i gcomhairle léi.*** Cuirfidh an Bord Feidhmiúcháin ar aghaidh gan mhoill an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

Tiocfaidh an doiciméad clársceidealaithe chun bheith críochnaitheach tar éis ghlacadh deiridh an bhuiséid ghinearálta agus, más gá, déanfar coigeartú air dá réir sin.

2. Beidh sa chlár oibre bliantúil cuspóirí mionsonraithe chomh maith leis na torthaí a bhfuil coinne leo, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta. Beidh tuairisc ann freisin ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú agus léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna a leithdháilfear ar gach gníomhaíocht, i gcomhréir le prionsabail an bhuiséadaithe agus an bhainistithe de réir gníomhaíochtaí. Beidh an clár oibre bliantúil comhleanúnach leis an gclár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 4. Sonrófar go soiléir ann na cúraimí a cuireadh leis, a athraíodh nó a scriosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe.

3. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an clár oibre bliantúil atá glactha a leasú nuair a thabharfar cúram nua don Údarás.

Is leis an nós imeachta céanna a úsáideadh don chlár oibre bliantúil tosaigh a ghlacfar aon leasú substaintiúil ar an gclár oibre bliantúil. Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin an

chumhacht leasuithe neamhshubstainteacha a dhéanamh ar an gclár oibre bliantúil a tharmligean chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

4. Leagfar amach sa chlár oibre ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán lena n-áirítear cuspóirí, torthaí a bhfuil coinne leo agus táscairí feidhmíochta. Leagfar amach ann clársceidealú acmhainní freisin, lena n-áirítear an buiséad ilbhliantúil agus an fhoireann.

Déanfar an clársceidealú acmhainní a thabhairt cothrom le dáta gach bliain. Nuashonrófar an clársceidealú straitéiseach i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 55*

***Rialacha vótála an Bhoird Feidhmiúcháin***

1. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinntí trí thromlach simplí dá chomhaltaí. Beidh vóta amháin ag gach comhalta den Bhord Feidhmiúcháin***, i gcomhréir le hAirteagal 52(1)***. I gcás comhionannas vótaí, beidh vóta réitigh ag ***Cathaoirleach an Údaráis, nó ag an Leas-Chathaoirleach i gcás ina dtagann sé nó sí in ionad*** an Chathaoirligh.

2. Beidh ceart vótála ag ionadaí ón gCoimisiún uair ar bith a phléitear ábhair a bhaineann le hAirteagal 53(4) pointí (a) go (i) agus nuair a dhéantar cinneadh ina leith. ▌

3. Le rialacha nós imeachta an Bhoird Feidhmiúcháin, leagfar síos socruithe vótála níos mionsonraithe, go háirithe na cúinsí ina bhféadfaidh comhalta gníomhú thar ceann comhalta eile.

***Airteagal 55 a***

***Oifigeach um Chearta Bunúsacha***

***1. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin, ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Oifigeach um Chearta Bunúsacha a ainmniú. Féadfaidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha sin a bheith ina bhall nó ina ball d'fhoireann an Údaráis atá ann cheana agus ar cuireadh oiliúint speisialta orthu maidir le dlí agus cleachtas na gceart bunúsach.***

***2. Déanfaidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha na cúraimí seo a leanas:***

***(a) cuirfidh sé comhairle ar an Údarás, i gcás ina measann an tOifigeach go bhfuil gá leis nó nuair a iarrtar sin, maidir le haon ghníomhaíocht de chuid an Údaráis gan bac ná moill a chur ar na gníomhaíochtaí sin;***

***(b) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach ag an Údarás;***

***(c) tuairimí neamhcheangailteacha a chur ar fáil maidir le socruithe oibre;***

***(d) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur ar an eolas faoi sháruithe féideartha ar chearta bunúsacha le linn ghníomhaíochtaí an Údaráis;***

***(e) urraim an Údaráis do chearta bunúsacha i gcomhlíonadh a chúraimí agus a ghníomhaíochtaí a chur chun cinn;***

***(f) aon chúraimí eile, i gcás ina bhforáiltear dóibh sa Rialachán seo.***

***3.*** ***Áiritheoidh an tÚdarás nach bhfaighidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha aon treoir maidir le cur i gcrích chúraimí an Oifigigh.***

***4.*** ***Ullmhóidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha go díreach don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus foilseoidh sé nó sí tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí an Oifigigh, lena n-áirítear a mhéid a urramaítear cearta bunúsacha le gníomhaíochtaí an Údaráis. Cuirfear na tuarascálacha sin ar fáil don Bhord Feidhmiúcháin.***

## ROINN 3

## CATHAOIRLEACH AN ÚDARÁIS

*Airteagal 56*

***Ceapachán Chathaoirleach an Údaráis***

1. Roghnófar Cathaoirleach an Údaráis ar bhonn tuillteanais, scileanna, eolais, ***sláine,*** seasamh aitheanta agus taithí i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus an chomhraic in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta agus cáilíochta ábhartha eile, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte ***lena gcuirfear san áireamh prionsabail na cothromaíochta inscne agus a fhoilseofar*** in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. ***Soláthróidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa gearrliosta d'*** ▌ ***iarrthóirí cáilithe don phost mar*** ▌ ***Chathaoirleach an Údaráis agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoin ghearrliosta. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa éisteachtaí na n-iarrthóirí atá ar an ngearrliosta sin a stiúradh. Tar éis an toraidh i bParlaimint na hEorpa, cuirfidh an Coimisiún togra maidir le ceapadh Chathaoirleach an Údaráis faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena fhormheas. Tar éis do Pharlaimint na hEorpa an togra sin a fhormheas, glacfaidh an*** Chomhairle ▌ cinneadh cur chun feidhme chun Cathaoirleach an Údaráis a cheapadh. ***Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe. I gcás ina mbeidh Parlaimint na hEorpa den tuairim nach gcomhlíonann aon duine de na hiarrthóirí ar an ngearrliosta na critéir a leagtar amach sa chéad mhír sin go leordhóthanach, tosófar an nós imeachta roghnúcháin oscailte an athuair.***

2. I gcás nach gcomhlíonfaidh Cathaoirleach an Údaráis a thuilleadh na coinníollacha a cheanglaítear chun a chuid dualgas a fheidhmiú nó i gcás go bhfuarthas ciontach é i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chomhairle, ***ar a thionscnamh féin nó*** tar éis togra ***ó Pharlaimint na hEorpa nó ón mBord Ginearálta*** i gceachtar den dá chomhdhéanamh, cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh chun Cathaoirleach an Údaráis a chur as oifig. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe.

3. Dá n-éireodh an Cathaoirleach as nó mura mbeadh sé in ann freastal ar a chuid dualgas ar chúis ar bith eile, is é an Leas-Chathaoirleach a dhéanfaidh feidhmeanna an Chathaoirligh.

*Airteagal 57*

***Freagrachtaí Chathaoirleach an Údaráis***

1. Is é Cathaoirleach an Údaráis a fheidhmeoidh mar ionadaí an Údaráis, agus a bheidh freagrach as obair an Bhoird Ghinearálta agus an Bhoird Feidhmiúcháin a ullmhú, lena n-áirítear an clár oibre a shocrú, na cruinnithe a thionól agus na míreanna a bheidh le cinneadh a chur síos.

2. Is é an Cathaoirleach a shannfaidh do chúigear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin réimsí sonracha freagrachta laistigh de raon feidhme chúraimí an Údaráis ar feadh tréimhse a shainordaithe.

## ROINN 4

## AN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

*Airteagal 58*

***Ceapachán an Stiúrthóra Feidhmiúcháin***

1. Ceapfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar ghníomhaire sealadach de chuid na gníomhaireachta faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

2. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhualgais ***nó a dualgais*** a fheidhmiú chun leasa an Aontais, agus go neamhspleách ar aon leas sonrach.

3. Bainisteoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an tÚdarás. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach don Bhord Feidhmiúcháin. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus an Bhoird Feidhmiúcháin, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid dualgas agus ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh sé treoracha ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile.

4. Roghnófar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar fhorais an tuillteanais agus scileanna ardleibhéil doiciméadaithe riaracháin, buiséadacha agus bainistíochta, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte, ***lena gcuirfear san áireamh prionsabal na cothromaíochta inscne agus foilseofar é*** in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus, i gcás inarb iomchuí, ar shuíomhanna eile preasa agus idirlín. Ullmhóidh an Coimisiún gearrliosta d'iarrthóirí atá cáilithe don phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ***soláthróidh sé an gearrliosta sin do Pharlaimint na hEorpa. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa éisteachtaí na n-iarrthóirí atá ar an ngearrliosta sin a stiúradh.*** Tar éis an toraidh i bParlaimint na hEorpa, ceapfaidh an Bord Feidhmiúcháin an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, tar éis formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. I gcás ina mbeidh Parlaimint na hEorpa den tuairim nach gcomhlíonann aon duine de na hiarrthóirí ar an ngearrliosta na critéir a leagtar amach sa chéad mhír sin go leordhóthanach, tosófar an nós imeachta roghnúcháin oscailte an athuair.

5. 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Le linn na 9 mí roimh dheireadh théarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin measúnú ina dtugtar san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus dúshláin na Gníomhaireachta amach anseo. Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin, agus an mheastóireacht dá dtagraítear sa

chéad fhomhír á cur san áireamh, téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a fhadú uair amháin.

Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ar thogra ó Pharlaimint na hEorpa***, ón gComhairle*** nó ón gCoimisiún.

6. Ní fhéadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar cuireadh síneadh lena théarma oifige nó lena téarma oifige, páirt a ghlacadh i nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna ag deireadh an téarma oifige fhoriomláin atá aige nó aici.

*Airteagal 59*

***Cúraimí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin***

1. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gceannas ar bhainistiú laethúil an Údaráis, agus is é a bheidh d'aidhm aige ***na caighdeáin ghairmiúla is airde a chaomhnú agus*** cothromaíocht inscne a áirithiú laistigh den Údarás. Go háirithe, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an méid seo a leanas:

(a) cinntí arna nglacadh ag an mBord Feidhmiúcháin a chur chun feidhme;

(b) an dréacht-Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a ullmhú agus é a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún;

(c) an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin maidir lena chur chun feidhme;

(d) an dréacht-tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí an Údaráis a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin lena measúnú agus lena glacadh;

(e) plean gníomhaíochta a ullmhú ag féachaint do chonclúidí na dtuarascálacha agus na meastóireachtaí iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, agus d'imscrúduithe de chuid na hOifige Eorpaí Frith-chalaoise (OLAF), mar aon le tuairisc a thabhairt maidir leis an dul chun cinn dhá uair sa bhliain don Choimisiún, agus go tráthrialta don Bhord Ginearálta agus don Bhord Feidhmiúcháin;

(f) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh calaoise, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile, gan dochar don inniúlacht imscrúdaitheach atá ag OLAF, trí bhíthin seiceálacha éifeachtacha agus, más rud é go mbraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm;

(g) straitéis frith-chalaoise a ullmhú le haghaidh an Údaráis agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin lena formheas;

(h) dréachtrialacha airgeadais a ullmhú is infheidhme maidir leis an Údarás;

(i) dréachtráiteas an Údaráis ar mheastacháin ***ar ioncam agus ar chaiteachas a ullmhú mar chuid den dréacht-Doiciméad Clársceidealaithe Aonair de bhun Airteagal 66*** agus a bhuiséad a chur chun feidhme ***de bhun Airteagal 67***;

(j) straitéis slándála TF a ullmhú agus a chur chun feidhme, lena n-áirithítear bainistíocht riosca iomchuí don bhonneagar, córais agus seirbhísí TF uile, a fhorbraíonn nó a sholáthraíonn an tÚdarás chomh maith le cistiú slándála TF leordhóthanach.

(k) clár oibre bliantúil an Údaráis a chur chun feidhme faoi rialú an Bhoird Feidhmiúcháin;

▌

(m) dréacht-tuarascáil a ullmhú ina dtugtar tuairisc ar gach gníomhaíocht de chuid an Údaráis, tuarascáil ina mbeidh roinn maidir le cúrsaí airgeadais agus riaracháin.

2. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na bearta is gá, go háirithe treoracha riaracháin inmheánacha a ghlacadh agus fógraí a fhoilsiú, chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an tÚdarás go cuí, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. Cinnfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an gá ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát amháin nó níos mó chun cúraimí an Údaráis a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil éifeachtach. Sula gcinnfidh sé oifig áitiúil a bhunú, gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin toiliú roimh ré ón gCoimisiún, ón mBord Feidhmiúcháin agus ón mBallstát nó ó na Ballstáit lena mbaineann. Sonrófar sa chinneadh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh san oifig áitiúil ar bhealach lena seachnófar costais nach bhfuil aon ghá leo agus dúbailt feidhmeanna riaracháin an Údaráis. Déanfar comhaontú ceanncheathrún dá réir sin leis an mBallstát/na Ballstáit lena mbaineann.

## ROINN 5

BORD RIARACHÁIN ACHOMHAIRC

*Airteagal 60*

***Cruthú agus Comhdhéanamh an Bhoird Riaracháin Achomhairc***

1. Bunóidh an tÚdarás Bord Riaracháin Achomhairc chun athbhreithniú riaracháin inmheánach a dhéanamh ar na cinntí atá déanta ag an Údarás i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a liostaítear in Airteagail 20, 21, 22 ***agus 65***. Bainfidh raon feidhme an athbhreithniúcháin riaracháin inmheánaigh le comhréireacht nós imeachta agus shubstainteach leis an Rialachán seo agus leis na cinntí sin.

2. Beidh an Bord Riaracháin ***Achomhairc*** comhdhéanta de chúigear daoine aonair a bhfuil dea-cháil orthu, a bhfuil cuntas teiste cruthaithe d'eolas ábhartha agus taithí ghairmiúil acu, lena n-áirítear taithí mhaoirseachta i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus an chomhraic in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta, cé is moite de bhaill foirne reatha an Údaráis, chomh maith leis an bhfoireann reatha atá ag údaráis mhaoirseachta AML/CFT agus AFAnna nó ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile náisiúnta nó de chuid an Aontais a mbíonn baint acu le cur i gcrích na gcúraimí a thugtar don Údarás leis an Rialachán seo. Beidh acmhainní agus saineolas dóthanach ag an mBord Riaracháin Achomhairc le measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú chumhachtaí an Údaráis faoin Rialachán seo.

3. Déanfaidh an Bord Riaracháin ***Achomhairc*** cinneadh ar bhonn thromlach triúir ar a laghad dá chúigear comhaltaí.

*Airteagal 61*

***Comhaltaí den Bhord Riaracháin Achomhairc***

1. Is é an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta a cheapfaidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin Achomhairc agus beirt mhalartach go ceann téarma 5 bliana, téarma is féidir a fhadú uair amháin, tar éis glao poiblí ar léirithe spéise a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bheidh siad faoi cheangal ag aon treoir.

***Cuirfear prionsabail na cothromaíochta inscne, na taithí, na cáilíochta agus, a mhéid is féidir, na cothromaíochta geografaí san áireamh sa roghnú.***

2. Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin ***Achomhairc*** go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail, agus ní dhéanfaidh siad aon dualgais eile laistigh den Údarás. Chun na críche sin, tabharfaidh siad dearbhú poiblí gealltanas agus dearbhú poiblí leasanna lena léirítear aon leas díreach nó indíreach a bhféadfaí a bhreithniú ina leith gur dochar dá neamhspleáchas é nó lena léirítear nach bhfuil aon leas den sórt sin acu.

3. Ní chuirfear comhaltaí an Bhoird Riaracháin ***Achomhairc*** as oifig ná ní bhainfear de liosta na n-iarrthóirí incháilithe iad le linn a dtéarma oifige, mura mbeidh forais thromchúiseacha ann don chur as oifig sin▌ .

*Airteagal 62*

***Cinntí atá faoi réir achomhairc***

1. Féadfar iarraidh ar ***achomharc*** a thabhairt os comhair an Bhoird Riaracháin ***Achomhairc*** i gcoinne cinntí arna ndéanamh ag an Údarás de bhun Airteagail 6(1), 20, 21, 22 ***agus 65*** ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil an cinneadh dírithe air, nó ar ábhar imní dó go díreach agus go leithleach é an cinneadh. ***Beidh éifeacht fionraíochta ag comhdú an achomhairc.***

2. Déanfar aon iarraidh ar ***achomharc*** i scríbhinn, mar aon le ráiteas ar na forais atá leis, agus cuirfear faoi bhráid an Údaráis é laistigh de mhí amháin ón dáta a dtugtar fógra faoin gcinneadh don duine a iarrann an ***t-achomharc***, nó ina éagmais sin, ón lá a tháinig sé chun feasa an duine sin, de réir mar a bheidh.

3. Tar éis rialú maidir le hinghlacthacht an ***achomhairc***, tabharfaidh an Bord Riaracháin ***Achomhairc*** tuairim uaidh laistigh de thréimhse is iomchuí do phráinne an cháis agus tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an iarraidh a fháil agus déanfaidh sé an cás a tharchur chuig an mBord Feidhmiúcháin chun dréachtchinneadh nua a ullmhú. Cuirfidh an Bord Feidhmiúcháin tuairim an Bhoird Riaracháin ***Achomhairc*** san áireamh agus glacfaidh sé cinneadh nua go mear. Déanfaidh an cinneadh nua cinneadh tosaigh ***an Bhoird Feidhmiúcháin*** a chealú, cuirfear cinneadh leis an inneachar céanna ina ionad sin, nó cuirfear cinneadh leasaithe ina ionad.

▌

4. An tuairim a thugann an Bord Riaracháin ***Achomhairc***, agus an cinneadh nua a ghlacann an Bord Feidhmiúcháin de bhun an Airteagail seo, beidh siad réasúnaithe agus tabharfar fógra ina leith do na páirtithe.

5. Glacfaidh an tÚdarás cinneadh lena mbunófar Rialacha Nós Imeachta oibriúcháin an Bhoird Riaracháin ***Achomhairc***.

***Airteagal 62a***

***Caingne os comhair na Cúirte Breithiúnais***

***1. Ní fhéadfar caingne chun cinntí an Údaráis arna nglacadh de bhun Airteagail 6(1) agus 20, 21 agus 22 a neamhniú a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ach amháin tar éis an nós imeachta achomhairc laistigh den Údarás a leagtar amach in Airteagal 62 a bheith ídithe.***

***2. Féadfar caingean arna déanamh de bhun mhír 1 a thionscnamh ar fhorais easpa inniúlachta, cinneadh mícheart nó neamhrialta, sárú ar cheanglas riachtanach nós imeachta, sárú ar na Conarthaí, ar an Rialachán seo nó ar aon riail dlí a bhaineann lena gcur i bhfeidhm nó mí-úsáid cumhachta.***

***3. Glacfaidh an tÚdarás gach beart is gá chun breithiúnas na Cúirte Ginearálta nó, i gcás achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin, breithiúnas na Cúirte Breithiúnais, a chomhlíonadh.***

*Airteagal 63*

***Eisiamh agus agóid***

1. Ní bheidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin ***Achomhairc*** rannpháirteach in aon imeachtaí ***achomhairc*** má bhíonn leas pearsanta acu sna himeachtaí, má bhí baint acu cheana leis na himeachtaí mar ionadaithe do dhuine de pháirtithe na n-imeachtaí, nó má bhí siad rannpháirteach i nglacadh an chinnidh atá faoi ***achomharc***.

2. Má tharlaíonn sé, ar cheann de na cúiseanna a liostaítear i mír 1 nó ar aon chúis eile, go mbreithníonn comhalta den Bhord Riaracháin ***Achomhairc*** nár cheart dó a bheith rannpháirteach in aon imeacht ***achomhairc***, cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl don Bhord Riaracháin ***Achomhairc*** dá réir sin.

3. Féadfaidh aon pháirtí sna himeachtaí ***achomhairc*** agóid a dhéanamh in aghaidh aon chomhalta den Bhord Riaracháin ***Achomhairc*** ar aon cheann de na forais a liostaítear i mír 1, nó má tá amhras ann go bhfuil an comhalta sin claonta. Ní bheidh agóid den sórt sin inghlactha, más rud é go bhfuil an páirtí sna himeachtaí ***achomhairc*** tar éis céim nós imeachta a ghlacadh, agus fios aige go raibh cúis achomhairc ann. Ní féidir agóid ar bith a dhéanamh bunaithe ar náisiúntacht na gcomhaltaí.

4. Cinnfidh an Bord Riaracháin ***Achomhairc*** an ghníomhaíocht a dhéanfar sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 gan rannpháirtíocht an chomhalta lena mbaineann. Chun an cinneadh sin a dhéanamh, cuirfear comhalta malartach an chomhalta lena mbaineann in ionad an chomhalta sin ar an mBord Riaracháin ***Achomhairc***.

# CAIBIDIL IV

# FORÁLACHA AIRGEADAIS

*Airteagal 64*

***Buiséad***

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas uile an Údaráis gach bliain airgeadais, de réir na bliana féilire, agus léireofar i mbuiséad an Údaráis iad.

2. Beidh buiséad an Údaráis comhardaithe ó thaobh ioncaim agus caiteachais de.

3. Gan dochar d'acmhainní eile, beidh ioncam an Údaráis comhdhéanta de mheascán de na foinsí seo a leanas:

   (a) ranníocaíocht ón Aontas a chuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh;

   (b) na táillí a íocann na heintitis roghnaithe agus neamhroghnaithe faoi oibleagáid i gcomhréir le hAirteagal 65, le haghaidh cúraimí a luaitear in Airteagal 5(1), pointí (b) agus (c).

   (c) aon ranníocaíocht dheonach airgeadais ó na Ballstáit***, lena n-áirítear ranníocaíocht ón mBallstát ina bhfuil suíomh an Údaráis lonnaithe;***

   ***(ca) táillí comhaontaithe a bhaineann le foilseacháin, oiliúint agus le haon seirbhísí eile arna soláthar ag an Údarás i gcás ina ndearna eintiteas faoi oibleagáid nó eintiteas nach bhfuil faoi oibleagáid iad a iarraidh go sonrach.***

   ***Déanfar méid agus tionscnamh aon ioncaim dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (ca) den chéad fhomhír den mhír seo a áireamh i gcuntais bhliantúla an Údaráis agus déanfar é a mhionsonrú go soiléir sa tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais an Údaráis dá dtagraítear in Airteagal 68(2).***

4. Cuirfear luach saothair foirne, costais riaracháin agus bonneagair agus costais oibríochtúla san áireamh i gcaiteachas an Údaráis.

*Airteagal 65*

***Táillí a thoibhítear ar eintitis roghnaithe agus neamhroghnaithe faoi oibleagáid***

1. Toibheoidh an tÚdarás táille maoirseachta bhliantúil ar gach eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 13 agus ar eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid a chomhlíonann critéir Airteagal 12(1), agus nach gcomhlíonann na critéir in Airteagal 13(1) ag Ballstát amháin. Cumhdófar leis na táillí caiteachas atá tabhaithe ag an Údarás i ndáil leis na cúraimí a bhaineann leis an maoirseacht agus dá dtagraítear i Ranna 3 agus 4 de Chaibidil II. Ní bheidh na táillí sin níos mó ná an caiteachas a bhaineann leis na cúraimí sin. I gcás nach dtugtar lánurraim do na critéir sin in aon bhliain faoi leith, déanfar na coigeartuithe is gá nuair a bheidh na táillí don dá bhliain ina dhiaidh sin á ríomh.

***1a. Déanfar na táillí atá le tobhach a ríomh ar shlí a áiritheoidh ioncam leordhóthanach agus cobhsaí don Údarás.***

2. Déanfar méid na táille a thoibheofar ar gach eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a ríomh i gcomhréir leis na socruithe a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 6.

3. Déanfar na táillí a ríomh ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde san Aontas.

4. Is é an caiteachas a bhaineann leis an maoirseacht dhíreach agus indíreach ar na heintitis roghnaithe agus neamhroghnaithe faoi oibleagáid atá faoi réir táillí sa bhliain sin a bheidh mar bhunús do ríomh na táille maoirseachta bliantúla. Féadfaidh an tÚdarás réamhíocaíochtaí a éileamh i leith na táille maoirseachta bliantúla, a bheidh bunaithe ar mheastachán réasúnach. Tabharfaidh an tÚdarás fógra don mhaoirseoir airgeadais ábhartha sula ndéanfar cinneadh maidir leis an leibhéal táille deiridh ionas go bhfanfaidh an mhaoirseacht costéifeachtach agus réasúnta do na heintitis uile faoi oibleagáid san earnáil airgeadais. Cuirfidh an tÚdarás an bunús do ríomh na táille maoirseachta bliantúla in iúl do na heintitis faoi oibleagáid san earnáil airgeadais faoi seach. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an oibleagáid i leith na dtáillí a íoc a shonraítear san Airteagal seo infhorfheidhmithe faoin dlí náisiúnta, agus go n-íocfar na táillí dlite ina n-iomláine.

5. Tá an tAirteagal seo gan dochar do cheart na maoirseoirí airgeadais táillí a thobhach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a mhéid nach bhfuil cúraimí maoirseachta tugtha don Údarás, nó i leith costais a bhaineann leis an gcomhoibriú agus leis an gcúnamh a thugtar don Údarás agus ag gníomhú ar a threoracha, i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht a shonrú do ríomh mhéid na táille a thoibhítear ar gach eintiteas roghnaithe agus neamhroghnaithe atá faoi réir táillí i gcomhréir le mír 1, agus an nós imeachta chun na táillí sin a bhailiú. Agus an mhodheolaíocht á forbairt chun méid aonair na dtáillí a chinneadh, cuirfidh an Coimisiún na nithe seo a leanas san áireamh:

(a) láimhdeachas iomlán bliantúil nó cineál comhfhreagrach ioncaim na n-eintiteas faoi oibleagáid ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde san Aontas i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta ábhartha;

(b) aicmiú bunúsach maidir le próifíl riosca AML/CFT na-eintiteas faoi oibleagáid i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 12(5);

(c) tábhacht an eintitis faoi oibleagáid do chobhsaíocht chóras airgeadais nó gheilleagar Ballstát amháin nó níos mó nó den Aontas;

(d) méid na táille atá le bailiú ó aon eintiteas faoi oibleagáid neamhroghnaithe i gcomhréir lena ioncam nó lena láimhdeachas dá dtagraítear i bpointe (a), nach sáróidh 1/5 de mhéid na táille atá le bailiú ó aon eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe i gcoibhneas leis an leibhéal céanna ioncaim nó láimhdeachais.

Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoin 1 Eanáir 2025.

*Airteagal 66*

***An buiséad a bhunú***

1. Gach bliain, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréachtráiteas a tharraingt suas ar mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas an Údaráis don bhliain airgeadais dár gcionn, lena n-áirítear an plean bunaíochta, agus cuirfidh sé chuig an mBord Feidhmiúcháin é.
2. Ar bhonn an dréachta sin, glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus caiteachas an Údaráis don bhliain airgeadais dár gcionn.
3. Cuirfear an dréachtmheastachán críochnaitheach ar ioncam agus ar chaiteachas an Údaráis chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain.
4. Cuirfidh an Coimisiún an ráiteas ar mheastacháin mar aon le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh chuig an údarás buiséadach.
5. Ar bhonn an ráitis ar mheastacháin, iontrálfaidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh na meastacháin sin a bhreithníonn sé a bheith riachtanach don phlean bunaíochta agus méid an fhóirdheontais a bhainfear as an mbuiséad ginearálta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh é i gcomhréir le hAirteagail 313 agus 314 CFAE.
6. Is é an t-údarás buiséadach a údaróidh na leithreasuithe i gcomhair na ranníocaíochta leis an Údarás.
7. Glacfaidh an t-údarás buiséadach plean bunaíochta an Údaráis.
8. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin buiséad an Údaráis. Tiocfaidh sé chun bheith críochnaitheach tar éis bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a ghlacadh go críochnaitheach. I gcás inar gá, coigeartófar é dá réir sin.

*Airteagal 67*

***Chur chun feidhme an bhuiséid***

1. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin buiséad an Údaráis chun feidhme agus aird á tabhairt aige ar phrionsabail an gheilleagair, na héifeachtúlachta, na héifeachtachta agus na bainistíochta fónta airgeadais.
2. Gach bliain, déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an fhaisnéis uile is ábhartha maidir le fionnachtana na nósanna imeachta meastóireachta a chur chuig an údarás buiséadach.

*Airteagal 68*

***Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh***

1. Faoin 1 Márta den bhliain airgeadais dár gcionn (bliain N+1), cuirfidh oifigeach cuntasaíochta an Údaráis na cuntais shealadacha don bhliain airgeadais (bliain N) chuig Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

2. Faoin 31 Márta den bhliain airgeadais dár gcionn, cuirfidh an tÚdarás an tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

Faoin 31 Márta den bliain airgeadais dár gcionn, cuirfidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha an Údaráis, arna gcomhdhlúthú le cuntais an Choimisiúin, chuig an gCúirt Iniúchóirí.

3. Nuair a fhaightear barúlacha na Cúirte Iniúchóirí ar chuntais shealadacha an Údaráis, de bhun Airteagal 246 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], tabharfaidh an Bord Feidhmiúcháin tuairim faoi chuntais chríochnaitheacha an Údaráis.

4. Faoin 1 Iúil de bhliain N+1, cuirfidh an t-oifigeach cuntasaíochta na cuntais chríochnaitheacha, in éineacht le tuairim an Bhoird Feidhmiúcháin, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

5. Faoin 15 Samhain de bhliain N + 1, foilseofar nasc in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chuig leathanaigh an tsuímh gréasáin ina bhfuil cuntais chríochnaitheacha an Údaráis.

6. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí ar a barúlacha siúd faoin 30 Meán Fómhair de bhliain N+1. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an freagra sin ar aghaidh chuig an mBord Feidhmiúcháin freisin.

7. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, aon fhaisnéis is gá a chur faoina bráid chun an nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil do bhliain airgeadais N, i gcomhréir le hAirteagal 261(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

8. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N + 2 i leith chur chun feidhme an bhuiséid do bhliain N.

*Airteagal 69*

### ***Rialacha airgeadais***

Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin na rialacha airgeadais a mbeidh feidhm acu maidir leis an Údarás a ghlacadh tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Ní imeoidh siad ó Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/715 ón gCoimisiún mura mbeidh gá leis an imeacht sin go sonrach d'oibriú an Údaráis agus mura mbeidh an Coimisiún tar éis toiliú don imeacht sin roimh ré.

[25] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*Airteagal 70*

***Bearta frith-chalaoise***

1. Chun an chalaois, an t-éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chomhrac, beidh feidhm gan aon srian ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chomh maith le hAirteagal 86 de Rialachán (AE) 2019/715, maidir leis an Údarás.

2. Aontóidh an tÚdarás don Chomhaontú Idirinstitiúideach a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha ag OLAF agus glacfaidh sé forálacha iomchuí láithreach maidir le foireann uile an Údaráis.

3. Maidir leis na cinntí cistiúcháin, na comhaontuithe agus na hionstraimí cur chun feidhme a eascraíonn astu, sonrófar go sainráite iontu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF, i gcás inar gá, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh ar thairbhithe an airgid arna eisíoc ag an Údarás.

*Airteagal 71*

***Slándáil TF***

1. Bunóidh an tÚdarás rialachas TF inmheánach ar leibhéal an Stiúrthóra Feidhmiúcháin lena ndéanfar an buiséad TF a bhunú agus a bhainistiú agus lena n-áiritheofar tuairisciú tráthrialta don Bhord Feidhmiúcháin maidir le comhlíontacht leis na rialacha agus caighdeáin slándála TF is infheidhme.

2. Áiritheoidh an ***tÚdarás*** go ndéanfar ar a laghad 10 % dá chaiteachas TF a leithdháileadh go trédhearcach chun slándáil TF a stiúradh. Is féidir an ranníocaíocht le Foireann Práinnfhreagartha Ríomhaire na nInstitiúidí, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Eorpacha (CERT-EU) a chur san íoscheanglas caiteachais seo.

3. Bunófar seirbhís leormhaith faireacháin, braite agus freagartha TF, agus úsáid á baint as seirbhísí CERT-EU. Ní mór mórtheagmhais a thuairisciú do CERT-EU agus freisin don Choimisiún laistigh de 24 uair an chloig ón tráth a mbraitear iad.

*Airteagal 72*

***Cuntasacht agus tuairisciú***

1. Beidh an tÚdarás cuntasach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. ***Beidh an tÚdarás cuntasach ó thaobh airgeadais de do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa freisin.***

2. Déanfaidh an tÚdarás, ar bhonn bliantúil, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ***agus í a fhoilsiú***, maidir le cur i gcrích na gcúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo, ina n-áirítear faisnéis faoin athrú atá beartaithe a chur ar struchtúr agus ar mhéid na dtáillí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 66, ***agus faoi na treoirlínte agus na moltaí atá eisithe aige i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 43. Poibleofar an tuarascáil agus áireofar inti aon fhaisnéis ábhartha a iarrfaidh Parlaimint na hEorpa ar bhonn ad***

***hoc***. Cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa go poiblí.

3. Ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, beidh Cathaoirleach an Údaráis rannpháirteach in éisteacht maidir le feidhmiú a chúraimí ag coistí inniúla Pharlaimint na hEorpa. ***Tionólfar éisteacht ar a laghad uair sa bhliain. Ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh Cathaoirleach an Údaráis ráiteas os comhair choistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa agus freagróidh sé aon cheist óna gcomhaltaí, aon uair a iarrfar sin air.***

4. Tabharfaidh an tÚdarás freagra ó bhéal nó freagra i scríbhinn ar cheisteanna a chuirfidh Parlaimint na hEorpa air, ***laistigh de 4 seachtaine tar éis iad a fháil***.

***4a. Arna iarraidh sin, tionólfaidh Cathaoirleach an Údaráis pléití rúnda ó bhéal i seomra iata le Feisirí choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa, i gcás inar gá na pléití sin chun cumhachtaí Pharlaimint na hEorpa faoi na Conarthaí a fheidhmiú. Urramóidh gach rannpháirtí na ceanglais maidir le rúndacht ghairmiúil.***

***4b. Gan dochar dá oibleagáidí rúndachta a eascraíonn ó bheith rannpháirteach i bhfóraim idirnáisiúnta, cuirfidh an tÚdarás Parlaimint na hEorpa ar an eolas, arna iarraidh sin di, faoina rannchuidiú le hionadaíocht aontaithe, chomhchoiteann, chomhsheasmhach agus éifeachtach leasanna an Aontais sna fóraim idirnáisiúnta sin.***

# CAIBIDIL V

# FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

## ROINN 1

## FOIREANN

*Airteagal 73*

***Foráil ghinearálta***

1. Maidir leis na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne sin agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, beidh feidhm acu maidir le foireann an Údaráis i gcás gach ábhair nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo.

2. De mhaolú ar mhír 1, beidh Cathaoirleach an Údaráis agus an cúigear comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53, faoi seach, ar aon chéim le Comhalta agus le Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta maidir le díolaíochtaí agus aois

inphinsin, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle[26]. I gcás gnéithe nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo ná le Rialachán (AE) 2016/300, beidh feidhm na Rialacháin Foirne agus ag na Coinníollacha Fostaíochta de réir analaí.

3. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na bearta cur chun feidhme is gá, i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne.

4. Féadfaidh an tÚdarás úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó as baill foirne eile nach bhfuil fostaithe ag an Údarás, lena n-áirítear toscairí AFA.

5. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin rialacha a bhaineann le foireann ó Bhallstáit atá le fostú ar iasacht san Údarás agus tabharfar cothrom le dáta iad de réir mar is gá. Beidh san áireamh, go háirithe, ar na rialacha sin na socruithe airgeadais a bhaineann leis na hiasachtaí sin, lena n-áirítear árachas, agus oiliúint. Cuirfear san áireamh sna rialacha sin go bhfuil an fhoireann ar iasacht agus go bhfuil siad le himlonnú mar fhoireann de chuid an Údaráis. Áireofar leo sin forálacha maidir le coinníollacha an imlonnaithe. I gcás inarb ábhartha, beidh sé mar aidhm ag an mBord Feidhmiúcháin comhsheasmhacht a áirithiú leis na rialacha is infheidhme maidir le speansais mhisin na foirne reachtúla a aisíoc.

***Airteagal 73a***

***Forálacha idirthréimhseacha maidir leis an bhfoireann***

***1. Tabharfar an deis do gach ball foirne atá faoi chonradh leis an ÚBE a dhéanann cúraimí i réimse an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac conarthaí mar ghníomhaire sealadach a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile ag na gráid éagsúla mar atá leagtha amach i bplean bunaíochta an Údaráis.***

***2. Déanfaidh an t-údarás atá údaraithe chun conarthaí a thabhairt i gcrích roghnú inmheánach atá teoranta do bhaill foirne faoi chonradh leis an ÚBE tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm, chun cumas, éifeachtúlacht agus ionracas na n-iarratasóirí a sheiceáil. Tabharfar lánaird sa nós imeachta roghnúcháin inmheánach ar scileanna agus taithí gach aon duine.***

***3. Ag brath ar chineál agus ar leibhéal na bhfeidhmeanna a bheidh le comhlíonadh, déanfar conarthaí mar ghníomhaire sealadach a thairiscint do na hiarratasóirí a n-éireoidh leo, conarthaí a chríochnóidh ar an dáta céanna leis an gconradh roimh ré nó a chríochnóidh ar dháta níos déanaí.***

*Airteagal 74*

***Pribhléidí agus díolúintí***

Beidh feidhm ag Prótacal (Uimh. 7) ar phribhléidí agus díolúintí CAE agus CFAE maidir leis an Údarás agus maidir lena fhoireann.

[26] Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

*Airteagal 75*

***Oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil***

1. Beidh comhaltaí an Bhoird Ghinearálta agus an Bhoird Feidhmiúcháin, agus comhaltaí uile d'fhoireann an Údaráis, lena n-áirítear oifigigh ar iasacht ó Bhallstáit ar bhonn sealadach, agus gach duine eile a bhfuil cúraimí á ndéanamh aige don Údarás ar bhonn conarthach, faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla de bhun Airteagal 339 CFAE agus Airteagal 50 [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM(2021)423], fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais.

2. Áiritheoidh an Bord Feidhmiúcháin go mbeidh gach duine a sholáthraíonn aon seirbhís, go díreach nó go hindíreach, go buan nó anois is arís, a bhaineann le cúraimí an Údaráis, lena n-áirítear oifigigh agus daoine eile a bheidh údaraithe ag an mBord Feidhmiúcháin nó ceaptha ag na húdaráis inniúla agus AFAnna chun na críche sin, go mbeidh siad faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla atá coibhéiseach leo sin i mír 1.

3. Chun críoch na gcúraimí arna mbronnadh air leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, údarófar an tÚdarás, laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha a leagtar amach sna gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), faisnéis a mhalartú le húdaráis nó comhlachtaí náisiúnta nó de chuid an Aontais i gcásanna ina gceadaíonn na gníomhartha sin do mhaoirseoirí airgeadais faisnéis a nochtadh do na heintitis sin nó i gcás ina bhféadfaidh Ballstáit foráil do nochtadh dá leithéid faoi dhlí ábhartha an Aontais.

4. Déanfaidh an tÚdarás na socruithe praiticiúla maidir le cur chun feidhme na rialacha rúndachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

5. Cuirfidh an tÚdarás Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún i bhfeidhm[27].

*Airteagal 76*

***Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis neamh-rúnaicmithe íogair a chosaint***

1. Glacfaidh an tÚdarás a rialacha slándála féin a bheidh coibhéiseach le rialacha slándála an Choimisiúin chun Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint, mar a leagtar amach i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443[28] agus (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún. Cuimseoidh rialacha slándála an Údaráis, *inter alia*, forálacha chun an fhaisnéis sin a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin rialacha slándála an Údaráis tar éis don Choimisiún iad a fhormheas.

2. Aon socrú riaracháin maidir le malartú faisnéis rún-aicmithe le húdaráis ábhartha tríú tír nó, in éagmais comhshocrú den sórt sin, aon eisiúint *ad-hoc* FRAE chuig na húdaráis sin, beidh sé faoi réir formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

---

27 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

28 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

***Airteagal 76a***

***Sceithirí a chosaint***

***1.*** ***Chun forfheidhmiú [Rialachán maidir le haistriú Cistí, AMLD 6 agus AMLR] a fheabhsú, glacfaidh an tÚdarás rialacha lena mbunófar sásraí éifeachtacha agus iontaofa lena n-áiritheofar ardleibhéal cosanta do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/420final] nó Rialachán [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le hAistriú Cistí] ag eintitis faoi oibleagáid, nó sáruithe ar na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid -COM/2021/423 final] ag na húdaráis inniúla.***

***Soláthróidh na sásraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír leibhéal cosanta do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar [an Rialachán maidir le hAistriú Cistí, AMLD 6 nó AMLR] atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2019/1937.***

***2.*** ***Déanfaidh na Ballstáit foráil do phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha is infheidhme i leith daoine nádúrtha nó dlítheanacha a dhéanann an méid a leanas:***

***(a)*** ***bac a chur ar thuairisciú nó a dhéanann iarracht bac a chur ar thuairisciú;***

***(b)*** ***frithbheart i gcoinne daoine tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1;***

***(c)*** ***a thionscnaíonn imeachtaí cráiteacha i gcoinne daoine tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1;***

***(d)*** ***a sháraíonn an dualgas maidir le rúndacht céannachta daoine tuairiscithe a choimeád.***

***3.*** ***Déanfaidh na Ballstáit foráil do phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha is infheidhme i leith daoine tuairiscithe, i gcás ina suitear go ndearna siad faisnéis bhréagach a thuairisciú nó a nochtadh go poiblí go feasach. Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit foráil do bhearta chun cúiteamh a thabhairt as damáiste a eascraíonn as an tuairisciú nó an nochtadh poiblí sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.***

## ROINN 2

## COMHAR

*Airteagal 77*

***Comhar leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí***

1. Déanfaidh an tÚdarás dlúthchomhar a bhunú agus a choinneáil ar bun leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí***, go háirithe le linn dó caighdeáin***

***theicniúla rialála, caighdeáin theicniúla cur chun feidhme, treoirlínte nó moltaí a dhréachtú laistigh de shainchúram a gcúraimí faoi seach.***

***1a.*** ***Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tabharfaidh an tÚdarás meabhrán tuisceana i gcrích leis na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 ina leagfar amach i dtéarmaí ginearálta an chaoi a bhfuil sé ar intinn acu comhar a dhéanamh agus faisnéis a mhalartú le linn a gcúraimí maoirseachta a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid.***

2. Agus ***caighdeáin theicniúla rialála, caighdeáin theicniúla cur chun feidhme,*** treoirlínte agus moltaí á ndréachtú aige, ***a*** mbeidh tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta, oibreoidh an tÚdarás i ndlúthchomhar leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/679 ***agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna bhunú le Rialachán (AE) 2018/1725*** chun dúbailt, neamhréireachtaí agus éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint i réimse na cosanta sonraí.

*Airteagal 78*

***Comhar le húdaráis nach údaráis AML/CFT iad***

1. Déanfaidh ***an*** tÚdarás comhar a bhunú ***agus faisnéis a mhalartú*** leis na húdaráis nach údaráis AML/CFT iad ***agus, ar bhonn riachtanais agus rúnda, leis na húdaráis agus comhlachtaí náisiúnta eile atá inniúil chun a áirithiú go gcomhlíonfar Treoir 2014/17/AE [an treoir maidir le creidmheas tomhaltóirí] Treoir (AE) 2015/2366 [PSD], Treoir 2009/110/CE [an Treoir um Airgead Leictreonach], Treoir 2009/138/CE [Sócmhainneacht II], Treoir 2014/65/AE [Mifid II], agus Rialachán [MiCA] agus leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, laistigh de theorainneacha a sainorduithe faoi seach***.

2. Tabharfaidh ***an*** tÚdarás meabhrán tuisceana i gcrích leis na húdaráis ***nach údaráis AML/CFT*** iad***, leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus leis na húdaráis agus comhlachtaí náisiúnta eile atá inniúil chun comhlíonadh Rialachán [MiCA] a áirithiú,*** ina leagfar amach i dtéarmaí ginearálta conas a rachaidh siad i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú i gcomhlíonadh a gcúraimí maoirseachta faoi dhlí an Aontais i ndáil le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid ***agus*** eintitis ***neamhroghnaithe*** faoi oibleagáid.

***I gcás ina measfaidh sé go bhfuil gá leis, féadfaidh an tÚdarás meabhrán tuisceana a thabhairt i gcrích freisin le haon cheann de na húdaráis eile dá dtagraítear i mír 1 ina leagfar amach i dtéarmaí ginearálta conas a rachaidh siad i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú i gcomhlíonadh a gcúraimí maoirseachta faoi dhlí an Aontais maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid.***

***2a.*** ***Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tabharfaidh an tÚdarás agus an Banc Ceannais Eorpach meabhrán tuisceana i gcrích ina leagfar amach na módúlachtaí praiticiúla le haghaidh comhair agus le haghaidh faisnéis a mhalartú i gcomhlíonadh a gcúraimí faoi seach faoi dhlí an Aontais.***

3. Áiritheoidh an tÚdarás comhar agus malartú faisnéise éifeachtach idir na ***maoirseoirí airgeadais*** uile sa chóras maoirseachta AML/CFT agus na húdaráis ▌ábhartha dá

dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear maidir le rochtain ar aon fhaisnéis agus sonraí i mbunachar sonraí lárnach AML/CFT dá dtagraítear in Airteagal 11.

*Airteagal 79*

***Comhar i gcomhthéacs ▌ comhpháirtíochtaí le haghaidh faisnéis a chomhroinnt i réimse AML/CFT***

***-1.*** ***I gcás inarb ábhartha chun na cúraimí dá dtagraítear i Roinn 3 agus i Roinn 6 de Chaibidil II a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás socruithe comhair a chur ar bun le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid chomh maith le heintitis eile faoi oibleagáid san earnáil airgeadais agus neamhairgeadais. Féadfar foráil a dhéanamh leis na socruithe comhair sin freisin maidir le rannpháirtíocht údarás maoirseachta, AFAnna, Europol, údarás cosanta sonraí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, de réir mar is iomchuí, agus, le toiliú d'aon toil ó na páirtithe rannpháirteacha agus na geallsealbhóirí ábhartha eile. Áiritheoidh an tÚdarás go gcomhlíonfar leis na socruithe comhair sin na rialacha cosanta sonraí is infheidhme.***

***1.*** I gcás inarb ábhartha chun na cúraimí dá dtagraítear i Roinn 3 agus i Roinn 6 a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás socruithe comhair ***a chur ar bun*** nó a bheith rannpháirteach i socruithe comhair atá ann cheana féin agus atá curtha ar bun i mBallstát amháin nó thar roinnt Ballstát ag údaráis mhaoirseachta nó AFAnna, i gcás ina mbaineann socruithe den sórt sin, *inter alia*, le comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis atá luaite roimhe seo agus eintitis roghnaithe faoi oibleagáid. Beidh rannpháirtíocht an Údaráis faoi réir ag toiliú ón údarás ▌ ábhartha a bhfuil an socrú sin curtha ar bun aige, ***agus i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme***.

***1a.*** ***I gcás inarb ábhartha chun na cúraimí dá dtagraítear i Ranna 3 agus 6 de Chaibidil II a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás a bheith rannpháirteach i socruithe comhair comhchosúla arna gcur ar bun ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag comhlachtaí eile an Aontais, lena n-áirítear Europol, Eurojust, OIPE, OLAF, an Bord Réitigh Aonair, na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, d'fhonn sciúradh airgid, cionta preideacáideacha agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac.***

*Airteagal 80*

***Comhar le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE***

1. Féadfaidh an tÚdarás socruithe oibre a thabhairt i gcrích le hinstitiúidí an Aontais, le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais agus le comhlachtaí eile an Aontais a ghníomhaíonn sa réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an chomhair bhreithiúnaigh. Féadfaidh na socruithe oibre sin a bheith de chineál straitéiseach nó teicniúil agus beidh mar aidhm shonrach leo comhar agus malartú faisnéise a éascú idir na páirtithe lena mbaineann. Ní bheidh na socruithe oibre ina mbunús chun malartú sonraí pearsanta a cheadú ná ní bheidh siad ina gceangal ar an Aontas ná ar a Bhallstáit.

2. Déanfaidh an tÚdarás dlúthchaidreamh a bhunú agus a choinneáil ar bun le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE. Chuige sin, tabharfaidh an tÚdarás socruithe oibre ar

leithligh chun críche le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE ina leagfar amach na mionsonraí maidir lena gcomhar. Beidh mar aidhm leis an gcaidreamh go háirithe a áirithiú go malartófar faisnéis straitéiseach agus treochtaí i ndáil leis na bagairtí um sciúradh airgid agus um maoiniú na sceimhlitheoireachta atá roimh an Aontas.

***Chuige sin, beidh oifigigh idirchaidrimh atá bunaithe in áitreabh an Údaráis ag Europol, Eurojust agus OIPE chun comhar rianúil a áirithiú eatarthu.***

*Airteagal 81*

***Comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta***

1. Chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a ghnóthú, agus gan dochar d’inniúlachtaí na mBallstát agus institiúidí an Aontais faoi seach, féadfaidh an tÚdarás teagmhálacha a fhorbairt agus socruithe riaracháin a dhéanamh le húdaráis AML/CFT i dtríú tíortha ag a bhfuil inniúlachtaí rialála, maoirseachta agus inniúlachtaí a bhaineann le AFA i réimse an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le lucht riaracháin tríú tír. Ní chruthófar oibleagáidí dlíthiúla leis na socruithe sin i leith an Aontais agus a Bhallstát, ná ní chuirfear cosc leo ar na Ballstáit agus a n-údarás inniúil ó shocruithe déthaobhacha ***nó iltaobhacha*** a thabhairt i gcrích leis na tríú tíortha sin.

2. ***Déanfaidh*** an tÚdarás socruithe riaracháin samplacha a fhorbairt d’fhonn cleachtais chomhsheasmhacha, éifeachtúla agus éifeachtacha a chur ar bun laistigh den Aontas agus d’fhonn comhordú agus comhar idirnáisiúnta a neartú sa chomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Déanfaidh na húdaráis phoiblí agus na AFAnna a seacht ndícheall na socruithe samplacha sin a leanúint.

3. I gcásanna ina mbaineann an idirghníomhaíocht a bhíonn ag roinnt údaráis phoiblí éagsúla ón Aontas agus AFAnna le húdaráis tríú tíortha, le hábhair a thagann faoi raon feidhme chúraimí an Údaráis mar a shainmhínítear in Airteagal 5, beidh ról ceannasach ag an Údarás chun an idirghníomhaíocht sin a éascú i gcás inar gá. Beidh ról sin an Údaráis gan dochar d’idirghníomhaíochtaí tráthrialta a bhíonn ag údaráis inniúla ***agus AFAnna*** le tríú tíortha.

4. Faoi chuimsiú a chumhachtaí de bhun an Rialacháin seo agus de bhun na ngníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), rannchuideoidh an tÚdarás le hionadaíocht aontaithe, chomhchoiteann, chomhsheasmhach agus éifeachtach ar leasanna an Aontais i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chúnamh a thabhairt don Choimisiún ina chúraimí a bhaineann le ballraíocht an Choimisiúin sa Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais agus trí thacú le hobair agus le cuspóirí Ghrúpa Aonad um Fhaisnéis Airgeadais Egmont.

## ROINN 3

# FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 82*

***Rochtain ar dhoiciméid***

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid atá i seilbh an Údaráis.

2. Féadfaidh cinntí a dhéanfaidh an tÚdarás faoi Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n-ábhar gearáin chuig an Ombudsman nó ina n-ábhar caingne os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 228 agus in Airteagal 263 den CFAE faoi seach.

3. Ní bheidh feidhm ag an gceart rochtana ar dhoiciméid i leith faisnéis rúnda ina gcuimseofar an méid seo a leanas:

   (a) faisnéis nó sonraí an Údaráis, na maoirseoirí airgeadais, ná na heintitis faoi oibleagáid a fhaightear le linn na cúraimí agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus i Roinn 3 de Chaibidil II a dhéanamh;

   (b) aon sonraí oibriúcháin agus aon fhaisnéis a bhaineann le sonraí oibriúcháin den sórt sin de chuid an Údaráis agus na AFAnna atá i seilbh an Údaráis mar thoradh ar na cúraimí agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(5) agus i Roinn 6 de Chaibidil II a dhéanamh.

4. Is féidir an fhaisnéis rúnda dá dtagraítear i mír 3, pointe (a), a bhaineann le nós imeachta maoirseachta a nochtadh go hiomlán nó go páirteach do na heintitis faoi oibleagáid ar páirtithe iad sa nós imeachta maoirseachta sin, faoi réir leas dlisteanach daoine nádúrtha agus dlítheanacha seachas an páirtí ábhartha, i gcosaint a rún gnó. Ní leathnóidh an rochtain sin chomh fada le doiciméid inmheánacha an Údaráis, maoirseoirí airgeadais ná an comhfhreagras a bhíonn eatarthu.

5. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin bearta praiticiúla chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus na rialacha maidir le nochtadh faisnéise a bhaineann le nósanna imeachta maoirseachta a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 83*

***Socruithe teanga ginearálta***

1. Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle i leith an Údaráis.

2. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinneadh maidir le socruithe inmheánacha teanga don Údarás, a bheidh comhsheasmhach leis na socruithe teanga faoi mhaoirseacht dhíreach, arna nglacadh de bhun Airteagal 27.

3. Soláthróidh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin a theastóidh i ndáil le feidhmiú an Údaráis, mar a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2965/94[29].

*Airteagal 84*

***Cosaint sonraí***

1. Déanfar próiseáil sonraí pearsanta ar bhonn an Rialacháin seo chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc amhail dá dtagraítear in Airteagal 53 [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM(2021)423] agus in Airteagal 55 de [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLR, COM(2021)420] a bhreithniú mar ábhar is gá chun cúram a fheidhmiú a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don Údarás faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679.

Agus ***a ghníomhaíochtaí á ndéanamh aige faoin Rialachán seo agus faoi dhlí infheidhme eile an Aontais***, a bhfuil tionchar aige ar chosaint sonraí pearsanta, rachaidh an tÚdarás i ▌ gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ▌. Féadfaidh an tÚdarás cuireadh a thabhairt freisin ***don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí*** agus d'údaráis náisiúnta cosanta sonraí aonair mar bhreathnóirí sa phróiseas maidir le ▌ treoirlínte agus moltaí a dhréachtú ***i gcomhréir le hAirteagal 43***.

2. I gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, ***féadfaidh*** an tÚdarás rialacha inmheánacha a ghlacadh a d'fhéadfadh srian a chur ar chur i bhfeidhm chearta na n-ábhar sonraí i gcás ina bhfuil gá leis na srianta sin chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 53 [AMLD] agus in Airteagal 55 de [AMLR] a fheidhmiú.

*Airteagal 85*

***Dliteanas an Údaráis***

1. I gcás dliteanas neamhchonarthach, déanfaidh an tÚdarás, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú arb é féin nó arb é a fhoireann is cúis leis agus a gcuid feidhmeanna á bhfeidhmiú acu. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aon díospóid a bhaineann leis an damáiste sin a leigheas.

2. Beidh dliteanas pearsanta airgeadais agus dliteanas araíonachta fhoireann an Údaráis i leith an Údaráis faoi rialú ag na forálacha ábhartha a bhfuil feidhm acu i leith fhoireann an Údaráis.

---

[29] Rialachán (CE) Uimh. 2965/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 lena mbunaítear Ionad Aistriúcháin do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (IO L 314, 7.12.1994, lch. 1).

*Airteagal 86*

***Gníomhartha tarmligthe***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 25 agus in Airteagal 65 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 25 agus in Airteagal 65 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 25 agus Airteagal 65 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***3 mhí*** tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***3 mhí*** ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 87*

***Comhaontú ceanncheathrún agus coinníollacha oibríochta***

1. Maidir leis na socruithe riachtanacha maidir leis an gcóiríocht a chuirfear ar fáil don Údarás sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláraithe suite agus na háiseanna a chuirfidh an Ballstát sin ar fáil, mar aon leis na rialacha sonracha is infheidhme sa Bhallstát sin i leith fhoireann an Údaráis agus le baill dá dteaghlach, déanfar iad a leagan síos i gComhaontú Ceanncheathrún ***a thabharfar i gcrích*** idir an tÚdarás agus an Ballstát ▌ sin tar éis fhormheas an Bhoird Feidhmiúcháin a fháil.

2. Soláthróidh an Ballstát óstach an Údaráis na coinníollacha is fearr is féidir lena áirithiú go bhfeidhmeoidh an tÚdarás mar is cuí, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach atá dírithe ar an Eoraip agus naisc iompair iomchuí.

*Airteagal 88*

***Meastóireacht agus athbhreithniú***

3. Faoin 31 Nollaig 2029, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún feidhmíocht an Údaráis a mheasúnú i ndáil lena chuspóirí, lena shainordú ***agus*** lena chúraimí ***bunaithe ar chritéir oibiachtúla a bheidh le cur san áireamh i meastóireacht***. Tabharfar aghaidh sa mheastóireacht ar na nithe seo a leanas, go háirithe:

(a) an gá a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú an Údaráis a leasú, agus na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le haon leasú den sórt sin;

(b) an tionchar atá ag gníomhaíochtaí maoirseachta agus cúraimí uile an Údaráis ar leasanna an Aontais ina n-iomláine, agus go sonrach éifeachtacht an mhéid seo a leanas:

(i) cúraimí maoirseachta agus gníomhaíochtaí a bhaineann le maoirseacht dhíreach ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid;

(ii) maoirseacht indíreach ar eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid;

(iii) formhaoirseacht indíreach ar eintitis eile faoi oibleagáid;

(c) tionchar na ngníomhaíochtaí ***agus teicneolaíochtaí*** a bhaineann le tacaíocht agus comhordú AFAnna ***maidir le ML/TF a chosc***, agus go háirithe comhordú na hanailíse comhpháirtí ar ghníomhaíochtaí agus idirbhearta trasteorann arna ndéanamh ag AFAnna ***agus an obair leantach rathúil ar na hanailísí comhpháirteacha sin chun ML/TF a chosc agus a chomhrac;***

***(ca) a iomchuí atá sé raon feidhme na formhaoirseachta ar an earnáil neamhairgeadais a mhéadú, go háirithe na nósanna imeachta agus na tairseacha do choláistí maoirseachta AML/CFT san earnáil neamhairgeadais agus nós imeachta idiragartha a bhunú le haghaidh na n-eintiteas neamhairgeadais atá comhchosúil leo sin a leagtar síos in Airteagail 30 agus 30a;***

(d) neamhchlaontacht, oibiachtúlacht agus uathriail an Údaráis;

(e) oiriúnacht socruithe rialachais, lena n-áirítear comhdhéanamh an Bhoird Feidhmiúcháin, na socruithe vótála ann agus an bhaint atá aige leis an mBord Ginearálta;

(f) costéifeachtacht an Údaráis, más iomchuí, ar leithligh i ndáil lena fhoinsí áirithe maoinithe;

(g) éifeachtacht an tsásra iontaoibhe in aghaidh chinntí an Údaráis agus na socruithe neamhspleáchais agus cuntasachta is infheidhme maidir leis an Údarás;

(h) éifeachtacht socruithe comhair agus comhroinnt faisnéise idir an tÚdarás agus údaráis neamh-AML;

(i) an t-idirghníomhú idir an tÚdarás agus údaráis agus comhlachtaí maoirseachta eile an Aontais, lena n-áirítear ÚBE, Europol, Eurojust, OLAF agus OIPE;

***(ia)*** ***raon feidhme na maoirseachta dírí agus na gcritéar, lena n-áirítear oiriúnacht na nósanna imeachta agus na dtairseach, maidir le roghnú díreach na n-eintiteas faoi oibleagáid ar a ndéantar maoirseacht;***

(j) éifeachtacht chumhachtaí maoirseachta agus smachtbhannaí an Údaráis;

(k) an éifeachtacht agus an cóineasú i gcleachtais mhaoirseachta atá bainte amach ag na húdaráis inniúla agus ról an Údaráis iontu.

4. Scrúdófar na nithe seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 chomh maith:

(a) an leor acmhainní an Údaráis chun a chuid freagrachtaí a chomhall;

(b) is iomchuí cúraimí maoirseachta breise a thabhairt maidir le heintitis faoi oibleagáid san earnáil neamhairgeadais, lena sonraítear ▌ na cineálacha eintiteas ar cheart a bheith faoi réir cúraimí maoirseachta breise;

(c) is iomchuí cúraimí breise a thabhairt i réimse na tacaíochta agus an chomhordaithe ar obair AFAnna***, lena n-áirítear sainordú chun ardán ionaid ilfhreastail a fhorbairt tuilleadh laistigh de FIU.net a bheidh le húsáid ag eintitis faoi oibleagáid chun tuarascálacha amhrasacha maidir le hidirbhearta agus gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid FIUnna lena mbaineann***;

(d) is iomchuí cumhachtaí smachtbhannaí breise a thabhairt don Údarás.

5. Tráth gach dara meastóireacht, ***déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú críochnúil*** ar na torthaí atá bainte amach ag an Údarás ag féachaint dá chuspóirí, dá shainordú***,*** ▌ dá chúraimí ***agus dá chumhachtaí. Tabharfar aird chuí san athbhreithniú ar éifeachtacht chreat AML/CFT an Aontais ina iomláine agus ar chomhar an Údaráis le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile.***

6. Déanfar an tuarascáil agus aon togra a ghabhann léi, de réir mar is iomchuí, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 89*

***Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1093****/2010*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) scriostar an dara fomhír i mír 2;

(b) i mír 5, scriostar pointe (h);

(2) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) scriostar pointe (1a);

(b) i bpointe 2, scriostar pointe (iii);

(3) in Airteagal 8(1), scriostar pointe (l);

(4) scriostar Airteagail 9a agus 9b;

(5) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin de bhun Airteagal 258 CFAE, i gcás nach gcomhlíonann údarás inniúil an tuairim fhoirmiúil dá dtagraítear i mír 4 den

Airteagal seo laistigh den tréimhse ama a shonraítear sa tuairim sin, agus i gcás inar gá an neamhchomhlíonadh sin a leigheas ar shlí thráthúil chun coinníollacha neodracha iomaíochta sa mhargadh a choimeád nó a aischur nó chun feidhmiú ordúil agus sláine an chórais airgeadais a áirithiú, féadfaidh an tÚdarás, i gcás ina bhfuil ceanglais ábhartha na ngníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo infheidhme go díreach i leith institiúidí airgeadais, cinneadh ar leithligh a ghlacadh a bheidh dírithe ar institiúid airgeadais á cheangal go ndéanfaidh an institiúid gach gníomhaíocht is gá chun a cuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear scor d'aon chleachtas.

Beidh cinneadh an Údaráis ar comhréir leis an tuairim fhoirmiúil arna heisiúint ag an gCoimisiún de bhun mhír 4.

(6) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin faoi Airteagal 258 CFAE, i gcás nach gcomhlíonann údarás inniúil cinneadh an Údaráis agus go mainníonn sé a áirithiú, dá bhrí sin, go gcomhlíonann institiúid airgeadais na ceanglais atá infheidhme go díreach ina leith, de bhua na ngníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, féadfaidh an tÚdarás cinneadh ar leithligh a ghlacadh a bheidh dírithe ar an institiúid airgeadais sin á cheangal go ndéanfaidh an institiúid gach gníomhaíocht is gá chun a cuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear scor d'aon chleachtas áirithe.';

(7) in Airteagal 33(1), scriostar an dara fomhír;

(8) in Airteagal 40(1), cuirtear isteach an pointe (g) a leanas:

'(g) ionadaí amháin ar an Údarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhliteoireacha a Chomhrac, nach mbeidh vóta aige nó aici.';

(9) in Airteagal 81, scriostar mír 2b.

*Airteagal 90*

***Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010***

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(2), scriostar an dara fomhír;

(2) in Airteagal 40(1), cuirtear an pointe a leanas leis:

'(f) ionadaí amháin ar an Údarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhliteoireacha a Chomhrac, nach mbeidh vóta aige nó aici.';

(3) In Airteagal 54, scriostar mír 2a.

*Airteagal 91*

***Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010***

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(2), scriostar an dara fomhír;

(2) in Airteagal 40(1), cuirtear an pointe a leanas leis:

'(f) ionadaí amháin ar an Údarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhliteoireacha a Chomhrac, nach mbeidh vóta aige nó aici.'

(3) In Airteagal 54, scriostar mír 2a.

*Airteagal 92*

***Tús a chur le gníomhaíochtaí an Údaráis***

Beidh an Coimisiún freagrach as bunú agus as oibriú tosaigh an Údaráis go dtí an dáta ar a rachaidh an tÚdarás i mbun feidhme, arb é an 1 Eanáir 2024 é, i gcomhréir le hAirteagal 93. Chun na críche sin:

(a) féadfaidh an Coimisiún oifigeach ón gCoimisiún a ainmniú chun gníomhú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach agus na dualgais a shanntar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a fheidhmiú go dtí go mbeidh sé d'acmhainneacht ag an Údarás a bhuiséad féin a chur chun feidhme agus tar éis don Stiúrthóir Feidhmiúcháin dul i mbun a dhualgas nó a dualgas tar éis don Bhord Feidhmiúcháin é nó í a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 58;

(b) de mhaolú ó Airteagal 53(4) agus go dtí go nglacfar cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 58, feidhmeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach cumhachtaí an údaráis ceapacháin;

(c) féadfaidh an Coimisiún cúnamh a thairiscint don Údarás, go háirithe trí oifigigh ón gCoimisiún a thabhairt ar iasacht chun gníomhaíochtaí an Údaráis a chur i gcrích faoi fhreagracht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin eatramhaigh nó an Stiúrthóra Feidhmiúcháin;

(d) féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach na híocaíochtaí go léir a chumhdófar le leithreasuithe a iontráiltear i mbuiséad an Údaráis a údarú tar éis formheas a fháil ón mBord Feidhmiúcháin agus féadfaidh an duine sin conarthaí a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear conarthaí foirne, tar éis phlean bunaíochta an Údaráis a ghlacadh.

*Airteagal 93*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir ***2025***.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 1, 4, 38, 42, 43, 44, 46, 56, 58, 86 agus Airteagal 87 ón 1 Eanáir ***2024***.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

3.6.2022

## COISTE UM GHNÓTHAÍ BUNREACHTÚLA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010
(COM(2021)0421 – C9- XXXX/2021– 2021/0240(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Helmut Scholz

## RÉASÚNÚ GEARR

Is príomhghné institiúideach den phacáiste tograí maidir le frithsciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc é an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid (AMLA). Cé gur cheart do AMLA dul i bpáirt le fine na nGníomhaireachtaí Maoirseachta Eorpacha, tá róil, cúraimí agus cumhachtaí an-éagsúil aige i bhfianaise chineál mhisean an fhrithsciúrtha airgid / an chomhraic in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta (AML/CFT), rud a fhágann gur nasc idir maoirseacht, forfheidhmiú an dlí agus comhar riaracháin é. Dá bhrí sin, tá an Rapóirtéir den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach feabhas a chur ar rialachas inmheánach agus seachtrach an Údaráis nua, lena n-áirítear socruithe cuntasachta agus trédhearcachta, chun freagairt don mhisean sin ar an mbealach is éifeachtúla.

I ngeall ar chineál a bhfreagrachtaí, ba cheart an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur faoi réir rialacha agus freagrachtaí níos déine maidir le cuntasacht agus ionracas, agus ba cheart go mbeadh ról suntasach ag Parlaimint na hEorpa ina leith sin.

Is féidir feabhas áisiúil a chur ar acmhainneacht AMLA comhlíonadh agus cur chuige comhchuibhithe a áirithiú, ina fheidhm mhaoirseachta, trí bhearta trédhearcachta agus tuairiscithe a mhéadú.  A mhéid a bhaineann lena fheidhm imscrúdaitheach, ba cheart freisin, i bhfianaise an róil ríthábhachtaigh comhordúcháin atá aige, treisiú lena cheannaireacht ar fhoirne taighde chomhpháirtigh.

Ní mór don Údarás feidhm a bhaint as iolracht saineolais i ngeall ar na dúshláin a bhaineann le misean AML/CFT. Dá bhrí sin, ba cheart dó tarraingt ar an taithí atá ag na hinstitiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais, ach ní hamháin sin ba cheart dó tarraingt freisin ar eagraíochtaí nach bhfuil faoi thionchar institiúidí an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanfaí foráil leis na sásraí rialachais do rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí eile a bhfuil saineolas ábhartha acu ar bhonn *ad hoc* agus trí bhuanchomhlacht comhairleach arna tharraingt ó ionadaithe na sochaí sibhialta a bhunú.

Ar deireadh, ba cheart go ráthófaí leis an togra go mbunófar AMLA ar bhealach tráthúil, i gcomhréir le prionsabail an Ráitis Chomhpháirtigh agus an Chur Chuige Choitinn, agus go ndéanfar athbhreithniú rialta ar a oibriú ionas go mbeidh meáin aige atá comhchuimseach lena mhisin agus go bhféadfaidh sé oiriúnú go solúbtha do dhúshláin a bheidh ann amach anseo.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is é an bealach is iomchuí chun maoirseacht agus comhar a thabhairt i gcrích idir AFAnna ar leibhéal an Aontais inniúlachtaí maoirseachta dírí agus indírí maidir le heintitis faoi oibleagáid a chomhcheangal, agus freisin feidhmiú mar shásra um thacaíocht agus comhar le haghaidh AFAnna. Ba cheart an méid sin a bhaint amach trí Údarás a chruthú ar cheart dó neamhspleáchas agus ardleibhéal saineolais theicniúil a chomhcheangal agus ar cheart ***dó a bheith bunaithe*** i gcomhréir ***leis an Ráiteas Comhpháirteach*** agus ***leis an gCur*** Chuige ***Coiteann*** ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí ***díláraithe***[32]. | (6) Is é an bealach is iomchuí chun maoirseacht agus comhar a thabhairt i gcrích idir AFAnna ***agus institiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT*** ar leibhéal an Aontais ***ná*** inniúlachtaí maoirseachta dírí agus indírí maidir le heintitis faoi oibleagáid a chomhcheangal, agus freisin feidhmiú mar shásra um thacaíocht agus comhar le haghaidh AFAnna. Ba cheart an méid sin a bhaint amach trí Údarás a chruthú ar cheart dó neamhspleáchas agus ardleibhéal saineolais theicniúil a chomhcheangal agus ar cheart ***é a bhunú*** i gcomhréir ***le prionsabail an Ráitis Chomhpháirtigh*** agus ***an Chur*** Chuige ***Choitinn*** ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí ***díláraithe, lena n-áirítear an cinneadh maidir lena shuíomh***[32]***. Ba cheart go mbeadh an tÚdarás go hiomlán neamhspleách agus ba cheart dó a bheith freagrach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.*** |
| ***32 https://europa.***eu/european-union/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_ga***.pdf.*** | ***32 https://europa.***eu/european-union/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_ga***.pdf.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ba cheart ***comhaontú suímh a bhunú*** idir an tÚdarás agus an Ballstát ***óstach, lena sonrófar*** na coinníollacha a ***bhaineann le bunú an tsuímh agus buntáistí atá tugtha ag an mBallstát*** don Údarás agus dá fhoireann. | (7) Ba cheart ***na socruithe maidir le suíomh an Údaráis a leagan síos i gcomhaontú ceanncheathrún*** idir an tÚdarás agus an Ballstát ***aíochta. Ba cheart go sonrófaí sa chomhaontú sin*** na coinníollacha ***chun an suíomh*** a ***bhunú agus na saoráidí a chuirfidh an Ballstát ar fáil*** don Údarás agus dá fhoireann. ***I gcomhréir le Pointe 9 den chur chuige coiteann, ba cheart don Ghníomhaireacht an comhaontú sin a thabhairt i gcrích go tráthúil leis an mBallstát óstach sula dtosóidh sí ar a céim oibríochtúil.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Le cumhachtaí an Údaráis, ba cheart a cheadú dó feabhas a chur ar mhaoirseacht AML/CFT san Aontas ar bhealaí éagsúla. Maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart don Údarás comhlíontacht uile-ghrúpa a áirithiú leis na ceanglais a leagtar síos i gcreat AML/CFT agus aon ghníomh eile ón Aontas atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus lena bhforchuirtear oibleagáidí lena mbaineann AML/CFL ar institiúidí airgeadais. Thairis sin, ba cheart don Údarás athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh acmhainní agus cumhachtaí leordhóthanacha ag na maoirseoirí airgeadais uile, ar acmhainní agus cumhachtaí iad lena bhfuil gá chun a gcúraimí a dhéanamh. Ba cheart dó feidhmiú choláistí maoirseachta AML a éascú agus rannchuidiú le cóineasú | (8) Le cumhachtaí an Údaráis, ba cheart a cheadú dó feabhas a chur ar mhaoirseacht AML/CFT san Aontas ar bhealaí éagsúla. Maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart don Údarás comhlíontacht uile-ghrúpa a áirithiú leis na ceanglais a leagtar síos i gcreat AML/CFT agus aon ghníomh eile ón Aontas atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus lena bhforchuirtear oibleagáidí lena mbaineann AML/CFL ar institiúidí airgeadais. Thairis sin, ba cheart don Údarás athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh acmhainní agus cumhachtaí leordhóthanacha ag na maoirseoirí airgeadais uile, ar acmhainní agus cumhachtaí iad lena bhfuil gá chun a gcúraimí a dhéanamh. Ba cheart dó feidhmiú choláistí maoirseachta AML a éascú agus rannchuidiú le cóineasú |

| | |
|---|---|
| cleachtas maoirseachta agus cur chun cinn ardchaighdeán maoirseachta. Maidir le maoirseoirí neamhairgeadais, lena n-áirítear comhlachtaí féinrialála i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Údarás athbhreithnithe piaraí ar chaighdeáin agus cleachtais mhaoirseachta a chomhordú agus a iarraidh ar mhaoirseoirí neamhairgeadais imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar cheanglais AML/CFT. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás déanamh anailísí comhpháirteacha ag AFAnna a chomhordú agus seirbhísí agus uirlisí TF agus intleachta saorga le haghaidh comhroinnt faisnéise shlán a chur ar fáil do AFAnna, lena n-áirítear trí FIU.net a óstáil. | cleachtas maoirseachta agus cur chun cinn ardchaighdeán maoirseachta. Maidir le maoirseoirí neamhairgeadais, lena n-áirítear comhlachtaí féinrialála i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Údarás athbhreithnithe piaraí ar chaighdeáin agus cleachtais mhaoirseachta a chomhordú agus a iarraidh ar mhaoirseoirí neamhairgeadais imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar cheanglais AML/CFT. Ina theannta sin, ***agus aird á tabhairt ar an ionchur ó institiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT, amhail Europol,*** ba cheart don Údarás déanamh anailísí comhpháirteacha ag AFAnna a chomhordú agus seirbhísí agus uirlisí TF agus intleachta saorga le haghaidh comhroinnt faisnéise shlán a chur ar fáil do AFAnna, lena n-áirítear trí FIU.net a óstáil. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Agus é mar chuspóir rialacha AML/CFT a neartú ar leibhéal an Aontais agus a soiléireacht a fheabhsú agus comhsheasmhacht le caighdeáin idirnáisiúnta agus le reachtaíocht eile á háirithiú, is gá ról comhordúcháin an Údaráis a bhunú ar leibhéal an Aontais i ndáil le gach cineál eintitis faoi oibleagáid chun cúnamh a thabhairt do mhaoirseoirí náisiúnta agus cóineasú maoirseachta a chur chun cinn, chun éifeachtúlacht chur chun feidhme bhearta AML/CFT a mhéadú, san earnáil neamhairgeadais freisin. Dá dhroim sin, ba cheart sainordú a thabhairt don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a ullmhú, treoirlínte, moltaí agus tuairimí a ghlacadh agus é mar aidhm aige sin i gcás ina bhfanfaidh maoirseacht i | (9) Agus é mar chuspóir rialacha AML/CFT a neartú ar leibhéal an Aontais agus a soiléireacht a fheabhsú agus comhsheasmhacht le caighdeáin idirnáisiúnta agus le reachtaíocht eile á háirithiú, is gá ról comhordúcháin an Údaráis a bhunú ar leibhéal an Aontais i ndáil le gach cineál eintitis faoi oibleagáid chun cúnamh a thabhairt do mhaoirseoirí náisiúnta agus cóineasú maoirseachta a chur chun cinn, chun éifeachtúlacht chur chun feidhme bhearta AML/CFT a mhéadú, san earnáil neamhairgeadais freisin. ***Tá ról comhordaithe an Údaráis riachtanach freisin chun comhtháthú a áirithiú agus chun dúbailt cúraimí le hinstitiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an*** |

bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, go mbeidh feidhm ag na cleachtais agus na caighdeáin mhaoirseachta chéanna i bprionsabal maidir leis na heintitis inchomparáide uile. Ba cheart forbairt modheolaíochta maoirseachta a chur ar iontaoibh an Údaráis, de thoradh a shaineolais an-speisialaithe, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe. Maidir le gnéithe áirithe den mhodheolaíocht, lenar féidir tagarmharcanna cainníochtúla comhchuibhithe a ionchorprú, amhail cuir chuige chun próifíl riosca bhunúsach na n-eintiteas faoi oibleagáid a aicmiú, ba cheart iad a mhionsonrú i mbearta rialála ceangailteacha atá infheidhme go díreach – caighdeáin rialála nó theicniúla chur chun feidhme. Maidir le gnéithe eile, lena gceanglaítear discréid mhaoirseachta níos leithne, amhail cuir chuige i leith measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca iarmharaigh agus rialuithe inmheánacha sna heintitis faoi oibleagáid, ba cheart iad a chumhdach le treoirlínte, moltaí agus tuairimí neamhcheangailteacha ón Údarás. Leis an modheolaíocht mhaoirseachta chomhchuibhithe ba cheart aird chuí a thabhairt ar na modheolaíochtaí maoirseachta atá ann cheana agus, i gcás inarb iomchuí, iad a ghiaráil i ndáil le gnéithe maoirseachta eile de na heintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais, go háirithe i gcás inarb ann d’idirghníomhaíocht idir maoirseacht AML/CFT agus maoirseacht stuamachta. Go sonrach, ba cheart an mhodheolaíocht mhaoirseachta atá le forbairt ag an Údarás a bheith comhlántach le treoirlínte agus ionstraimí eile atá forbartha ag an Údarás Baincéireachta Eorpach lena mionsonraítear cuir chuige údarás maoirseachta stuamachta i leith rioscaí ML/TF a chur san áireamh sa mhaoirseacht stuamachta, chun idirghníomhaíocht éifeachtach idir maoirseacht stuamachta agus maoirseacht AML/CFT a áirithiú. ***Ba cheart a chumhachtú don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an leabhar rialacha Aontais atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT a sheachaint.*** Dá dhroim sin, ba cheart sainordú a thabhairt don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a ullmhú, treoirlínte, moltaí agus tuairimí a ghlacadh agus é mar aidhm aige sin i gcás ina bhfanfaidh maoirseacht i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, go mbeidh feidhm ag na cleachtais agus na caighdeáin mhaoirseachta chéanna i bprionsabal maidir leis na heintitis inchomparáide uile. Ba cheart forbairt modheolaíochta maoirseachta a chur ar iontaoibh an Údaráis, de thoradh a shaineolais an-speisialaithe, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe. Maidir le gnéithe áirithe den mhodheolaíocht, lenar féidir tagarmharcanna cainníochtúla comhchuibhithe a ionchorprú, amhail cuir chuige chun próifíl riosca bhunúsach na n-eintiteas faoi oibleagáid a aicmiú, ba cheart iad a mhionsonrú i mbearta rialála ceangailteacha atá infheidhme go díreach – caighdeáin rialála nó theicniúla chur chun feidhme. Maidir le gnéithe eile, lena gceanglaítear discréid mhaoirseachta níos leithne, amhail cuir chuige i leith measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca iarmharaigh agus rialuithe inmheánacha sna heintitis faoi oibleagáid, ba cheart iad a chumhdach le treoirlínte, moltaí agus tuairimí neamhcheangailteacha ón Údarás. Leis an modheolaíocht mhaoirseachta chomhchuibhithe ba cheart aird chuí a thabhairt ar na modheolaíochtaí maoirseachta atá ann cheana agus, i gcás inarb iomchuí, iad a ghiaráil i ndáil le gnéithe maoirseachta eile de na heintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais, go háirithe i gcás inarb ann d’idirghníomhaíocht idir maoirseacht AML/CFT agus maoirseacht stuamachta. Go sonrach, ba cheart an mhodheolaíocht mhaoirseachta atá le forbairt ag an Údarás a bheith comhlántach le treoirlínte agus ionstraimí eile atá forbartha ag an Údarás Baincéireachta Eorpach lena mionsonraítear cuir chuige údarás maoirseachta stuamachta i leith rioscaí

***comhchuibhithe a chur i gcrích, rud a bhunaítear san áit seo:***

ML/TF a chur san áireamh sa mhaoirseacht stuamachta, chun idirghníomhaíocht éifeachtach idir maoirseacht stuamachta agus maoirseacht AML/CFT a áirithiú.

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ba cheart an deis a bheith ag an Údarás ***aistriú cúraimí agus*** cumhachtaí ***maoirseachta*** a bhaineann le heintiteas sonrach faoi oibleagáid a ***iarraidh ar a thionscnamh féin*** i gcás neamhghníomhaíochta nó mainneachtain a treoracha a leanúint laistigh den sprioc-am a sholáthraítear. ***Ós rud é gur ghá cinneadh lánroghnach ar thaobh an Údaráis chun cúraimí agus cumhachtaí maidir le heintiteas faoi oibleagáid a aistriú gan iarraidh shonrach ón maoirseoir airgeadais chuig an Údarás,*** ba cheart ***don Údarás iarraidh shonrach chuige sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh atá comhleanúnach le creat na gcúraimí atá leithdháilte ar an Údarás laistigh de chreat AML/CFT, in iarraidh an Údaráis ba cheart*** údar iomchuí a ***chur san áireamh***, agus ba cheart fad beacht a ***léiriú*** le haghaidh ***ath-leithdháileadh*** cúraimí agus cumhachtaí ***ar*** an Údarás. An tráthchlár le haghaidh ***ath-leithdháileadh*** cumhachtaí, ba cheart é a bheith ag comhfhreagairt don am a cheanglaíonn an tÚdarás chun déileáil leis na rioscaí ar leibhéal an eintitis, agus níor cheart é a bheith níos faide ná tréimhse 3 bliana. ***Ba cheart don Choimisiún cinneadh a ghlacadh lena ndéantar cumhachtaí agus cúraimí chun maoirseacht a dhéanamh ar an eintiteas a aistriú chuig an Údarás go pras, agus in aon chás laistigh de mhí.*** | (29) Ba cheart an deis a bheith ag an Údarás ***na*** cumhachtaí ***ar fad*** a bhaineann le heintiteas sonrach faoi oibleagáid a ***fheidhmiú*** i gcás neamhghníomhaíochta nó mainneachtain a treoracha a leanúint laistigh den sprioc-am a sholáthraítear. ***Tabharfaidh an tÚdarás fógra don Choimisiún.*** Ba cheart údar iomchuí a ***bheith mar chuid d'fhógra an Údaráis***, agus ba cheart fad beacht a ***chur in iúl ann*** le haghaidh ***feidhmiú*** cúraimí agus cumhachtaí ***tríd*** an Údarás. An tráthchlár le haghaidh ***feidhmiú*** cumhachtaí ***tríd an Údarás***, ba cheart é a bheith ag comhfhreagairt don am a cheanglaíonn an tÚdarás chun déileáil leis na rioscaí ar leibhéal an eintitis, agus níor cheart é a bheith níos faide ná tréimhse 3 bliana. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Chun anailís a dhéanamh ar ghníomhaíocht amhrasach lena ndéantar difear do dhlínsí iomadúla, ba cheart na AFAnna ábhartha a fhaigheann tuarascálacha nasctha a bheith in ann anailísí comhpháirteacha a dhéanamh go héifeachtúil ar chásanna leasa choitinn. Chuige sin, ba cheart don Údarás a bheith in ann na hanailísí comhpháirteacha ar idirbhearta nó gníomhaíochtaí amhrasacha trasteorann a mholadh, a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh leis na bealaí iomchuí uile. Ba cheart na hanailísí comhpháirteacha a spreagadh i gcás inar gá na hanailísí comhpháirteacha sin amháin a dhéanamh de bhun na bhforálacha ábhartha i ndlí an Aontais. ***Ar thoiliú sainráite a fháil ó*** AFAnna a ***ghlacann páirt sna hanailísí comhpháirteacha,*** ba cheart d’fhoireann an Údaráis a ***thacaíonn le hanailísí*** comhpháirteacha a ***dhéanamh a*** bheith in ann na sonraí agus an fhaisnéis uile is gá a fháil agus a phróiseáil, lena n-áirítear na sonraí agus an fhaisnéis a bhaineann leis na cásanna ar a ndearnadh anailís. | (32) Chun anailís a dhéanamh ar ghníomhaíocht amhrasach lena ndéantar difear do dhlínsí iomadúla, ba cheart na AFAnna ábhartha a fhaigheann tuarascálacha nasctha a bheith in ann anailísí comhpháirteacha a dhéanamh go héifeachtúil ar chásanna leasa choitinn. Chuige sin, ba cheart don Údarás a bheith in ann na hanailísí comhpháirteacha ar idirbhearta nó gníomhaíochtaí amhrasacha trasteorann a mholadh, a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh leis na bealaí iomchuí uile. Ba cheart na hanailísí comhpháirteacha a spreagadh i gcás inar gá na hanailísí comhpháirteacha sin amháin a dhéanamh de bhun na bhforálacha ábhartha i ndlí an Aontais. ***Ba cheart a thabhairt de chumhacht dó freisin easaontais a d’fhéadfadh a bheith ann idir na*** AFAnna ***rannpháirteacha*** a ***réiteach.*** Ba cheart d’fhoireann an Údaráis a ***chomhordaíonn déanamh anailísí*** comhpháirteacha a bheith in ann na sonraí agus an fhaisnéis uile is gá a fháil agus a phróiseáil, lena n-áirítear na sonraí agus an fhaisnéis a bhaineann leis na cásanna ar a ndearnadh anailís. ***Chun an fhaisnéis ábhartha uile a bhailiú ag céim luath den anailís chomhpháirteach agus chun tuiscint a fháil ar an mbunchomhthéacs coiriúil, féadfar rannpháirtíocht Europol san anailís chomhpháirteach a iarraidh freisin ar bhonn cás ar chás.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Chun feabhas a chur ar éifeachtacht na n-anailísí comhpháirteacha, ba cheart don Údarás a bheith in ann ***athbhreithnithe ar mhodhanna,*** nósanna imeachta ***agus déanamh na n-anailísí*** comhpháirteacha a ***thionscnamh,*** agus é mar aidhm leis na ceachtanna a foghlaimíodh a chinneadh agus feabhas a chur ar na hanailísí sin agus iad a chur chun cinn. Leis an aiseolas ar an anailís chomhpháirteach ba cheart é a chur ar a chumas don údarás conclúidí agus moltaí a eisiúint ar conclúidí agus moltaí iad as a dtiocfadh scagadh agus feabhsú tráthrialta ar na modhanna agus na nósanna imeachta chun anailísí comhpháirteacha a dhéanamh. | (33) Chun feabhas a chur ar éifeachtacht na n-anailísí comhpháirteacha, ba cheart don Údarás a bheith in ann ***modhanna agus*** nósanna imeachta ***a fhorbairt chun anailísí*** comhpháirteacha a ***dhéanamh. Ba cheart dó athbhreithniú a dhéanamh freisin ar na modhanna*** agus ***na nósanna imeachta sin agus*** é mar aidhm leis na ceachtanna a foghlaimíodh a chinneadh agus feabhas a chur ar na hanailísí sin agus iad a chur chun cinn. Leis an aiseolas ar an anailís chomhpháirteach ba cheart é a chur ar a chumas don údarás conclúidí agus moltaí a eisiúint ar conclúidí agus moltaí iad as a dtiocfadh scagadh agus feabhsú tráthrialta ar na modhanna agus na nósanna imeachta chun anailísí comhpháirteacha a dhéanamh. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Chun an comhar idir AFAnna agus an tÚdarás a éascú agus a fheabhsú, lena n-áirítear chun anailísí comhpháirteacha a dhéanamh, ba cheart do na AFAnna a bheith in ann ball foirne amháin in aghaidh an AFA a tharmligean chuig an Údarás ar bhonn deonach. Ba cheart do na toscairí AFA náisiúnta tacú le foireann an Údaráis chun na cúraimí uile a bhaineann le AFAnna a dhéanamh, lena n-áirítear anailísí comhpháirteacha a dhéanamh agus measúnuithe bagartha agus anailísí straitéiseacha a ullmhú ar bhagairtí ó thaobh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, rioscaí agus modhanna. Cé is moite de na hanailísí comhpháirteacha, ba cheart don Údarás foirmeacha éagsúla cúnaimh fhrithpháirtigh a spreagadh agus a éascú | (34) Chun an comhar idir AFAnna agus an tÚdarás a éascú agus a fheabhsú, lena n-áirítear chun anailísí comhpháirteacha a dhéanamh, ba cheart do na AFAnna a bheith in ann ball foirne amháin in aghaidh an AFA a tharmligean chuig an Údarás ar bhonn deonach. Ba cheart do na toscairí AFA náisiúnta tacú le foireann an Údaráis chun na cúraimí uile a bhaineann le AFAnna a dhéanamh, lena n-áirítear anailísí comhpháirteacha a dhéanamh agus measúnuithe bagartha agus anailísí straitéiseacha a ullmhú ar bhagairtí ó thaobh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, rioscaí agus modhanna. Cé is moite de na hanailísí comhpháirteacha, ba cheart don Údarás foirmeacha éagsúla cúnaimh fhrithpháirtigh a spreagadh agus a éascú |

| | |
|---|---|
| idir AFAnna, lena n-áirítear oiliúint agus malartuithe foirne chun feabhas a chur ar fhothú acmhainneachta agus malartú eolais agus dea-chleachtas a chumasú i measc AFAnna. | idir AFAnna, lena n-áirítear oiliúint agus malartuithe foirne chun feabhas a chur ar fhothú acmhainneachta agus malartú eolais agus dea-chleachtas a chumasú i measc AFAnna. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) Chun dlúthchomhar le húdaráis forfheidhmithe dlí an Aontais a áirithiú agus chun dúbailt iarrachtaí idir an tÚdarás agus Europol a sheachaint, ba cheart a áirithiú leis an socrú oibre idir an dá eagraíocht go bhféadfadh gach ceann acu oifigeach idirchaidrimh a bheith lonnaithe in áitribh an eintitis eile acu.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Chun cleachtais mhaoirseachta agus lena mbaineann AFA atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú agus chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm ar bhealach coiteann, aonfhoirmeach agus comhleanúnach, ba cheart don Údarás a bheith in ann treoirlínte agus moltaí a eisiúint atá dírithe ar na heintitis uile faoi oibleagáid nó ar chatagóir díobh agus ar na húdaráis mhaoirseachta agus na AFAnna uile nó ar chatagóirí díobh. D'fhéadfaí na treoirlínte agus na moltaí a eisiúint de bhun cumhachtú sonrach sna gníomhartha is infheidhme ón Aontas, nó ar thionscnamh an Údaráis, i gcás inar gá creat AML/CFT a neartú ar leibhéal an Aontais. | (36) Chun cleachtais mhaoirseachta agus lena mbaineann AFA atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú agus chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm ar bhealach coiteann, aonfhoirmeach agus comhleanúnach, ba cheart don Údarás a bheith in ann treoirlínte agus moltaí a eisiúint atá dírithe ar na heintitis uile faoi oibleagáid nó ar chatagóir díobh agus ar na húdaráis mhaoirseachta agus na AFAnna uile nó ar chatagóirí díobh. D'fhéadfaí na treoirlínte agus na moltaí a eisiúint de bhun cumhachtú sonrach sna gníomhartha is infheidhme ón Aontas, nó ar thionscnamh an Údaráis, i gcás inar gá creat AML/CFT a neartú ar leibhéal an Aontais. ***Agus*** |

***treoirlínte agus moltaí á bhforbairt ag an Údarás, d'fhéadfadh sé leas a bhaint freisin as saineolas institiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Tá bunú struchtúir rialachais láidir laistigh den Údarás fíor-riachtanach chun feidhmiú éifeachtach na gcúraimí a dheonaítear don Údarás a áirithiú, agus le haghaidh próiseas cinnteoireachta éifeachtúil agus oibiachtúil. De dheasca chastacht agus éagsúlacht na gcúraimí a thugtar don Údarás sa réimse maoirseachta agus AFA araon, ní féidir le comhlacht rialála aonair na cinntí a dhéanamh, faoi mar atá i gceist go minic i ngníomhaireachtaí díláraithe. Cineálacha áirithe cinntí, amhail cinntí maidir le hionstraimí coiteanna a ghlacadh, de bharr gur gá d'ionadaithe údarás iomchuí nó AFAnna iad a dhéanamh, agus de bharr gur gá rialacha vótála CFAE a urramú leo, cinntí áirithe eile, amhail na cinntí atá dírithe ar eintitis roghnaithe aonair faoi oibleagáid, nó údaráis aonair, ceanglaítear comhlacht cinnteoireachta níos lú, ar cheart dá chomhaltaí a bheith faoi réir socruithe cuntasachta iomchuí. Dá bhrí sin, ba cheart don Údarás a bheith comhdhéanta de Bhord Ginearálta***, Bord*** Feidhmiúcháin atá comhdhéanta de chúigear comhaltaí neamhspleácha lánaimseartha agus de Chathaoirleach an Údaráis. | (37) Tá bunú struchtúir rialachais láidir laistigh den Údarás fíor-riachtanach chun feidhmiú éifeachtach na gcúraimí a dheonaítear don Údarás a áirithiú, agus le haghaidh próiseas cinnteoireachta éifeachtúil agus oibiachtúil. De dheasca chastacht agus éagsúlacht na gcúraimí a thugtar don Údarás sa réimse maoirseachta agus AFA araon, ní féidir le comhlacht rialála aonair na cinntí a dhéanamh, faoi mar atá i gceist go minic i ngníomhaireachtaí díláraithe. Cineálacha áirithe cinntí, amhail cinntí maidir le hionstraimí coiteanna a ghlacadh, de bharr gur gá d'ionadaithe údarás iomchuí nó AFAnna iad a dhéanamh, agus de bharr gur gá rialacha vótála CFAE a urramú leo, cinntí áirithe eile, amhail na cinntí atá dírithe ar eintitis roghnaithe aonair faoi oibleagáid, nó údaráis aonair, ceanglaítear comhlacht cinnteoireachta níos lú, ar cheart dá chomhaltaí a bheith faoi réir socruithe cuntasachta iomchuí. Dá bhrí sin, ba cheart don Údarás a bheith comhdhéanta de Bhord Ginearálta ***agus de Bhord*** Feidhmiúcháin atá comhdhéanta de chúigear comhaltaí neamhspleácha lánaimseartha agus de Chathaoirleach ***agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Chun críoch vótála agus déanaimh cinntí, ba cheart ionadaí vótála amháin a bheith ag gach Ballstát. Dá bhrí sin, ba cheart do cheannairí na n-údarás poiblí ionadaí buan a cheapadh mar chomhalta vótála an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta. De rogha air sin, de réir ábhar an chinnidh nó clár oibre Cruinnithe boird ghinearálta, féadfaidh údaráis phoiblí Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le hionadaí ***ad-hoc***. Na socruithe praiticiúla a bhaineann leis an gcinnteoireacht agus leis an vótáil a dhéanann comhaltaí an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta, ba cheart iad a leagan síos i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Ghinearálta, a bheidh le forbairt ag an Údarás. | (40) Chun críoch vótála agus déanaimh cinntí, ba cheart ionadaí vótála amháin a bheith ag gach Ballstát. Dá bhrí sin, ba cheart do cheannairí na n-údarás poiblí ionadaí buan a cheapadh mar chomhalta vótála an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta. De rogha air sin, de réir ábhar an chinnidh nó clár oibre Cruinnithe boird ghinearálta, féadfaidh údaráis phoiblí Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le hionadaí ***ad hoc***. ***Agus ceapacháin don Bhord Ginearálta á ndéanamh acu, ba cheart d'údaráis phoiblí*** na ***mBallstát cothromaíocht inscne a áirithiú, go háirithe maidir le comhdhéanamh an Bhoird mar chomhlacht. Na*** socruithe praiticiúla a bhaineann leis an gcinnteoireacht agus leis an vótáil a dhéanann comhaltaí an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta, ba cheart iad a leagan síos i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Ghinearálta, a bheidh le forbairt ag an Údarás. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Ba cheart do Chathaoirleach an Údaráis cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe an Bhoird Ghinearálta agus ceart vótála a bheith aige nuair a dhéantar cinntí trí thromlach simplí. Ba cheart don Choimisiún a bheith ina chomhalta neamhvótála ar an mBord Ginearálta. Chun dea-chomhar a bhunú le hinstitiúidí ábhartha eile, ba cheart don Bhord Ginearálta a bheith in ann breathnóirí neamhvótála eile a ligean isteach, amhail | (41) Ba cheart do Chathaoirleach an Údaráis cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe an Bhoird Ghinearálta agus ceart vótála a bheith aige nuair a dhéantar cinntí trí thromlach simplí. Ba cheart don Choimisiún a bheith ina chomhalta neamhvótála ar an mBord Ginearálta. ***Ba cheart go mbeadh ionadaí ar Chomhlacht Comhairleach na Sochaí Sibhialta i dteideal páirt a ghlacadh ann mar chomhalta neamhvótála. Mar gheall ar*** |

| | |
|---|---|
| ionadaí ón Sásra Aonair Maoirseachta agus ó gach ceann de na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚBE, ÚEÁPC agus ÚEUM) le haghaidh an Bhoird Ghinearálta ina Chomhdhéanamh Maoirseachta agus ***Europol,*** OIPE agus Eurojust le haghaidh an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh AFA, i gcás ina ndéanfar ábhair a thagann faoina sainorduithe faoi seach a phlé nó a chinneadh. Chun próiseas cinnteoireachta rianúil a cheadú, ba cheart cinntí an Bhoird Ghinearálta a dhéanamh le tromlach simplí, ach amháin dréachtchaighdeáin rialála agus theicniúla chur chun feidhme, treoirlínte agus moltaí ar cheart iad a dhéanamh le tromlach cáilithe ionadaithe ó na Ballstáit i gcomhréir le rialacha vótála CFAE. | ***chineál comhlántach a gcuid sainorduithe, ba cheart stádas comhalta neamhvótála a thabhairt d'ionadaí de chuid Europol freisin le haghaidh an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh AFA.*** Chun dea-chomhar a bhunú le hinstitiúidí ábhartha eile, ba cheart don Bhord Ginearálta a bheith in ann breathnóirí neamhvótála eile a ligean isteach, amhail ionadaí ón Sásra Aonair Maoirseachta agus ó gach ceann de na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚBE, ÚEÁPC agus ÚEUM) le haghaidh an Bhoird Ghinearálta ina Chomhdhéanamh Maoirseachta agus OIPE agus Eurojust le haghaidh an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh AFA, i gcás ina ndéanfar ábhair a thagann faoina sainorduithe faoi seach a phlé nó a chinneadh. Chun ***a áirithiú go mbainfidh an Bord Ginearálta leas as iolracht saineolais agus a chinntí á ndéanamh aige, sa chomhdhéanamh maoirseachta agus i gcomhdhéanamh AFA araon, ba cheart cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí eile a bhíonn ag déileáil le AML/CTF i gcáil chomhairleach freastal ar a chuid cruinnithe. Chun*** próiseas cinnteoireachta rianúil a cheadú, ba cheart cinntí an Bhoird Ghinearálta a dhéanamh le tromlach simplí, ach amháin dréachtchaighdeáin rialála agus theicniúla chur chun feidhme, treoirlínte agus moltaí ar cheart iad a dhéanamh le tromlach cáilithe ionadaithe ó na Ballstáit i gcomhréir le rialacha vótála CFAE. ***Tar éis dó moladh réasúnaithe a fháil ón mBord Feidhmiúcháin, a bhfuil údar cuí leis ós rud é gur gá rúndacht na n-imeachtaí a chaomhnú, ba cheart go mbeadh an Bord Ginearálta in ann, i gcásanna eisceachtúla, cinneadh a dhéanamh teacht le chéile i gcomhdhéanamh gan bhreathnóirí.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ba cheart comhlacht rialála an Údaráis a bheith ina Bhord Feidhmiúcháin a bheidh comhdhéanta de ***Chathaoirleach*** an Údaráis ***agus de chúig chomhalta lánaimseartha, a bheidh ceaptha ag an mBord Ginearálta ar bhonn an ghearrliosta*** ón gCoimisiún. Agus é mar aidhm próiseas cinnteoireachta gasta agus éifeachtúil a áirithiú, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith i gceannas ar chúraimí uile an Údaráis a phleanáil agus a chur i gcrích seachas i gcás ina ndéanfar cinntí sonracha a leithdháileadh go sainráite ar an mBord Ginearálta. Chun oibiachtúlacht agus luas iomchuí an phróisis cinnteoireachta a áirithiú sa réimse a bhaineann le maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar na heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin na cinntí ceangailteacha uile atá dírithe ar eintitis roghnaithe faoi seach a dhéanamh. Ina theannta sin, mar aon le hionadaí ón gCoimisiún ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith freagrach go coiteann as cinntí riaracháin agus buiséadacha an Údaráis. Ba cheart toiliú an Choimisiúin a cheangal nuair a bheidh cinntí á ndéanamh ag an mBord Feidhmiúcháin i ndáil le riar an bhuiséid, soláthar, earcú, agus iniúchadh an Údaráis, ós rud é go soláthrófar cuid de chistiú an Údaráis ó bhuiséad an Aontais. | (42) Ba cheart comhlacht rialála an Údaráis a bheith ina Bhord Feidhmiúcháin a bheidh comhdhéanta de ***sheachtar comhaltaí lena n-áirítear Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis***. Ba cheart don Bhord Ginearálta cúigear comhaltaí breise lánaimseartha an Údaráis a cheapadh bunaithe ar an ngearrliosta atá cothrom ó thaobh inscne de*** ón gCoimisiún***, tar éis dó formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa***. Agus é mar aidhm próiseas cinnteoireachta gasta agus éifeachtúil a áirithiú, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith i gceannas ar chúraimí uile an Údaráis a phleanáil agus a chur i gcrích seachas i gcás ina ndéanfar cinntí sonracha a leithdháileadh go sainráite ar an mBord Ginearálta. Chun oibiachtúlacht agus luas iomchuí an phróisis cinnteoireachta a áirithiú sa réimse a bhaineann le maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar na heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin na cinntí ceangailteacha uile atá dírithe ar eintitis roghnaithe faoi seach a dhéanamh. Ina theannta sin, mar aon le hionadaí ón gCoimisiún ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith freagrach go coiteann as cinntí riaracháin agus buiséadacha an Údaráis. Ba cheart toiliú an Choimisiúin a cheangal nuair a bheidh cinntí á ndéanamh ag an mBord Feidhmiúcháin i ndáil le riar an bhuiséid, soláthar, earcú, agus iniúchadh an Údaráis, ós rud é go soláthrófar cuid de chistiú an Údaráis ó bhuiséad an Aontais. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Chun go bhféadfar cinntí a | (43) Chun go bhféadfar cinntí a |

| | |
|---|---|
| dhéanamh go pras, cinntí uile an Bhoird Feidhmiúcháin, lena n-áirítear an cinneadh ina mbeidh ceart vótála ag an gCoimisiún, ba cheart iad a dhéanamh le tromlach simplí, agus vóta réitigh ag an gCathaoirleach i gcás comhionannas vótaí. Chun bainistíocht fhónta airgeadais an Údaráis a áirithiú, ba cheart toiliú an Choimisiúin a cheangal le haghaidh cinntí a bhaineann leis an mbuiséad, leis an riarachán agus le hearcú. Maidir le comhaltaí vótála an Bhoird Feidhmiúcháin seachas an Cathaoirleach, ba cheart don Bhord Ginearálta iad a roghnú, bunaithe ar ghearrliosta a bhunóidh an Coimisiún. | dhéanamh go pras, cinntí uile an Bhoird Feidhmiúcháin, lena n-áirítear an cinneadh ina mbeidh ceart vótála ag an gCoimisiún, ba cheart iad a dhéanamh le tromlach simplí, agus vóta réitigh ag an gCathaoirleach i gcás comhionannas vótaí. Chun bainistíocht fhónta airgeadais an Údaráis a áirithiú, ba cheart toiliú an Choimisiúin a cheangal le haghaidh cinntí a bhaineann leis an mbuiséad, leis an riarachán agus le hearcú. Maidir le comhaltaí vótála an Bhoird Feidhmiúcháin seachas an Cathaoirleach ***nó an Leas-Chathaoirleach***, ba cheart don Bhord Ginearálta iad a roghnú, bunaithe ar ghearrliosta a bhunóidh an Coimisiún***, tar éis dó formheas Pharlaimint na hEorpa a fháil*. *I gcás ina measfadh an Pharlaimint nach gcomhlíonann na hiarrthóirí arna roghnú na critéir cháilithe ábhartha, ba cheart an nós imeachta roghnúcháin a thosú an athuair.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Chun feidhmiú neamhspleách an Údaráis a áirithiú ba cheart do na ***cúig Chomhalta*** den Bhord Feidhmiúcháin agus ***do Chathaoirleach*** an Údaráis gníomhú go neamhspleách agus chun leas an Aontais ina iomláine. Ba cheart dóibh iad féin a iompar, le linn agus tar éis a dtéarma oifige araon, go hionraic agus go discréideach a mhéid a bhaineann le glacadh le ceapacháin nó tairbhí áirithe. Ionas nach dtabharfaí le tuiscint go bhféadfadh sé go n-úsáidfeadh Comhalta den Bhord Feidhmiúcháin a sheasamh mar Chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis chun ceapachán ardchéime a fháil san earnáil phríobháideach tar éis a théarma oifige agus chun aon choinbhleacht leasa i ndiaidh na fostaíochta poiblí a chosc, ba | (44) Chun feidhmiú neamhspleách an Údaráis a áirithiú**,** ba cheart do na ***Comhaltaí ar fad*** den Bhord Feidhmiúcháin ***lena n-áirítear Cathaoirleach*** agus ***Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis gníomhú go neamhspleách agus chun leas an Aontais ina iomláine. Ba cheart dóibh iad féin a iompar, le linn agus tar éis a dtéarma oifige araon, go hionraic agus go discréideach a mhéid a bhaineann le glacadh le ceapacháin nó tairbhí áirithe. Ionas nach dtabharfaí le tuiscint go bhféadfadh sé go n-úsáidfeadh Comhalta den Bhord Feidhmiúcháin a sheasamh mar Chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis chun ceapachán ardchéime a fháil san earnáil phríobháideach tar éis a théarma oifige agus chun aon |

| | |
|---|---|
| cheart tréimhse mharana le haghaidh ***na gcúig Chomhalta*** den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Údaráis, a thabhairt isteach. | choinbhleacht leasa i ndiaidh na fostaíochta poiblí a chosc, ba cheart tréimhse mharana le haghaidh ***an chúigear Comhaltaí*** den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach ***agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis, a thabhairt isteach. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Ba cheart don Chomhairle Cathaoirleach an Údaráis a cheapadh bunaithe ar chritéir oibiachtúla tar éis formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart dó nó di ionadaíocht a dhéanamh don Údarás go seachtrach agus tuairisciú ar chúraimí an Údaráis a chur i gcrích. | (45) Ba cheart don Chomhairle Cathaoirleach ***agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis a cheapadh bunaithe ar chritéir oibiachtúla tar éis ***dóibh*** formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart dó nó di ionadaíocht a dhéanamh don Údarás go seachtrach agus tuairisciú ar chúraimí an Údaráis a chur i gcrích. ***Ba cheart Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Údaráis a cheapadh ar bhonn gearrliosta iarrthóirí atá cothrom ó thaobh inscne de agus atá molta ag an gCoimisiún bunaithe ar chritéir oibiachtúla tar éis dóibh formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart do na coistí inniúla éisteacht a thabhairt do na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta sula bhformheasfaidh Parlaimint na hEorpa iad. Ba cheart don Chathaoirleach ionadaíocht a dhéanamh ar an Údarás go seachtrach agus tuairisciú ar chur i gcrích chúraimí an Údaráis. Ba cheart go mbeadh Cathaoirleach an Údaráis in ann a chuid cúraimí a bhaineann le hionadaíocht a tharmligean chuig an Leas-Chathaoirleach.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh bunaithe ar ghearrliosta ón gCoimisiún. Ba cheart do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis a bheith ina oifigeach riaracháin sinsearach den Údarás, i gceannas ar bhainistíocht laethúil an Údaráis, agus freagrach as riar an bhuiséid, soláthar, earcú agus an fhoireann. | (46) Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh bunaithe ar ghearrliosta ***atá cothrom ó thaobh inscne de*** ón gCoimisiún ***tar éis dó formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa***. Ba cheart do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis a bheith ina oifigeach riaracháin sinsearach den Údarás, i gceannas ar bhainistíocht laethúil an Údaráis, agus freagrach as riar an bhuiséid, soláthar, earcú agus an fhoireann. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(46 a) I bhfianaise chineál agus mhéid na gcumhachtaí a fheidhmíonn an tÚdarás, ba cheart dó Comhlacht Comhairleach de chuid na Sochaí Sibhialta a bhunú, le tacaíocht ón gCoimisiún, chun dlúth-rannpháirtíocht ionadaithe na sochaí sibhialta a áirithiú. Ba cheart don Bhord Ginearálta a chomhdhéanamh a chinneadh tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa. Ní mór ceapachán chathaoirleach an Chomhlachta Chomhairligh a bheith formheasta ag Parlaimint na hEorpa. Ba cheart dul i gcomhairle leis an gcomhlacht comhairleach sin ar bhonn rialta, agus in aon chás aon uair a dhéanann an Rialachán a chur de cheangal ar an Údarás comhairliúchán poiblí a dhéanamh maidir le caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh agus le caighdeáin theicniúla a chur chun feidhme, nó nuair a bhíonn treoirlínte agus moltaí á n-eisiúint aige. Ba cheart an comhairliúchán sin a dhéanamh mura rud é go bhfuil údar lena mhalairt ar*** |

***fhorais phráinne nó chomhréireachta. Ba cheart do chomhaltaí an Chomhlachta ráthaíochtaí a thairiscint go ngníomhóidh siad go neamhspleách agus go hoibiachtúil, agus ba cheart acmhainní leordhóthanacha agus saineolas atá comhchuimseach lena chuid cúraimí a sholáthar dó.***

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Chun feidhmiú cuí an Údaráis a ráthú, ba cheart cistiú a sholáthar trí mheascán de tháillí a thoibhítear ar eintitis áirithe faoi oibleagáid agus ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais, de réir na gcúraimí agus na bhfeidhmeanna. Ba cheart buiséad an Aontais a bheith ina chuid de bhuiséad an Aontais, deimhnithe ag an Údarás Buiséadach ar bhonn togra ón gCoimisiún. Ba cheart don Údarás dréachtbhuiséad agus rialachán airgeadais inmheánach a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhformheas. | (48) ***Ní mór na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá a sholáthar don Údarás ionas gur féidir leis na cuspóirí, na cúraimí agus na freagrachtaí arna sannadh dó faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh foireann an Údaráis cothrom ó thaobh na tíreolaíochta de agus ó thaobh inscne de. Ba cheart neamhspleáchas a bheith ag an Údarás maidir le gníomhairí ar conradh a earcú.*** Chun feidhmiú cuí an Údaráis a ráthú, ba cheart cistiú a sholáthar trí mheascán de tháillí a thoibhítear ar eintitis áirithe faoi oibleagáid agus ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais, de réir na gcúraimí agus na bhfeidhmeanna. Ba cheart buiséad an Aontais a bheith ina chuid de bhuiséad an Aontais, deimhnithe ag an Údarás Buiséadach ar bhonn togra ón gCoimisiún. Ba cheart don Údarás dréachtbhuiséad agus rialachán airgeadais inmheánach a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhformheas. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 56**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (56) Gan dochar do na hoibleagáidí rúndachta ag a bhfuil feidhm maidir le foireann agus ionadaithe an Údaráis i gcomhréir leis na forálacha ábhartha i ndlí an Aontais, ba cheart don Údarás a bheith faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[39] I gcomhréir leis na srianta maidir le rúndacht agus sicréideacht ghairmiúil a bhaineann leis na cúraimí maoirseachta agus i leith thacaíocht agus chomhordúcháin AFA atá ar an Údarás, níor cheart síneadh a chur leis an rochtain sin chuig faisnéis rúnda atá á láimhseáil ag foireann an Údaráis. Go háirithe, aon sonra oibríochtúil nó faisnéis a bhaineann leis na sonraí oibríochtúla sin de chuid an Údaráis agus AFAnna an Aontais atá i seilbh an Údaráis de thoradh na gcúraimí agus na ngníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht agus comhordú AFAnna a dhéanamh, ba cheart a mheas gur sonraí rúnda iad. Maidir le cúraimí maoirseachta, rochtain ar fhaisnéis nó sonraí an Údaráis, ba cheart na maoirseoirí airgeadais, nó na heintitis faoi oibleagáid a fhaightear le linn na cúraimí agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le maoirseacht dhíreach a dhéanamh, ba cheart iad a láimhseáil i bprionsabal mar nithe rúnda freisin nach bhfuil faoi réir aon nochtadh. Mar sin féin, maidir le faisnéis rúnda atá liostaithe agus a bhaineann le nós imeachta maoirseachta, is féidir í a nochtadh go hiomlán nó go páirteach do na heintitis faoi oibleagáid ar páirtithe iad sa nós imeachta maoirseachta sin, faoi réir leas dlisteanach daoine dlítheanacha agus nádúrtha seachas an páirtí ábhartha, agus a rúin ghnó á gcosaint. | (56) Gan dochar do na hoibleagáidí rúndachta ag a bhfuil feidhm maidir le foireann agus ionadaithe an Údaráis i gcomhréir leis na forálacha ábhartha i ndlí an Aontais, ba cheart don Údarás a bheith faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***agus a chuid prionsabal a chur i bhfeidhm i bhfianaise dhlí-eolaíocht ábhartha na Cúirte Breithiúnais***[39]. I gcomhréir leis na srianta maidir le rúndacht agus sicréideacht ghairmiúil a bhaineann leis na cúraimí maoirseachta agus i leith thacaíocht agus chomhordúcháin AFA atá ar an Údarás, níor cheart síneadh a chur leis an rochtain sin chuig faisnéis rúnda atá á láimhseáil ag foireann an Údaráis. Go háirithe, aon sonra oibríochtúil nó faisnéis a bhaineann leis na sonraí oibríochtúla sin de chuid an Údaráis agus AFAnna an Aontais atá i seilbh an Údaráis de thoradh na gcúraimí agus na ngníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht agus comhordú AFAnna a dhéanamh, ba cheart a mheas gur sonraí rúnda iad. Maidir le cúraimí maoirseachta, rochtain ar fhaisnéis nó sonraí an Údaráis, ba cheart na maoirseoirí airgeadais, nó na heintitis faoi oibleagáid a fhaightear le linn na cúraimí agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le maoirseacht dhíreach a dhéanamh, ba cheart iad a láimhseáil i bprionsabal mar nithe rúnda freisin nach bhfuil faoi réir aon nochtadh. Mar sin féin, maidir le faisnéis rúnda atá liostaithe agus a bhaineann le nós imeachta maoirseachta, is féidir í a nochtadh go hiomlán nó go páirteach do na heintitis faoi oibleagáid ar páirtithe iad sa nós imeachta maoirseachta sin, faoi réir leas dlisteanach daoine dlítheanacha agus nádúrtha seachas an páirtí ábhartha, agus a rúin ghnó á gcosaint. ***Ionas go mbeidh an pobal agus institiúidí eile in ann grinnscrúdú a dhéanamh ar láimhseáil chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, ba cheart don Údarás*** |

***tuarascáil bhliantúil ar a chur chun feidhme a eisiúint maidir le rochtain ar na doiciméid atá ina sheilbh.***

39 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

39 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) Ba cheart don Údarás caidreamh comhoibritheach a bhunú leis na gníomhaireachtaí agus leis na comhlachtaí ábhartha den Aontas, lena n-áirítear Europol, Eurojust, OIPE, agus na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, eadhon an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde. Chun feabhas a chur ar mhaoirseacht trasteorann agus comhar níos fearr a áirithiú idir maoirseoirí stuamachta agus AML/CFT, ba cheart don Údarás caidreamh comhoibríoch a bhunú freisin leis na húdaráis atá inniúil chun maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar eintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach maidir le hábhair a bhaineann leis na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle[43] , mar aon le húdaráis réitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] agus le húdaráis ainmnithe um Scéimeanna Ráthaithe Taiscí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe 18 de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na | (59) Ba cheart don Údarás caidreamh comhoibritheach a bhunú leis na gníomhaireachtaí agus leis na comhlachtaí ábhartha den Aontas, lena n-áirítear Europol, Eurojust, OIPE, agus na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, eadhon an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde. Chun feabhas a chur ar mhaoirseacht trasteorann agus comhar níos fearr a áirithiú idir maoirseoirí stuamachta agus AML/CFT, ba cheart don Údarás caidreamh comhoibríoch a bhunú freisin leis na húdaráis atá inniúil chun maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar eintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach maidir le hábhair a bhaineann leis na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle[43], mar aon le húdaráis réitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] agus le húdaráis ainmnithe um Scéimeanna Ráthaithe Taiscí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe 18 de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na |

hEorpa agus ón gComhairle[45] . Chuige sin, ba cheart don Údarás a bheith in ann comhaontuithe nó meabhráin tuisceana a thabhairt i gcrích leis na comhlachtaí sin, lena n-áirítear maidir le haon mhalartú faisnéise is gá chun cúraimí faoi seachas an Údaráis agus na gcomhlachtaí sin a chomhlíonadh. Ba cheart ***don Údarás*** a ***dhícheall a*** dhéanamh faisnéis a chomhroinnt ***leis na comhlachtaí sin arna iarraidh sin dóibh***, laistigh de na teorainneacha a bhaineann le srianta dlíthiúla, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le cosaint sonraí. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás malartú faisnéise éifeachtach a chumasú idir na maoirseoirí airgeadais uile i gcóras maoirseachta AML/CFT agus na húdaráis réamhluaite, ba cheart an comhar agus na malartuithe faisnéise sin a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha agus éifeachtúil.

---

[43] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannas Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013. lch. 63).

[44] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

[45] Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014,

hEorpa agus ón gComhairle[45]. Chuige sin, ba cheart don Údarás a bheith in ann comhaontuithe nó meabhráin tuisceana a thabhairt i gcrích leis na comhlachtaí sin, lena n-áirítear maidir le haon mhalartú faisnéise is gá chun cúraimí faoi seachas an Údaráis agus na gcomhlachtaí sin a chomhlíonadh. Ba cheart ***do na páirtithe lena mbaineann*** a ***ndícheall a*** dhéanamh faisnéis a chomhroinnt ***le chéile***, laistigh de na teorainneacha a bhaineann le srianta dlíthiúla, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le cosaint sonraí. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás malartú faisnéise éifeachtach a chumasú idir na maoirseoirí airgeadais uile i gcóras maoirseachta AML/CFT agus na húdaráis réamhluaite, ba cheart an comhar agus na malartuithe faisnéise sin a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha agus éifeachtúil.

---

[43] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannas Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013. lch. 63).

[44] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

[45] Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014,

| | |
|---|---|
| lch. 149). | lch. 149). |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (62) Ós rud é go bhfuil cionta preideacáide mar aon le coireacht an sciúrtha airgid féin de chineál domhanda, agus ó tharla go n-oibríonn na heintitis faoi oibleagáid san Aontas le tríú tíortha agus iontu, tá ríthábhacht le comhar éifeachtach leis na húdaráis tríú tír ábhartha uile sna réimsí a bhaineann le maoirseacht agus feidhmiú AFAnna chun creat AML/CFT an Aontais a neartú. I bhfianaise mheascán uathúil an Údaráis de mhaoirseacht dhíreach agus indíreach agus cúraimí agus cumhachtaí AFA a bhaineann le comhar, ba cheart dó a bheith in ann ról gníomhach a ghlacadh sna socruithe comhair sheachtraigh sin. Go sonrach, ba cheart a chumhachtú don Údarás teagmhálaithe a fhorbairt agus dul i mbun socruithe riaracháin le húdaráis i dtríú tíortha ag a bhfuil inniúlachtaí rialála, maoirseachta agus lena mbaineann AFA. D'fhéadfadh sé go mbeadh tairbhe ar leith le ról an Údaráis i gcásanna ina bhfuil baint ag idirghníomhaíocht údarás poiblí éagsúil ón Aontas agus AFAnna le húdaráis tríú tíortha le hábhair faoi raon feidhme chúraimí an Údaráis. Sna cásanna sin, ba cheart ról ***ceannasach*** a bheith ag an Údarás chun an idirghníomhaíocht sin a éascú. | (62) Ós rud é go bhfuil cionta preideacáide mar aon le coireacht an sciúrtha airgid féin de chineál domhanda, agus ó tharla go n-oibríonn na heintitis faoi oibleagáid san Aontas le tríú tíortha agus iontu, tá ríthábhacht le comhar éifeachtach leis na húdaráis tríú tír ábhartha uile sna réimsí a bhaineann le maoirseacht agus feidhmiú AFAnna chun creat AML/CFT an Aontais a neartú. I bhfianaise mheascán uathúil an Údaráis de mhaoirseacht dhíreach agus indíreach agus cúraimí agus cumhachtaí AFA a bhaineann le comhar, ba cheart dó a bheith in ann ról gníomhach a ghlacadh sna socruithe comhair sheachtraigh sin***, gan dochar d'inniúlachtaí faoi seach na mBallstát agus institiúidí, oifigí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais***. Go sonrach, ba cheart a chumhachtú don Údarás teagmhálaithe a fhorbairt agus dul i mbun socruithe riaracháin le húdaráis i dtríú tíortha ag a bhfuil inniúlachtaí rialála, maoirseachta agus lena mbaineann AFA. D'fhéadfadh sé go mbeadh tairbhe ar leith le ról an Údaráis i gcásanna ina bhfuil baint ag idirghníomhaíocht údarás poiblí éagsúil ón Aontas agus AFAnna le húdaráis tríú tíortha le hábhair faoi raon feidhme chúraimí an Údaráis. Sna cásanna sin, ba cheart ról ***comhordaithe*** a bheith ag an Údarás chun an idirghníomhaíocht sin a éascú. ***Ba cheart don Údarás a chuid gníomhaíochtaí a dhéanamh i ndlúthchomhar le hinstitiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE sa réimse AML/CFT a bhfuil caidreamh comhair bunaithe acu le tríú tíortha cheana féin.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(63a) Ba cheart an leibhéal neamhspleáchais is airde is féidir a bheith ag an Údarás i dtaca le maoirseoirí náisiúnta. Ba cheart go mbeadh sé in ann faisnéis a bhailiú go díreach ó aon eintiteas agus gach eintiteas atá faoi oibleagáid chun maoirseacht den chaighdeán is airde a áirithiú ar fud an Aontais. Ba cheart sásraí a chur i bhfeidhm chun a ráthú go mbeidh an tÚdarás in ann comhthacú leis an bhfaisnéis arna cur ar aghaidh ag na húdaráis náisiúnta agus ag eintitis roghnaithe atá faoi oibleagáid, agus go mbeidh sé in ann daoine dlítheanacha agus nádúrtha a chur faoi agallamh.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 65 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(65a) Is é neamhspleáchas dlíodóirí ar an rialtas agus ar ghníomhaithe stáit bunchloch an smachta reachta. Tá an ceart chun féinrialaithe atá ag cumainn an bharra ríthábhachtach do dhea-fheidhmiú na mbreithiúna in AE agus sna Ballstáit. Beidh feidhm i gcónaí ag na cumhachtaí a thugtar don Údarás gan dochar do na prionsabail sin agus ní mór dóibh an rúndacht ghairmiúil agus an phribhléid dhlíthiúil a urramú.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3 – fomhír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar na cuspóirí a liostaítear i bpointí (a), (b), (e) agus (f) a shaothrú gan dochar do chuspóirí comhlántacha Europol, mar a shainítear iad sa Rialachán lenar bunaíodh é, agus i gcomhar leis na cuspóirí sin.*** |

*Réasúnú*

*Is iad na hairteagail a chomhlánaíonn na cinn atá liostaithe thuas ná na hAirteagail seo a leanas i Rialachán Europol: Airteagal 3.1, Airteagal 4.1.f), Airteagal 4.1.g) agus Airteagal 4.1.h).*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn 'maoirseoir neamhairgeadais' maoirseoir atá i gceannas ar eintitis faoi oibleagáid a liostaítear in Airteagal 3 de [AMLR], seachas institiúidí creidmheasa agus ***airgeadais***. | (4) ciallaíonn 'maoirseoir neamhairgeadais' maoirseoir atá i gceannas ar eintitis faoi oibleagáid a liostaítear in Airteagal 3 de [AMLR], seachas institiúidí creidmheasa***, institiúidí airgeadais*** agus ***gairmithe neamhspleácha dlí atá (i) cláraithe le comhlacht féinrialála agus (ii) faoi cheangal ag an rúndacht ghairmiúil faoin smacht reachta, agus aird á tabhairt ar an bhfíoras gur de chineál féinrialála í gairm an dlí***. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) faireachán ar chur chun feidhme reonna sócmhainní agus tacú leis sin faoi bhearta sriantacha an Aontais ar fud an | (f) faireachán ar chur chun feidhme reonna sócmhainní***, lena n-áirítear sócmhainní fíorúla*** agus ***criptea-*** |

mhargaidh inmheánaigh;

***airgeadraí, agus*** tacú leis sin faoi bhearta sriantacha an Aontais ar fud an mhargaidh inmheánaigh;

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar na cúraimí a liostaítear i bpointí (a), (b), (e) agus (g) a chur i gcrích i ndlúthchomhar le Europol.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) forbróidh sé modhanna agus nósanna imeachta iomchuí chun na hanailísí comhpháirteacha sin a dhéanamh ar chásanna trasteorann; | (c) forbróidh sé modhanna agus nósanna imeachta iomchuí chun na hanailísí comhpháirteacha sin a dhéanamh ar chásanna trasteorann***, trí úsáid a bhaint freisin as saineolas anailíseach comhlachtaí eile de chuid AE amhail Europol***; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) cuirfidh sé ar bun, comhordóidh sé, eagróidh sé agus éascóidh sé déanamh anailísí comhpháirteacha a bheidh á gcur i gcrích ag AFAnna; | (d) cuirfidh sé ar bun, comhordóidh sé, eagróidh sé agus éascóidh sé déanamh anailísí comhpháirteacha a bheidh á gcur i gcrích ag AFAnna***, agus aird á tabhairt ar anailísí atá déanta cheana féin ag institiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT***; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) forbróidh sé agus cuirfidh sé seirbhísí agus uirlisí TF agus intleachta saorga le haghaidh comhroinnt faisnéise shlán ar fáil do AFAnna, lena n-áirítear trí FIU.net a óstáil; | (e) forbróidh sé agus cuirfidh sé seirbhísí agus uirlisí TF agus intleachta saorga le haghaidh comhroinnt faisnéise shlán ar fáil do AFAnna ***agus do 'thríú páirtithe nasctha atá údaraithe go cuí'***, lena n-áirítear trí FIU.net a óstáil; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) tacóidh sé leis an gcaidreamh idir AFAnna agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i gcoitinne, go háirithe Europol, agus le faisnéis a bheith á scaipeadh ag AFAnna orthu agus cuirfidh sé an caidreamh agus an scaipeadh faisnéise sin chun cinn;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – pointe h b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(hb) déanfaidh sé próisis le haghaidh AFAnna a fhorbairt agus a chur chun cinn agus tacóidh sé leo chun cásanna maoinithe sceimhlitheoireachta a bhrath agus a láimhseáil go héifeachtúil agus go réamhghníomhach, cásanna a mbaineann faisnéis Europol leo ina measc;*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) measúnuithe bagartha, anailísí straitéiseacha ar bhagairtí, rioscaí agus modhanna atá sainaitheanta ag AFAnna maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a ullmhú agus a chomhordú. | (i) ***i gcomhar le Europol,*** measúnuithe bagartha, anailísí straitéiseacha ar bhagairtí, rioscaí agus modhanna atá sainaitheanta ag AFAnna maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a ullmhú agus a chomhordú. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I leith AFAnna sna Ballstáit, beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an Údarás: | 3. I leith AFAnna sna Ballstáit ***agus institiúidí***, ***oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT,*** beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an Údarás: |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) faisnéis agus staidreamh a bhailiú i ndáil le cúraimí agus gníomhaíochtaí na AFAnna; | (b) faisnéis agus staidreamh a bhailiú i ndáil le cúraimí agus gníomhaíochtaí na AFAnna ***agus institiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT a bhfuil an tÚdarás ag obair i gcomhar leo***; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis agus sonraí a fháil agus ***phróiseáil a cheanglaítear*** chun ***anailísí*** comhpháirteacha a chomhordú mar a shonraítear in Airteagal 33; | (c) faisnéis agus sonraí a fháil***, a phróiseáil*** agus ***a chomhoiriúnú a bhfuil gá leo*** chun ***tús a chur le hanailísí*** comhpháirteacha ***agus iad*** a chomhordú mar a shonraítear in Airteagal 33; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) treoirlínte agus moltaí a eisiúint. | (d) treoirlínte agus moltaí a eisiúint ***ina mbeidh ionchur, nuair is ábhartha, ó institiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT***. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***chun*** treoirlínte agus moltaí a eisiúint dá bhforáiltear in Airteagal 43; | (c) treoirlínte agus moltaí a eisiúint dá bhforáiltear in Airteagal 43 ***ina mbeidh ionchur, nuair is ábhartha, ó institiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT***; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina dtabharfar údar le | 3. I gcás ina dtabharfar údar le |

| | |
|---|---|
| comhordú ar leibhéal an Aontais le raon feidhme agus ábharthacht uile-Aontais na n-athbhreithnithe téamacha, déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta ábhartha go comhpháirteach iad agus comhordóidh an tÚdarás iad. Déanfaidh an Bord Ginearálta, ina chomhdhéanamh maoirseachta, liosta a tharraingt suas d'athbhreithnithe téamacha comhpháirteacha. Déanfaidh an Bord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta tuarascáil a tharraingt suas a bhaineann le déanamh, ábhar agus toradh gach athbhreithnithe théamaigh chomhpháirtigh. ***Foilseoidh*** an tÚdarás an tuarascáil sin ar a shuíomh gréasáin. | comhordú ar leibhéal an Aontais le raon feidhme agus ábharthacht uile-Aontais na n-athbhreithnithe téamacha, déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta ábhartha go comhpháirteach iad agus comhordóidh an tÚdarás iad. Déanfaidh an Bord Ginearálta, ina chomhdhéanamh maoirseachta, liosta a tharraingt suas d'athbhreithnithe téamacha comhpháirteacha. Déanfaidh an Bord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta tuarascáil a tharraingt suas a bhaineann le déanamh, ábhar agus toradh gach athbhreithnithe théamaigh chomhpháirtigh. ***Roinnfidh*** an tÚdarás an tuarascáil sin ***le hinstitiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT agus foilseoidh sé í*** ar a shuíomh gréasáin. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an tÚdarás bunachar sonraí lárnach a bhunú agus a choimeád cothrom le dáta maidir leis an bhfaisnéis a bhailítear de bhun mhír 2. Déanfaidh an tÚdarás anailís ar an bhfaisnéis a fhaightear agus áiritheoidh sé go gcuirfear ar fáil d'údaráis mhaoirseachta ***í*** ar bhonn riachtanas eolais agus rúnda. Féadfaidh an tÚdarás torthaí a anailíse a chomhroinnt ar a thionscnamh féin le húdaráis mhaoirseachta chun a ngníomhaíochtaí maoirseachta a éascú. | 1. Déanfaidh an tÚdarás bunachar sonraí lárnach a bhunú agus a choimeád cothrom le dáta maidir leis an bhfaisnéis a bhailítear de bhun mhír 2. Déanfaidh an tÚdarás anailís ar an bhfaisnéis a fhaightear***,*** agus ***úsáid á baint freisin, más ábhartha, as faisnéis ó Europol i gcomhréir le Rialachán 2016/794 agus*** áiritheoidh sé go gcuirfear ***torthaí na hanailíse sin*** ar fáil d'údaráis mhaoirseachta ***agus d'institiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT*** ar bhonn riachtanas eolais agus rúnda. Féadfaidh an tÚdarás torthaí a anailíse a chomhroinnt ar a thionscnamh féin le húdaráis mhaoirseachta chun a ngníomhaíochtaí maoirseachta a éascú. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta aon fhaisnéis is gá a sholáthar don Údarás chun go mbeidh sé in ann na cúraimí a chuirtear air faoin Rialachán seo a chur i gcrích, ar choinníoll go bhfuil rochtain dhlíthiúil acu ar an bhfaisnéis i dtrácht.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhaineann leo, agus tríú páirtithe chuig ar ***seachfhoinsigh*** na heintitis roghnaithe faoi seach feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochtúla chucu agus daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha atá cleamhnaithe leo, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh. | 1. Féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus***, i gcás nach gcuirtear faisnéis*** ar ***fáil faoi mhír -1, ar aon eintitis ábhartha faoi oibleagáid freisin agus ar*** dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhaineann leo, ***lena n-áirítear a bhfostaithe,*** agus tríú páirtithe chuig ar ***sheachfhoinsigh*** na heintitis roghnaithe faoi seach feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochtúla chucu agus daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha atá cleamhnaithe leo, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh***, lena n-áirítear iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 1(2)***. ***Beidh údar cuí le haon iarraidh, sonrófar inti an fhaisnéis a éilítear agus leagfar síos teorainn ama réasúnta inti ar laistigh di nach mór an fhaisnéis a sholáthar. I gcás neamhchomhlíonadh, féadfar na pionóis riaracháin airgid dá bhforáiltear in Airteagal 21 a chur ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid.***<br><br>***Ba cheart aon sárú ar an rúndacht ghairmiúil, ar gné dhílis de ghairm an dlí*** |

***í, a sheachaint toisc go mbainfeadh sárú an bhunphrionsabal sin an bonn de neamhspleáchas na mbreithiúna.***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Déanfaidh an tÚdarás ábhair i gcomhair ionchúiseamh coiriúil a tharchur chuig na húdaráis náisiúnta ábhartha i gcás ina n-aimseoidh sé, agus a dhualgais faoin Rialachán seo á ndéanamh aige, comharthaí tromchúiseacha gur féidir gurb ann d'fhíorais a léireodh cionta coiriúla. Ina theannta sin, staonfaidh an tÚdarás ó phionóis airgid riaracháin nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur más rud é, maidir le héigiontú nó le ciontú roimhe sin a éiríonn as fíorais chomhionanna nó as fíorais atá comhionann lena chéile go substaintiúil, go bhfuil feidhm res judicata bainte amach aige mar thoradh ar imeachtaí coiriúla faoin dlí náisiúnta. | 8. Déanfaidh an tÚdarás ábhair i gcomhair ionchúiseamh coiriúil a tharchur chuig na húdaráis náisiúnta ábhartha i gcás ina n-aimseoidh sé, agus a dhualgais faoin Rialachán seo á ndéanamh aige, comharthaí tromchúiseacha gur féidir gurb ann d'fhíorais a léireodh cionta coiriúla. ***Nuair atá baint ag dhá Bhallstát nó níos mó le cúrsaí ar dócha gurb ionann iad agus cionta coiriúla, déanfaidh an tÚdarás breithniú ar an bhfaisnéis sin a roinnt le Europol.*** Ina theannta sin, staonfaidh an tÚdarás ó phionóis airgid riaracháin nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur más rud é, maidir le héigiontú nó le ciontú roimhe sin a éiríonn as fíorais chomhionanna nó as fíorais atá comhionann lena chéile go substaintiúil, go bhfuil feidhm res judicata bainte amach aige mar thoradh ar imeachtaí coiriúla faoin dlí náisiúnta. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí an Údaráis a fhorchuireann pionós riaracháin airgid nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil. Féadfaidh sí an fhíneáil nó an íocaíocht phionósach thréimhsiúil a | Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí an Údaráis a fhorchuireann pionós riaracháin airgid nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil. Féadfaidh sí an fhíneáil nó an íocaíocht phionósach thréimhsiúil a |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| forchuireadh a neamhniú, a laghdú nó a mhéadú. | forchuireadh a neamhniú, a laghdú nó a mhéadú***, mar aon le cúiteamh a ordú***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Iarrataí chun gníomhú in imthosca*** eisceachtúla | ***Cúraimí agus cumhachtaí a aistriú i gcúinsí*** eisceachtúla |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás nach gcomhlíonann an maoirseoir airgeadais lena mbaineann ***leis*** an iarraidh dá dtagraítear i mír 2 ***agus*** nach gcuireann sé an tÚdarás ar an eolas faoi na bearta atá déanta aige***,*** ná na bearta ***atá*** ar intinn aige a dhéanamh***, leis*** an iarraidh a chomhlíonadh laistigh de 10 lá ó lá fhógra na hiarrata, féadfaidh an tÚdarás ***iarraidh ar an gCoimisiún cead a thabhairt chun*** na cúraimí agus cumhachtaí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6(1) i ndáil le maoirseacht dhíreach an ***eintitis*** neamhroghnaithe faoi oibleagáid ***a aistriú ón maoirseoir airgeadais lena mbaineann chuig an Údarás***. | 4. I gcás nach gcomhlíonann an maoirseoir airgeadais lena mbaineann an iarraidh dá dtagraítear i mír 2 ***nó*** nach gcuireann sé an tÚdarás ar an eolas faoi na bearta atá déanta aige ná ***faoi*** na bearta ***a bhfuil sé*** ar intinn aige ***iad*** a dhéanamh ***chun*** an iarraidh a chomhlíonadh laistigh de 10 lá ó lá fhógra na hiarrata, féadfaidh an tÚdarás ***féin*** na cúraimí agus ***na*** cumhachtaí ábhartha ***ar fad*** dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6(1) ***a fheidhmiú go díreach*** i ndáil le maoirseacht dhíreach ***ar*** an ***eintiteas*** neamhroghnaithe ***atá*** faoi oibleagáid. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 5 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Gheofar san iarraidh ón Údarás*** | 5. ***Tabharfaidh an tÚdarás fógra don Choimisiún. Beidh an méid*** seo a leanas |

| | |
|---|---|
| ***na nithe*** seo a leanas: | ***san fhógra***: |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 5 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) teorainn ama, nach mó ná 3 bliana, d'aistriú ***iarrtha*** na gcúraimí agus na gcumhachtaí ábhartha; | (c) teorainn ama, nach mó ná 3 bliana, d'aistriú na gcúraimí agus na gcumhachtaí ábhartha; |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. Beidh mí amháin ag an gCoimisiún ó dháta fála na hiarrata ón Údarás chun cinneadh a ghlacadh an dtabharfar údarú d'aistriú na gcúraimí agus na gcumhachtaí ábhartha nó an gcuirfear ina choinne. Fógrófar an cinneadh chuig an Údarás, a chuirfidh an maoirseoir airgeadais agus an t-eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid ar an eolas go láithreach faoi sin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***7. Ar an deichiú lá oibre tar éis fógra an chinnidh lena n-údaraítear aistriú na gcúraimí agus na gcumhachtaí i ndáil leis an eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid, measfar an t-eintiteas neamhroghnaithe faoi oibleagáid dá dtagraítear i mír 2 a bheith ina eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid chun críocha fheidhmiú na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus in*** | ***scriosta*** |

***Airteagail 16 go 22. Socrófar leis an gcinneadh ón gCoimisiún teorainn ama d'fheidhmiú na gcúraimí agus na gcumhachtaí sin, a n-aistreofar ar ais chuig an maoirseoir airgeadais lena mbaineann go huathoibríoch iad ar dhul in éag na teorann ama sin.***

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sula n-eiseoidh an tÚdarás moladh mar sin, rachaidh an tÚdarás i gcomhar leis an údarás maoirseachta lena mbaineann***, i gcás ina mbreithneoidh sé gurb iomchuí an comhar sin chun sárú ar dhlí an Aontais a réiteach,*** féachaint le socrú a fháil maidir leis na gníomhaíochtaí is gá chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás maoirseachta dlí an Aontais. | Sula n-eiseoidh an tÚdarás moladh mar sin, rachaidh an tÚdarás i gcomhar leis an údarás maoirseachta lena mbaineann féachaint le socrú a fháil maidir leis na gníomhaíochtaí is gá chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás maoirseachta dlí an Aontais. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás, de bhun Airteagal 25 de [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM (2021)423], ina n-aithníonn AFA de chuid Ballstáit gá féideartha chun anailís chomhpháirteach a dhéanamh le AFA amháin nó le roinnt AFAnna i mBallstáit eile, fógróidh sé an méid sin don Údarás. Cuirfidh an tÚdarás na AFAnna sna Ballstáit ábhartha uile ar an eolas, agus tabharfaidh sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach laistigh de 5 lá ón ***bhfógra*** tosaigh. Chuige sin, úsáidfidh an tÚdarás bealaí cumarsáide daingnithe. Breithneoidh na AFAnna sna | 1. I gcás, de bhun Airteagal 25 de [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM (2021)423], ina n-aithníonn AFA de chuid Ballstáit gá féideartha chun anailís chomhpháirteach a dhéanamh le AFA amháin nó le roinnt AFAnna i mBallstáit eile, fógróidh sé an méid sin don Údarás. ***Féadfaidh an tÚdarás féin a mholadh freisin go gcuirfí tús le hanailísí comhpháirteacha. Laistigh de 10 lá oibre, déanfaidh an tÚdarás measúnú ar fhiúntas na n-anailísí comhpháirteacha sin, i bhfianaise na dtosaíochtaí arna sainaithint sa phlean maoirseachta agus*** |

| | |
|---|---|
| Ballstáit ábhartha uile páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach. Áiritheoidh an tÚdarás go seolfar an anailís chomhpháirteach laistigh de 20 lá ón ***bhfógra*** tosaigh. | ***na n-acmhainní atá ar fáil.*** Cuirfidh an tÚdarás na AFAnna sna Ballstáit ábhartha uile ***agus Europol*** ar an eolas, agus tabharfaidh sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach laistigh de 5 lá ón ***measúnú*** tosaigh. Chuige sin, úsáidfidh an tÚdarás bealaí cumarsáide daingnithe. Breithneoidh na AFAnna sna Ballstáit ábhartha uile páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach. Áiritheoidh an tÚdarás go seolfar an anailís chomhpháirteach laistigh de 20 lá ón ***measúnú*** tosaigh. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Beidh an tÚdarás freagrach as an bhfoireann anailíse comhpháirtí a bhunú agus a chomhdhéanamh agus as déanamh na hanailíse comhpháirtí a chomhordú, agus tabharfar de chumhacht dó aon easaontas a d'fhéadfadh a bheith ann idir AFAnna rannpháirteacha a réiteach. Forbróidh an tÚdarás modhanna agus nósanna imeachta freisin chun anailísí comhpháirteacha a dhéanamh. I gcás ina suíonn an tÚdarás go bhfuil gá le hanailís chomhpháirteach, iarrfaidh sé, ar a thionscnamh féin, ar AFAnna a bheith rannpháirteach i ndéanamh na hanailíse comhpháirtí.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Aon AFA a dhiúltaíonn páirt a ghlacadh i ndéanamh na hanailíse | 2. Aon AFA a dhiúltaíonn páirt a ghlacadh i ndéanamh na hanailíse |

| | |
|---|---|
| comhpháirtí, tabharfaidh sé na cúiseanna dó sin i scríbhinn chuig an Údarás, laistigh de 5 lá ó fháil an chuiridh. Cuirfidh an tÚdarás an míniú sin ar fáil gan mhoill don AFA tar éis dó an gá le hanailís chomhpháirteach a aithint. | comhpháirtí, tabharfaidh sé na cúiseanna dó sin i scríbhinn chuig an Údarás, laistigh de 5 lá ó fháil an chuiridh. ***I gcás gur ó AFA a tháinig an moladh go gcuirfí tús le hanailís chomhpháirteach,*** cuirfidh an tÚdarás an míniú sin ar fáil gan mhoill don AFA tar éis dó an gá ***atá*** le hanailís chomhpháirteach a aithint. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Chun an fhaisnéis ábhartha uile a thabhairt le chéile ag céim luath san anailís chomhpháirteach, ba cheart na sonraí a bhaineann leis an ábhar a chur i gcomparáid le bunachair sonraí Europol mar chuid den anailís chomhpháirteach.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Ar thoiliú sainráite na AFAnna a ghlacann rannpháirt san anailís chomhpháirteach,*** tabharfar rochtain do bhaill foirne an Údaráis ***a thacaíonn leis an*** anailís chomhpháirteach ar na sonraí uile a bhaineann le hábhar na hanailíse comhpháirtí, agus beidh siad in ann na sonraí sin a phróiseáil. | 3. Tabharfar rochtain do bhaill foirne an Údaráis ***atá rannpháirteach san*** anailís chomhpháirteach ar na sonraí uile a bhaineann le hábhar na hanailíse comhpháirtí, agus beidh siad in ann na sonraí sin a phróiseáil. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcás ina gcinnfear de bharr anailís chomhpháirteach go bhfuil amhras réasúnta ann go ndearnadh cion, cuirfidh an tÚdarás Europol ar an eolas faoi.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Na AFAnna a bhí rannpháirteach i gceann amháin nó níos mó de na hanailísí comhpháirteacha nó a raibh baint acu ar shlí eile leo, féadfaidh siad a n-aiseolas a chur ar fáil faoi stiúradh na hanailíse, lena n-áirítear aiseolas maidir leis an tacaíocht oibríochtúil a sholáthair an tÚdarás i bpróiseas na hanailíse comhpháirtí, chomh maith le haiseolas ar thoradh na modhanna oibre agus socruithe anailíse atá i bhfeidhm, na huirlisí atá ar fáil agus an comhordú idir na AFAnna rannpháirteacha. Is féidir an t-aiseolas a lipéadú mar rúnda, agus sa chás sin ní chomhroinnfear le AFAnna eile é. | 2. Na AFAnna a bhí rannpháirteach i gceann amháin nó níos mó de na hanailísí comhpháirteacha nó a raibh baint acu ar shlí eile leo ***mar aon le Europol***, féadfaidh siad a n-aiseolas a chur ar fáil faoi stiúradh na hanailíse, lena n-áirítear aiseolas maidir leis an tacaíocht oibríochtúil a sholáthair an tÚdarás i bpróiseas na hanailíse comhpháirtí, chomh maith le haiseolas ar thoradh na modhanna oibre agus socruithe anailíse atá i bhfeidhm, na huirlisí atá ar fáil agus an comhordú idir na AFAnna rannpháirteacha. Is féidir an t-aiseolas a lipéadú mar rúnda, agus sa chás sin ní chomhroinnfear le AFAnna eile é. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Féadfaidh*** AFA gach Ballstáit ball foirne amháin a tharmligean chuig an Údarás. Is ag suíomh an Údaráis a bheidh gnáthláthair oibre an toscaire AFA náisiúnta. | 1. ***Déanfaidh*** AFA gach Ballstáit ball foirne amháin a tharmligean chuig an Údarás. Is ag suíomh an Údaráis a bheidh gnáthláthair oibre an toscaire AFA náisiúnta. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh an tÚdarás feidhmiú gan bhriseadh FIU.net, agus coinneoidh sé cothrom le dáta é. De réir mar is gá chun tacú le malartú faisnéise agus comhar idir na AFAnna nó chun iad a neartú, agus bunaithe ar éilimh na AFAnna, dearfaidh agus cuirfidh an tÚdarás chun feidhme, nó cuirfidh sé ar fáil ar shlí eile, feidhmiúlachtaí uasghrádaithe nó breise FIU.net. | 2. Áiritheoidh an tÚdarás feidhmiú gan bhriseadh FIU.net, agus coinneoidh sé cothrom le dáta é. De réir mar is gá chun tacú le malartú faisnéise agus comhar idir na AFAnna ***agus eintitis eile a bhfuil cead tugtha dóibh rochtain a bheith acu ar FIU.net*** nó chun iad a neartú, agus bunaithe ar éilimh na AFAnna, dearfaidh agus cuirfidh an tÚdarás chun feidhme, nó cuirfidh sé ar fáil ar shlí eile, feidhmiúlachtaí uasghrádaithe nó breise FIU.net. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás inarb iomchuí seolfaidh an tÚdarás comhairliúcháin oscailte phoiblí maidir leis na treoirlínte agus na moltaí arna n-eisiúint aige agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na treoirlínte agus na moltaí sin a eisiúint. Beidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin comhréireach maidir le raon feidhme, cineál agus tionchar na dtreoirlínte nó na moltaí. I gcás nach dtionólann an tÚdarás comhairliúcháin oscailte phoiblí, cuirfidh an tÚdarás a chúiseanna ar fáil. | 2. I gcás inarb iomchuí seolfaidh an tÚdarás comhairliúcháin oscailte phoiblí maidir leis na treoirlínte agus na moltaí arna n-eisiúint aige agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na treoirlínte agus na moltaí sin a eisiúint. Beidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin comhréireach maidir le raon feidhme, cineál agus tionchar na dtreoirlínte nó na moltaí. I gcás nach dtionólann an tÚdarás comhairliúcháin oscailte phoiblí, cuirfidh an tÚdarás a chúiseanna ar fáil. ***Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle freisin, nuair is ábhartha, le hinstitiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT chun na treoirlínte agus na moltaí sin a chur le chéile.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach gcomhlíonann údarás maoirseachta an treoirlíne nó an moladh sin, nó nach mbeartaíonn ***údarás inniúil*** an treoirlíne nó an moladh sin a chomhlíonadh, foilseoidh an tÚdarás an méid sin***. Féadfaidh an tÚdarás a chinneadh freisin, ar bhonn cás ar chás,*** na cúiseanna a sholáthraíonn an t-údarás maoirseachta i leith neamhchomhlíonadh na treoirlíne nó an mholta sin ***a fhoilsiú. Cuirfear réamhfhógra chuig an údarás maoirseachta maidir le foilsiú den sórt sin.*** | I gcás nach gcomhlíonann údarás maoirseachta an treoirlíne nó an moladh sin, nó nach mbeartaíonn ***sé*** an treoirlíne nó an moladh sin a chomhlíonadh, foilseoidh an tÚdarás an méid sin ***agus*** na cúiseanna a sholáthraíonn an t-údarás maoirseachta i leith neamhchomhlíonadh na treoirlíne nó an mholta sin**.** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Má cheanglaítear amhlaidh leis an treoirlíne nó leis an moladh sin, déanfaidh na heintitis faoi oibleagáid tuairisciú, ar shlí shoiléir mhionsonraithe, cé acu a chomhlíonann siad an treoirlíne nó an moladh sin, nó nach gcomhlíonann. | Má cheanglaítear amhlaidh leis an treoirlíne nó leis an moladh sin, déanfaidh na heintitis ***atá*** faoi oibleagáid tuairisciú, ar shlí shoiléir mhionsonraithe, cé acu a chomhlíonann siad an treoirlíne nó an moladh sin, nó nach gcomhlíonann ***agus, i gcás neamhchomhlíonadh, ba cheart dóibh na cúiseanna atá leis sin a thabhairt***. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Sa tuarascáil ar a chuid gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 72(2),*** |

| | |
|---|---|
| | ***déanfaidh an tÚdarás Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na treoirlínte agus na moltaí a bheidh eisithe aige, tabharfaidh sé achoimre ar na cásanna nár chomhlíon údaráis náisiúnta iad, tabharfaidh sé anailís ar na cúiseanna a bhí leis an neamhchomhlíonadh sin agus déanfaidh sé moltaí faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe aige a áirithiú go gcloífear lena chuid moltaí agus treoirlínte sa todhchaí.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is féidir comhairliúchán poiblí nó anailís theicniúil a bheith san áireamh san iarraidh dá dtagraítear i mír 1. | 2. Is féidir comhairliúchán poiblí nó anailís theicniúil a bheith san áireamh san iarraidh dá dtagraítear i mír 1 ***agus is féidir dul i gcomhairle le hinstitiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT mar chuid den iarraidh sin freisin***. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) Comhlacht Comhairleach de chuid na Sochaí Sibhialta a fheidhmeoidh na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 59a;*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) ionadaí amháin do Chomhlacht Comhairleach na Sochaí Sibhialta, gan an ceart vótála a bheith aige;*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Roinnfidh ceannasaithe na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b) i ngach Ballstát vóta singil eatarthu, agus aontóidh siad ar ionadaí coiteann amháin le haghaidh gach cruinniú agus nós imeachta vótála. An t-ionadaí coiteann sin, is é a bheidh ina chomhalta ad hoc ag a mbeidh ceart vótála chun críocha an chruinnithe nó an nóis imeachta vótála sin. Féadfaidh na húdaráis phoiblí i mBallstát aontú freisin ar ionadaí coiteann buan aonair a bheidh ina chomhalta buan ag a mbeidh ceart vótála. I gcás ina mbaineann na míreanna le plé ag an mBord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta le hinniúlacht roinnt údaráis phoiblí, féadfaidh ionadaí ó dhá údarás phoiblí ar a mhéad a bheith i dteannta leis an gcomhalta ad hoc nó buan ag a mbeidh cearta vótála, a ***bheihd*** ina chomhalta ach gan ceart vótála aige. | Roinnfidh ceannasaithe na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b) i ngach Ballstát vóta singil eatarthu, agus aontóidh siad ar ionadaí coiteann amháin le haghaidh gach cruinniú agus nós imeachta vótála. An t-ionadaí coiteann sin, is é a bheidh ina chomhalta ad hoc ag a mbeidh ceart vótála chun críocha an chruinnithe nó an nóis imeachta vótála sin. Féadfaidh na húdaráis phoiblí i mBallstát aontú freisin ar ionadaí coiteann buan aonair a bheidh ina chomhalta buan ag a mbeidh ceart vótála. I gcás ina mbaineann na míreanna le plé ag an mBord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta le hinniúlacht roinnt údaráis phoiblí, féadfaidh ionadaí ó dhá údarás phoiblí ar a mhéad a bheith i dteannta leis an gcomhalta ad hoc nó buan ag a mbeidh cearta vótála, a ***bheidh*** ina chomhalta ach gan ceart vótála aige. ***Agus ceapacháin don Bhord Ginearálta á ndéanamh acu, déanfaidh údaráis phoiblí na mBallstát a ndícheall cothromaíocht inscne a áirithiú, go háirithe maidir le comhdhéanamh an Bhoird mar chomhlacht.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(c a) ionadaí ó Europol, nach bhfuil ceart vótála aige.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 4**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 4. Féadfaidh an Bord Ginearálta cinneadh a dhéanamh breathnóirí a ghlacadh isteach. Glacfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA isteach mar bhreathnóir go háirithe ionadaí ó OLAF, ***Europol,*** Eurojust agus EPPO chuig cruinnithe nuair a thagann ábhair faoina sainorduithe faoi seach. ***Glacfaidh*** an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta ***isteach*** ionadaí arna ainmniú ag ***Bord Maoirseachta an Bhainc*** Ceannais ***Eorpaigh*** agus ionadaithe ó gach ceann de na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, nuair a phléitear ábhair laistigh de raon feidhme a sainorduithe faoi seach. | 4. Féadfaidh an Bord Ginearálta ***leas a bhaint as saineolas institiúidí, ghníomhaireachtaí, chomhlachtaí agus oifigí eile an Aontais agus as saineolas gníomhaireachtaí eile a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna AML/CFT. Féadfaidh an Bord Ginearálta*** cinneadh a dhéanamh breathnóirí a ghlacadh isteach. Glacfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA isteach mar bhreathnóir go háirithe ionadaí ó OLAF, Eurojust agus EPPO chuig cruinnithe nuair a thagann ábhair faoina sainorduithe faoi seach. ***Déanfaidh*** an Bord Ginearálta***,*** i gcomhdhéanamh maoirseachta***,*** ionadaí arna ainmniú ag ***an mBanc*** Ceannais ***Eorpach*** agus ionadaithe ó gach ceann de na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha ***a ghlacadh isteach***, nuair a phléitear ábhair laistigh de raon feidhme a ***gcuid*** sainorduithe faoi seach. ***Iarrfaidh an Bord Ginearálta, sa dá chomhdhéanamh, ar ionadaithe ar eagraíochtaí a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna AML/CTF, go háirithe eagraíochtaí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus daoine den lucht acadúil a bhfuil seasamh aitheanta acu, i gcás ina dtagann na hábhair atá á bplé faoina gcuid réimsí saineolais faoi seach.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Féadfaidh an Bord Ginearálta cinneadh a dhéanamh i gcás eisceachtúil, ar bhonn cás ar chás agus tar éis don Bhord Feidhmiúcháin togra réasúnaithe a dhéanamh, teacht le chéile i gceachtar den dá chomhdhéanamh gan bhreathnóirí.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Bord Ginearálta, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Chathaoirleach an Údaráis, coistí inmheánacha a bhunú le haghaidh cúraimí sonracha a thugtar dó. Féadfaidh an Bord Ginearálta foráil a dhéanamh maidir le cúraimí agus cinntí áirithe atá sainithe go soiléir a tharmligean chuig coistí inmheánacha, chuig an mBord Feidhmiúcháin nó chuig an gCathaoirleach. Féadfaidh an Bord Ginearálta an tarmligean sin a chúlghairm am ar bith. | Féadfaidh an Bord Ginearálta, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Chathaoirleach an Údaráis, coistí inmheánacha a bhunú le haghaidh cúraimí sonracha a thugtar dó. Féadfaidh an Bord Ginearálta foráil a dhéanamh maidir le cúraimí agus cinntí áirithe atá sainithe go soiléir a tharmligean chuig coistí inmheánacha, chuig an mBord Feidhmiúcháin nó chuig an gCathaoirleach. Féadfaidh an Bord Ginearálta an tarmligean sin a chúlghairm am ar bith. ***Ní mór cinntí uile na gcoistí inmheánacha a bheith formhuinithe ag an mBord Ginearálta chun go mbeidh siad bailí.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Cathaoirleach an Údaráis; | (a) Cathaoirleach ***agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás nach gcomhlíonfaidh comhalta amháin nó níos mó den Bhord Feidhmiúcháin, seachas Cathaoirleach an Údaráis, a thuilleadh na coinníollacha a cheanglaítear chun a gcuid dualgas a fheidhmiú nó i gcás ***go bhfuarthas*** ciontach iad i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Bord Ginearálta, ar thogra ón gCoimisiún, aon duine de chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin a bhaint as oifig. | 6. I gcás nach gcomhlíonfaidh comhalta amháin nó níos mó den Bhord Feidhmiúcháin, seachas Cathaoirleach ***agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis, a thuilleadh na coinníollacha a cheanglaítear chun a gcuid dualgas a fheidhmiú nó i gcás ***bhfaighfear*** ciontach iad i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Bord Ginearálta, ar thogra ón gCoimisiún, aon duine de chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin a bhaint as oifig. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 7 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Le linn tréimhse ***aon*** bhliain ***amháin*** tar éis éirí as oifig, cuirtear cosc ar iarchomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Údaráis, a bheith páirteach i ngníomhaíocht ghairme shochrach le | 7. Le linn tréimhse ***2*** bhliain tar éis éirí as oifig, cuirtear cosc ar iarchomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach ***agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis, a bheith páirteach i ngníomhaíocht ghairme shochrach le |

**Leasú 78**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Roghnóidh an Bord Feidhmiúcháin Leas-Chathaoirleach den Údarás i measc a chomhaltaí ag a bhfuil ceart vótála. Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach ionad an Chathaoirligh go huathoibríoch má tharlaíonn nach féidir leis an gCathaoirleach freastal ar a dhualgais.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil III – Roinn 3 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CATHAOIRLEACH AN ÚDARÁIS | CATHAOIRLEACH ***AGUS LEAS-CHATHAOIRLEACH*** AN ÚDARÁIS |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceapachán Chathaoirleach an Údaráis | Ceapachán Chathaoirleach ***agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Roghnófar Cathaoirleach an Údaráis ar bhonn tuillteanais, scileanna, eolais, ***seasaimh*** aitheanta agus taithí i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus an chomhraic in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta agus ***cáilíochta*** ábhartha eile, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Tarraingeoidh an Coimisiún gearrliosta suas ina mbeidh ***beirt*** iarrthóirí cáilithe do phost Chathaoirleach an Údaráis. Glacfaidh an Chomhairle, tar éis fhormheas Pharlaimint na hEorpa, cinneadh cur chun feidhme chun Cathaoirleach an Údaráis a cheapadh. | 1. Roghnófar Cathaoirleach ***agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis ar bhonn tuillteanais, scileanna, eolais, ***seasamh*** aitheanta agus taithí i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus an chomhraic in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta agus ***ar bhonn taithí ardleibhéil sa chomhar idirnáisiúnta agus cáilíocht*** ábhartha eile, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte***, lena n-urramófar prionsabal na cothromaíochta inscne agus*** a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Tarraingeoidh an Coimisiún gearrliosta suas ***a bheidh cothrom ó thaobh inscne de agus*** ina mbeidh ***ceathrar*** iarrthóirí cáilithe do phost Chathaoirleach ***agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis. ***Sula bhformheasfar é nó iad, tabharfaidh coiste inniúil nó coistí inniúla Pharlaimint na hEorpa éisteacht don*** |

***iarrthóir nó do na hiarrthóirí. Tar éis di éisteachtaí a thabhairt, roghnóidh Parlaimint na hEorpa duine amháin de na hiarrthóirí sin do gach post.*** Glacfaidh an Chomhairle, tar éis fhormheas Pharlaimint na hEorpa, cinneadh cur chun feidhme chun Cathaoirleach ***agus Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis a cheapadh.

***I gcás ina mbeidh Parlaimint na hEorpa den tuairim nach gcomhlíonann aon duine de na hiarrthóirí ar an ngearrliosta na cáilíochtaí a leagtar amach sa chéad fhomhír go leordhóthanach, tosófar an nós imeachta roghnúcháin oscailte an athuair.***

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach ionad an Chathaoirligh go huathoibríoch má tharlaíonn nach féidir leis an gCathaoirleach freastal ar a dhualgais.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás nach gcomhlíonfaidh Cathaoirleach an Údaráis a thuilleadh na coinníollacha a cheanglaítear chun a chuid dualgas a fheidhmiú nó i gcás ***go bhfuarthas*** ciontach é i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón mBord Ginearálta i gceachtar den dá chomhdhéanamh, cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh chun Cathaoirleach an Údaráis a chur as oifig. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach | 2. I gcás nach gcomhlíonfaidh Cathaoirleach ***nó Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis a thuilleadh na coinníollacha a cheanglaítear chun a chuid dualgas ***nó*** a ***cuid dualgas a*** fheidhmiú***,*** nó i gcás ***ina bhfaighfear*** ciontach é ***nó í*** i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón mBord Ginearálta i gceachtar den dá chomhdhéanamh ***agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa***, cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh |

| | |
|---|---|
| cáilithe. | chun Cathaoirleach ***nó Leas-Chathaoirleach*** an Údaráis a chur as oifig. ***Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh a cheart nó a ceart chun pinsin nó tairbhí eile a cheilt ar an gCathaoirleach nó ar an Leas-Chathaoirleach i gcás ina bhfaighfear ciontach i mí-iompar tromchúiseach é nó í.*** Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Dá n-éireodh an Cathaoirleach as nó ***mura mbeadh sé in ann freastal*** ar a ***chuid dualgas ar chúis ar bith eile, is é an Leas-Chathaoirleach a dhéanfaidh feidhmeanna an Chathaoirligh***. | 3. Dá n-éireodh an Cathaoirleach as***, dá ndífhostófaí é*** nó ***dá bhfágfadh sé a phost*** ar ***aon chúis, líonfar an post láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta*** a ***leagtar amach i mír 1***. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 57 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é Cathaoirleach an Údaráis a fheidhmeoidh mar ionadaí an Údaráis, agus a bheidh freagrach as obair an Bhoird Ghinearálta agus an Bhoird Feidhmiúcháin a ullmhú, lena n-áirítear an clár oibre a shocrú, na cruinnithe a thionól agus na míreanna a bheidh le cinneadh a chur síos. | 1. Is é Cathaoirleach an Údaráis a fheidhmeoidh mar ionadaí an Údaráis, agus a bheidh freagrach as obair an Bhoird Ghinearálta agus an Bhoird Feidhmiúcháin a ullmhú, lena n-áirítear an clár oibre a shocrú, na cruinnithe a thionól agus na míreanna a bheidh le cinneadh a chur síos. ***Féadfaidh Cathaoirleach an Údaráis a chuid cúraimí a bhaineann le hionadaíocht a tharmligean chuig an Leas-Chathaoirleach.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Roghnófar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar fhorais an tuillteanais agus scileanna ardleibhéil doiciméadaithe riaracháin, buiséadacha agus bainistíochta, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus, i gcás inarb iomchuí, ar shuíomhanna eile preasa agus idirlín. Ullmhóidh an Coimisiún gearrliosta ina mbeidh beirt iarrthóirí atá cáilithe don phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin. ***Is é*** an Bord Feidhmiúcháin ***a cheapfaidh*** an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. | 4. Roghnófar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar fhorais an tuillteanais agus scileanna ardleibhéil doiciméadaithe riaracháin, buiséadacha agus bainistíochta, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte***, lena n-urramófar prionsabal na cothromaíochta inscne agus*** a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus, i gcás inarb iomchuí, ar shuíomhanna eile preasa agus idirlín. Ullmhóidh an Coimisiún gearrliosta ina mbeidh beirt iarrthóirí atá cáilithe don phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin. ***Tar éis formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, ceapfaidh*** an Bord Feidhmiúcháin an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.<br>***I gcás ina mbeidh Parlaimint na hEorpa den tuairim nach gcomhlíonann aon duine de na hiarrthóirí ar an ngearrliosta na cáilíochtaí a leagtar amach sa chéad fhomhír go leordhóthanach, tosófar an nós imeachta roghnúcháin oscailte an athuair.*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 5 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Le linn na 9 mí roimh dheireadh théarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin measúnú ina dtugtar san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus dúshláin na Gníomhaireachta amach anseo. Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin, agus an mheastóireacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír á cur san áireamh, téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a fhadú uair | 5. 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Le linn na 9 mí roimh dheireadh théarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin measúnú ina dtugtar san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar chúraimí agus dúshláin na Gníomhaireachta amach anseo. Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin, agus an mheastóireacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír á cur san áireamh, téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a fhadú uair amháin. ***Féadfaidh an Bord*** |

amháin.

***Feidhmiúcháin an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ar thogra ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gCoimisiún.***

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil III – Roinn 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ROINN 4 a (nua)*** |
| | ***COMHLACHT COMHAIRLEACH NA SOCHAÍ SIBHIALTA*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 59 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gceannas ar bhainistiú laethúil an Údaráis, agus is é a bheidh d'aidhm aige cothromaíocht inscne a áirithiú laistigh den Údarás. Go háirithe, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an méid seo a leanas: | 1. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gceannas ar bhainistiú laethúil an Údaráis, agus is é a bheidh d'aidhm aige cothromaíocht inscne ***agus gheografach*** a áirithiú laistigh den Údarás. Go háirithe, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an méid seo a leanas: |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 59 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 59a*** |
| | ***COMHLACHT COMHAIRLEACH NA SOCHAÍ SIBHIALTA*** |
| | ***1. Bunóidh an tÚdarás Comhlacht Comhairleach de chuid na Sochaí*** |

***Sibhialta chun comhairle a thabhairt dó agus na cumhachtaí dá gcuid a liostaítear in Airteagail 38, 42 agus 43 á bhfeidhmiú aige.***

***2. Cinnfidh an Bord Ginearálta comhdhéanamh Chomhlacht Comhairleach na Sochaí Sibhialta ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa. Ní mór ceapachán chathaoirleach an Chomhlachta Chomhairligh a bheith formheasta ag Parlaimint na hEorpa. Is é an comhlacht féin a bhunóidh modhanna inmheánacha oibre an Chomhlachta Chomhairligh.***

***3. Rachfar i gcomhairle le Comhlacht Comhairleach na Sochaí Sibhialta go rialta agus in aon chás aon uair is gá don Údarás nó don Choimisiún comhairliúchán poiblí a dhéanamh, go háirithe maidir le glacadh caighdeán teicniúil rialála faoi Airteagal 38(1) agus (3), glacadh caighdeán teicniúil cur chun feidhme faoi Airteagal 42(1) agus (3) agus glacadh treoirlínte agus moltaí faoi Airteagal 43(2), mura rud é go bhfuil an comhairliúchán sin díréireach i ndáil le práinn ar leith an ábhair. Mura ndéanfar an comhairliúchán sin, tabharfaidh an tÚdarás nó an Coimisiún faoi seach údar soiléir leis an gcinneadh sin.***

***4. Nuair a bheidh na cúraimí a thugtar dóibh faoin Rialachán seo á ndéanamh acu, gníomhóidh comhaltaí Chomhlacht Comhairleach na Sochaí Sibhialta go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leasa an Aontais ina iomláine, agus chun an leasa sin amháin, agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht príobháideach nó poiblí eile.***

***5. Déanfar acmhainní agus saineolas leordhóthanacha a sholáthar do Chomhlacht Comhairleach na Sochaí Sibhialta chun measúnú a dhéanamh ar***

| | |
|---|---|
| | ***fheidhmiú chumhachtaí an Údaráis faoin Rialachán seo.*** |
| | ***6. Déanfaidh an Bord Ginearálta na socruithe praiticiúla a leagan síos maidir le coinbhleachtaí leasa chomhaltaí Chomhlacht Comhairleach na Sochaí Sibhialta a chosc agus a bhainistiú.*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 72 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil maidir le cur i gcrích na gcúraimí a thugtar dó faoin Rialachán seo, lena n-áirítear faisnéis faoin athrú atá beartaithe a chur ar struchtúr agus ar mhéid na dtáillí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 66, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa go poiblí. | 2. Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil maidir le cur i gcrích na gcúraimí a thugtar dó faoin Rialachán seo, lena n-áirítear faisnéis faoin athrú atá beartaithe a chur ar struchtúr agus ar mhéid na dtáillí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 66, ***faoin toradh ar anailísí comhpháirteacha,*** faoi ***eisiúint agus cur chun feidhme treoirlínte agus moltaí agus faoi na bearta maidir le rochtain ar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, faoi*** bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa go poiblí. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 72 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfaidh an tÚdarás freagra ó bhéal nó freagra i scríbhinn ar aon ***cheist*** a chuirfidh Parlaimint na hEorpa air. | 4. Tabharfaidh an tÚdarás freagra ó bhéal nó freagra i scríbhinn ar aon ***cheisteanna*** a chuirfidh Parlaimint na hEorpa air***, a luaithe is féidir agus, in aon chás, ar a dhéanaí laistigh de cúig seachtaine tar éis don Údarás fógra a*** |

***fháil maidir leo***.

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 79 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inarb ábhartha chun na cúraimí dá dtagraítear i ***Roinn 3*** agus ***i Roinn 6*** a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás a bheith rannpháirteach i socruithe comhair atá ann cheana ***féin*** agus atá curtha ar bun i mBallstát amháin nó ***thar*** roinnt Ballstát ag údaráis mhaoirseachta nó ***AFAnna***, i gcás ina mbaineann socruithe den sórt sin, inter alia, le comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis a luadh roimhe seo agus eintitis roghnaithe faoi oibleagáid. Beidh rannpháirtíocht an Údaráis faoi réir ag toiliú ón údarás náisiúnta ábhartha a bhfuil socrú den sórt sin bunaithe aige. | I gcás inarb ábhartha chun na cúraimí dá dtagraítear i ***Ranna 3*** agus ***6*** a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás a bheith rannpháirteach i socruithe comhair atá ann cheana agus atá curtha ar bun i mBallstát amháin nó ***i*** roinnt Ballstát ag údaráis mhaoirseachta***, ag AFAnna*** nó ***ag institiúidí***, ***oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid AE atá rannpháirteach*** i ***gcreat AML/CFT, i*** gcás ina mbaineann socruithe den sórt sin, inter alia, le comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis a luadh roimhe seo agus eintitis roghnaithe ***atá*** faoi oibleagáid. ***I gcás comhpháirtíochtaí náisiúnta,*** beidh rannpháirtíocht an Údaráis faoi réir ag toiliú ón údarás náisiúnta ábhartha a bhfuil socrú den sórt sin bunaithe aige. ***Beidh an tÚdarás rannpháirteach freisin, ar leibhéal iomchuí, i gcomhpháirtíochtaí a bheidh bunaithe i mBallstáit éagsúla.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 80 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Féadfaidh*** an tÚdarás socruithe oibre a thabhairt i gcrích le hinstitiúidí an Aontais, le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais agus le comhlachtaí eile an Aontais a ghníomhaíonn ***sa*** réimse ***forfheidhmiú*** an dlí agus ***comhar breithiúnach***. Féadfaidh na socruithe oibre sin a bheith de chineál straitéiseach nó teicniúil agus beidh mar aidhm shonrach | 1. ***Déanfaidh*** an tÚdarás socruithe oibre a thabhairt i gcrích le hinstitiúidí an Aontais, le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais agus le comhlachtaí eile an Aontais a ghníomhaíonn ***i*** réimse ***fhorfheidhmiú*** an dlí agus ***an chomhair bhreithiúnaigh***. Féadfaidh na socruithe oibre sin a bheith de chineál straitéiseach nó teicniúil agus beidh mar aidhm |

| | |
|---|---|
| leo comhar agus malartú faisnéise a éascú idir na páirtithe lena mbaineann. Ní bheidh na socruithe oibre ina mbunús chun malartú sonraí pearsanta a cheadú ***agus*** ní bheidh ***siad*** ina gceangal ar an Aontas ná ar a Bhallstáit. | shonrach leo comhar agus malartú faisnéise a éascú idir na páirtithe lena mbaineann. ***Maidir le Sásra an Údaráis um Chomhordú agus Tacaíocht le haghaidh AFAnna ar leibhéal AE, áiritheofar leis na socruithe oibre go mbeidh na páirtithe ar fad rannpháirteach i dtionscadail straitéiseacha arna ndéanamh ag an Sásra um Chomhordú agus Tacaíocht le haghaidh AFAnna agus ag comhlachtaí eile de chuid an Aontais atá rannpháirteach i gcreat AML/CFT, go háirithe Europol. Cé is moite den socrú oibre le Europol,*** ní bheidh na socruithe oibre ina mbunús chun malartú sonraí pearsanta a cheadú***.*** Ní bheidh ***na socruithe oibre*** ina gceangal ar an Aontas ná ar a Bhallstáit. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 80 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an tÚdarás caidreamh dlúth a bhunú agus a choimeád le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE. Chun na críche sin, tabharfaidh an tÚdarás socruithe oibre ar leithligh chun críche le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE ina leagfar amach mionsonraí maidir lena gcomhar. Beidh mar aidhm leis an gcaidreamh go háirithe a áirithiú go malartófar faisnéis straitéiseach agus treochtaí i ndáil leis na bagairtí um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta atá roimh an Aontas. | 2. Déanfaidh an tÚdarás caidreamh dlúth a bhunú agus a choimeád le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE. Chun na críche sin, tabharfaidh an tÚdarás socruithe oibre ar leithligh chun críche le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE ina leagfar amach mionsonraí maidir lena gcomhar. ***Cé is moite den socrú oibre le Europol lena gcumhdófar faisnéis oibríochtúil agus straitéiseach,*** beidh ***sé*** mar aidhm leis an gcaidreamh go háirithe a áirithiú go malartófar faisnéis straitéiseach agus treochtaí i ndáil leis na bagairtí um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta atá roimh an Aontas. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 81 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach, agus gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát agus institiúidí an Aontais faoi seach, féadfaidh an tÚdarás teagmhálacha a fhorbairt agus socruithe riaracháin a dhéanamh le húdaráis AML/CFT i dtríú tíortha ag a bhfuil inniúlachtaí rialála, maoirseachta agus inniúlachtaí a bhaineann le AFA sa réimse frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le lucht riaracháin tríú tír. Ní chruthófar oibleagáidí dlíthiúla leis na socruithe sin i dtaca leis an Aontas agus lena Bhallstáit, ná ní choiscfidh siad Ballstáit agus a gcuid údarás inniúil ó shocruithe déthaobhacha nó ó shocruithe iltaobhacha a thabhairt i gcrích leis na tríú tíortha sin. | 1. Chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach, agus gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát agus institiúidí***, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus oifigí*** an Aontais faoi seach, féadfaidh an tÚdarás teagmhálacha a fhorbairt agus socruithe riaracháin a dhéanamh le húdaráis AML/CFT i dtríú tíortha ag a bhfuil inniúlachtaí rialála, maoirseachta agus inniúlachtaí a bhaineann le AFA sa réimse frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le lucht riaracháin tríú tír. Ní chruthófar oibleagáidí dlíthiúla leis na socruithe sin i dtaca leis an Aontas agus lena Bhallstáit, ná ní choiscfidh siad Ballstáit agus a gcuid údarás inniúil ó shocruithe déthaobhacha nó ó shocruithe iltaobhacha a thabhairt i gcrích leis na tríú tíortha sin. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 82 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin bearta praiticiúla chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus na rialacha maidir le nochtadh faisnéise a bhaineann le nósanna imeachta maoirseachta a chur i bhfeidhm. | 5. Glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin bearta praiticiúla chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus na rialacha maidir le nochtadh faisnéise a bhaineann le nósanna imeachta maoirseachta a chur i bhfeidhm. ***Cuirfidh an tÚdarás roinn mhionsonraithe faoi chur chun feidhme an Rialacháin don bhliain roimhe sin san áireamh sa tuarascáil bhliantúil uaidh dá bhforáiltear in Airteagal 72a.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin ***31 Nollaig 2029***, agus gach ***5*** bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis i leith a chuspóirí, a shainordú, a chúraimí agus a shuíomh(anna), i gcomhréir le treoirlínte ón gCoimisiún. Tabharfar aghaidh sa mheastóireacht ar na nithe seo a leanas, go háirithe: | 1. Faoin ***31 Nollaig 2028***, agus gach ***trí*** bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis i leith a chuspóirí, a shainordú, a chúraimí agus a shuíomh(anna), i gcomhréir le treoirlínte ón gCoimisiún. Tabharfar aghaidh sa mheastóireacht ar na nithe seo a leanas, go háirithe: |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tionchar na ngníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht agus comhordú AFAnna, agus go háirithe comhordú na hanailíse comhpháirtí ar ghníomhaíochtaí agus idirbhearta trasteorann arna ndéanamh ag AFAnna; | (c) tionchar na ngníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht agus comhordú AFAnna, agus go háirithe comhordú na hanailíse comhpháirtí ar ghníomhaíochtaí agus idirbhearta trasteorann arna ndéanamh ag AFAnna ***agus obair leantach rathúil ar na hanailísí comhpháirteacha sin chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac***; |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bunú an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010 |
| **Tagairtí** | COM(2021)0421 – C9-0340/2021 – 2021/0240(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON 4.10.2021<br>LIBE 4.10.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFCO<br>4.10.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Helmut Scholz<br>27.10.2021 |
| **Riail 55 – Nós imeachta coiste comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | 20.1.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 26.1.2022 28.2.2022 28.3.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 17.5.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 15<br>–: 2<br>0: 10 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gerolf Annemans, Gabriele Bischoff, Damian Boeselager, Włodzimierz Cimoszewicz, Gwendoline Delbos-Corfield, Pascal Durand, Daniel Freund, Charles Goerens, Sandro Gozi, Brice Hortefeux, Laura Huhtasaari, Victor Negrescu, Giuliano Pisapia, Paulo Rangel, Antonio Maria Rinaldi, Domènec Ruiz Devesa, Jacek Saryusz-Wolski, Helmut Scholz, Pedro Silva Pereira, Antonio Tajani, László Trócsányi, Guy Verhofstadt, Loránt Vincze, Rainer Wieland |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jorge Buxadé Villalba, Seán Kelly, Nikolaj Villumsen |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 15 | + |
|---|---|
| Renew | Pascal Durand, Charles Goerens, Sandro Gozi, Guy Verhofstadt |
| S&D | Gabriele Bischoff, Włodzimierz Cimoszewicz, Victor Negrescu, Giuliano Pisapia, Domènec Ruiz Devesa, Pedro Silva Pereira |
| The Left | Helmut Scholz, Nikolaj Villumsen |
| Verts/ALE | Damian Boeselager, Gwendoline Delbos-Corfield, Daniel Freund |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Gerolf Annemans, Laura Huhtasaari |

| 10 | 0 |
|---|---|
| ECR | Jorge Buxadé Villalba, Jacek Saryusz-Wolski |
| ID | Antonio Maria Rinaldi |
| NI | László Trócsányi |
| PPE | Brice Hortefeux, Seán Kelly, Paulo Rangel, Antonio Tajani, Loránt Vincze, Rainer Wieland |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

17.5.2022

## OPINION OF THE COISTE UM BUISÉID

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010
(COM(2021)0421 – C9-0340/2021 – 2021/0240(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Niclas Herbst

## RÉASÚNÚ GEARR

De réir Europol[1], tá tuairim is 1 % de OTI an Aontais Eorpaigh bainteach le gníomhaíocht airgeadais amhrasta. Is bagairt thromchúiseach é sciúradh airgid agus úsáid fáltas aindleathach sciúrtha chun an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú do gheilleagar an Aontais, don mhórchóras airgeadais agus do shlándáil shaoránaigh an Aontais. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh bearta éifeachtacha ann ar leibhéal an Aontais chun dul i ngleic le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta.

D’eascair an togra ón gCoimisiún chun gníomhaireacht dhíláraithe nua a bhunú - an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (AMLA) – ón ‘bPlean Gníomhaíochta le haghaidh beartas cuimsitheach de chuid an Aontais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc’[2] agus tá sé mar chuid de phacáiste de cheithre thogra reachtacha a tíolacadh i mí Iúil 2021. Faoin togra, bheadh AMLA freagrach as comhordú a dhéanamh ar údaráis mhaoirseachta náisiúnta chun a áirithiú go gcuirfear rialacha an Aontais i bhfeidhm i gceart agus go comhsheasmhach agus as tacú le hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais feabhas a chur ar a gcumas anailíseach agus ar a gcumas faisnéis airgeadais éifeachtach a sholáthar lena húsáid i bhforfheidhmiú an dlí. Dhéanfadh sé maoirseacht dhíreach freisin ar roinnt de na hinstitiúidí airgeadais is mó riosca a oibríonn i roinnt Ballstát nó a d’éileodh gníomhaíocht láithreach chun aghaidh a thabhairt ar ghar-rioscaí.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir aidhmeanna lárnacha an togra agus tá sé suite de gur féidir le AMLA cabhrú le feabhas a chur ar bhrath idirbheart amhrasach agus le deireadh a chur le lúba ar lár atá á saothrú ag coirpigh agus ag sceimhlitheoirí faoi láthair. Mar sin féin, i gcomhréir lena chur chuige maidir le comhaid ghníomhaireachta díláraithe, measann sé gur cheart do na príomhchoistí déileáil le substaint bheartais an togra.

---

[1] Is é 0.7-1.28 % de OTI an raon atá tugtha - https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/ql-01-17-932-ga-c_pf_final.pdf
[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta um beartas cuimsitheach ón Aontas maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc 2020/C 164/06; C/2020/2800: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52020XC0513(03)

Mar sin, díríonn an dréacht-tuairim ar na réimsí sin inar féidir leis an gCoiste um Buiséid breisluach a chur leis, dá bhrí sin go háirithe ar na forálacha airgeadais, na rialacha rialachais agus na forálacha a bhaineann le tuairisciú agus meastóireacht chun grinnscrúdú parlaiminteach cuí a áirithiú. Déanann an Rapóirtéir measúnú ar an togra go háirithe i gcoinne thuarascáil Schoepflin 2019[3], Ráiteas Comhpháirteach Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an 19 Iúil 2012 agus an Cur Chuige Coiteann[4] agus an Rialachán Réime Airgeadais lena rialaítear gníomhaireachtaí díláraithe[5].

**Tionchar buiséadach agus forálacha airgeadais**

De réir an togra ón gCoimisiún, ní mór go mbeidh acmhainní iomlána ag AMLA faoi dheireadh 2025 le go bhféadfar tús a chur le maoirseacht dhíreach go luath in 2026. Ansin bheadh costas measta EUR 45.6 milliún agus foireann 250 ag AMLA. Bheadh an ghníomhaireacht féinmhaoinithe i bpáirt trí tháillí, mar is amhlaidh le dornán gníomhaireachtaí atá ann cheana, amhail an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go dtiocfadh 75 % d'ioncam na gníomhaireachta ó tháillí a ghearrtar ar eintitis atá faoi réir rialacha i gcoinne sciúradh airgid agus i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta ('eintitis atá faoi oibleagáid') agus an 25 % eile ó bhuiséad an Aontais. Is as an gcorrlach faoi Cheannteideal 1 a thiocfaidh ranníocaíocht bhuiséad AE, rud atá le fáiltiú toisc nár cheart, dá bhrí sin, go mbeadh aon tionchar díreach ag bunú AMLA ar na cláir atá ann cheana ná ar línte eile caiteachais.

Tugann an Rapóirtéir isteach sraith leasuithe spriocdhírithe: a) chun béim a leagan ar an ngá atá ann acmhainní a chur ar fáil don ghníomhaireacht ar bhealach atá i gcomhréir lena cúraimí agus lena freagrachtaí agus an neamhspleáchas is gá a bheith aici maidir le hearcú gníomhairí ar conradh, ag foghlaim na gceachtanna ó na dúshláin a bhaineann le soláthar foirne luath in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, b) chun a áirithiú go ndéanfar táillí a ríomh ar bhealach ina soláthrófar sruth ioncaim cobhsaí agus, dá bhrí sin, go mbeidh sé intuartha do bhuiséad AE agus c) trédhearcacht a fheabhsú maidir le hioncam uile AMLA. Beidh sé ríthábhachtach sa phlé ar raon feidhme shainordú AMLA aird a thabhairt ar an tionchar buiséadach a bheidh ag aon athruithe agus machnamh a dhéanamh ar an áit a bhféadfaí teacht ar acmhainní breise.

**Rialachas, grinnscrúdú parlaiminteach agus meastóireacht**

Tugann an Rapóirtéir roinnt leasuithe teicniúla isteach chun a áirithiú go gcomhlíonann na forálacha i rialachán AMLA na prionsabail atá sa Chur Chuige Coiteann go hiomlán. Áirítear leis sin deireadh a chur le ceart crosta an Choimisiúin ar chinntí riaracháin agus buiséadacha a dhéanann an Bord Feidhmiúcháin, i gcás ina bhfuil ceart vótála aige i gcomhréir leis an gcleachtas caighdeánach i rialachas gníomhaireachta. Tá neamhspleáchas sa chinnteoireacht bhuiséadach agus riaracháin tábhachtach d'éifeachtacht an Údaráis.

Féachtar le leasuithe eile le grinnscrúdú parlaiminteach agus cuntasacht pharlaiminteach a fheabhsú maidir le clárú ilbhliantúil agus ceapadh Chathaoirleach an Údaráis agus a áirithiú go ndéanfar feidhmíocht na gníomhaireachta a mheasúnú go hiomlán gach cúig bliana chun a áirithiú go gcaithfear cistí AE go héifeachtach.

---

[3] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2019-0134_EN.html
[4] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11450-2012-INIT/en/pdf
[5] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32019R0715

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Mar gheall ar chineál trasteorann na coireachta agus fáltas ó choireacht, cuirtear i mbaol iarrachtaí chóras airgeadais an Aontais a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Ní mór dul i ngleic leis na hiarrachtaí sin ar leibhéal an Aontais trí Údarás a chruthú a bheidh freagrach as rannchuidiú le cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás cur chuige comhchuibhithe a shaothrú chun an creat coisctheach AML/CFT atá ag an Aontas cheana a neartú, agus go sonrach maoirseacht AML agus comhar idir AFAnna. Leis an gcur chuige sin ba cheart éagsúlachtaí sa reachtaíocht náisiúnta agus i gcleachtais mhaoirseachta a laghdú agus struchtúir a thabhairt isteach a théann chun tairbhe d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh ar bhealach cinntithe agus ba cheart, dá dhroim sin, é a bheith bunaithe ar Airteagal 114 CFAE. | (2) Mar gheall ar chineál trasteorann ***na*** coireachta agus fáltas ó choireacht, cuirtear i mbaol iarrachtaí ***chóras*** airgeadais ***an*** Aontais a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú ***na*** sceimhlitheoireachta agus ***coireacht eagraithe*** a chosc. Ní mór dul i ngleic leis na hiarrachtaí sin ar leibhéal an Aontais trí Údarás a chruthú a bheidh freagrach as rannchuidiú le cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás cur chuige comhchuibhithe a shaothrú chun an creat coisctheach AML/CFT atá ag an Aontas cheana a neartú, agus go sonrach maoirseacht AML agus comhar idir AFAnna. Leis an gcur chuige sin ba cheart éagsúlachtaí sa reachtaíocht náisiúnta agus i gcleachtais mhaoirseachta a laghdú agus struchtúir a thabhairt isteach a théann chun tairbhe d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh ar bhealach cinntithe agus ba cheart, dá dhroim sin, é a bheith bunaithe ar Airteagal 114 CFAE. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Go háirithe i gcomhthéacs ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine*** |

***agus i gcomhthéacs na gcinntí a rinneadh chun smachtbhannaí airgeadais, calcadh sócmhainní agus bearta sriantacha eile a fhorchur ar dhaoine aonair agus ar eintitis ó Chónaidhm na Rúise agus in aon chás amach anseo ina bhféadfaí bearta den sórt sin a dhéanamh i gcoinne daoine aonair agus eintitis ó thríú tír, ba cheart don Údarás faireachán a dhéanamh agus tacú le cur chun feidhme na mbeart sin ar fud an mhargaidh inmheánaigh, agus aird ar leith á tabhairt ar aistrithe sócmhainní criptea mar gheall ar a thábhachtaí chun bearta sriantacha a sheachaint.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is é an bealach is iomchuí chun maoirseacht agus comhar a thabhairt i gcrích idir AFAnna ar leibhéal an Aontais inniúlachtaí maoirseachta dírí agus indírí maidir le heintitis faoi oibleagáid a chomhcheangal, agus freisin feidhmiú mar shásra um thacaíocht agus comhar le haghaidh AFAnna. Ba cheart an méid sin a bhaint amach trí Údarás a chruthú ar cheart dó neamhspleáchas agus ardleibhéal saineolais theicniúil a chomhcheangal a***gus ar cheart dó*** a bheith bunaithe ***i gcomhréir leis an*** Ráiteas Comhpháirteach agus leis an gCur Chuige Coiteann ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe[32]. | (6) Is é an bealach is iomchuí chun maoirseacht agus comhar a thabhairt i gcrích idir AFAnna ar leibhéal an Aontais inniúlachtaí maoirseachta dírí agus indírí maidir le heintitis faoi oibleagáid a chomhcheangal, agus freisin feidhmiú mar shásra um thacaíocht agus comhar le haghaidh AFAnna. Ba cheart é sin a bhaint amach trí Údarás a chruthú ar cheart dó neamhspleáchas agus ardleibhéal saineolais theicniúil a chur le chéile. Ba cheart ***an tÚdarás*** a bhunú agus ***a rialú i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa*** Dearbhú Comhpháirteach agus sa Chur Chuige Coiteann ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe[32]. |
| [32] https://europa.eu/european-union/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_en.pdf. | [32] https://europa.eu/european-union/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_en.pdf. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ba cheart ***comhaontú suímh a bhunú*** idir an tÚdarás agus an Ballstát óstach, ***lena sonrófar*** na coinníollacha a bhaineann le bunú an tsuímh agus ***buntáistí atá tugtha*** ag an mBallstát don Údarás agus dá fhoireann. | (7) Ba cheart na ***socruithe maidir le suíomh an Údaráis a leagan síos i gcomhaontú ceanncheathrún*** idir an tÚdarás agus an Ballstát aíochta. ***Ba cheart go sonrófaí*** sa chomhaontú sin na coinníollacha chun an suíomh a bhunú agus ***na saoráidí a chuirfidh*** an Ballstát ***ar fáil*** don Údarás agus dá fhoireann. ***I gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach agus leis an gCur Chuige Coiteann ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, ba cheart a chur san áireamh sa chinneadh maidir le suíomh an Údaráis a inmhianaithe atá raon feidhme geografach na ngníomhaireachtaí díláraithe.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Le cumhachtaí an Údaráis, ba cheart a cheadú dó feabhas a chur ar mhaoirseacht AML/CFT san Aontas ar bhealaí éagsúla. Maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart don Údarás comhlíontacht uile-ghrúpa a áirithiú leis na ceanglais a leagtar síos i gcreat AML/CFT agus aon ghníomh eile ón Aontas atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus lena bhforchuirtear oibleagáidí lena mbaineann AML/CFL ar institiúidí airgeadais. Thairis sin, ba cheart don Údarás athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh | (8) Le cumhachtaí an Údaráis, ba cheart a cheadú dó feabhas a chur ar mhaoirseacht AML/CFT san Aontas ar bhealaí éagsúla. Maidir le heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart don Údarás comhlíontacht uile-ghrúpa a áirithiú leis na ceanglais a leagtar síos i gcreat AML/CFT agus aon ghníomh eile ón Aontas atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus lena bhforchuirtear oibleagáidí lena mbaineann AML/CFL ar institiúidí airgeadais. Thairis sin, ba cheart don Údarás athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh |

| | |
|---|---|
| acmhainní agus cumhachtaí leordhóthanacha ag na maoirseoirí airgeadais uile, ar acmhainní agus cumhachtaí iad lena bhfuil gá chun a gcúraimí a dhéanamh. Ba cheart dó feidhmiú choláistí maoirseachta AML a éascú agus rannchuidiú le cóineasú cleachtas maoirseachta agus cur chun cinn ardchaighdeán maoirseachta. Maidir le maoirseoirí neamhairgeadais, lena n-áirítear comhlachtaí féinrialála i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Údarás athbhreithnithe piaraí ar chaighdeáin agus cleachtais mhaoirseachta a chomhordú agus a iarraidh ar mhaoirseoirí neamhairgeadais imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar cheanglais AML/CFT. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás déanamh anailísí comhpháirteacha ag AFAnna a chomhordú agus seirbhísí agus uirlisí TF agus intleachta saorga le haghaidh comhroinnt faisnéise shlán a chur ar fáil do AFAnna, lena n-áirítear trí FIU.net a óstáil. | acmhainní agus cumhachtaí leordhóthanacha ag na maoirseoirí airgeadais uile, ar acmhainní agus cumhachtaí iad lena bhfuil gá chun a gcúraimí a dhéanamh. Ba cheart dó feidhmiú choláistí maoirseachta AML a éascú agus rannchuidiú le cóineasú cleachtas maoirseachta agus cur chun cinn ardchaighdeán maoirseachta. Maidir le maoirseoirí neamhairgeadais, lena n-áirítear comhlachtaí féinrialála i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Údarás athbhreithnithe piaraí ar chaighdeáin agus cleachtais mhaoirseachta a chomhordú agus a iarraidh ar mhaoirseoirí neamhairgeadais imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar cheanglais AML/CFT. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás déanamh anailísí comhpháirteacha ag AFAnna a chomhordú agus seirbhísí agus uirlisí TF agus intleachta saorga le haghaidh comhroinnt faisnéise shlán a chur ar fáil do AFAnna, lena n-áirítear trí FIU.net a óstáil.***Braitheann cumas an Údaráis a shainordú a chomhlíonadh ar chomhar leis na FIUanna sna Ballstáit. Chun a áirithiú gur féidir le FIUnna a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach, tá sé tábhachtach go mbeadh na hacmhainní agus an cumas is gá acu. Ba cheart don Údarás, dá bhrí sin, a bheith in ann cuairteanna ar an láthair a eagrú sna Ballstáit, de réir an cháis, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, chun tacaíocht bhreise agus treoir bhreise a thabhairt do FIUnna.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Tá bunú struchtúir rialachais láidir laistigh den Údarás fíor-riachtanach chun feidhmiú éifeachtach na gcúraimí a | (37) Tá bunú struchtúir rialachais láidir laistigh den Údarás fíor-riachtanach chun feidhmiú éifeachtach na gcúraimí a |

| | |
|---|---|
| dheonaítear don Údarás a áirithiú, agus le haghaidh próiseas cinnteoireachta éifeachtúil agus oibiachtúil. De dheasca chastacht agus éagsúlacht na gcúraimí a thugtar don Údarás sa réimse maoirseachta agus AFA araon, ní féidir le comhlacht rialála aonair na cinntí a dhéanamh, faoi mar atá i gceist go minic i ngníomhaireachtaí díláraithe. Cineálacha áirithe cinntí, amhail cinntí maidir le hionstraimí coiteanna a ghlacadh, de bharr gur gá d’ionadaithe údarás iomchuí nó AFAnna iad a dhéanamh, agus de bharr gur gá rialacha vótála CFAE a urramú leo, cinntí ***áirithe*** eile, amhail na cinntí atá dírithe ***ar*** eintitis roghnaithe aonair faoi oibleagáid, nó údaráis aonair, ***ceanglaítear*** comhlacht cinnteoireachta níos lú, ***ar cheart dá*** chomhaltaí a bheith faoi réir socruithe cuntasachta iomchuí. Dá bhrí sin, ba cheart don Údarás a bheith comhdhéanta de Bhord Ginearálta, Bord Feidhmiúcháin atá comhdhéanta de chúigear comhaltaí neamhspleácha lánaimseartha agus de Chathaoirleach an Údaráis. | dheonaítear don Údarás a áirithiú, agus le haghaidh próiseas cinnteoireachta éifeachtúil agus oibiachtúil. De dheasca chastacht agus éagsúlacht na gcúraimí a thugtar don Údarás sa réimse maoirseachta agus AFA araon, ní féidir le comhlacht rialála aonair na cinntí a dhéanamh, faoi mar atá i gceist go minic i ngníomhaireachtaí díláraithe. Cineálacha áirithe cinntí, amhail cinntí maidir le hionstraimí coiteanna a ghlacadh, de bharr gur gá d’ionadaithe údarás iomchuí nó AFAnna iad a dhéanamh, agus de bharr gur gá rialacha vótála CFAE a urramú leo, cinntí áirithe eile, amhail na cinntí ***atá dírithe chuig*** eintitis roghnaithe aonair faoi oibleagáid, nó údaráis aonair, ceanglaítear comhlacht cinnteoireachta níos lú, ar cheart ***dá*** chomhaltaí a bheith faoi réir socruithe cuntasachta iomchuí. Dá bhrí sin, ba cheart don Údarás a bheith comhdhéanta de Bhord Ginearálta, Bord Feidhmiúcháin atá comhdhéanta de chúigear comhaltaí neamhspleácha lánaimseartha agus de Chathaoirleach an Údaráis. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) ***Le haghaidh próiseas cinnteoireachta*** rianúil, ba cheart na cúraimí a roinnt go soiléir: ba cheart don Bhord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta ábhartha le haghaidh AFAnna, ba cheart don Bhord Ginearálta cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhartha tarmligthe, treoirlínte agus bearta comhchosúla le haghaidh eintitis faoi oibleagáid. Ba cheart don Bhord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta a bheith in ann a thuairim agus comhairle a sholáthar freisin don Bhord Feidhmiúcháin | (39) Le haghaidh ***próiseas cinnteoireachta*** rianúil, ba cheart na cúraimí a roinnt go soiléir: ba cheart don Bhord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta ábhartha le haghaidh AFAnna agus ba cheart don Bhord Ginearálta cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhartha tarmligthe, treoirlínte agus bearta comhchosúla le haghaidh eintitis faoi oibleagáid. Ba cheart don Bhord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta a bheith in ann a thuairim agus comhairle a sholáthar freisin don Bhord Feidhmiúcháin |

| | |
|---|---|
| maidir leis na ***dréachtchinntí uile*** atá ***dírithe ar*** eintitis roghnaithe aonair faoi oibleagáid agus atá molta ag Comhfhoirne Maoirseachta. In éagmais na tuairime nó na comhairle sin, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin na cinntí a dhéanamh. Aon uair a imíonn an Bord Feidhmiúcháin ón gcomhairle a sholáthraíonn an Bord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta sa chinneadh críochnaitheach, ba cheart dó na cúiseanna ***leis sin*** a mhíniú i scríbhinn. | ***sula ndéanann sé*** cinntí ***a ghlacadh*** atá dírithe chuig eintitis roghnaithe aonair faoi oibleagáid agus atá molta ag Comhfhoirne Maoirseachta. In éagmais na tuairime nó na comhairle sin, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin na cinntí a dhéanamh. Aon uair a imíonn an Bord Feidhmiúcháin ón gcomhairle a sholáthraíonn an Bord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta sa chinneadh críochnaitheach, ba cheart dó na cúiseanna ***leis sin*** a mhíniú i scríbhinn. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Chun críoch vótála agus déanaimh cinntí, ba cheart ionadaí vótála amháin a bheith ag gach Ballstát. Dá bhrí sin, ba cheart do cheannairí na n-údarás poiblí ionadaí buan a cheapadh mar chomhalta vótála an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta. ***De rogha air sin,*** de réir ábhar an chinnidh nó clár oibre Cruinnithe boird ghinearálta, féadfaidh ***údaráis phoiblí Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le hionadaí ad-hoc.*** Na socruithe praiticiúla a bhaineann leis an gcinnteoireacht agus leis an vótáil a dhéanann comhaltaí an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta, ba cheart iad a leagan síos i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Ghinearálta, a bheidh le forbairt ag an Údarás. | (40) Chun críoch vótála agus déanaimh cinntí, ba cheart ionadaí vótála amháin a bheith ag gach Ballstát. Dá bhrí sin, ba cheart do cheannairí na n-údarás poiblí buanionadaí a cheapadh mar chomhalta den Bhord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta nó ba cheart dóibh ***cinneadh a dhéanamh maidir le hionadaí ad hoc*** ag brath ar ábhar an chinnidh nó ar chlár oibre cruinnithe ar leith den Bhord Ginearálta. Na socruithe praiticiúla a bhaineann leis an gcinnteoireacht agus leis an vótáil a dhéanann comhaltaí an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta, ba cheart iad a leagan síos i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Ghinearálta, a bheidh le forbairt ag an Údarás. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Ba cheart do Chathaoirleach an Údaráis cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe an Bhoird Ghinearálta agus ceart vótála a bheith aige nuair a dhéantar cinntí trí thromlach simplí. Ba cheart don Choimisiún a bheith ina chomhalta ***neamhvótála*** ar an mBord Ginearálta. Chun dea-chomhar a bhunú le hinstitiúidí ábhartha eile, ba cheart don Bhord Ginearálta a bheith in ann breathnóirí neamhvótála eile a ligean isteach, amhail ionadaí ón Sásra Aonair Maoirseachta agus ó gach ceann de na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚBE, ÚEÁPC agus ÚEUM) ***le haghaidh an Bhoird Ghinearálta*** ina Chomhdhéanamh Maoirseachta agus Europol, OIPE agus Eurojust le haghaidh an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh AFA, i gcás ina ndéanfar ábhair a thagann faoina sainorduithe faoi seach a phlé nó a chinneadh. Chun ***próiseas cinnteoireachta*** rianúil a cheadú, ba cheart cinntí an Bhoird Ghinearálta a dhéanamh le tromlach simplí, ach amháin dréachtchaighdeáin rialála agus theicniúla chur chun feidhme, treoirlínte agus moltaí ar cheart iad a dhéanamh le tromlach cáilithe ionadaithe ó na Ballstáit i gcomhréir le rialacha vótála CFAE. | (41) Ba cheart do Chathaoirleach an Údaráis cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe an Bhoird Ghinearálta agus ceart vótála a bheith aige nuair a dhéantar cinntí trí thromlach simplí. Ba cheart don Choimisiún a bheith ina chomhalta ***neamhvótála*** ar an mBord Ginearálta. Chun dea-chomhar a bhunú le hinstitiúidí ábhartha eile, ba cheart go mbeadh an Bord Ginearálta in ann breathnóirí eile nach bhfuil vóta acu a ligean isteach. ***Ba cheart, go háirithe, don Bhord Ginearálta cuireadh a thabhairt*** d'ionadaí ón Sásra Aonair Maoirseachta agus ó gach ceann de na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚBE, ÚEÁPC agus ÚEUM) le haghaidh an Bhoird Ghinearálta ina Chomhdhéanamh Maoirseachta agus Europol, OIPE agus Eurojust le haghaidh an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh AFA, i gcás ina ndéanfar ábhair a thagann faoina sainorduithe faoi seach a phlé nó a chinneadh. Chun ***próiseas cinnteoireachta*** rianúil a cheadú, ba cheart cinntí an Bhoird Ghinearálta a dhéanamh le tromlach simplí, ach amháin dréachtchaighdeáin rialála agus theicniúla chur chun feidhme, treoirlínte agus moltaí ar cheart iad a dhéanamh le tromlach cáilithe ionadaithe ó na Ballstáit i gcomhréir le rialacha vótála CFAE. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ba cheart comhlacht rialála an Údaráis a bheith ina Bhord Feidhmiúcháin a bheidh comhdhéanta de Chathaoirleach an Údaráis agus de chúig chomhalta ***lánaimseartha***, a bheidh ceaptha ag an mBord Ginearálta ar bhonn an ghearrliosta | (42) Ba cheart comhlacht rialála an Údaráis a bheith ina Bhord Feidhmiúcháin a bheidh comhdhéanta de Chathaoirleach an Údaráis agus de chúig chomhalta ***lánaimseartha***, a bheidh ceaptha ag an mBord Ginearálta ar bhonn gearrliosta |

| | |
|---|---|
| ón gCoimisiún. Agus é mar aidhm próiseas ***cinnteoireachta*** gasta agus éifeachtúil a áirithiú, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith i gceannas ar chúraimí uile an Údaráis a phleanáil agus a chur i gcrích seachas i gcás ina ndéanfar cinntí sonracha a leithdháileadh go sainráite ar an mBord Ginearálta. Chun ***oibiachtúlacht agus luas iomchuí an*** phróisis cinnteoireachta a áirithiú sa réimse a bhaineann le maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar na heintitis roghnaithe faoi oibleagáid, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin na cinntí ceangailteacha uile atá dírithe ar eintitis roghnaithe faoi seach a dhéanamh. Ina theannta sin, mar aon le hionadaí ón gCoimisiún ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith freagrach go coiteann as cinntí riaracháin agus buiséadacha an Údaráis. ***Ba cheart toiliú an Choimisiúin a cheangal nuair a bheidh cinntí á ndéanamh ag an mBord Feidhmiúcháin i ndáil le riar an bhuiséid, soláthar, earcú, agus iniúchadh an Údaráis, ós rud é go soláthrófar cuid de chistiú an Údaráis ó bhuiséad an Aontais.*** | ***arna tharraingt suas*** ag an gCoimisiún. Agus é mar aidhm próiseas ***cinnteoireachta*** gasta agus éifeachtúil a áirithiú, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith i gceannas ar chúraimí uile an Údaráis a phleanáil agus a chur i gcrích seachas i gcás ina ndéanfar cinntí sonracha a leithdháileadh go sainráite ar an mBord Ginearálta. Chun a áirithiú ***go bhfuil*** an próiseas cinnteoireachta sa réimse a bhaineann le maoirseacht dhíreach ar na heintitis roghnaithe ***oibiachtúil agus tapa***, ba cheart don bhord feidhmiúcháin gach cinneadh ceangailteach a dhíreofar chuig na heintitis sin a ghlacadh. Ina theannta sin, mar aon le hionadaí ón gCoimisiún, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith freagrach go coiteann as cinntí riaracháin agus buiséadacha an Údaráis. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Chun go bhféadfar cinntí a dhéanamh go pras, cinntí uile an Bhoird Feidhmiúcháin, lena n-áirítear an ***cinneadh*** ina mbeidh ceart vótála ag an gCoimisiún, ba cheart iad a dhéanamh le tromlach simplí, agus vóta réitigh ag an gCathaoirleach i gcás comhionannas vótaí. ***Chun bainistíocht fhónta airgeadais an Údaráis a áirithiú, ba cheart toiliú an Choimisiúin a cheangal le haghaidh cinntí a bhaineann leis an mbuiséad, leis an riarachán agus le hearcú. Maidir le comhaltaí vótála an Bhoird Feidhmiúcháin seachas an*** | (43) Chun go bhféadfar cinntí a dhéanamh go pras, cinntí uile an Bhoird Feidhmiúcháin, lena n-áirítear an ***cinneadh*** ina mbeidh ceart vótála ag an gCoimisiún, ba cheart iad a dhéanamh le tromlach simplí, agus vóta réitigh ag an gCathaoirleach i gcás comhionannas vótaí. |

***Cathaoirleach, ba cheart don Bhord Ginearálta iad a roghnú, bunaithe ar ghearrliosta a bhunóidh an Coimisiún.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Chun feidhmiú neamhspleách an Údaráis a áirithiú ba cheart do na cúig Chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin agus do Chathaoirleach an Údaráis gníomhú go neamhspleách agus chun leas an Aontais ina iomláine. Ba cheart dóibh iad féin a iompar, le linn agus tar éis a dtéarma oifige araon, go hionraic agus go discréideach a mhéid a bhaineann le glacadh le ceapacháin nó tairbhí áirithe. Ionas nach ***dtabharfaí le tuiscint*** g***o bhféadfadh sé go n-úsáidfeadh*** Comhalta den Bhord Feidhmiúcháin a sheasamh ***mar Chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis*** chun ceapachán ardchéime a fháil san earnáil phríobháideach tar éis a théarma oifige agus chun aon choinbhleacht leasa i ndiaidh na fostaíochta poiblí a chosc, ba cheart tréimhse mharana le haghaidh na gcúig Chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Údaráis, a thabhairt isteach. | (44) Chun feidhmiú neamhspleách an Údaráis a áirithiú ba cheart do na cúig Chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin agus do Chathaoirleach an Údaráis gníomhú go neamhspleách agus chun leas an Aontais ina iomláine. Ba cheart dóibh iad féin a iompar, le linn agus tar éis a dtéarma oifige araon, go hionraic agus go discréideach a mhéid a bhaineann le glacadh le ceapacháin nó tairbhí áirithe. ***Ionas nach bhféadfadh*** Comhalta den Bhord Feidhmiúcháin ***leas a bhaint as an bpost atá aige nó aici*** ceapachán ardleibhéil a fháil san earnáil phríobháideach tar éis a théarma nó a téarma oifige agus chun aon choinbhleachtaí leasa iarphoiblí a chosc, ba cheart tréimhse mharana a thabhairt isteach do chúigear Comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Údaráis, ***ionas nach nglacfaidh siad le fostaíocht shochrach in eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe nó in aon ról eile a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le coinbhleacht leasa nó a a d'fhéadfaí a thuiscint go hoibiachtúil mar choinbhleacht leasa é. Ba cheart go n-áiritheofaí leis na socruithe chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú atá le glacadh ag an mBord Ginearálta, go háirithe nach mbainfidh ionadaithe sinsearacha an Údaráis óna shláine le linn a dtéarma oifige nó ina dhiaidh. Agus na socruithe sin á nglacadh aige, ba cheart don Bhord Ginearálta aird chuí a thabhairt ar mholtaí an Ombudsman Eorpaigh.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh bunaithe ar ghearrliosta ón gCoimisiún. Ba cheart do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis a bheith ina ***oifigeach riaracháin sinsearach den Údarás***, i gceannas ar bhainistíocht laethúil an Údaráis, agus freagrach as riar an bhuiséid, soláthar, earcú agus an fhoireann. | (46) Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh bunaithe ar ghearrliosta ón gCoimisiún***, lena n-uarramófaí prionsabal na cothromaíochta inscne.*** Ba cheart do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis a bheith i gceannas ar bhainistíocht laethúil an Údaráis, agus freagrach as riar an bhuiséid, soláthar, earcú agus an fhoireann. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Chun feidhmiú cuí an Údaráis a ráthú, ba cheart cistiú a sholáthar trí mheascán de tháillí a thoibhítear ar eintitis áirithe faoi oibleagáid agus ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais***, de réir na gcúraimí agus na bhfeidhmeanna.*** Ba cheart buiséad an Aontais a bheith ina chuid de bhuiséad an Aontais, ***deimhnithe*** ag an Údarás Buiséadach ***ar bhonn togra ón gCoimisiún.*** Ba cheart don Údarás ***dréachtbhuiséad agus rialachán*** airgeadais ***inmheánach*** a chur faoi bhráid an Choimisiúin ***lena bhformheas***. | (48) ***Is gá acmhainní agus trealamh breise daonna agus airgeadais a sholáthar don Údarás ionas gur féidir leis na cuspóirí, na cúraimí agus na freagrachtaí is gá a shanntar dó faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Chun a áirithiú go mbeidh an tÚdarás in ann freagairt go solúbtha do riachtanais acmhainní daonna, is iomchuí, go háirithe, go mbeadh neamhspleáchas aige maidir le gníomhairí ar conradh a earcú.*** Chun feidhmiú cuí an Údaráis a ráthú, ba cheart cistiú a sholáthar trí mheascán de tháillí a thoibhítear ar eintitis áirithe faoi oibleagáid agus ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais. Ba cheart buiséad an Údaráis a bheith mar chuid de bhuiséad an Aontais. ***Is é*** an tÚdarás Buiséadach ***a chinnfidh an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais tríd an nós imeachta buiséadach. Chuige sin,*** ba cheart don Údarás ***ráiteas ar mheastacháin*** a chur faoi bhráid an Choimisiúin. ***Ba cheart dó rialacha*** |

airgeadais ***a ghlacadh freisin tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun a áirithiú gur féidir leis an Údarás a chúraimí a chomhlíonadh mar mhaoirseoir díreach agus indíreach ar eintitis faoi oibleagáid, ba cheart sásra leordhóthanach a thabhairt isteach chun na táillí a chinneadh agus a bhailiú. A mhéid a bhaineann leis na táillí a thoibhítear ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus eintitis neamhroghnaithe áirithe faoi oibleagáid, ba cheart an mhodheolaíocht chun iad a ríomh agus próiseas bailiúcháin táillí a fhorbairt i ngníomh tarmligthe ón gCoimisiún. Ba cheart an mhodheolaíocht a bheith bunaithe ar riosca na n-eintiteas ar a ndéantar maoirseacht dhíreach agus indíreach agus ar a láimhdeachas nó a n-ioncam mar aon leis sin. | (49) Chun a áirithiú gur féidir leis an Údarás a chúraimí a chomhlíonadh mar mhaoirseoir díreach agus indíreach ar eintitis faoi oibleagáid, ba cheart sásra ***trédhearcach*** leormhaith a thabhairt isteach chun na táillí a chinneadh agus a bhailiú. A mhéid a bhaineann leis na táillí a thoibhítear ar eintitis roghnaithe faoi oibleagáid agus eintitis neamhroghnaithe áirithe faoi oibleagáid, ba cheart an mhodheolaíocht chun iad a ríomh agus próiseas bailiúcháin táillí a fhorbairt i ngníomh tarmligthe ón gCoimisiún. Ba cheart an mhodheolaíocht a bheith bunaithe ar riosca na n-eintiteas ar a ndéantar maoirseacht dhíreach agus indíreach agus ar a láimhdeachas nó a n-ioncam mar aon leis sin. ***Ba cheart go n-áiritheodh an mhodheolaíocht a bhunaítear ioncam leordhóthanach cobhsaí don Údarás agus, dá bhrí sin, intuarthacht na ranníocaíochta ó bhuiséad an Aontais.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis, chomh maith le cur i láthair chuntais bhliantúla an Údaráis, ba cheart forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715[36] ón gCoimisiún a leanúint leo a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an | (50) Na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis, chomh maith le cur i láthair chuntais bhliantúla an Údaráis, ba cheart forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715[36] ón gCoimisiún a leanúint leo ***lena n-áirítear*** comhar le hOifig an Ionchúisitheora |

| | |
|---|---|
| Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise. | Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise. |
| [36] Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/715 an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1). | [36] Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/715 an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1). |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Chun calaois inmheánach, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chosc agus a chomhrac go héifeachtach laistigh den Údarás, ba cheart é a bheith faoi réir Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ***a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise.*** Ba cheart don Údarás aontú don Chomhaontú Idirinstitiúideach a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha ag OLAF, ar cheart dó a bheith in ann seiceálacha a dhéanamh ar an láthair laistigh dá réimse inniúlachta. | (51) Chun calaois inmheánach, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chosc agus a chomhrac go héifeachtach laistigh den Údarás, ba cheart é a bheith faoi réir Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013. Ba cheart don Údarás aontú don Chomhaontú Idirinstitiúideach a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha ag OLAF, ar cheart dó a bheith in ann seiceálacha a dhéanamh ar an láthair laistigh dá réimse inniúlachta. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64a) Gach cúig bliana tar éis don*** |

***Údarás a bheith bunaithe, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Údaráis i dtaca lena shainordú, a chuspóirí, a chúraimí agus a shuíomh(anna). Ba cheart a scrúdú sa mheastóireacht, inter alia, an leor acmhainní daonna agus airgeadais an Údaráis, lena gcuirtear san áireamh an tionchar ar an gcoireacht eagraithe agus ar ghrúpaí sceimhlitheoireachta agus a gcuid sócmhainní agus leachtacht á mbaint díobh. Nuair a dhéanfar gach dara meastóireacht, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar na torthaí a bhain an tÚdarás amach. Ba cheart éifeachtacht chóras an Aontais i gcoinne sciúradh airgid ina iomláine agus comhar an Údaráis le comhlachtaí agus le gníomhaireachtaí eile a bheith curtha san áireamh san athbhreithniú.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rannchuidiú le cóineasú maoirseachta sa réimse a bhaineann le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac ar fud an mhargaidh inmheánaigh; | (d) rannchuidiú le cóineasú maoirseachta sa réimse a bhaineann le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ***agus coireacht eagraithe*** a chomhrac ar fud an mhargaidh inmheánaigh; |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) faireachán ar chur chun feidhme reonna sócmhainní agus tacú leis sin faoi bhearta sriantacha an Aontais ar fud an | (f) faireachán ar chur chun feidhme reonna sócmhainní agus tacú leis sin faoi bhearta sriantacha an Aontais ar fud an mhargaidh inmheánaigh***, agus aird ar leith*** |

| | |
|---|---|
| mhargaidh inmheánaigh; | ***á tabhairt ar aistriú criptea-shócmhainní***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) Ba cheart don Údarás, dá bhrí sin, a bheith in ann cuairteanna ar an láthair a eagrú sna Ballstáit, de réir an cháis, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, chun tacaíocht bhreise agus treoir bhreise a thabhairt do FIUnna.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Roinnfidh ceannasaithe na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b) i ngach Ballstát vóta singil eatarthu, agus ***aontóidh siad ar*** ionadaí coiteann amháin ***le haghaidh gach cruinniú*** agus ***nós imeachta*** vótála. An t-ionadaí ***coiteann sin***, is é a bheidh ina ***chomhalta*** ad hoc ag a mbeidh ceart vótála chun críocha an chruinnithe nó an nóis imeachta vótála ***sin***. ***Féadfaidh na húdaráis phoiblí i mBallstát aontú freisin ar ionadaí coiteann buan aonair a bheidh ina chomhalta buan ag a mbeidh ceart vótála.*** I gcás ina mbaineann na míreanna le plé ag an mBord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta le hinniúlacht roinnt údaráis phoiblí, féadfaidh ionadaí ó dhá údarás phoiblí ar a mhéad a bheith i dteannta leis an ***gcomhalta ad hoc nó buan*** ag a mbeidh cearta vótála, a bheihd ina chomhalta ach gan ceart vótála aige. | Roinnfidh ceannasaithe na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b) i ngach Ballstát vóta singil eatarthu, agus ***ceapfaidh*** siad ionadaí coiteann amháin, ***ionadaí buan*** vótála ***nó*** ionadaí vótála ***ad hoc*** chun críoch cruinniú nó nós imeachta vótála ***ar leith***. I gcás ina mbaineann na míreanna le plé ag an mBord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta le hinniúlacht roinnt údaráis phoiblí, féadfaidh ***ionadaí coiteann amháin*** a bheith i dteannta leis an gcomhalta *ad hoc* nó buan ag a mbeidh cearta vótála, a bheidh ina chomhalta ach gan ceart vótála aige. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gach údarás poiblí a bhfuil comhalta ag a bhfuil cearta vótála faoi chomhaontú ad hoc nó buan aige, beidh sé freagrach as ***malartach ardleibhéil a ainmniú*** óna údarás, agus féadfaidh an malartach sin ionad an chomhalta ag a bhfuil ceart vótála den Bhord Ginearálta dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh, i gcás nach féidir leis an duine sin freastal ar chruinniú. | Gach údarás poiblí a bhfuil comhalta ag a bhfuil cearta vótála faoi chomhaontú ad hoc nó buan aige, beidh sé freagrach as malartach ardleibhéil ***a ainmniú*** óna údarás, agus féadfaidh an malartach sin ionad an chomhalta ag a bhfuil ceart vótála den Bhord Ginearálta dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh, i gcás nach féidir leis an duine sin freastal ar chruinniú. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Mairfidh tréimhse oifige chúigear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin ar feadh 4 bliana. Le linn an 12 mhí roimh dheireadh an téarma oifige 4 bliana ag Cathaoirleach an Údaráis agus ag cúigear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin, déanfaidh an Bord Ginearálta sa dá chomhdhéanamh nó déanfaidh coiste níos lú a roghnaítear i measc chomhaltaí an Bhoird Ghinearálta, lena n-áirítear ionadaí ón gCoimisiún, measúnú ar fheidhmíocht an Bhoird Feidhmiúcháin. Tabharfar san áireamh sa mheasúnú ***meastóireacht*** ar fheidhmíocht chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus cúraimí agus dúshláin an Údaráis amach anseo. Ar bhonn an mheasúnaithe, féadfaidh an Bord Ginearálta sa dá chomhdhéanamh ***síneadh a chur*** lena dtéarma oifige uair amháin. | 4. Mairfidh tréimhse oifige chúigear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin ar feadh 4 bliana. Le linn an 12 mhí roimh dheireadh an téarma oifige ceithre bliana ag Cathaoirleach an Údaráis agus ag cúigear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin, déanfaidh an Bord Ginearálta sa dá chomhdhéanamh nó déanfaidh coiste níos lú a roghnaítear i measc chomhaltaí an Bhoird Ghinearálta, lena n-áirítear ionadaí ón gCoimisiún, measúnú ar fheidhmíocht an Bhoird Feidhmiúcháin. Cuirfear i gcuntas sa mheasúnú meastóireacht ar fheidhmíocht chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus cúraimí agus dúshláin an Údaráis amach anseo. Ar bhonn an mheasúnaithe, féadfaidh an Bord Ginearálta sa dá chomhdhéanamh athnuachan a chur lena dtéarma oifige uair amháin. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 7 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Le linn tréimhse aon bhliain amháin tar éis éirí as oifig, cuirtear cosc ar iarchomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Údaráis, a bheith páirteach i ngníomhaíocht ghairme shochrach le | 7. Le linn tréimhse ***dhá bhliain*** tar éis éirí as oifig, cuirtear cosc ar iarchomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Údaráis, a bheith páirteach i ngníomhaíocht ghairme shochrach le |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) dréacht-Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a ghlacadh, faoin 30 Samhain gach bliain, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin; agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin é mar fhaisnéis faoin 31 Eanáir an bhliain dár gcionn, chomh maith le leagan nuashonraithe ar bith eile den doiciméad ; | (a) dréacht-Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a ghlacadh, ***i gcomhréir le hAirteagal 54*** faoin 30 Samhain gach bliain, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin; agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin é mar fhaisnéis faoin 31 Eanáir an bhliain dár gcionn, chomh maith le leagan nuashonraithe ar bith eile den doiciméad; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 30 Samhain gach bliain glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin Doiciméad Clársceidealaithe Aonair ina mbeidh an clársceidealú ilbhliantúil agus bliantúil, bunaithe ar dhréacht arna thíolacadh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus an tuairim ón gCoimisiún á cur san áireamh aige ***agus i*** dtaca leis an gclársceidealú ilbhliantúil tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa. | 1. Faoin 30 Samhain gach bliain glacfaidh an Bord Feidhmiúcháin Doiciméad Clársceidealaithe Aonair ina mbeidh an clársceidealú ilbhliantúil agus bliantúil, bunaithe ar dhréacht arna thíolacadh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus an tuairim ón gCoimisiún á cur san áireamh aige ***agus i*** dtaca leis an gclársceidealú ilbhliantúil tar éis dó dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa. ***Má*** |

Cuirfidh sé ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún é.

***chinneann an Bord Feidhmiúcháin gan gnéithe de thuairim an Choimisiúin a chur san áireamh, soláthróidh sé bonn cirt cuimsitheach lena aghaidh sin. Beidh feidhm ag an oibleagáid bonn cirt cuimsitheach a sholáthar freisin maidir leis na gnéithe a ardóidh Parlaimint na hEorpa nuair a théitear i gcomhairle léi.*** Cuirfidh ***an Bord Feidhmiúcháin*** ar aghaidh gan mhoill ***an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair*** chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh ceart vótála ag ionadaí ón gCoimisiún uair ar bith a phléitear ábhair a bhaineann le hAirteagal 53(4) pointí (a) go (i) agus nuair a dhéantar cinneadh ina leith. ***Chun na cinntí a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 53(4), pointí (f) agus (g), beidh vóta amháin ag an ionadaí ón gCoimisiún. Ní féidir na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 53(4), pointí (b) go (e) agus (h) go (l) a dhéanamh ach amháin má chaitheann an t-ionadaí ón gCoimisiún vóta deimhneach. Chun na cinntí a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 53(4), pointe (a), ní bheidh toiliú an ionadaí ón gCoimisiún de dhíth ach amháin i leith na ngnéithe den chinneadh nach mbaineann le clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil an Údaráis.*** | 2. Beidh ceart vótála ag ionadaí ón gCoimisiún uair ar bith a phléitear ábhair a bhaineann le hAirteagal 53(4) pointí (a) go (i) agus nuair a dhéantar cinneadh ina leith. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Roghnófar Cathaoirleach an Údaráis ar bhonn tuillteanais, scileanna, eolais, seasaimh aitheanta agus taithí i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus an chomhraic in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta agus cáilíochta ábhartha eile, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Tarraingeoidh an Coimisiún gearrliosta suas ina mbeidh beirt iarrthóirí cáilithe do phost Chathaoirleach an Údaráis. Glacfaidh an Chomhairle, ***tar éis fhormheas*** Pharlaimint na hEorpa, cinneadh cur chun feidhme chun Cathaoirleach an Údaráis a cheapadh. | 1. Roghnófar Cathaoirleach an Údaráis ar bhonn tuillteanais, scileanna, eolais, seasaimh aitheanta agus taithí i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus an chomhraic in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta agus cáilíochta ábhartha eile, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. ***Ní bheidh aon chiontú coiriúil roimhe sin ag Cathaoirleach an Údaráis.*** Tarraingeoidh an Coimisiún gearrliosta suas ina mbeidh beirt iarrthóirí cáilithe do phost Chathaoirleach an Údaráis***, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na cothromaíochta inscne. Iarrfar ar na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta teacht i láthair*** os comhair na Comhairle agus os comhair choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa. Glacfaidh ***an Chomhairle*** cinneadh cur chun feidhme chun Cathaoirleach an Údaráis a cheapadh, ***tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. I gcás ina mbeidh Parlaimint na hEorpa den tuairim nach gcomhlíonann aon duine de na hiarrthóirí ar an ngearrliosta na riachtanais a leagtar amach sa chéad mhír sin go leordhóthanach, tosófar an nós imeachta roghnúcháin oscailte an athuair.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhualgais a fheidhmiú chun leasa an Aontais, agus go neamhspleách ar aon leas sonrach. | 2. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a dhualgais ***nó a dualgais*** a fheidhmiú chun leasa an Aontais, agus go neamhspleách ar aon leas sonrach. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 59 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) dréachtráiteas an Údaráis ar mheastacháin ioncaim agus caiteachais a ullmhú ***agus*** a bhuiséad a chur chun feidhme; | (i) dréachtráiteas faoi mheastacháin ioncaim agus chaiteachais an Údaráis a tharraingt suas ***mar chuid den Dréacht-doiciméad Clársceidealaithe Aonair de bhun Airteagal 66, agus*** a bhuiséad a chur chun feidhme ***de bhun Airteagal 67;*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe l**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(l) dréachtráiteas ar mheastacháin maidir le hioncam agus caiteachas an Údaráis a dhréachtú mar chuid de Dhoiciméad Clársceidealaithe Aonair an Údaráis de bhun Airteagal 66, agus buiséad an Údaráis a chur chun feidhme de bhun Airteagal 67;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 59 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cinnfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an gá ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát amháin nó níos mó chun cúraimí an Údaráis a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil éifeachtach. Sula gcinnfidh sé oifig áitiúil a bhunú, gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin toiliú roimh ré ón gCoimisiún, ón mBord Feidhmiúcháin agus ón mBallstát nó ó na Ballstáit lena mbaineann. Sonrófar sa chinneadh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh le | 3. Cinnfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an gá ball foirne amháin nó níos mó a bheith lonnaithe i mBallstát amháin nó níos mó chun cúraimí an Údaráis a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil éifeachtach. Sula gcinnfidh sé oifig áitiúil a bhunú, gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin toiliú roimh ré ón gCoimisiún, ón mBord Feidhmiúcháin agus ón mBallstát nó ó na Ballstáit lena mbaineann. Sonrófar sa chinneadh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheidh le |

| | |
|---|---|
| déanamh san oifig áitiúil ar bhealach lena seachnófar costais nach bhfuil aon ghá leo agus dúbailt feidhmeanna riaracháin an Údaráis. Déanfar comhaontú ***ceanncheathrún*** leis an mBallstát/na Ballstáit lena mbaineann. | déanamh san oifig áitiúil ar bhealach lena seachnófar costais nach bhfuil aon ghá leo agus dúbailt feidhmeanna riaracháin an Údaráis. Déanfar comhaontú ceanncheathrún ***dá réir sin*** leis an mBallstát/na Ballstáit lena mbaineann. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 64 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar méid agus tionscnamh aon ioncaim dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den chéad fhomhír den mhír seo a áireamh i gcuntais bhliantúla an Údaráis agus déanfar é a mhionsonrú go soiléir sa tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais an Údaráis dá dtagraítear in Airteagal 68(2).*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 65 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfar na táillí atá le tobhach a ríomh ar shlí a áiritheoidh ioncam leordhóthanach don Údarás.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tráth gach dara meastóireachta, ***déanfar measúnú*** ar na torthaí a bhain an Ghníomhaireacht amach ag féachaint dá cuspóirí, dá sainordú agus dá cúraimí, lena n-áirítear meastóireacht ina bpléifear an | 3. Tráth gach dara meastóireachta, ***déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú críochnúil*** ar na torthaí a bhain an Ghníomhaireacht amach ag féachaint dá cuspóirí, dá sainordú agus dá cúraimí, lena |

| | |
|---|---|
| bhfuil bonn cirt fós leis ó thaobh na gcuspóirí, an tsainordaithe ***agus*** na gcúraimí sin go leanfaí ar aghaidh leis an Údarás. | n-áirítear meastóireacht ina bpléifear an bhfuil bonn cirt fós leis ó thaobh na gcuspóirí, an tsainordaithe, na gcúraimí agus ***na gcumhachtaí*** sin go leanfaí ar aghaidh leis an Údarás. ***Beidh aird chuí ag an athbhreithniú ar éifeachtacht chóras an Aontais i gcoinne sciúradh airgid ina iomláine agus comhar an Údaráis le comhlachtaí agus le gníomhaireachtaí eile.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010 |
| **Tagairtí** | COM(2021)0421 – C9-0340/2021 – 2021/0240(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON 4.10.2021<br>LIBE 4.10.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>4.10.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Niclas Herbst<br>20.12.2021 |
| **Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | 20.1.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 28.2.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 17.5.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 2<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Robert Biedroń, Anna Bonfrisco, Olivier Chastel, Lefteris Christoforou, David Cormand, Andor Deli, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Vlad Gheorghe, Valentino Grant, Francisco Guerreiro, Valérie Hayer, Eero Heinäluoma, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Moritz Körner, Joachim Kuhs, Zbigniew Kuźmiuk, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Silvia Modig, Siegfried Mureşan, Victor Negrescu, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Andrey Novakov, Dimitrios Papadimoulis, Karlo Ressler, Bogdan Rzońca, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Johan Van Overtveldt, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jan Olbrycht |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 36 | + |
|---|---|
| ECR | Zbigniew Kuźmiuk, Bogdan Rzońca, Johan Van Overtveldt |
| ID | Anna Bonfrisco, Valentino Grant |
| NI | Andor Deli |
| PPE | Lefteris Christoforou, José Manuel Fernandes, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Karlo Ressler, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| Renew | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Moritz Körner, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds |
| S&D | Robert Biedroń, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Margarida Marques, Victor Negrescu, Nils Ušakovs |
| The Left | Silvia Modig, Dimitrios Papadimoulis |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, David Cormand, Francisco Guerreiro |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |
| NI | Lefteris Nikolaou-Alavanos |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

18.5.2022

## OPINION OF THE COISTE UM RIALÚ BUISÉADACH

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010
(COM(2021)0421 – C9-0340/2021 – 2021/0240(COD))

Rapóirtéir don tuairim: José Manuel Fernandes

## RÉASÚNÚ GEARR

Mar a chinn an Chúirt Iniúchóirí le déanaí[1], tá laigí suntasacha ag gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais sa chomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Tá ilroinnt institiúideach agus droch-chomhordú ann ar leibhéal an Aontais i réimse na ngníomhaíochtaí chun cosc a chur ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus chun beart a dhéanamh i gcás ina n-aithnítear riosca. Maidir le comhlachtaí AE a ndearna an Chúirt iniúchóireacht orthu níl ach uirlisí teoranta acu faoi láthair chun a áirithiú go ndéanfar creataí AML/CFT a chur i bhfeidhm go leordhóthanach ar an leibhéal náisiúnta. Ní ann do mhaoirseoir aonair AE amháin chun maoirsiú a dhéanamh ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus roinntear cumhachtaí an Aontais sa réimse sin idir roinnt comhlachtaí agus déantar comhordú ar leithligh air sna Ballstáit.

Thairis sin, chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) in iúl le déanaí[2] go raibh difríocht shuntasach sna cineálacha cur chuige atá ag údaráis inniúla maidir le rioscaí ML/TF a shainaithint agus a chomhrac, agus go raibh éagsúlacht eatarthu thar a mhéid a mbeifí ag súil leis faoi chur chuige rioscabhunaithe. De réir ÚBE, tá riosca ann nach mbraithfear neamhchosaintí ábhartha ar riosca sna Ballstáit. Anuas air sin, chinn ÚBE freisin nár bhain na húdaráis inniúla uile leas as na conairí comhair atá ann cheana chun faisnéis a mhalartú agus chun feabhas a chur ar an tuiscint ar na rioscaí a raibh a n-earnáil neamhchosanta orthu.

Dhírigh an obair sa Choiste CONT i gcónaí ar bhreithniú a dhéanamh ar chalaois agus

[1]Tuarascáil speisialta ó CIE *EU efforts to fight money laundering in the banking sector are fragmented and implementation is insufficient* ['Tá iarrachtaí an Aontais chun sciúradh airgid a chomhrac san earnáil baincéireachta ilroinnte agus níl an cur chun feidhme leordhóthanach'], ar fáil ag https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR21_13/SR_AML_EN.pdf
[2] Tá Tuarascáil ÚBE ar fhreagraí na n-údarás inniúil ar 'Luanda Leaks' 2020 , an 22 Feabhra 2022, ar fáil ag https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Reports/2022/1027361/Report%20Risk%20assessment%20on%20Luanda%20Leaks%20under%20art%209ú.pdf

neamhrialtachtaí i gcur chun feidhme bhuiséad an Aontais, ar bhearta atá dírithe ar na cásanna sin a chosc agus a ionchúiseamh, ar dhianchosaint leasanna airgeadais an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí ábhartha an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh sa réimse sin, agus ar chaidreamh leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Mar thoradh ar an obair a rinne an Coiste sin le déanaí maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchar na coireachta eagraithe ar acmhainní dílse an Aontais agus ar mhí-úsáid chistí an Aontais, agus béim ar leith á leagan ar bhainistíocht chomhroinnte ó thaobh iniúchóireachta agus rialaithe de, sainaithníodh sciúradh airgid mar riosca, agus go n-éascaíonn sé sin an choireacht eagraithe. Tá fianaise láidir ann a chreidiúint go bhfuil an comhrac i gcoinne an sciúrtha airgid ríthábhachtach chun mí-úsáid cistí ag eagraíochtaí coiriúla a chosc. Sa chiall sin, díreoidh Oibríocht Sentinel[3] a seoladh le déanaí, ar chalaois i gcoinne chistí téarnaimh COVID-19 an Aontais atá á dtairiscint faoi chuimsiú thionscnamh an Aontais dar teideal NextGenerationEU, agus díreofar ar chalaois, chomh maith le himghabháil chánach, calaois chánach, éilliú, cúbláil, mí-leithghabháil agus sciúradh airgid.

Dá bhrí sin is cúis áthais é bunú an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac, ós rud é go dtabharfaidh sé aghaidh ar roinnt de na heasnaimh. Tá an tuairim seo, bunaithe ar shaineolas an Choiste CONT sa réimse sin, dírithe ar roinnt réimsí ar féidir tuilleadh a dhéanamh iontu chun éifeachtacht an Údaráis nua a dhoimhniú.

Sa chiall sin, dírítear sa dréacht-tuairim seo ar mholtaí chun trédhearcacht agus rialachas an Údaráis a fheabhsú, lena n-áirítear ról feabhsaithe Europol, OLAF agus OIPE. Tá moltaí ann freisin chun ról na n-aonad um fhaisnéis airgeadais a threisiú, lena n-áirítear maidir leis an oiliúint agus an cúnamh foriomlán a chuireann an tÚdarás ar fáil. Ar deireadh, tá moltaí ann freisin a bhaineann le ról CIE, agus leis an nós imeachta um urscaoileadh.

[3] https://www.europol.europa.eu/media-press/newsroom/news/new-operation-to-protect-next-generation-eu-recovery-funds

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Rialú Buiséadach ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Mar gheall ar chineál trasteorann na coireachta agus fáltas ó choireacht, cuirtear i mbaol iarrachtaí chóras airgeadais an Aontais a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Ní mór dul i ngleic leis na hiarrachtaí sin ar leibhéal an Aontais trí Údarás a chruthú a bheidh freagrach as rannchuidiú le cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás cur chuige comhchuibhithe a shaothrú chun an creat coisctheach AML/CFT atá ag an Aontas cheana a neartú, agus go sonrach maoirseacht AML agus comhar idir AFAnna. Leis an gcur chuige sin ba cheart éagsúlachtaí sa reachtaíocht náisiúnta agus i gcleachtais mhaoirseachta a laghdú agus struchtúir a thabhairt isteach a théann chun tairbhe d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh ar bhealach cinntithe agus ba cheart, dá dhroim sin, é a bheith bunaithe ar Airteagal 114 CFAE. | (2) Mar gheall ar chineál trasteorann na coireachta***, go háirithe an choireacht eagraithe,*** agus fáltas ó choireacht, cuirtear i mbaol iarrachtaí chóras airgeadais an Aontais a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc ***agus le cur i gcoinne na coireachta eagraithe***. Ní mór dul i ngleic leis na hiarrachtaí sin ar leibhéal an Aontais trí Údarás a chruthú a bheidh freagrach as rannchuidiú le cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás cur chuige comhchuibhithe a shaothrú chun an creat coisctheach AML/CFT atá ag an Aontas cheana a neartú, agus go sonrach maoirseacht AML agus comhar idir AFAnna. Leis an gcur chuige sin ba cheart éagsúlachtaí sa reachtaíocht náisiúnta agus i gcleachtais mhaoirseachta a laghdú agus struchtúir a thabhairt isteach a théann chun tairbhe d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh ar bhealach cinntithe agus ba cheart, dá dhroim sin, é a bheith bunaithe ar Airteagal 114 CFAE. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) I dTuarascáil Speisialta Uimh. 13/2021 ón gCúirt Iniúchóirí dar*** |

***teideal 'EU efforts to fight money laundering in the banking sector are fragmented and implementation is insufficient' [Tá iarrachtaí an Aontais chun sciúradh airgid a chomhrac san earnáil baincéireachta ilroinnte agus tá an cur chun feidhme neamh-leordhóthanach], sainaithnítear ilroinnt institiúideach agus droch-chomhordú ar leibhéal an Aontais maidir le gníomhaíochtaí chun cosc a chur ar sciúradh airgid agus tugtar chun suntais go bhfuil maoirseacht AML/CFT fós ag siúl i gcleachtas ar an leibhéal náisiúnta le creat formhaoirseacht neamhleor ar leibhéal an Aontais chun cothrom na féinne a áirithiú. Tá cruthúnas sa Tuarascáil Speisialta sin freisin go ndearnadh brustocaireacht ar an mBord Maoirseoirí den Údarás Maoirseachta Eorpach nuair a bhí an Bord páirteach i bpróiseas breithniúcháin.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is é an bealach is iomchuí chun maoirseacht agus comhar a thabhairt i gcrích idir AFAnna ar leibhéal an Aontais inniúlachtaí maoirseachta dírí agus indírí maidir le heintitis faoi oibleagáid a chomhcheangal, agus freisin feidhmiú mar shásra um thacaíocht agus comhar le haghaidh AFAnna. Ba cheart an méid sin a bhaint amach trí Údarás a chruthú ar cheart dó neamhspleáchas agus ardleibhéal saineolais theicniúil a chomhcheangal agus ar cheart dó a bheith bunaithe i gcomhréir leis ***an*** Ráiteas Comhpháirteach agus ***leis an gCur*** Chuige Coiteann ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe[32]. | (6) Is é an bealach is iomchuí chun maoirseacht agus comhar a thabhairt i gcrích idir AFAnna ar leibhéal an Aontais ***ná*** inniúlachtaí maoirseachta dírí agus indírí maidir le heintitis faoi oibleagáid a chomhcheangal, agus freisin feidhmiú mar shásra um thacaíocht agus comhar le haghaidh AFAnna. Ba cheart an méid sin a bhaint amach trí Údarás a chruthú ar cheart dó neamhspleáchas agus ardleibhéal saineolais theicniúil a chomhcheangal agus ar cheart dó a bheith bunaithe ***agus rialaithe*** i gcomhréir leis ***na prionsabail a leagtar amach sa*** Ráiteas Comhpháirteach agus ***sa Chur*** Chuige Coiteann ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe[32]. |

[32] ***https://europa.***eu/european-union/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_en***.pdf.***

[32] ***https://europa.***eu/european-union/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_en***.pdf.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Agus é mar chuspóir rialacha AML/CFT a neartú ar leibhéal an Aontais agus a soiléireacht a fheabhsú agus comhsheasmhacht le caighdeáin idirnáisiúnta agus le reachtaíocht eile á háirithiú, is gá ról comhordúcháin an Údaráis a bhunú ar leibhéal an Aontais i ndáil le gach cineál eintitis faoi oibleagáid chun cúnamh a thabhairt do mhaoirseoirí náisiúnta agus cóineasú maoirseachta a chur chun cinn, chun éifeachtúlacht chur chun feidhme bhearta AML/CFT a mhéadú, san earnáil neamhairgeadais freisin. Dá dhroim sin, ba cheart sainordú a thabhairt don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a ullmhú, treoirlínte, moltaí agus tuairimí a ghlacadh agus é mar aidhm aige sin i gcás ina bhfanfaidh maoirseacht i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, go mbeidh feidhm ag na cleachtais agus na caighdeáin mhaoirseachta chéanna i bprionsabal maidir leis na heintitis inchomparáide uile. Ba cheart forbairt modheolaíochta maoirseachta a chur ar iontaoibh an Údaráis, de thoradh a shaineolais an-speisialaithe, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe. Maidir le gnéithe áirithe den mhodheolaíocht, lenar féidir tagarmharcanna cainníochtúla comhchuibhithe a ionchorprú, amhail cuir chuige chun próifíl riosca bhunúsach na n-eintiteas faoi oibleagáid a aicmiú, ba cheart iad a mhionsonrú i mbearta rialála ceangailteacha atá infheidhme go díreach – | (9) Agus é mar chuspóir rialacha AML/CFT a neartú ar leibhéal an Aontais agus a soiléireacht a fheabhsú agus comhsheasmhacht le caighdeáin idirnáisiúnta agus le reachtaíocht eile á háirithiú, is gá ról comhordúcháin an Údaráis a bhunú ar leibhéal an Aontais i ndáil le gach cineál eintitis faoi oibleagáid chun cúnamh a thabhairt do mhaoirseoirí náisiúnta agus cóineasú maoirseachta a chur chun cinn, chun éifeachtúlacht chur chun feidhme bhearta AML/CFT a mhéadú, san earnáil neamhairgeadais freisin. ***Áiritheoidh an tÚdarás an comhtháthú agus an comhordú idir institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais atá mar chuid de chreat AML/CFT chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun forluí a sheachaint.*** Dá dhroim sin, ba cheart sainordú a thabhairt don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a ullmhú, treoirlínte, moltaí agus tuairimí a ghlacadh agus é mar aidhm aige sin i gcás ina bhfanfaidh maoirseacht i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, go mbeidh feidhm ag na cleachtais agus na caighdeáin mhaoirseachta chéanna i bprionsabal maidir leis na heintitis inchomparáide uile. Ba cheart forbairt modheolaíochta maoirseachta a chur ar iontaoibh an Údaráis, de thoradh a shaineolais an-speisialaithe, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe. Maidir le gnéithe áirithe |

caighdeáin rialála nó theicniúla chur chun feidhme. Maidir le gnéithe eile, lena gceanglaítear discréid mhaoirseachta níos leithne, amhail cuir chuige i leith measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca iarmharaigh agus rialuithe inmheánacha sna heintitis faoi oibleagáid, ba cheart iad a chumhdach le treoirlínte, moltaí agus tuairimí neamhcheangailteacha ón Údarás. Leis an modheolaíocht mhaoirseachta chomhchuibhithe ba cheart aird chuí a thabhairt ar na modheolaíochtaí maoirseachta atá ann cheana agus, i gcás inarb iomchuí, iad a ghiaráil i ndáil le gnéithe maoirseachta eile de na heintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais, go háirithe i gcás inarb ann d'idirghníomhaíocht idir maoirseacht AML/CFT agus maoirseacht stuamachta. Go sonrach, ba cheart an mhodheolaíocht mhaoirseachta atá le forbairt ag an Údarás a bheith comhlántach le treoirlínte agus ionstraimí eile atá forbartha ag an Údarás Baincéireachta Eorpach lena mionsonraítear cuir chuige údarás maoirseachta stuamachta i leith rioscaí ML/TF a chur san áireamh sa mhaoirseacht stuamachta, chun idirghníomhaíocht éifeachtach idir maoirseacht stuamachta agus maoirseacht AML/CFT a áirithiú. Ba cheart a chumhachtú don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an leabhar rialacha comhchuibhithe a chur i gcrích, rud a bhunaítear san áit seo:

den mhodheolaíocht, lenar féidir tagarmharcanna cainníochtúla comhchuibhithe a ionchorprú, amhail cuir chuige chun próifíl riosca bhunúsach na n-eintiteas faoi oibleagáid a aicmiú, ba cheart iad a mhionsonrú i mbearta rialála ceangailteacha atá infheidhme go díreach – caighdeáin rialála nó theicniúla chur chun feidhme. Maidir le gnéithe eile, lena gceanglaítear discréid mhaoirseachta níos leithne, amhail cuir chuige i leith measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca iarmharaigh agus rialuithe inmheánacha sna heintitis faoi oibleagáid, ba cheart iad a chumhdach le treoirlínte, moltaí agus tuairimí neamhcheangailteacha ón Údarás. Leis an modheolaíocht mhaoirseachta chomhchuibhithe ba cheart aird chuí a thabhairt ar na modheolaíochtaí maoirseachta atá ann cheana agus, i gcás inarb iomchuí, iad a ghiaráil i ndáil le gnéithe maoirseachta eile de na heintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais, go háirithe i gcás inarb ann d'idirghníomhaíocht idir maoirseacht AML/CFT agus maoirseacht stuamachta. Go sonrach, ba cheart an mhodheolaíocht mhaoirseachta atá le forbairt ag an Údarás a bheith comhlántach le treoirlínte agus ionstraimí eile atá forbartha ag an Údarás Baincéireachta Eorpach lena mionsonraítear cuir chuige údarás maoirseachta stuamachta i leith rioscaí ML/TF a chur san áireamh sa mhaoirseacht stuamachta, chun idirghníomhaíocht éifeachtach idir maoirseacht stuamachta agus maoirseacht AML/CFT a áirithiú. Ba cheart a chumhachtú don Údarás caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an leabhar rialacha comhchuibhithe a chur i gcrích, rud a bhunaítear san áit seo:

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***(12a) Is gá sásraí comhair a fhorbairt, mar shampla idir údaráis mhaoirseachta airgeadais, agus críochú soiléir inniúlachtaí a bhunú idir údaráis bhaile agus údaráis stáit ostaigh i gcás oibreoirí trasteorann a bhaineann leas as an tsaoirse bunaíochta agus an tsaoirse chun seribhísí a sholáthar.***

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***(31a) Ba cheart go mbeadh cumas neamhspleách um fhaisnéis airgeadais ag an Údarás chun rannchuidiú go cinntitheach leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta airgeadais. Ba cheart do AFAanna comhoibriú go forleathan, gach faisnéis ábhartha a chomhroinnt chun críocha sciúradh airgid agus a chionta preideacáide a chosc. Féadfar Córas AFAnna de chuid an Aontais a bhunú mar AFA an Aontais tar éis ceann de na meastóireachtaí agus athbhreithnithe tréimhsiúla arna ndéanamh ag an gCoimisiún ar fheidhmíocht an Údaráis.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Chun anailís a dhéanamh ar ghníomhaíocht amhrasach lena ndéantar difear do dhlínsí iomadúla, ba cheart na AFAnna ábhartha a fhaigheann tuarascálacha nasctha a bheith in ann anailísí comhpháirteacha a dhéanamh go héifeachtúil ar chásanna leasa choitinn. Chuige sin, ba cheart don Údarás a bheith | (32) Chun anailís a dhéanamh ar ghníomhaíocht amhrasach lena ndéantar difear do dhlínsí iomadúla, ba cheart na AFAnna ábhartha a fhaigheann tuarascálacha nasctha a bheith in ann anailísí comhpháirteacha a dhéanamh go héifeachtúil ar chásanna leasa choitinn. Chuige sin, ba cheart don Údarás a bheith |

| | |
|---|---|
| in ann na hanailísí comhpháirteacha ar idirbhearta nó gníomhaíochtaí amhrasacha trasteorann a ***mholadh***, a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh leis na bealaí iomchuí uile. Ba cheart na hanailísí comhpháirteacha a spreagadh i gcás inar gá na hanailísí comhpháirteacha sin ***amháin*** a dhéanamh de bhun na bhforálacha ábhartha i ndlí an Aontais. ***Ar thoiliú sainráite a fháil ó AFAnna a ghlacann páirt sna hanailísí comhpháirteacha,*** ba cheart d'fhoireann an Údaráis a ***thacaíonn le hanailísí*** comhpháirteacha a ***dhéanamh a*** bheith in ann na sonraí agus an fhaisnéis uile is gá a fháil agus a phróiseáil, lena n-áirítear na sonraí agus an fhaisnéis a bhaineann leis na cásanna ar a ndearnadh anailís. | in ann na hanailísí comhpháirteacha ar idirbhearta nó gníomhaíochtaí amhrasacha trasteorann a ***eagrú***, a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh leis na bealaí iomchuí uile. Ba cheart na hanailísí comhpháirteacha a spreagadh i gcás inar gá na hanailísí comhpháirteacha sin a dhéanamh de bhun na bhforálacha ábhartha i ndlí an Aontais. Ba cheart d'fhoireann an Údaráis a ***chomhordaíonn déanamh na n-anailísí*** comhpháirteacha a bheith in ann na sonraí agus an fhaisnéis uile is gá a fháil agus a phróiseáil, lena n-áirítear na sonraí agus an fhaisnéis a bhaineann leis na cásanna ar a ndearnadh anailís. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(32a) Tá gá le cur chuige stuama sa mhéid a bhaineann leis na cumhachtaí oibriúcháin atá ag AFA idirbhearta agus cuntais bhainc agus íocaíochtaí a chur ar fionraí; chuige sin, ba cheart go gcuirfí sásraí éifeachtacha i bhfeidhm chun cloí le cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart chun maoine, agus aon mhí-úsáid cumachta a chosc.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Chun an comhar idir AFAnna agus an tÚdarás a éascú agus a fheabhsú, lena n-áirítear chun anailísí comhpháirteacha a dhéanamh, ba cheart do na AFAnna ***a*** | (34) Chun an comhar idir AFAnna agus an tÚdarás a éascú agus a fheabhsú, lena n-áirítear chun anailísí comhpháirteacha a dhéanamh, ba cheart do na AFAnna ball |

| | |
|---|---|
| ***bheith in ann*** ball foirne amháin in aghaidh an AFA a tharmligean chuig an Údarás ***ar bhonn deonach***. Ba cheart do na toscairí AFA náisiúnta tacú le foireann an Údaráis chun na cúraimí uile a bhaineann le AFAnna a dhéanamh, lena n-áirítear anailísí comhpháirteacha a dhéanamh agus measúnuithe bagartha agus anailísí straitéiseacha a ullmhú ar bhagairtí ó thaobh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, rioscaí agus modhanna. Cé is moite de na hanailísí comhpháirteacha, ba cheart don Údarás foirmeacha éagsúla cúnaimh fhrithpháirtigh a spreagadh agus a éascú idir AFAnna, lena n-áirítear oiliúint agus malartuithe foirne chun feabhas a chur ar fhothú acmhainneachta agus malartú eolais agus dea-chleachtas a chumasú i measc AFAnna. | foirne amháin in aghaidh an AFA a tharmligean chuig an Údarás. Ba cheart do na toscairí AFA náisiúnta tacú le foireann an Údaráis chun na cúraimí uile a bhaineann le AFAnna a dhéanamh, lena n-áirítear anailísí comhpháirteacha a dhéanamh agus measúnuithe bagartha agus anailísí straitéiseacha a ullmhú ar bhagairtí ó thaobh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, rioscaí agus modhanna. Cé is moite de na hanailísí comhpháirteacha, ba cheart don Údarás foirmeacha éagsúla cúnaimh fhrithpháirtigh a spreagadh agus a éascú idir AFAnna, lena n-áirítear oiliúint agus malartuithe foirne chun feabhas a chur ar fhothú acmhainneachta agus malartú eolais agus dea-chleachtas a chumasú i measc AFAnna. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart don Údarás FIU.net a bhainistiú, a óstáil agus a choinneáil ar bun, an córas TF tiomnaithe lena gceadaítear do AFAnna dul i gcomhar agus faisnéis a mhalartú eatarthu féin agus, i gcás inarb iomchuí, lena gcontrapháirtithe ó thríú tíortha agus tríú páirtithe. Ba cheart don Údarás, i gcomhar leis na Ballstáit, an córas a choimeád cothrom le dáta. Chuige sin, ba cheart don Údarás a áirithiú go n-úsáidfear gach tráth an teicneolaíocht úrscothach is forbartha dá bhfuil ar fáil chun FIU.net a fhorbairt, faoi réir anailís chostais agus tairbhe. | (35) Ba cheart don Údarás FIU.net a bhainistiú, a óstáil agus a choinneáil ar bun, an córas TF tiomnaithe lena gceadaítear do AFAnna dul i gcomhar agus faisnéis a mhalartú eatarthu féin agus, i gcás inarb iomchuí, lena gcontrapháirtithe ó thríú tíortha agus tríú páirtithe. Ba cheart don Údarás, i gcomhar leis na Ballstáit, an córas a choimeád cothrom le dáta. Chuige sin, ba cheart don Údarás a áirithiú go n-úsáidfear gach tráth an teicneolaíocht úrscothach is forbartha dá bhfuil ar fáil chun FIU.net a fhorbairt, faoi réir anailís chostais agus tairbhe. ***Ba cheart don Údarás a áirithiú go bhfanfaidh FIU.net ina líonra díláraithe ríomhaire.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ba cheart comhlacht rialála an Údaráis a bheith ina Bhord Feidhmiúcháin a bheidh comhdhéanta de Chathaoirleach an Údaráis agus de ***chúig chomhalta*** lánaimseartha, a bheidh ceaptha ag an mBord Ginearálta ar bhonn ***an ghearrliosta*** ón gCoimisiún. Agus é mar aidhm próiseas cinnteoireachta gasta agus éifeachtúil a áirithiú, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith i gceannas ar chúraimí uile an Údaráis a phleanáil agus a chur i gcrích seachas i gcás ina ndéanfar cinntí sonracha a leithdháileadh go sainráite ar an mBord Ginearálta. Chun ***oibiachtúlacht agus luas iomchuí an phróisis cinnteoireachta*** a áirithiú sa réimse a bhaineann le maoirseacht dhíreach ***a dhéanamh*** ar na heintitis roghnaithe ***faoi oibleagáid***, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin na ***cinntí ceangailteacha uile atá dírithe ar eintitis roghnaithe faoi seach a dhéanamh***. Ina theannta sin, mar aon le hionadaí ón gCoimisiún ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith freagrach go coiteann as cinntí riaracháin agus buiséadacha an Údaráis. ***Ba cheart toiliú an Choimisiúin a cheangal nuair a bheidh cinntí á ndéanamh ag an mBord Feidhmiúcháin i ndáil le riar an bhuiséid, soláthar, earcú, agus iniúchadh an Údaráis, ós rud é go soláthrófar cuid de chistiú an Údaráis ó bhuiséad an Aontais.*** | (42) Ba cheart comhlacht rialála an Údaráis a bheith ina Bhord Feidhmiúcháin a bheidh comhdhéanta de Chathaoirleach an Údaráis agus de ***chúigear comhaltaí*** lánaimseartha, a bheidh ceaptha ag an mBord Ginearálta ar bhonn ***gearrliosta a bheidh cothrom ó thaobh inscne de*** ón gCoimisiún***, tar éis formheas a fháil ó Pharlaimint na hEorpa***. Agus é mar aidhm próiseas cinnteoireachta gasta agus éifeachtúil a áirithiú, ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith i gceannas ar chúraimí uile an Údaráis a phleanáil agus a chur i gcrích seachas i gcás ina ndéanfar cinntí sonracha a leithdháileadh go sainráite ar an mBord Ginearálta. Chun a áirithiú ***go bhfuil an próiseas cinnteoireachta*** sa réimse a bhaineann le maoirseacht dhíreach ar na heintitis roghnaithe ***oibiachtúil agus tapa***, ba cheart don bhord feidhmiúcháin ***gach cinneadh ceangailteach a dhíreofar chuig*** na ***heintitis sin a ghlacadh***. Ina theannta sin, mar aon le hionadaí ón gCoimisiún ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a bheith freagrach go coiteann as cinntí riaracháin agus buiséadacha an Údaráis. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Chun feidhmiú neamhspleách an Údaráis a áirithiú ba cheart do na cúig Chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin agus do Chathaoirleach an Údaráis gníomhú go | (44) Chun feidhmiú neamhspleách an Údaráis a áirithiú ba cheart do na cúig Chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin agus do Chathaoirleach an Údaráis gníomhú go |

| | |
|---|---|
| neamhspleách agus chun leas an Aontais ina iomláine. Ba cheart dóibh iad féin a iompar, le linn agus tar éis a dtéarma oifige araon, go hionraic agus go discréideach a mhéid a bhaineann le glacadh le ceapacháin nó tairbhí áirithe. Ionas ***nach dtabharfaí le tuiscint*** go bhféadfadh sé go n-úsáidfeadh ***Comhalta*** den Bhord Feidhmiúcháin a sheasamh mar ***Chomhalta*** de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis chun ***ceapachán*** ardchéime a fháil san earnáil phríobháideach tar éis a ***théarma*** oifige agus chun aon choinbhleacht leasa i ndiaidh na fostaíochta poiblí a chosc, ba cheart tréimhse mharana le haghaidh na ***gcúig Chomhalta*** den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Údaráis, a thabhairt isteach. | neamhspleách agus chun leas an Aontais ina iomláine. Ba cheart dóibh iad féin a iompar, le linn agus tar éis a dtéarma oifige araon, go hionraic agus go discréideach a mhéid a bhaineann le glacadh le ceapacháin nó tairbhí áirithe. Ionas go ***seachnófar go*** bhféadfadh sé go n-úsáidfeadh ***Comhaltaí*** den Bhord Feidhmiúcháin a sheasamh mar ***Chomhaltaí*** de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis chun ***ceapacháin*** ardchéime a fháil san earnáil phríobháideach tar éis a ***dtéarmaí*** oifige agus chun aon choinbhleacht leasa i ndiaidh na fostaíochta poiblí a chosc, ba cheart tréimhse mharana le haghaidh na ***gcúigear Comhaltaí*** den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Údaráis, a thabhairt isteach. ***Le linn na tréimhse marana ba cheart go mbeadh toirmeasc ar na daoine lena mbaineann aon ról in eintiteas faoi oibleagáid a fháil as a bhféadfadh coinbhleachtaí leasa eascairt as nó cásanna a bhféadfaí a thuiscint go hoibiachtúil gur coinbhleacht leasa iad.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(46a) Ba cheart go mbeadh gach earcaíocht bunaithe ar inniúlacht agus an chothromaíocht inscne á háirithiú agus urraim á tabhairt don gá le cothromaíocht gheografach idir gach Ballstáit ar gach leibhéal foirne.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

(48) Chun feidhmiú cuí an Údaráis a ráthú, ba cheart cistiú a sholáthar trí mheascán de tháillí a thoibhítear ar eintitis áirithe faoi oibleagáid agus ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais, de réir na gcúraimí agus na bhfeidhmeanna. Ba cheart buiséad an Aontais a bheith ina chuid de bhuiséad an Aontais, deimhnithe ag an Údarás Buiséadach ar bhonn togra ón gCoimisiún. Ba cheart don Údarás dréachtbhuiséad agus rialachán airgeadais inmheánach a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhformheas.

(48) Chun feidhmiú cuí an Údaráis a ráthú, ***agus chun ligean dó na cúraimí arna mbronnadh air leis an Rialachán seo a chomhlíonadh,*** ba cheart ***go soláthrófar acmhainní leormhaithe foirne agus acmhainní leormhaithe airgeadais don Údarás; ba cheart*** cistiú a sholáthar trí mheascán de tháillí a thoibhítear ar eintitis áirithe faoi oibleagáid agus ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais, de réir na gcúraimí agus na bhfeidhmeanna. Ba cheart buiséad an Aontais a bheith ina chuid de bhuiséad an Aontais, deimhnithe ag an Údarás Buiséadach ar bhonn togra ón gCoimisiún. Ba cheart don Údarás dréachtbhuiséad agus rialachán airgeadais inmheánach a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhformheas.

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis, chomh maith le cur i láthair chuntais bhliantúla an Údaráis, ba cheart forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún[36] a leanúint leo a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise. | (50) Na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis, chomh maith le cur i láthair chuntais bhliantúla an Údaráis, ba cheart forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún[36] a leanúint leo ***lena n-áirítear*** a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise. |
| [36] Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/715 an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).*** | [36] Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/715 an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).*** |

*Réasúnú*

*Tá an comhar le OIPE agus OLAF ar dhá cheann de mhórán forálacha sa Rialachán Airgeadais Tarmligthe, a bhfuil feidhm iomlán aige.*

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát agus a n-údarás, maidir le próiseáil sonraí pearsanta ar bhonn an Rialacháin seo chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, ba cheart a bhreithniú gur gá sin chun cúram a chur i gcrích, rud a dhéantar chun leas an phobail nó i bhfeidhmiú an údaráis oifigiúil atá dílsithe don Údarás faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] agus Airteagal 6 de Rialachán 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42]. Agus aon ionstraim á forbairt nó aon chinneadh á dhéanamh a bhféadfaidh tionchar suntasach a bheith aici nó aige ar chosaint sonraí pearsanta, ba cheart don Údarás dul i ***gcomhar go dlúth, i gcás inarb ábhartha,*** leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a bhunaítear le Rialachán (AE) 2016/679 agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bhunaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 chun dúbláil a sheachaint. | (58) Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát agus a n-údarás, maidir le próiseáil sonraí pearsanta ar bhonn an Rialacháin seo chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, ba cheart a bhreithniú gur gá sin chun cúram a chur i gcrích, rud a dhéantar chun leas an phobail nó i bhfeidhmiú an údaráis oifigiúil atá dílsithe don Údarás faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] agus Airteagal 6 de Rialachán 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42]. Agus aon ionstraim á forbairt nó aon chinneadh á dhéanamh a bhféadfaidh tionchar suntasach a bheith aici nó aige ar chosaint sonraí pearsanta, ba cheart don Údarás dul i ***mbun comhairliúcháin*** leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a bhunaítear le Rialachán (AE) 2016/679 agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bhunaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 chun dúbláil a sheachaint. |
| [41] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). | [41] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). |
| [42] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint | [42] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint |

na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) Ba cheart don Údarás caidreamh comhoibritheach a bhunú leis na gníomhaireachtaí agus leis na comhlachtaí ábhartha den Aontas, lena n-áirítear Europol, Eurojust, OIPE, agus na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, eadhon an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde. Chun feabhas a chur ar mhaoirseacht trasteorann agus comhar níos fearr a áirithiú idir maoirseoirí stuamachta agus AML/CFT, ba cheart don Údarás caidreamh comhoibríoch a bhunú freisin leis na húdaráis atá inniúil chun maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar eintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach maidir le hábhair a bhaineann leis na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle[43], mar aon le húdaráis réitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] agus le húdaráis ainmnithe um Scéimeanna Ráthaithe Taiscí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe 18 de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45]. Chuige sin, ba cheart don Údarás a bheith in ann comhaontuithe nó meabhráin tuisceana a | (59) Ba cheart don Údarás ról lárnach a bheith aige maidir leis an gcomhar a neartú agus sreabha fáisnéise a éascú idir na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí ábhartha den Aontas, lena n-áirítear Europol, Eurojust, OIPE, EDPS, FRA agus na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, eadhon an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde. Chun feabhas a chur ar mhaoirseacht trasteorann agus comhar níos fearr a áirithiú idir maoirseoirí stuamachta agus AML/CFT, ba cheart don Údarás caidreamh comhoibríoch a bhunú freisin leis na húdaráis atá inniúil chun maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar eintitis faoi oibleagáid ón earnáil airgeadais, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach maidir le hábhair a bhaineann leis na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) ***Uimh. 1024/2013***[43] ón gComhairle[43], mar aon le húdaráis réitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] agus le húdaráis ainmnithe um Scéimeanna Ráthaithe Taiscí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe 18 de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] ***ionas gur féidir le maoirseoirí stuamacha an*** |

thabhairt i gcrích leis na comhlachtaí sin, lena n-áirítear maidir le haon mhalartú faisnéise is gá chun cúraimí faoi seachas an Údaráis agus na gcomhlachtaí sin a chomhlíonadh. Ba cheart don Údarás a dhícheall a dhéanamh faisnéis a chomhroinnt leis na comhlachtaí sin arna iarraidh sin dóibh, laistigh de na teorainneacha a bhaineann le srianta dlíthiúla, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le cosaint sonraí. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás malartú faisnéise éifeachtach a chumasú idir na maoirseoirí airgeadais uile i gcóras maoirseachta AML/CFT agus na húdaráis réamhluaite, ba cheart an comhar agus na malartuithe faisnéise sin a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha agus éifeachtúil.

[43] ***Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannas Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013. lch. 63).***

***fhaisnéis atá i seilbh mhaoirseoirí AML/CFT a úsáid ina bpróisis mhaoirseachta agus gur féidir le maoirseoirí AML/CFT an fhaisnéis ó mhaoirseoirí stuamacha a úsáid chun eolas a chur ar fáil dá gcur chuige i leith mhaoirseacht AML/CFT ar institiúidí.*** Chuige sin, ba cheart don Údarás a bheith in ann comhaontuithe nó meabhráin tuisceana a thabhairt i gcrích leis na comhlachtaí sin, lena n-áirítear maidir le haon mhalartú faisnéise is gá chun cúraimí faoi seachas an Údaráis agus na gcomhlachtaí sin a chomhlíonadh***. Ba cheart do chomhaontuithe den sórt sin sreabhadh faisnéise cuíchóirithe, gan bhriseadh agus digiteach a chumasú agus idir-inoibritheacht na gcóras agus na sonraí a neartú***. Ba cheart don Údarás a dhícheall a dhéanamh faisnéis a chomhroinnt leis na comhlachtaí sin arna iarraidh sin dóibh, laistigh de na teorainneacha a bhaineann le srianta dlíthiúla, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le cosaint sonraí. Ina theannta sin, ba cheart don Údarás malartú faisnéise éifeachtach a chumasú idir na maoirseoirí airgeadais uile i gcóras maoirseachta AML/CFT agus na húdaráis réamhluaite, ba cheart an comhar agus na malartuithe faisnéise sin a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha agus éifeachtúil***, chun leas a bhaint as taithí na n-institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais***. ***Thairis sin, ba cheart don Údarás pointe teagmhála agus prótacal a bhunú do sceithirí eolais, agus na ceanglais rúndachta is gá á n-urramú aige***

[43] ***Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannas Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013. lch. 63).***

| | |
|---|---|
| ***[44] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).*** | ***[44] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).*** |
| ***[45] Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014, Lch. 149).*** | ***Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (63) Ós rud é go mbeidh réimse iomlán cumhachtaí agus cúraimí ag an Údarás a bhaineann le maoirseacht dhíreach agus indíreach agus formhaoirseacht ar na heintitis uile faoi oibleagáid, is gá go bhfanfaidh na cumhachtaí sin comhdhlúite laistigh d’aon chomhlacht amháin ón Aontas, agus nach n-eascróidh inniúlachtaí contrártha as sin le comhlachtaí eile ón Aontas. Dá bhrí sin, níor cheart don Údarás Baincéireachta Eorpach a chúraimí ná a chumhachtaí a choinneáil a bhaineann le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus ba cheart na hairteagail faoi seach i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] a scriosadh. Na hacmhainní a leithdháiltear ar an Údarás Baincéireachta Eorpach chun na cúraimí sin a chomhlíonadh, ba cheart iad a aistriú chuig an Údarás. Ós rud é go | (63) Ós rud é go mbeidh réimse iomlán cumhachtaí agus cúraimí ag an Údarás a bhaineann le maoirseacht dhíreach agus indíreach agus formhaoirseacht ar na heintitis uile faoi oibleagáid, is gá go bhfanfaidh na cumhachtaí sin comhdhlúite laistigh d’aon chomhlacht amháin ón Aontas, agus nach n-eascróidh inniúlachtaí contrártha as sin le comhlachtaí eile ón Aontas. Dá bhrí sin, níor cheart don Údarás Baincéireachta Eorpach a chúraimí ná a chumhachtaí a choinneáil a bhaineann le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus ba cheart na hairteagail faoi seach i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] a scriosadh. Na hacmhainní a leithdháiltear ar an Údarás Baincéireachta Eorpach chun na cúraimí sin a chomhlíonadh, ba cheart iad a aistriú chuig an Údarás. Ós rud é go |

mbeidh na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha uile (ÚBE, ÚEUM agus ÚEÁPC) ag dul i gcomhar leis an Údarás, agus go bhféadfaidh siad freastal ar chruinnithe an Bhoird Ghinearálta ina gcomhdhéanamh maoirseachta mar bhreathnóirí, ba cheart an deis chéanna a thabhairt don Údarás i leith cruinnithe de Bhord Maoirseoirí na nÚdarás Maoirseachta Eorpach. I gcás ina ndéanfaidh na Boird Mhaoirseoirí faoi seach plé nó cinneadh faoi ábhair atá ábhartha maidir le cúraimí agus cumhachtaí an Údaráis a chur i gcrích, ba cheart don Údarás a bheith in ann páirt a ghlacadh ina gcruinnithe mar bhreathnóir. Na hairteagail maidir le comhdhéanaimh an Bhoird Maoirseoirí i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], agus Rialachán (AE) 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], ba cheart iad a leasú dá bhrí sin dá réir sin.

mbeidh na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha uile (ÚBE, ÚEUM agus ÚEÁPC) ag dul i gcomhar leis an Údarás, agus go bhféadfaidh siad freastal ar chruinnithe an Bhoird Ghinearálta ina gcomhdhéanamh maoirseachta mar bhreathnóirí, ba cheart an deis chéanna a thabhairt don Údarás i leith cruinnithe de Bhord Maoirseoirí na nÚdarás Maoirseachta Eorpach***, chun malartú rianúil faisnéise a áirithiú agus chun leas a bhaint as taithí ábhartha***. I gcás ina ndéanfaidh na Boird Mhaoirseoirí faoi seach plé nó cinneadh faoi ábhair atá ábhartha maidir le cúraimí agus cumhachtaí an Údaráis a chur i gcrích, ba cheart don Údarás a bheith in ann páirt a ghlacadh ina gcruinnithe mar bhreathnóir. Na hairteagail maidir le comhdhéanaimh an Bhoird Maoirseoirí i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle47, agus Rialachán (AE) 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle48, ba cheart iad a leasú dá bhrí sin dá réir sin.

[46] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

[47] Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

[48] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó

[46] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

[47] Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

[48] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó

| | |
|---|---|
| Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84). | Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84). |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64a) Tá gá le dáileadh cothrom, i dtéarmaí geografacha agus eile, ar chúraimí maoirseachta airgeadais. D'fhéadfadh cruthú an Údaráis a bheith ina chabhair chun éagothromaíochtaí idir na Ballstáit maidir le cumas maoirseachta AML/CFT a laghdú, le tairbhí soiléire ó thaobh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(64a) Cúig bliana tar éis don Údarás a bheith ag feidhmiú go hiomlán, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Údaráis i dtaca lena shainordú, a chuspóirí, a chúraimí agus a rannchuidiú leis an gcuspóir neamh-inchainníochtaithe dul i ngleic le grúpaí coireachta eagraithe trína sócmhainní a bhaint díobh;*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) oiliúint agus cúnamh leordhóthanach a sholáthar d'eintitis faoi oibleagáid roghnaithe, do mhaoirseoirí airgeadais agus neamhairgeadais, agus do AFAnna.*** |

*Réasúnú*

*D'aithin ÚBE le déanaí go mbíonn deacrachtaí ag údaráis inniúla uaireanta struchtúir institiúidí úinéirí deiridh na dtairbhithe atá faoina maoirseacht a thuiscint, i measc laigí eile. D'fhéadfadh oiliúint agus cúnamh leordhóthanach ón Údarás a bheith cabhrach.*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. ciallaíonn 'custaiméir' duine nádúrtha nó dlíthiúil a bhfuil gaol díreach conarthach gnó leis an eintiteas faoi oibleagáid;*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) clár idirnasctha sócmhainní de chuid an Aontais a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta, lena soláthrófar faisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla speictream sócmhainní leathnaithe agus sainithe go soiléir agus lena mbeifear in ann iad a aithint;*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) faireachán ar chur chun feidhme reonna sócmhainní agus tacú leis sin faoi bhearta sriantacha an Aontais ar fud an mhargaidh inmheánaigh; | (f) faireachán ar chur chun feidhme reonna sócmhainní***, lena n-áirítear sóchmhainní fíorúla*** agus ***criptea-airgeadraí, agus*** tacú leis sin faoi bhearta sriantacha an Aontais ar fud an mhargaidh inmheánaigh; |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) foilseacháin, oiliúint agus seirbhísí eile a sholáthar d'eintiteas atá faoi oibleagáid nó d'eintiteas nach bhfuil faoi oibleagáid chun feasacht a ardú agus dul i ngleic le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus rioscaí a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) oiliúint agus cúnamh leordhóthanach a sholáthar d'eintitis faoi oibleagáid roghnaithe.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe g a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(ga)* oiliúint agus cúnamh leordhóthanach a sholáthar do mhaoirseoirí airgeadais.** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4 – pointe f a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(fa)* oiliúint agus cúnamh leordhóthanach a sholáthar do mhaoirseoirí neamhairgeadais.** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 5 – pointe i a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(ia)* oiliúint agus cúnamh leordhóthanach a sholáthar do AFAnna.** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 2. Faoi dheireadh gach bliana, déanfaidh Cathaoirleach an Údaráis pleanáil chomhdhlúite, de na hathbhreithnithe téamacha a bheartaíonn na húdaráis mhaoirseachta a dhéanamh le linn na bliana dar gcionn, a chur faoi bhráid an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 46(2). | 2. Faoi dheireadh gach bliana, déanfaidh Cathaoirleach an Údaráis pleanáil chomhdhlúite, de na hathbhreithnithe téamacha a bheartaíonn na húdaráis mhaoirseachta a dhéanamh le linn na bliana dar gcionn, a chur faoi bhráid an Bhoird Ghinearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 46(2). ***Féadfaidh an Cathaoirleach tuairim a eisiúint freisin maidir le heasnaimh nó réimsí a*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***d'fhéadfadh a bheith ann nach gcumhdaítear go leordhóthanach leis na hathbhreithnithe téamacha. Féadfaidh an Bord Ginearálta ina chomhdhéanamh maoirseachta moltaí a eisiúint maidir le hathbhreithnithe téamacha chuig na húdaráis mhaoirseachta lena gcuimsiú i gcláir oibre amach anseo. Sna cásanna sin, tabharfaidh na húdaráis mhaoirseachta freagra i scríbhinn don Bhord Ginearálta i ndáil lena gcomhdhéanamh maoirseachta roimh an 31 Deireadh Fómhair den bhliain dár gcionn.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart an chumhacht a thabhairt don údarás tuairimí a eisiúint maidir le réimsí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann nach bhfuil cumhdaithe e ag na húdaráis náisiúnta, toisc go bhféadfadh sé a bheith in ann sonraí agus feasacht a chomhiomlánú ar bhealach níos éifeachtaí ar fud an Aontais.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Éascóidh agus ***spreagfaidh*** an tÚdarás ar a laghad na gníomhaíochtaí seo a leanas: | 2. Éascóidh agus ***eagróidh*** an tÚdarás ar a laghad na gníomhaíochtaí seo a leanas: |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh gach údarás maoirseachta iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a bhaineann lena chúraimí maoirseachta a chur faoi bhráid an Údaráis, agus sonrú á dhéanamh ar an gcineál cúnaimh is féidir le foireann an Údaráis, foireann ceann amháin nó níos mo de na | 3. Féadfaidh gach údarás maoirseachta iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a bhaineann lena chúraimí maoirseachta a chur faoi bhráid an Údaráis, agus sonrú á dhéanamh ar an gcineál cúnaimh is féidir le foireann an Údaráis, foireann ceann amháin nó níos mo de na |

| | |
|---|---|
| húdaráis mhaoirseachta, nó meascán de sin, a sholáthar. Má bhaineann an iarraidh le gníomhaíochtaí i ndáil le maoirseacht eintiteas sonrach faoi oibleagáid, áiritheoidh an t-údarás maoirseachta iarrthach go bhféadfar rochtain ar aon fhaisnéis agus sonra is gá le haghaidh soláthar cúnaimh a dheonú. Coimeádfaidh an tÚdarás agus tabharfaidh sé cothrom le dáta go tráthrialta an fhaisnéis maidir le réimsí sonracha saineolais agus maidir le hinniúlachtaí údarás maoirseachta chun cúnamh frithpháirteach a sholáthar. | húdaráis mhaoirseachta, nó meascán de sin, a sholáthar. Má bhaineann an iarraidh le gníomhaíochtaí i ndáil le maoirseacht eintiteas sonrach faoi oibleagáid, áiritheoidh an t-údarás maoirseachta iarrthach go bhféadfar rochtain ar aon fhaisnéis agus sonra is gá le haghaidh soláthar cúnaimh a dheonú. Coimeádfaidh an tÚdarás agus tabharfaidh sé cothrom le dáta go tráthrialta an fhaisnéis maidir le réimsí sonracha saineolais agus maidir le hinniúlachtaí údarás maoirseachta chun cúnamh frithpháirteach a sholáthar. ***Féadfaidh an tÚdarás, ar a thionscnamh féin, réimsí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus iarraidh ar na húdaráis mhaoirseachta cúnamh frithpháirteach a iarraidh.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Rachaidh an tÚdarás i mbun comhairliúcháin leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí chun tréimhsí teorann stórála a bhunú do gach cineál de shonraí a phróiseáltar.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – pointe i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i) faisnéis arna bailiú ó údaráis inniúla a bhaineann le laigí a sainaithníodh le linn maoirseacht leanúnach agus nósanna imeachta údarúcháin leanúnacha sna próisis agus sna nósanna imeachta, sna socruithe rialachais, oiriúnacht agus cuibhiúlacht, fáil sealúchas incháilithe, samhlacha gnó agus gníomhaíochtaí oibreoirí san earnáil*** |

***airgeadais, a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, mar aon le bearta a rinne údaráis inniúla mar fhreagairt ar na laigí ábhartha seo a leanas a bhfuil tionchair acu ar cheanglas amháin nó níos mó de cheanglais ghníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus aon dlíthe náisiúnta lenar trasuíodh iad, faoi seach, maidir le húsáid na hearnála airgeadais chun airgead a sciúradh, nó sceimhlitheoireacht a mhaoiniú, a chosc agus a chomhrac:***

***(i) sárú a rinne oibreoir san earnáil airgeadais maidir leis na ceanglais sin nó sárú is féidir a dhéanfadh sé maidir leis na ceanglais sin,***

***(ii) cur i bhfeidhm míchuí nó mí-éifeachtach a rinne oibreoir san earnáil airgeadais maidir leis na ceanglais sin, nó***

***(iii) cur i bhfeidhm míchuí nó mí-éifeachtach a rinne oibreoir san earnáil airgeadais ar a bheartais inmheánacha agus a nósanna imeachta chun na ceanglais sin a chomhlíonadh.***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh aon údarás maoirseachta nó aon údarás neamh-AML iarraidh réasúnaithe a dhíriú ar an Údarás ar fhaisnéis a bhailítear de bhun mhír 2 atá ábhartha maidir lena ghníomhaíochtaí maoirseachta. Déanfaidh an tÚdarás measúnú ar na hiarrataí sin agus soláthróidh sé an fhaisnéis a iarrann na húdaráis mhaoirseachta nó na húdaráis | 4. Féadfaidh aon údarás maoirseachta nó aon údarás neamh-AML***, lena n-áirítear OIPE, OLAF agus Europol,*** iarraidh réasúnaithe a dhíriú ar an Údarás ar fhaisnéis a bhailítear de bhun mhír 2 atá ábhartha maidir lena ghníomhaíochtaí maoirseachta. Déanfaidh an tÚdarás measúnú ar na hiarrataí sin agus soláthróidh sé an fhaisnéis a iarrann na |

| | |
|---|---|
| neamh-AML ar bhonn riachtanas eolais agus rúnda agus go tráthúil. Déanfaidh an tÚdarás an t-údarás, a sholáthair an fhaisnéis a iarradh ar dtús, a chur ar an eolas faoi chéannacht an údaráis mhaoirseachta iarrthaigh nó an údaráis eile, céannacht eintitis faoi oibleagáid lena mbaineann, an chúis atá leis an iarraidh ar fhaisnéis chomh maith le cibé acu a soláthraíodh nó nár soláthraíodh an fhaisnéis don údarás iarrthach. | húdaráis mhaoirseachta nó na húdaráis neamh-AML ar bhonn riachtanas eolais agus rúnda agus go tráthúil. Déanfaidh an tÚdarás an t-údarás, a sholáthair an fhaisnéis a iarradh ar dtús, a chur ar an eolas faoi chéannacht an údaráis mhaoirseachta iarrthaigh nó an údaráis eile, céannacht eintitis faoi oibleagáid lena mbaineann, an chúis atá leis an iarraidh ar fhaisnéis chomh maith le cibé acu a soláthraíodh nó nár soláthraíodh an fhaisnéis don údarás iarrthach. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) cuideachtaí atá i mbun criptea-sócmhainní a eisiúint, a thrádáil nó a dháileadh nó a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann le criptea-sócmhainní san Aontas;*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i leith riosca a bhaineann le custaiméir: an líon custaiméirí neamhchónaitheacha, láithreacht agus líon na gcustaiméirí atá sainaitheanta mar dhaoine atá faoi riteacht pholaitiúil (‘PEPanna’); | (a) i leith riosca a bhaineann le custaiméir: an líon custaiméirí neamhchónaitheacha, láithreacht agus líon na gcustaiméirí atá sainaitheanta mar dhaoine atá faoi riteacht pholaitiúil (‘PEPanna’)***, agus sciar thairbhithe chistí an Aontais, lena n-áirítear tairbhithe deiridh***; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir leis na daoine dá dtagraítear i mír 1 nó a n-ionadaithe agus, i gcás daoine dlítheanacha nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, déanfaidh na daoine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann de réir dlí nó de réir a mbunreachta an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar. Féadfaidh dlíodóirí arna n-údarú go cuí chun gníomhú an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a gcuid cliant. Leanfaidh na cliaint sin de bheith freagrach go hiomlán má tá an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, mícheart nó míthreorach. | 2. Maidir leis na daoine dá dtagraítear i mír 1 nó a n-ionadaithe agus, i gcás daoine dlítheanacha nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, déanfaidh na daoine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann de réir dlí nó de réir a mbunreachta***, gan moill mhíchuí, comhoibriú leis*** an ***Údarás agus an*** fhaisnéis a iarrtar a sholáthar. Féadfaidh dlíodóirí arna n-údarú go cuí chun gníomhú an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a gcuid cliant. Leanfaidh na cliaint sin de bheith freagrach go hiomlán má tá an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, mícheart nó míthreorach. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh, féadfaidh an tÚdarás na himscrúduithe uile is gá a dhéanamh ar aon eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá fostaithe ag eintiteas roghnaithe faoi seach nó a bhaineann leis sin nó atá bunaithe nó lonnaithe i mBallstát. | 1. Chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh, féadfaidh an tÚdarás na himscrúduithe uile is gá a dhéanamh ar aon eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid***, aon eintiteas den ghrúpa céanna ina bhfuil an t-eintiteas faoi oibleagáid roghnaithe,*** nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá fostaithe ag eintiteas roghnaithe faoi seach nó a bhaineann leis sin nó atá bunaithe nó lonnaithe i mBallstát. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Déanfaidh an tÚdarás ábhair i gcomhair ionchúiseamh coiriúil a tharchur | 8. Déanfaidh an tÚdarás ábhair i gcomhair ionchúiseamh coiriúil a tharchur |

| | |
|---|---|
| chuig na húdaráis náisiúnta ábhartha i gcás ina n-aimseoidh sé, agus a dhualgais faoin Rialachán seo á ndéanamh aige, comharthaí tromchúiseacha gur féidir gurb ann d'fhíorais a léireodh cionta coiriúla. Ina theannta sin, staonfaidh an tÚdarás ó phionóis airgid riaracháin nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur más rud é, maidir le héigiontú nó le ciontú roimhe sin a éiríonn as fíorais chomhionanna nó as fíorais atá comhionann lena chéile go substaintiúil, go bhfuil feidhm res judicata bainte amach aige mar thoradh ar imeachtaí coiriúla faoin dlí náisiúnta. | chuig na húdaráis náisiúnta ábhartha ***nó, nuair is ábhartha, chuig OIPE,*** i gcás ina n-aimseoidh sé, agus a dhualgais faoin Rialachán seo á ndéanamh aige, comharthaí tromchúiseacha gur féidir gurb ann d'fhíorais a léireodh cionta coiriúla. Ina theannta sin, staonfaidh an tÚdarás ó phionóis airgid riaracháin nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur más rud é, maidir le héigiontú nó le ciontú roimhe sin a éiríonn as fíorais chomhionanna nó as fíorais atá comhionann lena chéile go substaintiúil, go bhfuil feidhm res judicata bainte amach aige mar thoradh ar imeachtaí coiriúla faoin dlí náisiúnta. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an tÚdarás measúnuithe tréimhsiúla ar chuid de na gníomhaíochtaí nó orthu go léir de chuid maoirseora airgeadais amháin, roinnt maoirseoirí airgeadais, nó díobh go léir; lena n-áirítear an measúnú ar a n-uirlisí agus acmhainní le caighdeáin agus cleachtais mhaoirseachta ardleibhéil a áirithiú. Áireofar sna measúnuithe athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na modheolaíochta maoirseachta AML/CFT a forbraíodh de bhun Airteagal 8, agus clúdófar leo na maoirseoirí airgeadais uile laistigh de thimthriall measúnuithe amháin. Déanfaidh an tÚdarás fad gach timthrialla measúnaithe a chinneadh, agus ní rachaidh sé thar 7 mbliana. | 1. Déanfaidh an tÚdarás measúnuithe tréimhsiúla ar chuid de na gníomhaíochtaí nó orthu go léir de chuid maoirseora airgeadais amháin, roinnt maoirseoirí airgeadais, nó díobh go léir; lena n-áirítear an measúnú ar a n-uirlisí agus acmhainní le caighdeáin agus cleachtais mhaoirseachta ardleibhéil a áirithiú. Áireofar sna measúnuithe athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na modheolaíochta maoirseachta AML/CFT a forbraíodh de bhun Airteagal 8, agus clúdófar leo na maoirseoirí airgeadais uile laistigh de thimthriall measúnuithe amháin. ***Féadfar maoirseoir airgeadais a chumhdach níos mó ná uair amháin in aon timthriall measúnaithe amháin.*** Déanfaidh an tÚdarás fad gach timthrialla measúnaithe a chinneadh, agus ní rachaidh sé thar 7 mbliana. |

*Réasúnú*

*Maidir le maoirseoirí airgeadais a bhfuil riosca speisialta ag baint leo, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh meastóireachtaí a dhéanamh ar an timthriall measúnaithe céanna.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh maoirseoirí airgeadais a ndícheall na bearta leantacha sonracha a dhírítear chucu mar thoradh ar an measúnú a chomhlíonadh. | 4. Déanfaidh maoirseoirí airgeadais a ndícheall na bearta leantacha sonracha a dhírítear chucu mar thoradh ar an measúnú a chomhlíonadh ***agus cuirfidh siad tuairisc ar fáil don Údarás ar chur chun feidhme na mbeart leantach***. ***Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil leantach ar fáil 2 bhliain tar éis dháta foilsithe an mheasúnaithe. Cuimseofar sa tuarascáil leantach measúnú ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a rinne na maoirseoirí neamhairgeadais a bhí faoi réir an mheasúnaithe. Déanfaidh an tÚdarás torthaí na tuarascála leantaí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá le bearta leantacha an Údaráis chun maoirseacht leordhóthanach a áirithiú. Thairis sin, is féidir le trédhearcacht fheabhsaithe rannchuidiú le cur chuige comhtháite a áirithiú sna Ballstáit éagsúla.*

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***cúnamh a thabhairt le heagrú*** cruinnithe coláiste, i gcás ina n-iarrfaidh na maoirseoirí airgeadais ábhartha amhlaidh; | (b) cruinnithe coláiste ***a eagrú***, i gcás ina n-iarrfaidh na maoirseoirí airgeadais ábhartha amhlaidh; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (c) ***cúnamh le heagrú*** comhphleananna maoirseachta agus comhscrúduithe; | (c) comhphleananna maoirseachta agus comhscrúduithe ***a eagrú***; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críocha mhír 1, beidh cearta rannpháirtíochta iomlána ag baill foirne an Údaráis sna coláistí maoirseachta AML, agus beidh siad in ann páirt a ghlacadh ina ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear cigireachtaí ar an láthair***, gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích go comhpháirteach ag beirt mhaoirseoirí airgeadais nó níos mó***. | 2. Chun críocha mhír 1, beidh cearta rannpháirtíochta iomlána ag baill foirne an Údaráis sna coláistí maoirseachta AML, agus beidh siad in ann páirt a ghlacadh ina ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear cigireachtaí ar an láthair. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh an tÚdarás torthaí an athbhreithnithe piaraí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, agus tuairim a chur faoi bhráid an Choimisiúin más rud é, ag féachaint do thoradh an athbhreithnithe piaraí nó d'aon fhaisnéis eile a fuair an tÚdarás agus a chúraimí á ndéanamh aige, go mbreithníonn sé gur ghá rialacha an Aontais is infheidhme maidir le heintitis faoi oibleagáid san earnáil neamhairgeadais nó maidir le maoirseoirí neamhairgeadais a chomhchuibhiú a thuilleadh ó thaobh an Aontais de. | 5. Déanfaidh an tÚdarás torthaí an athbhreithnithe piaraí***, mar aon le haon treoirlínte agus moltaí dá dtagraítear i mír 4,*** a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, agus tuairim a chur faoi bhráid an Choimisiúin más rud é, ag féachaint do thoradh an athbhreithnithe piaraí nó d'aon fhaisnéis eile a fuair an tÚdarás agus a chúraimí á ndéanamh aige, go mbreithníonn sé gur ghá rialacha an Aontais is infheidhme maidir le heintitis faoi oibleagáid san earnáil neamhairgeadais nó maidir le maoirseoirí neamhairgeadais a chomhchuibhiú a thuilleadh ó thaobh an Aontais de. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ar iarraidh ó údarás maoirseachta amháin nó níos mó san earnáil airgeadais, nó ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, nó dá thionscnamh féin, lena n-áirítear nuair a bheidh an fhaisnéis sin bunaithe ar fhaisnéis a bhfuil bunús maith léi ó dhaoine nádúrtha nó ó dhaoine dlítheanacha, agus tar éis dó an t-údarás maoirseachta san earnáil airgeadais lena mbaineann a chur ar an eolas, tabharfaidh an tÚdarás achoimre ar a bhfuil ar intinn aige chun leanúint ar aghaidh leis an gcás, agus, i gcás inarb iomchuí, imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhnaithe ar dhlí an Aontais nó ar an líomhain nár cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm. | 2. Ar iarraidh ó údarás maoirseachta amháin nó níos mó san earnáil airgeadais, nó ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, nó dá thionscnamh féin, lena n-áirítear nuair a bheidh an fhaisnéis sin bunaithe ar fhaisnéis a bhfuil bunús maith léi ó dhaoine nádúrtha nó ó dhaoine dlítheanacha, agus tar éis dó an t-údarás maoirseachta san earnáil airgeadais lena mbaineann a chur ar an eolas, tabharfaidh an tÚdarás achoimre ar a bhfuil ar intinn aige chun leanúint ar aghaidh leis an gcás, agus, i gcás inarb iomchuí, imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhnaithe ar dhlí an Aontais nó ar an líomhain nár cuireadh dlí an Aontais i bhfeidhm. ***A mhéid is féidir, coinneoidh an tÚdarás an t-údarás maoirseachta san earnáil neamhairgeadais lena mbaineann ar an eolas faoi dhul chun cinn na n-imscrúduithe sin.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás, de bhun Airteagal 25 de [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM (2021)423], ina n-aithníonn AFA de chuid Ballstáit gá féideartha chun anailís chomhpháirteach a dhéanamh le AFA amháin nó le roinnt AFAnna i mBallstáit eile, fógróidh sé an méid sin don Údarás. Cuirfidh an tÚdarás na AFAnna sna Ballstáit ábhartha uile ar an eolas, agus tabharfaidh sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach | 1. I gcás, de bhun Airteagal 25 de [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an chéad uimhir eile leis an AMLD, COM (2021)423], ina n-aithníonn AFA de chuid Ballstáit gá féideartha chun anailís chomhpháirteach a dhéanamh le AFA amháin nó le roinnt AFAnna i mBallstáit eile, fógróidh sé an méid sin don Údarás. Cuirfidh an tÚdarás na AFAnna sna Ballstáit ábhartha uile ar an eolas, agus tabharfaidh sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach |

| | |
|---|---|
| laistigh de 5 lá ón bhfógra tosaigh. Chuige sin, úsáidfidh an tÚdarás bealaí cumarsáide daingnithe. Breithneoidh na AFAnna sna Ballstáit ábhartha uile páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach. Áiritheoidh an tÚdarás go seolfar an anailís chomhpháirteach laistigh de 20 lá ón bhfógra tosaigh. | laistigh de 5 lá ón bhfógra tosaigh. Chuige sin, úsáidfidh an tÚdarás bealaí cumarsáide daingnithe. Breithneoidh na AFAnna sna Ballstáit ábhartha uile páirt a ghlacadh san anailís chomhpháirteach. Áiritheoidh an tÚdarás go seolfar an anailís chomhpháirteach laistigh de 20 lá ón bhfógra tosaigh. ***Féadfaidh an tÚdarás, ar a thionscnamh féin, réimsí ina bhféadfaí anailís chomhpháirteach a dhéanamh a mholadh do na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Ar thoiliú sainráite na AFAnna a ghlacann rannpháirt san anailís chomhpháirteach,*** tabharfar rochtain do ***bhaill*** foirne an Údaráis ***a thacaíonn leis an anailís chomhpháirteach*** ar na sonraí uile a bhaineann le hábhar na hanailíse comhpháirtí, agus beidh siad in ann na sonraí sin a phróiseáil. | 3. Tabharfar rochtain do ***na baill*** foirne ***de chuid*** an Údaráis ***atá ag eagrú na hanailíse comhpháirtí*** ar na sonraí uile a bhaineann le hábhar na hanailíse comhpháirtí, agus beidh siad in ann na sonraí sin a phróiseáil. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Soláthróidh an tÚdarás na huirlisí riachtanacha go léir agus an tacaíocht oibriúcháin is gá chun an anailís chomhpháirteach ar leith a dhéanamh, i gcomhréir leis na modhanna agus nósanna imeachta atá forbartha. Bunóidh an tÚdarás go háirithe bealach cumarsáide saintiomanta daingnithe do chur i gcrích na hanailíse comhpháirtí, agus soláthróidh sé an comhordú teicniúil iomchuí, lena n-áirítear tacaíocht TF, tacaíocht bhuiséadach | 4. Soláthróidh an tÚdarás na huirlisí riachtanacha go léir agus an tacaíocht oibriúcháin is gá chun an anailís chomhpháirteach ar leith a dhéanamh, i gcomhréir leis na modhanna agus nósanna imeachta atá forbartha. Bunóidh an tÚdarás go háirithe bealach cumarsáide saintiomanta daingnithe do chur i gcrích na hanailíse comhpháirtí, agus soláthróidh sé an comhordú teicniúil iomchuí, lena n-áirítear tacaíocht TF, tacaíocht bhuiséadach |

| | |
|---|---|
| agus lóistíochta. | agus lóistíochta. ***Féadfaidh an tÚdarás tacaíocht a iarraidh ar OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE, de réir mar is gá, agus ar aon institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ar bhonn an aiseolais dá dtagraítear i mír 2, nó ar a thionscnamh féin, ***féadfaidh*** an tÚdarás tuarascálacha leantacha a eisiúint i ndáil le déanamh na n-anailísí comhpháirteacha, lena n-áirítear moltaí sonracha i leith coigeartuithe maidir leis na modhanna do dhéanamh na n-anailísí comhpháirteacha, agus maidir le torthaí na n-anailísí comhpháirteacha. Comhroinnfear gnéithe nós imeachta agus oibríochtúla na tuarascála leantaí leis na AFAnna go léir, gan faisnéis rúnda nó shrianta faoin gcás a nochtadh. Comhroinnfear conclúidí agus moltaí i ndáil le déanamh na n-anailísí comhpháirteacha leis na AFAnna a bhí rannpháirteach sna hanailísí comhpháirteacha ábhartha, agus le gach uile AFA eile sa mhéid nach bhfuil faisnéis rúnda ná shrianta sna conclúidí sin. | 3. Ar bhonn an aiseolais dá dtagraítear i mír 2, nó ar a thionscnamh féin, ***déanfaidh*** an tÚdarás tuarascálacha leantacha a eisiúint i ndáil le déanamh na n-anailísí comhpháirteacha, lena n-áirítear moltaí sonracha i leith coigeartuithe maidir leis na modhanna do dhéanamh na n-anailísí comhpháirteacha, agus maidir le torthaí na n-anailísí comhpháirteacha. Comhroinnfear gnéithe nós imeachta agus oibríochtúla na tuarascála leantaí leis na AFAnna go léir, gan faisnéis rúnda nó shrianta faoin gcás a nochtadh. Comhroinnfear conclúidí agus moltaí i ndáil le déanamh na n-anailísí comhpháirteacha leis na AFAnna a bhí rannpháirteach sna hanailísí comhpháirteacha ábhartha, agus le gach uile AFA eile sa mhéid nach bhfuil faisnéis rúnda ná shrianta sna conclúidí sin. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Féadfaidh*** AFA gach Ballstáit ball foirne amháin a tharmligean chuig an Údarás. Is ag suíomh an Údaráis a bheidh gnáthláthair oibre an toscaire AFA náisiúnta. | 1. ***Déanfaidh*** AFA gach Ballstáit ball foirne amháin a tharmligean chuig an Údarás. Is ag suíomh an Údaráis a bheidh gnáthláthair oibre an toscaire AFA náisiúnta. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) malartuithe pearsanra agus scéimeanna iasachta foirne, lena n-áirítear iasacht bhaill foirne AFA ó Bhallstát chuig an Údarás; | (b) malartuithe pearsanra agus scéimeanna iasachta foirne, lena n-áirítear iasacht bhaill foirne AFA ó Bhallstát chuig an Údarás ***agus baill foirne ón Údarás chuig AFAnna náisiúnta***; |

*Réasúnú*

*Trí fhoireann an Údaráis a thabhairt ar iasacht do na Ballstáit, d'fhéadfaí cur le forbairt comhthuiscintí agus saineolais sna Ballstáit uile.*

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh aon AFA iarraidh ar chúnamh a chur faoi bhráid an Údaráis i ndáil le cúraimí an AFA, ina sonraítear an cineál cúnaimh is féidir le baill foirne an Údaráis, baill foirne de AFA amháin nó níos mó, nó meascán díobh sin, a sholáthar. Áiritheoidh an AFA a iarrann cúnamh rochtain ar aon fhaisnéis agus sonraí is gá do sholáthar an chúnaimh sin. Coimeádfaidh an tÚdarás faisnéis, agus nuashonróidh sé an fhaisnéis sin go rialta, faoi sainréimsí saineolais agus cumais na AFAnna chun cúnamh frithpháirteach a sholáthar. | 2. Féadfaidh aon AFA iarraidh ar chúnamh a chur faoi bhráid an Údaráis i ndáil le cúraimí an AFA, ina sonraítear an cineál cúnaimh is féidir le baill foirne an Údaráis, baill foirne de AFA amháin nó níos mó, nó meascán díobh sin, a sholáthar. Áiritheoidh an AFA a iarrann cúnamh rochtain ar aon fhaisnéis agus sonraí is gá do sholáthar an chúnaimh sin. Coimeádfaidh an tÚdarás faisnéis, agus nuashonróidh sé an fhaisnéis sin go rialta, faoi sainréimsí saineolais agus cumais na AFAnna chun cúnamh frithpháirteach a sholáthar. ***Féadfaidh an tÚdarás freisin, ar a thionscnamh féin, cúnamh a mholadh d'aon AFA.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh an tÚdarás feidhmiú gan bhriseadh FIU.net, agus coinneoidh sé cothrom le dáta é. De réir mar is gá chun tacú le malartú faisnéise agus comhar idir na AFAnna nó chun iad a neartú, agus bunaithe ar éilimh na AFAnna, dearfaidh agus cuirfidh an tÚdarás chun feidhme, nó cuirfidh sé ar fáil ar shlí eile, feidhmiúlachtaí uasghrádaithe nó breise FIU.net. | 2. Áiritheoidh an tÚdarás feidhmiú gan bhriseadh FIU.net, agus coinneoidh sé cothrom le dáta é. De réir mar is gá chun tacú le malartú faisnéise agus comhar idir na AFAnna nó chun iad a neartú, agus bunaithe ar éilimh na AFAnna, dearfaidh agus cuirfidh an tÚdarás chun feidhme, nó cuirfidh sé ar fáil ar shlí eile, feidhmiúlachtaí uasghrádaithe nó breise FIU.net. ***Áiritheoidh an tÚdarás go bhfanfaidh FIU.net ina líonra díláraithe ríomhaire.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhordú, bainistíocht agus tacaíocht d'aon ghníomhaíocht tástála; | (b) ***eagrú,*** comhordú, bainistíocht agus tacaíocht d'aon ghníomhaíocht tástála; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Chun críocha na cúraimí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a chur i gcrích, ***tabharfar an chumhacht don*** Údarás ***conarthaí nó comhaontuithe a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de a thabhairt i gcrích nó a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse tríú páirtí***. | 4. Chun críocha na cúraimí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a chur i gcrích, ***beidh an fhoireann thiomanta is gá ag an*** Údarás ***chun feidhmiú agus slándáil FIU.net a áirithiú.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sula ***dtíolacfaidh*** an tÚdarás ***don*** | Sula ***gcuirfidh sé na dréachtchaighdeáin*** |

| | |
|---|---|
| ***Choimisiún iad, seolfaidh sé*** comhairliúcháin oscailte ***phoiblí maidir leis*** na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na ***tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leo, mura rud é go mbeidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin an-díréireach i dtaca le raon feidhme agus le tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil rialála lena mbaineann nó leis an bpráinn faoi leith atá ag baint leis an ábhar***. | ***chuig*** an ***gCoimisiún, seolfaidh an*** tÚdarás comhairliúcháin ***phoiblí*** oscailte ***faoi*** na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na ***sochair a bhainfeadh leo***. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Seolfaidh an Coimisiún comhairliúcháin oscailte phoiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith leo***, mura rud é go mbeidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin díréireach le raon feidhme agus le tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil rialála lena mbaineann nó leis an bpráinn faoi leith atá ag baint leis an ábhar***. | Seolfaidh an Coimisiún comhairliúcháin oscailte phoiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith leo. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle, laistigh de mhí ***amháin*** ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 1, a iarraidh ar an gCoimisinéir freagrach, mar aon le Cathaoirleach an Údaráis, teacht chuig cruinniú ad hoc le coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa nó leis an | 2. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle, laistigh de ***3*** mhí ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 1, a iarraidh ar an gCoimisinéir freagrach, mar aon le Cathaoirleach an Údaráis, teacht chuig cruinniú ad hoc le coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa nó leis an |

| | |
|---|---|
| gComhairle chun a gcuid easaontas a chur i láthair agus a mhíniú. | gComhairle chun a gcuid easaontas a chur i láthair agus a mhíniú. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sula gcuirfidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin, seolfaidh ***sé*** comhairliúcháin oscailte phoiblí ***maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla***, agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'***fhéadfaí a bhaint astu, mura rud é go mbeidh na comhairliúcháin agus na hanailísí sin an-díréireach le raon feidhme agus le tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme lena mbaineann nó leis an bpráinn faoi leith atá ag baint leis an ábhar***. | Sula gcuirfidh an tÚdarás dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin, seolfaidh ***an tÚdarás*** comhairliúcháin oscailte phoiblí, agus déanfaidh sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'***fhéadfadh a bheith leo***. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. D'fhonn cleachtais mhaoirseachta agus cleachtais a bhaineann le AFA atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach, agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm ar shlí choiteann, aonfhoirmeach, agus chomhsheasmhach, eiseoidh an tÚdarás treoirlínte a bheidh dírithe ar na húdaráis mhaoirseachta uile, ar AFAnna, nó ar gach eintiteas faoi oibleagáid agus eiseoidh sé moltaí chuig údarás maoirseachta amháin nó níos mó nó chuig eintiteas faoi oibleagáid amháin nó níos mó. | 1. D'fhonn cleachtais mhaoirseachta agus cleachtais a bhaineann le AFA atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach, agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm ar shlí choiteann, aonfhoirmeach, agus chomhsheasmhach, eiseoidh an tÚdarás treoirlínte a bheidh dírithe ar na húdaráis mhaoirseachta uile, ar AFAnna, nó ar gach eintiteas faoi oibleagáid agus eiseoidh sé moltaí chuig údarás maoirseachta amháin nó níos mó nó chuig eintiteas faoi oibleagáid amháin nó níos mó. ***Oibreoidh an tÚdarás go dlúth le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais atá mar*** |

***chuid de chreat AML/CFT chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun forluí a sheachaint.***

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach gcomhlíonann údarás maoirseachta an treoirlíne nó an moladh sin, nó nach mbeartaíonn údarás inniúil an treoirlíne nó an moladh sin a chomhlíonadh, foilseoidh an tÚdarás an méid sin. ***Féadfaidh*** an tÚdarás a chinneadh freisin, ar bhonn cás ar chás, na cúiseanna a sholáthraíonn an t-údarás maoirseachta i leith neamhchomhlíonadh na treoirlíne nó an mholta sin a fhoilsiú. Cuirfear réamhfhógra chuig an údarás maoirseachta maidir le foilsiú den sórt sin. | I gcás nach gcomhlíonann údarás maoirseachta an treoirlíne nó an moladh sin, nó nach mbeartaíonn údarás inniúil an treoirlíne nó an moladh sin a chomhlíonadh, foilseoidh an tÚdarás an méid sin. ***Déanfaidh*** an tÚdarás a chinneadh freisin, ar bhonn cás ar chás, na cúiseanna a sholáthraíonn an t-údarás maoirseachta i leith neamhchomhlíonadh na treoirlíne nó an mholta sin a fhoilsiú. Cuirfear réamhfhógra chuig an údarás maoirseachta maidir le foilsiú den sórt sin. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Má cheanglaítear amhlaidh leis an treoirlíne nó leis an moladh sin,*** déanfaidh na heintitis faoi oibleagáid tuairisciú, ar shlí shoiléir mhionsonraithe, cé acu a chomhlíonann siad an treoirlíne nó an moladh sin, nó nach gcomhlíonann. | Déanfaidh na heintitis faoi oibleagáid tuairisciú, ar shlí shoiléir mhionsonraithe, cé acu a chomhlíonann siad an treoirlíne nó an moladh sin, nó nach gcomhlíonann. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Sa tuarascáil ar chur chun feidhme a chuid cúraimí dá dtagraítear in Airteagal*** |

***72(2), déanfaidh an tÚdarás Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na treoirlínte agus na moltaí a bheidh eisithe aige, luafaidh sé na húdaráis náisiúnta nár chomhlíon iad agus tabharfaidh sé breac-chuntas ar an gcaoi a mbeartaíonn sé a áirithiú go gcomhlíonfar a chuid moltaí agus treoirlínte sa todhchaí.***

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh*** an tÚdarás, arna iarraidh sin ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún comhairle theicniúil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún sna réimsí a leagtar amach sna gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2). | 3. ***Déanfaidh*** an tÚdarás, arna iarraidh sin ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún comhairle theicniúil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún sna réimsí a leagtar amach sna gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2). |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh an Bord Ginearálta cinneadh a dhéanamh breathnóirí a ghlacadh isteach. Glacfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA isteach mar ***bhreathnóir go háirithe ionadaí*** ó OLAF, Europol, Eurojust agus ***EPPO chuig cruinnithe nuair a thagann ábhair faoina sainorduithe faoi seach***. Glacfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta isteach ionadaí arna ainmniú ag Bord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus ionadaithe ó gach ceann de na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, nuair a phléitear ábhair laistigh de raon | 4. Féadfaidh an Bord Ginearálta cinneadh a dhéanamh breathnóirí a ghlacadh isteach. Glacfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh AFA isteach mar ***bhreathnóirí ionadaithe*** ó OLAF, Europol, Eurojust agus ***OIPE ag a chruinnithe má iarrann na comhlachtaí sin amhlaidh***. Glacfaidh an Bord Ginearálta i gcomhdhéanamh maoirseachta isteach ionadaí arna ainmniú ag Bord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus ionadaithe ó gach ceann de na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, nuair a phléitear ábhair laistigh de raon |

feidhme a sainorduithe faoi seach. | feidhme a sainorduithe faoi seach.

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Nuair a bheidh na cúraimí a thugtar dóibh faoin Rialachán seo á ndéanamh acu, gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Ghinearálta sa dá chomhdhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 46(2) pointí (a) agus (b) agus (3) pointí (a) agus (b) go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leasa an Aontais ina iomláine, agus chun an leasa sin amháin; agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht príobháideach nó poiblí eile. | 1. Nuair a bheidh na cúraimí a thugtar dóibh faoin Rialachán seo á ndéanamh acu, gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Ghinearálta sa dá chomhdhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 46(2) pointí (a) agus (b) agus (3) pointí (a) agus (b) go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leasa an Aontais ina iomláine, agus chun an leasa sin amháin; agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó institiúidí, comhlachtaí, ***maoirseoirí náisiúnta,*** oifigí ná gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht príobháideach nó poiblí eile. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, institiúidí, gníomhaireachtaí, oifigí ná comhlachtaí an Aontais, ***agus*** aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile, iarracht tionchar a imirt ar chomhaltaí an Bhoird Ghinearálta i leith chomhlíonadh a gcúraimí. | 2. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, institiúidí, gníomhaireachtaí, oifigí ná comhlachtaí an Aontais, ***ná maoirseoirí náisiúnta, ná*** aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile, iarracht tionchar a imirt ar chomhaltaí an Bhoird Ghinearálta i leith chomhlíonadh a gcúraimí. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 3. Leagfaidh an Bord Ginearálta síos, ina Rialacha Nós Imeachta, na socruithe praiticiúla maidir leis na socruithe praiticiúla chun coinbhleacht leasa a chosc agus a bhainistiú. | 3. Leagfaidh an Bord Ginearálta síos, ina Rialacha Nós Imeachta, na socruithe praiticiúla maidir leis na socruithe praiticiúla chun coinbhleacht leasa a chosc agus a bhainistiú ***ionas go n-áiritheofar cumas an Údaráis maoirseacht ardcháilíochta a dhéanamh, imscrúduithe a thionscain agus smachtbhannaí riaracháin airgid ar fud an Aontais, mar a shonraítear in Airteagal 21 agus 22***. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Roghnófar cúigear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ceapfaidh an Bord Ginearálta iad bunaithe ar ***an ngearrliosta*** arna dhréachtú ag an gCoimisiún. Léireoidh an roghnúchán urraim do phrionsabail na taithí, na cáilíochta, ***agus, sa mhéid is féidir,*** na cothromaíochta inscne agus na cothromaíochta geografaí. | 3. Roghnófar cúigear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ceapfaidh an Bord Ginearálta iad bunaithe ar ***ghearrliosta a bheidh cothrom ó thaobh inscne de*** arna dhréachtú ag an gCoimisiún ***tar éis do Pharlaimint na hEorpa éisteacht agus nós imeachta formheas a reáchtáil***. Léireoidh an roghnúchán urraim do phrionsabail na taithí, na cáilíochta, na cothromaíochta inscne agus na cothromaíochta geografaí. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 7 – an fhoclaíocht réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Le linn tréimhse ***aon*** bhliain ***amháin*** tar éis ***éirí as*** oifig, ***cuirtear cosc ar iarchomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Údaráis, a bheith páirteach i ngníomhaíocht*** ghairme shochrach le | 7. Le linn tréimhse ***bliana do chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus dhá*** bhliain ***do Chathaoirleach an Údaráis*** tar éis ***dóibh scor d'***oifig ***a shealbhú***, ***toirmisctear ar na hiarchomhaltaí agus ar an gCathaoirleach gabháil do ghníomhaíocht*** ghairme shochrach le***:*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Roghnófar Cathaoirleach an Údaráis ar bhonn tuillteanais, scileanna, eolais, seasaimh aitheanta agus taithí i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus an chomhraic in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta agus cáilíochta ábhartha eile, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Tarraingeoidh an Coimisiún gearrliosta suas ina mbeidh beirt iarrthóirí cáilithe do phost Chathaoirleach an Údaráis. Glacfaidh an Chomhairle, tar éis ***fhormheas*** Pharlaimint na hEorpa, cinneadh cur chun feidhme chun Cathaoirleach an Údaráis a cheapadh. | 1. Roghnófar Cathaoirleach an Údaráis ar bhonn tuillteanais, scileanna, eolais, seasaimh aitheanta agus taithí i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus an chomhraic in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta agus cáilíochta ábhartha eile, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte ***lena léireofar urraim do phrionsabail na cothromaíochta inscne agus*** a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Tarraingeoidh an Coimisiún gearrliosta suas ***a bheidh cothrom ó thaobh inscne de*** ina mbeidh beirt iarrthóirí cáilithe do phost Chathaoirleach an Údaráis. Glacfaidh an Chomhairle, tar éis ***éisteacht agus nós imeacht formheasa*** Pharlaimint na hEorpa, cinneadh cur chun feidhme chun Cathaoirleach an Údaráis a cheapadh. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás nach gcomhlíonfaidh Cathaoirleach an Údaráis a thuilleadh na coinníollacha a cheanglaítear chun a chuid dualgas a fheidhmiú nó i gcás go bhfuarthas ciontach é i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón mBord Ginearálta i gceachtar den dá chomhdhéanamh, cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh chun Cathaoirleach an Údaráis a chur as oifig. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe. | 2. I gcás nach gcomhlíonfaidh Cathaoirleach an Údaráis a thuilleadh na coinníollacha a cheanglaítear chun a chuid dualgas a fheidhmiú nó i gcás go bhfuarthas ciontach é i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón mBord Ginearálta i gceachtar den dá chomhdhéanamh, ***agus tar éis fhormheas Pharlaimint an hEorpa,*** cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh chun Cathaoirleach an Údaráis a chur as oifig. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Roghnófar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar fhorais an tuillteanais agus scileanna ardleibhéil doiciméadaithe riaracháin, buiséadacha agus bainistíochta, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus, i gcás inarb iomchuí, ar shuíomhanna eile preasa agus idirlín. Ullmhóidh an Coimisiún gearrliosta ina mbeidh beirt iarrthóirí atá cáilithe don phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Is é an Bord Feidhmiúcháin a cheapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. | 4. Roghnófar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar fhorais an tuillteanais agus scileanna ardleibhéil doiciméadaithe riaracháin, buiséadacha agus bainistíochta, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte ***lena léireofar urraim do phrionsabail na cothromaíochta inscne agus*** a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, agus, i gcás inarb iomchuí, ar shuíomhanna eile preasa agus idirlín. Ullmhóidh an Coimisiún gearrliosta ***a bheidh cothrom ó thaobh inscne de*** ina mbeidh beirt iarrthóirí atá cáilithe don phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin***, a chuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa le formheas***. Is é an Bord Feidhmiúcháin a cheapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ***ón ngearrliosta formheasta***. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ar thogra ón gCoimisiún. | Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur as oifig ar thogra ón gCoimisiún ***nó ó Pharlaimint na hEorpa***. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 59 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gceannas ar bhainistiú laethúil an Údaráis, agus is é a bheidh d'aidhm aige cothromaíocht inscne a áirithiú laistigh den Údarás. Go háirithe, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an méid seo a | 1. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gceannas ar bhainistiú laethúil an Údaráis, agus is é a bheidh d'aidhm aige cothromaíocht inscne a áirithiú laistigh den Údarás ***ag gach leibhéal foirne***. Go háirithe, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin |

leanas:

freagrach as an méid seo a leanas:

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 68 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ***ar*** iarraidh ***ó*** Pharlaimint na hEorpa, aon fhaisnéis is gá ***faoina bráid*** chun an nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil ***do bhliain airgeadais N***, i gcomhréir le hAirteagal 261(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. | 7. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ***arna*** iarraidh ***sin do*** Pharlaimint na hEorpa, aon fhaisnéis is gá chun an nós imeachta urscaoilte a chur i bhfeidhm go rianúil ***faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa***, i gcomhréir le hAirteagal 261(3) de Rialachán (AE, Euratom) ***Uimh.*** 2018/1046. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 68 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N + 2 i dtaca le cur chun feidhme an bhuiséid do bhliain N. | 8. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, ***breithniú ar cibé*** urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N + 2 i dtaca le cur chun feidhme an bhuiséid do bhliain N. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 68 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Faoin 1 Deireadh Fómhair gach bliain, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faisnéis leantach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa a thabharfaidh aghaidh ar na príomh-mholtaí a rinneadh sa chinneadh maidir*** |

| | |
|---|---|
| | ***le hurscaoileadh a glacadh níos luaithe an bhliain sin.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 70 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Aontóidh*** an tÚdarás don Chomhaontú Idirinstitiúideach a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha ag OLAF agus ***glacfaidh*** sé forálacha iomchuí láithreach maidir le foireann uile an Údaráis. | 2. ***Faoi dheireadh 2024, beidh*** an tÚdarás don Chomhaontú Idirinstitiúideach ***tar éis aontú leis an gComhaontú Idirinstitiúideach*** a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha ag OLAF agus ***beidh*** sé ***tar éis*** forálacha iomchuí ***a ghlacadh go*** láithreach maidir le foireann uile an Údaráis. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 72 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil maidir le cur i gcrích na gcúraimí a thugtar dó faoin Rialachán seo, lena n-áirítear faisnéis faoin athrú atá beartaithe a chur ar struchtúr agus ar mhéid na dtáillí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 66, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa go poiblí. | 2. Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil maidir le cur i gcrích na gcúraimí a thugtar dó faoin Rialachán seo, lena n-áirítear faisnéis faoin athrú atá beartaithe a chur ar struchtúr agus ar mhéid na dtáillí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 66, ***agus freisin maidir leis na treoirlínte agus na moltaí a bheidh eisithe aige i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 43,*** faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa go poiblí. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 72 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfaidh an tÚdarás freagra ó bhéal nó freagra i scríbhinn ar aon ***cheist*** a chuirfidh Parlaimint na hEorpa air. | 4. Tabharfaidh an tÚdarás freagra ó bhéal nó freagra i scríbhinn ar aon ***cheisteanna*** a chuirfidh Parlaimint na hEorpa air***, a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 5 seachtaine tar éis don Údarás fógra a fháil maidir leo***. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 75 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Chun críocha na cúraimí arna mbronnadh air leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, údarófar an tÚdarás, laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach sna gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), faisnéis a mhalartú le húdaráis nó comhlachtaí náisiúnta nó de chuid an Aontais ***i gcásanna ina gceadaíonn na gníomhartha sin do mhaoirseoirí airgeadais faisnéis a nochtadh leis na heintitis sin nó i gcás ina ndéanann Ballstáit foráil maidir lena a leithéid de nochtadh faoi dhlí ábhartha an Aontais***. | 3. Chun críocha na cúraimí arna mbronnadh air leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, údarófar an tÚdarás, laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach sna gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), faisnéis a mhalartú le húdaráis nó comhlachtaí náisiúnta nó de chuid an Aontais. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 79 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inarb ábhartha chun na cúraimí dá dtagraítear i Roinn 3 agus i Roinn 6 a chomhlíonadh, ***féadfaidh*** an tÚdarás ***a bheith*** rannpháirteach i socruithe comhair atá ann cheana féin agus atá curtha ar bun i mBallstát amháin nó thar roinnt Ballstát ag údaráis mhaoirseachta nó AFAnna, i gcás | I gcás inarb ábhartha chun na cúraimí dá dtagraítear i Roinn 3 agus i Roinn 6 a chomhlíonadh, ***beidh*** an tÚdarás rannpháirteach i socruithe comhair atá ann cheana féin agus atá curtha ar bun i mBallstát amháin nó thar roinnt Ballstát ag údaráis mhaoirseachta nó AFAnna, i gcás |

| | |
|---|---|
| ina mbaineann socruithe den sórt sin, inter alia, le comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis a luadh roimhe seo agus eintitis roghnaithe faoi oibleagáid. ***Beidh rannpháirtíocht an Údaráis faoi réir ag toiliú ón údarás náisiúnta ábhartha a bhfuil socrú den sórt sin bunaithe aige.*** | ina mbaineann socruithe den sórt sin, inter alia, le comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis a luadh roimhe seo agus eintitis roghnaithe faoi oibleagáid. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 80 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an tÚdarás socruithe oibre a thabhairt i gcrích le hinstitiúidí an Aontais, le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais agus le comhlachtaí eile an Aontais a ghníomhaíonn sa réimse forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach. Féadfaidh na socruithe oibre sin a bheith de chineál straitéiseach nó teicniúil agus beidh mar aidhm shonrach leo comhar agus malartú faisnéise a éascú idir na páirtithe lena mbaineann. Ní bheidh na socruithe oibre ina ***mbunús chun malartú sonraí pearsanta a cheadú agus ní bheidh siad ina*** gceangal ar an Aontas ná ar a Bhallstáit. | 1. Féadfaidh an tÚdarás socruithe oibre a thabhairt i gcrích le hinstitiúidí an Aontais, le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais agus le comhlachtaí eile an Aontais a ghníomhaíonn sa réimse forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach. Féadfaidh na socruithe oibre sin a bheith de chineál straitéiseach nó teicniúil agus beidh mar aidhm shonrach leo comhar agus malartú faisnéise a éascú idir na páirtithe lena mbaineann. Ní bheidh na socruithe oibre ina gceangal ar an Aontas ná ar a Bhallstáit. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 80 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an tÚdarás caidreamh dlúth a bhunú agus a choimeád le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE. Chun na críche sin, ***tabharfaidh an tÚdarás*** socruithe oibre ar leithligh chun críche le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE ina leagfar amach mionsonraí maidir lena gcomhar. Beidh mar aidhm leis an gcaidreamh go háirithe a áirithiú go | 2. Déanfaidh an tÚdarás caidreamh dlúth a bhunú agus a choimeád le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE. Chun na críche sin, ***faoi dheireadh 2024, beidh*** socruithe oibre ar leithligh ***tugtha*** chun críche le OLAF, Europol, Eurojust agus OIPE ***ag an Údarás*** ina leagfar amach mionsonraí maidir lena gcomhar. Beidh mar aidhm leis an gcaidreamh go háirithe a |

| | |
|---|---|
| malartófar faisnéis straitéiseach agus treochtaí i ndáil leis na bagairtí um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta atá roimh an Aontas. | áirithiú go malartófar faisnéis straitéiseach agus treochtaí i ndáil leis na bagairtí um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta atá roimh an Aontas. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 84 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus treoirlínte agus moltaí á ndréachtú aige i gcomhréir le hAirteagal 43, ***a mbeidh tionchar suntasach acu maidir le sonraí pearsanta a chosaint,*** rachaidh an tÚdarás i ***gcomhairle*** leis an Maoirseoir Eorpach ***ar*** Chosaint Sonraí ***arna bhunú*** le Rialachán (AE) 2018/1725***, i ndiaidh údarú a fháil ón gCoimisiún***. Féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar údaráis náisiúnta cosanta sonraí a bheith ina mbreathnóirí sa phróiseas chun treoirlínte agus moltaí den sórt sin a dhréachtú. | Agus treoirlínte agus moltaí ***a mbeidh tionchar suntasach acu ar chosaint sonraí pearsanta*** á ndréachtú aige i gcomhréir le hAirteagal 43, rachaidh an tÚdarás i ***mbun comhairliúcháin*** leis an Maoirseoir Eorpach ***um*** Chosaint Sonraí ***a bunaíodh*** le Rialachán (AE) 2018/1725. Féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar údaráis náisiúnta cosanta sonraí a bheith ina mbreathnóirí sa phróiseas chun treoirlínte agus moltaí den sórt sin a dhréachtú. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 86 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 25 agus Airteagal 65 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***1*** mhí amháin tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 1 mhí amháin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 25 agus Airteagal 65 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***3*** mhí amháin tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 1 mhí amháin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na |

Comhairle. | Comhairle.

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin ***31 Nollaig 2029***, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis i leith a chuspóirí, a shainordú, a chúraimí agus a shuíomh(anna), i gcomhréir le treoirlínte ón gCoimisiún. Tabharfar aghaidh sa mheastóireacht ar na nithe seo a leanas, go háirithe: | 1. Faoin ***31 Nollaig 2028***, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis i leith a chuspóirí, a shainordú, a chúraimí agus a shuíomh(anna), i gcomhréir le treoirlínte ón gCoimisiún. Tabharfar aghaidh sa mheastóireacht ar na nithe seo a leanas, go háirithe: |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tionchar na ngníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht agus comhordú AFAnna, agus go háirithe comhordú na hanailíse comhpháirtí ar ghníomhaíochtaí agus idirbhearta trasteorann arna ndéanamh ag AFAnna; | (c) tionchar na ngníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht agus comhordú AFAnna, agus go háirithe ***eagrú agus*** comhordú na hanailíse comhpháirtí ar ghníomhaíochtaí agus idirbhearta trasteorann arna ndéanamh ag AFAnna; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 1 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(j a) éifeachtacht bhearta frith-chalaoise an Údaráis;*** |

**Leasú 93**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) is iomchuí cúraimí breise a ***thabhairt sa*** réimse maidir le ***hobair*** na AFAnna a ***chomhordú*** agus ***tacú léi;*** | (c) is iomchuí cúraimí breise a ***bhronnadh i*** réimse ***na tacaíochta agus an chomhordaithe ar obair AFAnna, go háirithe*** maidir le ***cibé an iomchuí go mbeadh Ardán AFAnna AE ina AFA ar leibhéal an Aontais a dhéanfaidh comhtháthú níos fearr le AFAnna náisiúnta, agus a bheidh inniúil chun tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha a fháil go díreach ó gach eintiteas faoi oibleagáid san Aontas, agus sa chás sin beidh tuairim an Údaráis i gceangal leis an meastóireacht; má thagann ardán AFAnna AE chun bheith ina AFA ar leibhéal an Aontais, is éard a bheidh san Údarás agus in AFAnna*** na ***mBallstát ná Córas an Aontais de*** AFAnna ***chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta sa mhargadh inmheánach*** a ***chosc, a bhrath*** agus ***a chomhrac go héifeachtach, agus déanfaidh Córas an Aontais um Fhaisnéis Airgeadais a gcúraimí agus déanfaidh siad a ngníomhaíochtaí i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an dlí is infheidhme de chuid an Aontais.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tráth gach dara meastóireachta, déanfar measúnú ar na torthaí a bhain an Ghníomhaireacht amach ag féachaint dá cuspóirí, dá sainordú agus dá cúraimí, lena n-áirítear meastóireacht ina bpléifear an bhfuil bonn cirt fós leis ó thaobh na gcuspóirí, an tsainordaithe agus na gcúraimí sin go leanfaí ar aghaidh leis an Údarás. | 3. Tráth gach dara meastóireachta, déanfar measúnú ar na torthaí a bhain an Ghníomhaireacht amach ag féachaint dá cuspóirí, dá sainordú agus dá cúraimí, lena n-áirítear meastóireacht ina bpléifear an bhfuil bonn cirt fós leis ó thaobh na gcuspóirí, an tsainordaithe agus na gcúraimí sin go leanfaí ar aghaidh leis an Údarás. ***Breithneofar sa mheasúnú sin go mbaineann an obair a dhéanann an tÚdarás i gcónaí le gnóthaí baile náisiúnta agus le húdaráis*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhreithiúnacha náisiúnta, chomh maith le roinnt gníomhaireachtaí de chuid an Aontais atá ann cheana féin, agus go mbraitheann a fheidhmíocht dá bhrí sin ar éifeachtacht chóras AML/CFT an Aontais ina iomláine;*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 88 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Déanfar meastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo a chomhordú le meastóireacht agus athbhreithniú na gcomhad eile sa phacáiste cuimsitheach arb é is aidhm dóibh creat AML/CFT an Aontais a neartú, lena n-áirítear Treoir [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid], Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh athmhúnlú ar Rialachán (AE) 2015/847] agus Rialachán [cuir isteach an tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Sciúradh Airgid].*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bunú an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010 |
| **Tagairtí** | COM(2021)0421 – C9-0340/2021 – 2021/0240(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON LIBE<br>4.10.2021 4.10.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | CONT<br>21.10.2021 |
| **Riail 58 - Nós imeachta comhchoiste**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | <br>20.1.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 31.3.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 11.5.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 26<br>–: 2<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, Gilles Boyer, Olivier Chastel, Caterina Chinnici, Lefteris Christoforou, Corina Crețu, Ryszard Czarnecki, José Manuel Fernandes, Luke Ming Flanagan, Daniel Freund, Isabel García Muñoz, Monika Hohlmeier, Jean-François Jalkh, Mislav Kolakušić, Joachim Kuhs, Ryszard Antoni Legutko, Claudiu Manda, Alin Mituța, Jan Olbrycht, Younous Omarjee, Markus Pieper, Michèle Rivasi, Sándor Rónai, Petri Sarvamaa, Angelika Winzig, Lara Wolters, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Katalin Cseh, Viola Von Cramon-Taubadel |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 26 | + |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki, Ryszard Antoni Legutko |
| ID | Matteo Adinolfi |
| PPE | Lefteris Christoforou, José Manuel Fernandes, Monika Hohlmeier, Jan Olbrycht, Markus Pieper, Petri Sarvamaa, Angelika Winzig, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Gilles Boyer, Olivier Chastel, Katalin Cseh, Alin Mituța |
| S&D | Caterina Chinnici, Corina Crețu, Isabel García Muñoz, Claudiu Manda, Sándor Rónai, Lara Wolters |
| The Left | Luke Ming Flanagan, Younous Omarjee |
| Verts/ALE | Daniel Freund, Michèle Rivasi, Viola Von Cramon-Taubadel |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Jean-François Jalkh |
| NI | Mislav Kolakušić |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## *1.* IARSCRÍBHINN I

**Liosta de na comhéifeachtaí atá nasctha le fachtóirí géaraitheacha agus le fachtóirí maolaitheacha chun an Airteagal a chur i bhfeidhm**

Liosta de na comhéifeachtaí atá nasctha le fachtóirí géaraitheacha agus le fachtóirí maolaitheacha chun Airteagal 20 a chur i bhfeidhm.

Beidh na comhéifeachtaí seo a leanas infheidhme ar bhealach carnach maidir leis na méideanna bunúsacha dá dtagraítear in Airteagal 20(6) ar bhonn gach ceann de na fachtóirí géaraitheacha agus de na fachtóirí maolaitheacha seo a leanas:

I. Comhéifeachtaí um choigeartú atá nasctha le fachtóirí géaraitheacha:

- 1. I gcás ina bhfuil an sárú déanta arís agus arís eile, beidh feidhm ag comhéifeacht bhreise 1.1 i ndáil le gach uair a dhéantar an sárú.
- 2. I gcás ina bhfuil an sárú déanta ar feadh tréimhse is faide ná 6 mhí, beidh feidhm ag comhéifeacht 1,5.
- 3. Más rud é go léirítear laigí córasacha leis an sárú in eagar an eintitis roghnaithe faoi oibleagáid, go háirithe ina nósanna imeachta, ina chórais bhainistíochta nó ina rialuithe inmheánacha, beidh feidhm ag comhéifeacht 2,2.
- 4. Más rud é go bhfuil an sárú déanta d’aon ghnó, beidh feidhm ag comhéifeacht 3.
- 5. Más rud é nach bhfuil aon ghníomhaíocht feabhais déanta ón am a ndearnadh an sárú a shainaithint, beidh feidhm ag comhéifeacht 1,7.
- 6. Más rud é nach bhfuil ardbhainistíocht an eintitis roghnaithe faoi oibleagáid tar éis comhoibriú leis an Údarás le linn dó a chuid imscrúduithe a chur i gcrích, beidh feidhm ag comhéifeacht 1,5.

II. Comhéifeachtaí um choigeartú atá nasctha le fachtóirí maolaitheacha:

- 1. Más rud é go bhfuil ardbhainistíocht an eintitis roghnaithe faoi oibleagáid in ann a léiriú go bhfuil gach beart is gá déanta acu chun an sárú a chosc, beidh feidhm ag comhéifeacht 0,7.
- 2. Más rud é go gcuireann an t-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid an sárú in iúl don Údarás go mear, go héifeachtach agus go hiomlán, beidh feidhm ag comhéifeacht 0,4.
- 3. Más rud é go bhfuil an t-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid, dá dheoin féin, tar éis bearta a dhéanamh chun a áirithiú nach féidir le sárú comhchosúil tarlú arís amach anseo, beidh feidhm ag comhéifeacht 0,6.

## *2.* <u>IARSCRÍBHINN II</u>

**Liosta de na ceanglais is infheidhme go díreach dá dtagraítear in Airteagal 21(1) agus 21(3)**

1. Is ionann na ceanglais maidir le dícheall cuí custaiméara dá dtagraítear i Airteagal 21(3), pointí (a) agus (b) agus na cinn úd in: Airteagail 15, 16, 17, 18, 19, 20, 21, 27, 28, 30, 31, 32, 34, 36, agus 37 de [AMLR].

Is ionann na ceanglais maidir le beartais agus nósanna imeachta grúpa dá dtagraítear in Airteagal 21(3), pointe (a) agus na cinn úd in: Airteagail 13 agus 14 de [AMLR].

Is ionann na ceanglais maidir le hoibleagáidí tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 23(3), pointí (a) agus (b) agus na cinn úd in: Airteagail 50, 51 agus 52 de [AMLR] agus Airteagail 9, 13 agus 18 de [athmhúnlú TFR].

Is ionann na ceanglais maidir le beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 23(3), pointe (b) agus na cinn úd in: Airteagail 7, 8, 9, 38, 39 agus 40 de [AMLR].

Is ionann na ceanglais eile dá dtagraítear in Airteagal 23(3), pointí (c) agus (d) agus na cinn úd in: Airteagail 54, 56, 57 agus 58 de [AMLR] agus Airteagail 7, 8, 10, 11, 12, 14, 16, 17, 19, 21 de [TFR].

## SEASAMH MIONLAIGH

FPE Gunnar BECK

**Seasamh Mionlaigh faoi Riail 55.4 de na Rialacha Nós Imeachta**
**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1095/2010**

Creidim gurb é an bealach is fearr chun maoirseacht agus comhordú AML a fheabhsú ná na huirlisí is gá a chur ar fáil don Údarás Baincéireachta Eorpach chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i réimse an sciúrtha airgid a chomhrac. Creidim go mbeidh forluí rialála agus struchtúir rialachais theimhneacha mar thoradh ar údarás eile a bhunú. In ionad gníomhaireachtaí nua a chruthú, teastaíonn creat rialála níos cuíchóirithe uainn a bheidh in ann oibriú go mear agus ar bhealach trédhearcach.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010 |
| **Tagairtí** | COM(2021)0421 – C9-0340/2021 – 2021/0240(COD) |
| **Dáta tíolactha chun na Parlaiminte** | 22.7.2021 |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON 4.10.2021<br>LIBE 4.10.2021 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG 4.10.2021<br>CONT 21.10.2021<br>JURI 4.10.2021<br>AFCO 4.10.2021 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | JURI<br>14.10.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Eva Maria Poptcheva 3.10.2022<br>Emil Radev 3.10.2022 |
| **Rapóirtéirí roimhe seo** | Luis Garicano, Emil Radev |
| **Riail 58 - An nós imeachta comhchoiste**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | 20.1.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 15.6.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 102<br>–: 11<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Rasmus Andresen, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Gunnar Beck, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Vladimír Bilčík, Malin Björk, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Gilles Boyer, Karolin Braunsberger-Reinhold, Annika Bruna, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Clare Daly, Lena Düpont, Cornelia Ernst, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Giuseppe Ferrandino, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Frances Fitzgerald, Jean-Paul Garraud, Valentino Grant, Maria Grapini, Claude Gruffat, Sylvie Guillaume, José Gusmão, Enikő Győri, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Stasys Jakeliūnas, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Othmar Karas, Billy Kelleher, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Georgios Kyrtsos, Aurore Lalucq, Jeroen Lenaers, Aušra Maldeikienė, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Costas Mavrides, Nuno Melo, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Maite Pagazaurtundúa, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Eva Maria Poptcheva, Emil Radev, Evelyn Regner, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Paul Tang, Annalisa Tardino, Irene Tinagli, Tomas Tobé, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Tom Vandendriessche, Elissavet |

| | |
|---|---|
| | Vozemberg-Vrionidi, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zīle |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Damian Boeselager, Herbert Dorfmann, Daniel Freund, Beata Kempa, Margarida Marques, Alessandra Mussolini, Matjaž Nemec, Dragoş Pîslaru, René Repasi, Thijs Reuten, Eleni Stavrou, Róża Thun und Hohenstein, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Attila Ara-Kovács, Hildegard Bentele, Emmanouil Fragkos, Bart Groothuis, Niclas Herbst, Antonio López-Istúriz White, Daniela Rondinelli, Susana Solís Pérez, Henna Virkkunen, Rainer Wieland |
| **Dáta don chur síos** | 5.4.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 102 | + |
|---|---|
| ECR | Emmanouil Fragkos, Michiel Hoogeveen, Assita Kanko, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska, Roberts Zīle |
| ID | Valentino Grant, Annalisa Tardino, Marco Zanni |
| NI | Laura Ferrara, Enikő Győri |
| PPE | Isabel Benjumea Benjumea, Hildegard Bentele, Stefan Berger, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Herbert Dorfmann, Lena Düpont, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, Niclas Herbst, Othmar Karas, Jeroen Lenaers, Antonio López-Istúriz White, Aušra Maldeikienė, Lukas Mandl, Nuno Melo, Nadine Morano, Siegfried Mureşan, Alessandra Mussolini, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Emil Radev, Karlo Ressler, Ralf Seekatz, Eleni Stavrou, Tomas Tobé, Inese Vaidere, Henna Virkkunen, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Rainer Wieland, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Gilles Boyer, Engin Eroglu, Giuseppe Ferrandino, Bart Groothuis, Sophia in 't Veld, Billy Kelleher, Fabienne Keller, Moritz Körner, Georgios Kyrtsos, Maite Pagazaurtundúa, Dragoş Pîslaru, Eva Maria Poptcheva, Susana Solís Pérez, Ramona Strugariu, Róża Thun und Hohenstein, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Attila Ara-Kovács, Pietro Bartolo, Marek Belka, Jonás Fernández, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Eero Heinäluoma, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Aurore Lalucq, Margarida Marques, Costas Mavrides, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Evelyn Regner, René Repasi, Thijs Reuten, Daniela Rondinelli, Alfred Sant, Joachim Schuster, Paul Tang, Irene Tinagli, Elena Yoncheva |
| The Left | Konstantinos Arvanitis, Malin Björk, José Gusmão |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Damian Boeselager, Damien Carême, Daniel Freund, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Diana Riba i Giner, Tineke Strik, Ernest Urtasun |

| 11 | - |
|---|---|
| ECR | Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Beata Kempa, Dorien Rookmaker |
| ID | Gunnar Beck, Annika Bruna, Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Tom Vandendriessche |
| NI | Lefteris Nikolaou-Alavanos |

| 2 | 0 |
|---|---|
| The Left | Clare Daly, Cornelia Ernst |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
\+ : i bhfabhar
\- : i gcoinne
0 : staonadh